



measúnú lar charachtar tírdhre **achana Mí**



comhairle chontae na mí
meath county council



An leathanach seo: Tuama Pasáiste, Brú na Bóinne
An Clúdach Tosaigh: Reilig in aice le Dromane, iardheisceart na Mí

measúnú ar charachtar tírdhreacha na mí

1.	réamhrá	lch1
2.	modheolaíocht	lch3
3.	tírdhreach na mí	lch6
4.	stair an tírdhreacha	lch11
4.	treochtaí tírdhreacha	lch19
6.	beartais ghinearálta	lch23
7.	cineálacha carachtar tírdhreacha	lch27
7.	limistéir charachtar tírdhreacha	lch31
9.	achoimre ar limistéir charachtar tírdhreacha	lch91
10.	gluais agus tagairtí	lch94

eolas g.i.s. breise

aguisín 1



an clár



Reilig in aice le Dromane, iardheisceart na Mí

- cad is Tírdhreach ann?
- cad is measúnú ar charachtar tírdhreacha ann?
- cén fáth measúnú carachtar tírdhreacha a dhéanamh ar chontae na mí?



Eaglais ag Cnoc Shláine

CAD IS TÍRDHREACH ANN?

Déantar tírdhreach a shainmhíniú ar mhórán bealaí éagsúla ach glactar leis go coitianta gur cumasc é den timpeallacht fhisiceach agus den timpeallacht mar a bhraitear í. Pé acu an eol dúinn é nó nach eol bíonn páirt an-tábhachtach ag an tírdhreach inár saol laethúil agus is acmhainn speisialta ar leith é.

An Coinbhinsiún um Thírdhreach na hEorpa 2000:

“limistéar a léiríonn a thréithe radharcacha agus a charachtar atá ina dtoradh ar ghníomhaíocht nádúrtha nó chultúrtha (.i. gníomhaíocht dhaonna) do dhaoine. Athraíonn tírdhreacha le himeacht ama mar gheall ar thionchar fhórsaí nádúrtha agus an duine orthu.”

“Mar ghné lárnach den fholláine aonair agus den fholláine shóisialta agus de chaighdeán na beatha, bíonn páirt thábhachtach ag an tírdhreach sa chomhlíonadh daonna agus i neartú na féiniúlachta (Eorpaí). ITá ról tábhachtach leas poiblí aige sna réimsí cultúrtha, éiceolaíocha, comhshaoil agus sóisialta agus is acmhainn é atá fabhrach do ghníomhaíochtaí eacnamaíocha, agus don turasóireacht go háirithe.”

Seo a leanas an sainmhíniú a thugann an Roinn Comhshaoil, Oidhreacha agus Rialtais Áitiúil (RCORA) ar an tírdhreach “gach rud a bhíonn le feiceáil nuair a bhítear ag féachaint amach thar limistéar talún.”

The Countryside Agency, Sasana:

“Baineann tírdhreach leis an gcuidreamh idir daoine agus áit. Soláthraíonn sé suíomh dár saol laethúil. Ní chiallaíonn an téarma tírdhreacha speisialta nó ainmnithe agus ní bhaineann sé leis an tuath amháin. D’fhéadfadh tírdhreach a bheith ina phaiste beag de thalamh tréigthe uirbeach nó ina shliabhraon mór ... Eascraíonn sé as an tslí a mbíonn comhpháirteanna éagsúla dár gcomhshaoil - idir nádúrtha agus chultúrtha – ag idirghníomhú le chéile agus mar a fheicimid iad.”

CAD IS MEASÚNÚ AR CHARACHTAR TÍRDHREACHA ANN?

Is próiseas é an Measúnú ar Charachtar Tírdhreacha a thuairiscíonn, a mhapálann agus a rangaíonn tírdhreacha go hoibíochtúil. Is féidir leis a bheith ina uirlis chun cabhrú leis an gcinnteoireacht agus le bainistíocht nó chun ionad spéise a chur chun cinn. Trí charachtar tírdhreacha a shainmhíniú is féidir tuiscint a mhúscailt ar luach agus ar an tábhacht dhúchasach a bhaineann le gnéithe aonarach den tírdhreach agus ar na próisis a d’fhéadfadh carachtar an tírdhreacha a athrú amach anseo. Ní féidir tosca cultúrtha agus éiceolaíocha an tírdhreacha a scaradh amach óna cháilíochtaí fisiceacha agus amhaire agus mar sin cuirtear na gnéithe sin go léir san áireamh.

CÉN FÁTH MEASÚNÚ CARACHTAR TÍRDHREACHA A DHÉANAMH AR CHONTAE NA MÍ?

Is riachtanas dlíthiúil é:

- Éilíonn An tAcht Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt) 2000 (Cuid II, S10 (e)) agus an chéad Sceideal, Cuid IV (7) ar gach údarás pleanála cuspóirí a chur ina bPlean Forbartha “caomhnú ar charachtar an tírdhreacha más rud é gur gá agus a mhéid is gá é... ar mhaithe le pleanáil chuí agus forbairt inchothaithe an limistéir, lena n-áirítear “caomhnú ar radhairc agus amhaire agus ar thaitneamhacht áiteanna agus gnéithe áilleachta nádúrtha nó spéisiúlachta ó thaobh an nádúir de”
- Dhaingnigh Éire An Coinbhinsiún um Thírdhreach na hEorpa sa bhliain 2002 agus ní mór di glacadh le bearta náisiúnta chun pleanáil, cosaint agus bainistiú an tírdhreacha a chur chun cinn.

1. réamhrá

Tosca a bhfuil tionchar acu ar Mheasúnú ar Charachtar Thírdhreach Chontae na Mí

- An Coinbhinsiún um Thírdhreach na hEorpa 2000
- *'Tírdhreach agus Measúnú ar an Tírdhreach: Dréacht Comhairliúcháin de Threoirlínte d'Údaráis Phleanála'* (Meitheam 2000) RCORA
- An Straitéis Spáis Náisiúnta (2002): Tá sé d'aidhm aige caighdeán na beatha a fheabhsú, an comhshaol a fheabhsú agus todhchaí inmhathnach eacnamaíochta a bhaint amach. I measc na n-éileamh ann tá go ndéanfaí cliarlathas lonnaithe agus iompar poiblí feabhsaithe a aithint chomh maith le criosanna glasa straitéiseacha.
- Treoir don Phleanáil Réigiúnach (RPG) a éilíonn ar Chomhairle Chontae na Mí cuspóirí a aithint do spriocanna tithíochta, do chúrsaí iompair agus straitéisí bonneagair.
- Tá straitéisí á bhforbairt ag Comhairle Chontae na Mí do Chriosanna Glasa agus do shaincheistean tithíochta tuaithe, lena n-áirítear an gá atá le cothromaíocht idir tithíocht agus eacnamaíocht na tuaithe a bhaint amach.
- Cuir an RCORA treoirlínte ar fáil maidir le caomhnú na hoidhreachta ailtireachta, lena n-áirítear Limistéir Chaomhantais agus Beartú ar na Struchtúir Chosanta.
- Leagann an Páipéar um Shaincheistean Straitéiseacha (Márta 2005) amach leasuithe atá beartaithe don Phlean Forbartha Contae 2007-2013.
- Tá measúnuithe carachtar tírdhreacha curtha i gcrích ag trí cinn de na seacht gcontae atá ar theorainneacha na Mí: Cill Dara, Lú agus an Iarmhí. Tá measúnú carachtar tírdhreacha Mhuineacháin ar bun faoi láthair.
- Ullmhófar Pleananna Áitiúla tar éis an Phlean Forbartha Contae – beidh níos mó sonraí iontu seo agus beidh siad cuirfear eolas ar fáil dóibh ó na beartais atá ann don chontae uile.

Tá athbhreithniú á dhéanamh faoi láthair ag Comhairle Chontae na Mí ar a bPlean Forbartha Contae faoi láthair agus áireofar ann beartais i leith cosaint agus caomhnú tírdhreacha. Beidh an Measúnú ar Charachtar Tírdhreacha seo ina threoir bhreise a chuirfidh tuiscint mhionsonraithe ar thírdhreacha Chontae na Mí ar fáil le linn thréimhse an Phlean Forbartha 2007-2013.

Beidh an Measúnú ar Charachtar Tírdhreacha agus an Plean Forbartha á chur ar an eolas ag cáipéisí agus beartais phleanála náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla atá ann cheana féin. Cloíonn an Measúnú ar Charachtar Tírdhreacha go ginearálta leis na dréacht-treoirlínte maidir le measúnú tírdhreacha a d'fhoilsigh an RCORA agus beidh aird aige ar na Measúnuithe ar Charachtar Tírdhreacha atá cruthaithe do chontaetha sa chomharsanacht cheana féin (féach Bosca 1).

Príomhchuspóirí an Mheasúnaithe ar Charachtar Tírdhreacha:

1. Feabhas a chur ar an tuiscint atá ann faoi láthair ar thírdhreach Chontae na Mí maidir lena charachtar dúchasach ar leith agus a aithint cad iad na tréithe ba chóir a bhuanú, a chaomhnú nó a bhreisiú.
2. Patrún leathan na n-athruithe sa todhchaí a thuair agus beartais agus cuspóirí a cheapadh mar threoir do phleanálaithe agus do pháirtithe eils a chinnteoidh go gcomhlánóidh an t-athrú carachtar an tírdhreacha. Tabharfar an aird is cuí ar íogaireacht agus ar chumas i ngach gné den chinnteoireacht.
3. Cabhrú chun forbairt inmhathnach, bunphrionsabal gach cleachtais agus reachtaíocht phleanála reatha, a bhaint amach trí chur chuige aontaithe a chothú i leith na pleanála agus an bainistithe tírdhreacha a nascann beartais agus moltaí do charachtar tírdhreacha le beartais phleanála atá ann cheana féin.

- cén chaoi ar cuireadh an measúnú ar charachtar tírdhreacha igcrích?
- céimeanna an phróisis mheasúnaithe
- critéir mheasúnaithe
- comhairliúchán

CÉN CHAOI AR CUIREADH AN MEASÚNÚ AR CHARACTHAR TÍRDHREACHA I gCRÍCH?

Tugann an Measúnú ar Charachtar Tírdhreacha tuairisc ar thirdhreach agus ar mhuirdhreach Chontae na Mí lena n-áirítear:

- Gnéithe fisiceacha – tírghné, clúdach talún, geolaíocht, brat fásra, hiodreolaíocht agus éiceolaíocht.
- Radharcchréithe – cineál agus réim radharc, imfhálaithe agus patrúin atá cruthaithe ag gnéithe fisiceacha.
- Gnéithe nach bhfuil chomh hiontachail amhail tréithe stairiúla agus cultúrtha, seandálaíocht, suaimhneas agus cáilíocht aeistéitiúil.

Ullmháidh an Measúnú ar Charachtar Tírdhreacha i dtrí chéim, agus gach ceann acu curtha ar an eolas ag an gceann roimhe. Tugtar tuairisc ar na céimeanna seo thíos.

Céim 1: Cur Síos

Déanann an chéim thosaigh seo tuairisciú simplí ar an gcuma atá ar an tírdhreach faoi láthair agus na tosca a théann i bhfeidhm ar a charachtar. Tá an contae roinnte i 5 **Chineál Charachtar Tírdhreacha** Chineál Charachtar Tírdhreacha (CCT) a dhéanann ionadaíocht ar son réimse cineálacha de charachtair shuntasacha ar nós tailte arda nó conairí abhann. Tá na CCTseo foroinnte i 20 **Limistéar Charachtar Tírdhreacha** sonracha geografacha. Cuirtear i láthair i bhfoirm achoimre scríofa de na CCT agus tuairiscí mionsonraithe ar na Limistéir Charachtar Tírdhreacha (LCT) lena n-áirítear príomhchréithe agus lonnaithe. Tá sraith léarscáileanna ag gabháil leis an Measúnú ar Charachtar Tírdhreacha a léiríonn sonraí lena n-áirítear teorainneacha na limistéar charachtar tírdhreacha, sonruithe reachtúla, úsáidí talún, cineálacha ithreach, gnéithe stairiúla agus bealaí iompair.

Socraítear teorainneacha na limistéar charachtar tírdhreacha le taighde deisce a scagtar ansin le suirbhéireacht leitheadach suímh. Cuireann na teorainneacha deiridh a léirítear sa Mheasúnú ar Charachtar Tírdhreacha seo tréithe fisiceacha agus aeistéitiúla ar aon in iúl, lena n-áirítear cineálacha úsáid talún agus fásra, topagrafaíocht, réimse agus nádúr na radharc, hiodreolaíocht agus riocht an tírdhreacha. Go ginearálta, ní thugtar tús áite do ghné tírdhreacha aonair ar bith agus d'fhéadfadh gnéithe aonair a bheith mar an gcéanna thar limistéir atá buailte le chéile cé go mbíonn an carachtar foriomlán ag athrú.

Céim 2: Meastóireacht

Déantar anailís anois ar an bhfaisnéis bhunlíne ar charachtar tírdhreacha a bhfuil cur síos uirthi i gCéim 1.

Tagraíonn **luach** gach Measúnaithe Limistéir do chion an cheantair do charachtar dúchasach Chontae na Mí. Cuireann luach caighdeán radhairc, suaimhneas, iargúlacht, neamhchoitiantacht, comhcheangal stairiúil, caomhnú, leasanna siamsaíochta agus gnéithe sóisialta, eacnamaíochta agus comhshaoil níos leithne san áireamh. Déantar é a mheasúnú de réir na gciortear sa réimse 'Eisceachtúil' go 'Íseal' (féach Bosca 3). Déantar breithiúnas freisin faoi tábhacht gach carachtair tírdhreacha i gcomhthéacs idirnáisiúnta, náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil. Ní bhíonn baint dhíreach aige seo i gcónaí lena luach ná a íogaireacht – is féidir le limistéar atá tábhachtach go háitiúil cur go mór le carachtar láidir tírdhreacha. Ach d'fhéadfadh níos mó airde a bheith ag teastáil ó cheantar atá tábhachtach go hidirnáisiúnta ó thaobh cosaint reachtúil agus bainistíochta de (m.sh más mór an díol spéise do thurasóirí é).

Bosca 3

Critéir chun Luach a Shainmhíniú

Luach Eisceachtúil: Limistéir shárluacha de bharr caighdeán drámatúil radhairc, áilleacht gan mhilleadh, leasanna caomhnaithe, tréithe stairiúla, cultúrtha nó eile a théann i bhfeidhm ar luach tírdhreacha. D'fhéadfadh tábhacht náisiúnta nó idirnáisiúnta a bheith ag na limistéir seo.

Luach An-Ard: Limistéir le luach ard ar leith de bharr caighdeán drámatúil radhairc, áilleacht gan mhilleadh, leasanna caomhnaithe, tréithe stairiúla, cultúrtha nó eile a théann i bhfeidhm ar luach tírdhreacha. D'fhéadfadh tábhacht náisiúnta nó réigiúnach a bheith ag na limistéir seo.

Luach Ard: Limistéir a mheastar a bheith luachmhar de bharr dtréithe dearfacha, ómós áite nó tréithe áitiúla, nó leas nó tábhacht áitiúil.

Luach Measártha: Limistéir a choinníonn greim ar charachtar dearfach agus ar ómós áite, nó a mbaineann leas nó tábhacht áitiúil leo.

Luach Íseal: Limistéir atá i riocht mheasartha nó bhocht nó atá athraithe an oiread sin nach bhfuil carachtar sonracha áitiúil acu ná caighdeán aeistéitiúil ar leith..

Luach An-Íseal: Limistéir atá millte nó i ndroch-chaoi agus mórdhochar déanta d'aon charachtar ar leith nó caighdeán aeistéitiúil nó iad a bheith scríosta.

Déantar **íogaireacht** LCT a shainmhíniú ó thaobh a chumais chun a charachtar a bhuanú i aghaidh athruithe agus a chumas chun teacht slán ó dhamáiste dá chomhpháirteanna. Déantar íogaireacht a mheasúnú de réir na gcritéir (féach Bosca 4) i raon ó 'Ard' go 'Íseal' agus tá sé bunaithe ar idirghníomhú na gcomhpháirteanna éagsúla amhail tírghné, líon na ngnéithe soiléire stairiúla (doimhneacht ama) agus dáileadh na mbreathnadóirí. Braithéann íogaireacht freisin ar riocht an LCT (.i. cén riocht deisiúcháin ina bhfuil an LCT). Bheadh tírdhreach an-íogair soghonta, lag agus soghabhálach d'athrú ach bheadh tírdhreach le híogaireacht íseal níos téagartha nó níos ábalta glacadh le hathrú.

Bosca 4

Critéir chun Íogaireacht a Shainmhíniú

Íogaireacht Ard: Tírdhreach soghonta a bheadh lag agus soghabhálach d'athrú. Is dealraitheach go mbeadh minicíocht agus íogaireacht ard úsáideoirí ann. Is dealraitheach go n-athrófaí a charachtar an oiread sin go mbeadh sé deacair nó dodhéanta é a athchóiriú.

Íogaireacht Mheánach: Tírdhreach atá in ann glacadh le roinnt áirithe athraithe gan cur isteach ar a charachtar iomlán. Is dealraitheach nach mbeadh líon mór daoine ag úsáid nó ag amharc ar an tírdhreach seo.

Íogaireacht Íseal: Tírdhreach téagartha le teacht aniar nó atá in ann glacadh le hathrú. Is dealraitheach go mbeadh sé éasca é a athchóiriú agus go mbeadh minicíocht agus íogaireacht na n-úsáideoirí íseal.

2. modheolaíocht

Is féidir le cáilíocht tírdhreacha a bheith ina bhreithniúnas suibíochtúil ach in Éirinn déantar breithiúnas oibiachtúil ar “luach don tsochaí” trí thagairt do bheartais agus do shonrú tírdhreacha. Is féidir tírdhreacha a shonrú de réir reachta agus iad a áireamh i bPleananna Forbartha, de ghnáth tar éis próiseas comhairliúcháin a lorgaíonn dearcadh comhaontaithe (agus ag laghdú na gné shuibíochtúla dá réir). Is í intinn an tsonrú tírdhreacha a chosaint ar son na sochaí, ó aon fhorbairt a dhéanfadh dochar suntasach dóibh.

Is féidir tírdhreacha a shonrú ag leibheal náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil, de réir leibhéal laghdaithe ‘luach don tsochaí’. Bíonn clonadh ag sonruithe reachtúla tírdhreacha na caighdeáin is eisceachtúla nó is airde a aithint. Mar sin féin tá gach tírdhreach éagsúil agus tábhachtach, go háirithe dóibh siúd atá ina gcónaí, ag obair iontu nó á n-úsáid ar mhaithe le caitheamh aimsire.

Bíonn sonruithe tírdhreacha ar cheann de na critéir a chuirtear san áireamh nuair a bhíonn caighdeán agus íogaireacht Limistéir Charachtar Tírdhreacha á measúnú.

Bosca 5

Critéir chun Tábhacht Tírdhreacha a Shainmhíniú

Tábhacht Idirnáisiúnta: Bronntar tábhacht ar an tírdhreach mar gheall ar ghné nó ghnéithe atá ann a aithnítear go hidirnáisiúnta. Mar shampla, bheadh baint aige seo le stair, cultúr, geolaíocht nó gnéithe eile. Bíonn aitheantas idirnáisiúnta ag na tírdhreacha seo de ghnáth agus mheallfaidís cuairteoirí as gach cearn den domhan.

Tábhacht Náisiúnta: Bronntar tábhacht ar an tírdhreach mar gheall ar ghné nó ghnéithe atá ann a aithnítear go náisiúnta. Mar shampla bheadh baint aige seo le stair, cultúr, geolaíocht nó gnéithe eile. Is díol spéise do thurasóirí iad go minic ach nach mbíonn sé ag an leibhéal céanna le tírdhreacha a aithnítear go hidirnáisiúnta.

Tábhacht Réigiúnach: Bronntar tábhacht ar an tírdhreach mar gheall ar ghné nó ghnéithe atá ann a aithnítear go réigiúnach. Bheadh baint aige seo le stair, cultúr, geolaíocht nó gnéithe eile. D’fhéadfadh na gnéithe seo a bheith sonraithe sa Phlean Forbartha Contae nó a bheith comhdhéanta de ghnéithe níos lú nach sonraítear ach a chruthaíonn tréithe tábhachtacha den cheantar i gcomhar le chéile, tréithe atá inaitheanta nó sonrach sa Chontae nó sa Chúige.

Tábhacht Áitiúil: Bronntar tábhacht ar an tírdhreach mar gheall ar ghné nó ghnéithe atá ann a aithnítear go háitiúil. Is ar éigean go sonrófar na gnéithe seo ach cruthaíonn siad tréithe tábhachtacha den cheantar i gcomhar le chéile, tréithe atá inaitheanta go háitiúil.

Ar deireadh thiar, tá **cumas féideartha** gach LCT bunaithe ar chineálacha tascacha forbartha ar dealraitheach go dtarlódh siad sa limistéar staidéir. Is ionann an cumas agus inniúlacht an tírdhreacha chun glacadh le cineálacha sonracha forbartha. Is anailís níos mine í ar íogaireacht a chuireann dearadh na forbartha dóchúlacha san áireamh. Dá bhrí sin, ní fhéadfaí **cumas iarbhír** a shainmhíniú ach ar bhonn cás ar chás mar go mbeidh sé éagsúil de réir chineál agus fhoirm na forbartha, a shuíomh maidir leis an limistéar carachtar tírdhreacha a bhíonn i gceist agus a infheictheacht uaidh (féach bosca 5).

Bosca 6

Critéir chun Cumas a Shainmhíniú

Forbairt Féideartha Íseal : Tá ardíogaireacht sa tírdhreach i leith an chineáil forbartha atá beartaithe agus bheadh drochthionchar aige ar charachtar nó ar luach an tírdhreacha.

Forbairt Féideartha Meánach : Tá meáníogaireacht sa tírdhreach don chineál forbartha atá beartaithe. Ní dócha do mbeadh mórthionchar diúltach ag aon athrú a tharlódh mar gheall ar an bhforbairt atá beartaithe ar charachtar ná ar luach an tírdhreacha nach bhféadfaí a mhaolú.


Forbairt Féideartha Ard : Beidh íogaireacht íseal ag an tírdhreach don chineál seo forbartha agus is beag na srianta a bheadh ann mar gheall ar ghnéithe tírdhreacha. Is ar éigean go mbeadh drochthionchar ag forbairt den chineál atá beartaithe ar charachtar ná ar luach an tírdhreacha.

Céim 3: Beartais agus Molatí

Tá beartais agus moltaí ceaptha chun cabhrú le beartais phleanála, cothú straitéisí agus rialú forbartha gaolmhara a fhorbairt sa chontae. Tá siad beartaithe chun carachtar tírdhreacha a chosaint agus a bhreisiú, agus forbairt atá deartha go hiógair a áisiú agus a threorú. Tá nádúr ginearálta ag na beartais agus baineann siad le prionsabail leathana dea-chleachtais. Eascraíonn moltaí as na beartais seo agus bíonn baint níos sonraí acu le CCT agus LCT. Is í aidhm na mbeartas agus na moltaí araon carachtar tírdhreacha a bhreisiú agus a chothabháil laistigh den sprioc níos leithne: freastal ar fhorbairt ar bhealach inmhharthanach.

Comhairliúchán

Rinneadh an Measúnú ar Charachtar Tírdhreacha seo thar ceann Chomhairle Chontae na Mí agus i gcomhairle léi, faoi threoir comhairliúcháin leis an RCORA agus an Chomhairle Oidhreachta. Tá an Measúnú ar Charachtar Tírdhreacha leasaithe chun barúlacha ábhartha a rinneadh sa tréimhse seo a chur san áireamh.




Tá tírdhreach saibhir ilchineálach ag an Mhí le gnéithe stairiúla a théann siar go dtí an réamhstair agus mórán ionad ar díol spéise do thurasóirí iad a bhaineann lena hoidhreacht. Tá ceangal láidir ag an gcontae i gcónaí le talmhaíocht thraidisiúnta agus tugann an tírdhreach tacaíocht do réimse leathan gnáthóg in ainneoin fhás mhear a chuid lonnaíochtaí. Is é an t-idirghníomhú idir na gnéithe seo a rachaidh i bhfeidhm ar charachtar an tírdhreacha do na glúnta atá le teacht.


Tugann an roinn se den Mheasúnú ar Charachtar Tírdhreacha forléargas gearr ar na gnéithe a chruthaíonn carachtar tírdhreacha Chontae na Mí.

STAIR AGUS CULTÚR

Tugtar an Contae Ríoga ar Chontae na Mí (ciallaíonn Mí 'lár'), mar gur i gCnoc na Teamhrach, taobh ó dheas den Uaimh, a bhí cónaí ar Ard-Ríthe na hÉireann ar feadh na gcéadta bliain. Ciallaíonn sé sin gurbh í An Mhí croílár polaitiúil agus sóisialta na hÉireann san am sin. Bhí sí ar cheann de chúig chúige na hÉireann agus tá oidhreacht dhochreidte shaibhir aici a eascraíonn as a ceannas sóisialta agus a suíomh lárnach. Scaip an seanchóras bóithre, a raibh an Mhí ina lár, ceannasaíocht na nArd-Ríthe go gach cearn d'Éirinn. Mar gheall ar a tírghné a bhí measartha éasca a bhaint amach, mar aon lena conairí abhann inseolta, spreagadh tonnta cuairteoirí chun cur fúthu anseo le himeacht ama. Is cuid de chúige Laighin í An Mhí anois agus tá teorainneacha aici le Contae Fhine Gall, Lú, Bhaile Átha Cliath, Chill Dara, Mhuineacháin, an Chábháin agus Uíbh Fháilí. Mar gheall a bheith gar do Bhaile Átha Cliath, is mór an fás a tháinig ar dhaonra dheisceart agus oirthear na Mí le blianta beaga anuas. Níl an oiread céanna fáis i dtuaisceart agus in iarthar an chontae, ceantair nach ndearnadh an oiread sin forbartha orthu agus ar lú an brú atá orthu dá bharr sin. Is í An Uaimh an baile contae. Ba iad Baile Átha Troim agus Ceannanas Mór an dá bhaile thánaisteacha a bhí sa chontae go traidisiúnta ach tá Cill Dhéagláin, Dún Bóinne, Cill Choca agus imeallacha Dhroichead Átha ag teacht chun cinn mar mhórionaid lonnaithe anois. Bhí fás as cuimse ar mhórán de bhailte agus de shráidbhailte eile an chontae le tamall anuas chomh maith. Dhúbail daonra na Mí, nach mór idir 1971 agus 2002.



Léarscáil Stairiúil den Mhí.



Caisleán Shláine

In 1887 bhí an tuairisc seo a leanas ag John Bartholomew ar an Mhí sa 'Gazetteer of the British Isles' 1887: "Cósta íseal gainimheach atá ann, gan de bhriseadh ann ach Inbhear na Bóinne ar theorainneacha Lú. Tá an dromchla cothrom nó beagán droimnínach; tá an ithir, idir dhúrbhán dhomhain agus ithir éadraom gainimhe, torthúil den chuid is mó. Is iad aolchloch agus slinn chré na fo-strataim. Tá éagsúlacht álainn sa chontae le tithe breátha líonmhara agus diméinte raidhsiúla, agus is iomaí fothrach seanmhainisteach, caisleán agus nithe eile seandálaíocha atá le fáil. Is í an Bhóinn an phríomhabhainn, an contae á roinnt aici in dhá chuid atá beagnach ar aon mhéid; is í an Abhainn Mhór an phríomh-chraobhabhainn. Is í an talmhaíocht an tionscal is tábhachtaí ..."

"Agus é ar dualgas sa Fhrainc le linn an Chéad Chogadh Domhanda scríobh an scríbhneoir Francis Ledwidge chuig Katherine Tynan, "tá tú sa Mhí anois, is dócha ... Má théann tú chun na Teamhrach, téigh go Ráth na Rí agus féach uait ó chnoic Dhroim Chonraí, ó thuaidh go machairí an Bhóthair Bhúí agus ó dheas mar a dtosaíonn Móin Alúine, agus cuimhnigh orm i ngach cnoc agus coill agus fothrach, mar is ansin atá mo chroí. Más lá glan é, feicfidh tú Sláine ghorm i bhfad uait. Abair gur cinnte go dtiocfaidh mé ar ais agus b'fhéidir go gcloisfidh tú na píoba ag seinm sa bhféar nó corn na síóg agus cúnna Fhinn – is minic a chuala mé iad ó Theamhair na Rí". "Tá fianaise ann go raibh lonnaithe dhaonna sa Mhí 9,000 míle bliain ó shin, nuair a bhí sealgairí agus bailitheoirí ón tréimhse Mhéisiliteach ann. Tá ardmheas sa lá atá inniu ann ar iarsmaí seandálaíocha iomadúla na dtailte arda timpeall ar an Seanchaisleán agus Sliabh Breagh in aice le Baile Lóibín agus gleann na Bóinne. Contae de chuid na Páile í an Mhí, an limistéar timpeall ar Bhaile Átha Cliath ó Chnoic Chill Mhantáin ó dheas, trí Chill Dara agus iarthar na Mí a chas i dtreo na farraige arís ag Droichead Átha agus ina raibh tailte saibhre na n-aicmí rialaithe protastúnacha ó aimsir ionradh na Normannach i leith. D'athraigh líne na páile ó am go ham mar gheall ar ionradh agus cúlú ach bhí an mhórchuid den Mhí laistigh di de ghnáth.

Le linn shaolré an Phlean Forbartha Contae, beidh Comhairle Chontae na Mí ag druidim le Plean Limistéar Áitiúil a ullmhú do thírdhreach tábhachtach oidhreacht Bhrú na Bóinne agus do shonrú Limistéar Caomhnú Tírdhreacha do Limistéar na Teamhrach agus na Scríne, a thabharfaidh cosaint dóibh agus dá suímh. Fiosróidh an Chomhairle chomh maith sonrú féideartha tírdhreacha luachmhara oidhreacht eile mar Limistéir um Chaomhnú Tírdhreacha.

3. tírdhreach na mí

Cé go bhfuil tírdhreach an lae inniu ag glacadh le méadú mór tógála le tamall anuas, d'éirigh leis an chuid is mó den charachtar talmhaíochta a eacraíonn as córas na n-eastát san 18^ú haois a chaomhnú, córas páirceanna le sconsaí agus gabháiltais aonair feirme agus bailte beaga agus sráidbhailte. Léirítear stair fhada na feirmeoireachta sa Mhí i dtithe líonmhaire tuaithe agus feirme, tithe lasmuigh agus stáblaí scaipthe ar fud an tírdhreacha. Tá deisceart an chontae chomh cáiliúil mar gheall ar fheirmeoireacht ghraí is atá Contae Chill Dara atá buailte leis agus is iomaí feirm ghraí dea-bhainistithe dea-bhunaithe atá sa limistéar a thugann féiniúlacht láidir don limistéar.

GEOLAÍOCHT, ITHREACHA AGUS TOPAGRAFAÍOCHT

Tá sraith leanúnach d'aolchloch charbónmhar faoi thailte ísle na Mí le doimhneacht 60-120m. Is í an aolchloch seo atá le feiceáil i bhformhór na bhfoirgneamh traidisiúnta i gContae na Mí. Tá na tailte ísle lárnacha seo timpeallaithe ag cnoic san iarthuaisceart, agus beagán san oirdheisceart ar mó de charachtar tailte arda atá ann ach atá comhdhéanta freisin de charraigh charbónmhar (seachas limistéir bheaga aolchloiche agus seancharraig gainimh dhearg). I dtailte ísle tá sraithe de charraigeacha agus ithreacha éagsúla leagtha ar an aolchloch – cré bholláin, céama agus eiscir – an mhórchuid díobh sil-leagtha ag oighearshrutha leáite agus machaire cothrom den chuid is mó déanta astu. Déantar ithreacha forshraithnaithe a rangú go ginearálta mar ithreacha podsalacha liathdhonna, ithreacha torthúla ilúsáide ar féidir iad a úsáid ar son feirmeoireachta arúile agus beostoc chomh maith le foraoiseacht. Tá feirmeoireacht á dhéanamh go rathúil ar ghleann na Bóinne ón 4^ú hAois. Tá limistéir níos fliche ina bhfuil móin agus gléir mhóna in iarthar an chontae níos fearr don fhoraoiseacht agus mar fhéarach gharbh. Níl na hithreacha chomh torthúil céanna le limistéir ardtailte agus tá an topagrafaíocht níos ilchineálaí iontu agus dá bhrí sin tá na limistéir seo níos oiriúnaí chun beostoc a thógáil ar fheirmeacha mionscála.

Chruthaigh gluaiseacht an oighir topagrafaíocht atá le feiceáil go fóill sa lá atá inniu ann. Tá cruth cothrom go droimníneach ar an limistéar láir tailte ísle atá cruthaithe ag na carraigeacha agus na hithreacha forshraithnaithe. Tá crios suntasach droimníní san iarthuaisceart a chruthaíonn tírdhreach mionscála dlúth le locha beaga agus limistéir phortaigh.

Déantar cur síos mion ar gheolaíocht agus ithreacha an chontae sa leabha *'Atlas of the Irish Rural Landscape'*.



Loughcrew Hills



Tírdhreach trádach, iarthuaisceart na Mí

ÚSÁID TALÚN

Is contae intíre í an Mhí d'fhorhmór ach tá cósta gairid aici (16 ciliméadar) sa iarthar. Ar shainghnéithe an chósta seo tá tránna gainnimh leathana agus inbhir abhann. An úsáid is forleithne a úsáidtear as an talamh ná talmhaíocht, go háirithe talmhaíocht thréadach, agus tá sé leaite amach go cothrom ar fud ísealchríocha lár na Mí. Is díol suntas iad na feirmeacha tráchtála agus na feirmeacha graí nó na tírdhreacha stairiúla diméinte atá nasctha leo i ndeisceart agus in iarthar an chontae, le talamh feirme ar scála níos lú, le haghaidh úsáid mheasctha sna hardchríocha agus tírdhreach droimín ó thuaidh agus san iarthar.

Tá roinnt plandálacha móra in iarthar na Mí ach níl foraoiseacht ar bhonn tráchtála forleathan. Tá a bhformhór sna hisealchríocha agus mar sin cuirtear teorainn leis an amharcthionchar ar an spéirlíne. Tá garráin agus coillearnacha leathdhuilleogacha ann go forleathan agus bíonn crainn lánfhasta go minic ag timpeallú gnéithe stairiúla amhail ráthanna agus reiligi stairiúla, agus iad ina ngnéithe tarraingteacha ar díol suntas iad sa tírdhreach. Tá an iliomad plandálacha ornáideacha ar fud an chontae, ach amháin san iarthar, agus roinnt mhaith crann adhmaid sna fála scea. Is annamh a fhaightear dair, ach tá beith, leamhán, fuisseog, poibleog, seiceamóir agus fearnóg ann go flúirseach.

Tá éagsúlacht ann mar a mbaineann le bainistiú tírdhreacha. Tríd is tríd, tarlúonn sé den chuid is mó mórthimpeall na bhfeirmeacha graí a bhfuil cuma dhea-choimeáda orthu, ach ní tharlaíonn sé chomh minic i limistéir feirmeoireachta san iarthuaisceart agus i limistéir bhochta ar imeall na limistéar uirbeach atá ag leathnú amach áit nach bhfuil an fheirmeoireacht ina thionscal inmharthana níos mó. Tá a lán crann sa tírdhreach tuaithe agus iad ag fás mar bhraislí lánfhasta nó laistigh d'fhálta scea d'fhéadfadh sé dochar a dhéanamh don bhrat crann ar fud na Mí amach anseo.

3. tírdhreach na mí

Tá éagsúlacht ann ó thaobh stíl, fhoirm agus speiceas na bhfálta sceach ach tríd is tríd déantar iad a bhainistiú i gceart (.i. bíonn siad bearrtha go maith) feadh na gconairí bóthair agus ní choinnítear iad chomh maith céanna idir páirceanna.

Ar cheann de na saintréithe feadh roinnt mhaith de na bóithre tuaithe tá díoga le draenáil mhaith. Chomh maith leis sin bhíonn ballaí cloiche, cuailí cloiche sorcóireacha ag marcáil teorainneacha.

Is cinnte go dtiocfaidh forbairt ar an tionscal um eastóscadh mianraí agus an t-éileamh ar chomhbhailiúcháin toisc ceantar uirbeach Bhaile Átha Cliath a bheith ag dul i méid.

Tá abhainn na Bóinne agus an Abhainn Dhubh ar na craobh-aibhneacha is suntasaí sa tír, mar a ndéanann siad draenáil ar roinnt mhaith den Mhí, den Iarmhí agus den Cabhán. Téann siad go mór i bhfeidhm ar an úsáid a baintear as an talamh sna conairí atá buailte leo agus tá tábhacht ar leith luaite leo maidir le húsáid éiceolaíochta. Tá díol suntais náisiúnta ag baint le hAbhainn na Bóinne agus an Abhainn Dhubh chomh maith i dtéarmaí seandálaíochta agus fhorbairt an duine sa chuid sin den tír. Is craobh-aibhneacha níos lú iad an Ainí agus an Dealbhna a chomhchruinníonn le chéile ag an bhfarrige ag an Inse agus Baile Ghormáin. Tá Loch Síleann ar an gcorp uisce is mó intíre sa chontae agus é suite ar an teorainn idir an Cabhán agus an Mhí. Tá tóir nach beag ar fhorhmór na gcorp uisce le haghaidh spóirt áineasa - iascaireacht mar shampla.



Talamh ar chaighdeán maith airiúil

ÉICEOLAÍOCHT AGUS GNÁTHÓG

Tá oidhreacht shaibhir dúlra ag Contae na Mí ina bhfuil gleannta scéimhiúla abhann, talamh réchnocach feirme, gréasán de sconraí aibí, locha agus gnáthóga cósta, agus iad go léir faoi thionchar ag úsáid agus bainistiú talún. D'eascair na Limistéir Oidhreachta Náisiúnta Molta (PHNA) as na Limistéir Inspéise Eolaíochta (ASI) a bhí ann rompu agus áirítear ina measc na limistéir is fearr atá fágtha de ghnáthóga nádúrtha agus leathnádúrtha na hÉireann. D'fhéadfaí suimh a roghnú mar gheall ar thábhacht speisialta eolaíochta a bheith leo do speiceas, do phobal, do ghnáthóg, nó do thírghné amháin nó níos mó nó gnéithe geolaíochta nó geomoirfeolaíochta, nó ar son tréithe éagsúla nádúrtha. Tá 22 PNHA sa Mhí faoi láthair.

Sonraítear larrthóirí Limistéir Speisialta Caomhnaithe (CSAC) faoi Threoir Ghnáthóga an Chomhphobail Eorpaigh chun bithéagsúlacht a chothabháil agus stádas caomhnaithe flora agus fauna a athbhunú. Tá limistéir sa Mhí a thugann tacaíocht do speicis thearca, faoi bhaol nó shoghonta aitheanta mar larrthóirí Limistéir Speisialta Caomhnaithe. Is limistéir iad Limistéir Chosanta Speisialta (SPA) a shonraítear faoi Threoir Éan na gComhphobal Eorpach chun éin agus a ngnáthóga a chosaint. Níl ach SPA amháin sa Mhí: Inbhear na Bóinne agus limistéar bainteach leis ar chonair na habhann.

LONNAÍOCHT & STRUCHTÚIR THÓGTHA

Déanann saibhreas na hoidhreachta tógtha áit ar leith den Mhí in Éirinn. Tá trí bhaile stairiúla inti, An Uaimh a bhfuil a lár measartha slán, tá Ceannanas Mór agus Baile Átha Troim sonraithe mar Bhailte Oidhreachta agus tá an caisleán Angla-Normannach is mó san Eoraip i mBaile Átha Troim. Is iomaí baile agus sráidbhaile eile ar fud an chontae atá suntasach ó thaobh na hoidhreachta tógtha agus a dtréithe cultúrtha lena n-áirítear an diméin i mbaile Sláine agus Cluain Ioraird, suíomh mainistreach a bhunaigh Naomh Finín sa 6^ú hAois.

Tá a lán lonnaíochta beaga sa Mhí a d'fhás timpeall ar chrosbhóithre agus ar a dtugtar gráigeanna. Tá brú ar leith ar a lán gráigeanna ón bhforbairt nua-aimseartha agus iad fásfa i bhfad níos mó ná a méid bunaidh. Maireann roinnt eile ina mbraislí measartha iargúlata d'fhoirgnimh dhúchasacha faoin tuath.

Tá struchtúr stairiúil lonnaíocht uirbeach na Mí faoi bhrú daonra gan fasach. Tá limistéir uirbeacha go háirithe ag fás, go háirithe i gceantair sa deisceart agus san oirthear mar gheall ar go bhfuil siad i ngar do limistéar uirbeach Bhaile Átha Cliath agus conair iompair Bhaile Átha Cliath – Bhéal Feirste. Tá an oiread fáis tagtha ar roinnt lonnaíochtaí go bhfuil a gcroithe stairiúla scartha amach ó fhorhmór an daonra agus tá an gaol a bhí idir an limistéar uirbeach agus a shuíomh sa tírdhreach á chailliúint dá bharr.

Tá carachtar na mbailte Cill Dhéagláin, Dún Bóinne, Dún Seachlainn, Ráth Tó, An Bóthar Buí agus Chionn Átha Gad i ndeisceart an chontae á gcreimeadh go tréan mar gheall ar fhás an daonra. Níl líon ginearálta na bhforbairtí tithíochta sna bailte seo ag teacht la carachtar ná scála na mbailte, agus tá sraith forbairtí neamhspleácha cruthaithe acu nach bhfuil aon ghaol acu lena suíomh faoin tuath. Ní mór forbairtí breise ar bhailte, sráidbhailte beaga agus gráigeanna a phleanáil go cúramach ionas nach gcruthófar fobhailte líneacha de thithíocht ar mhórskala ar na bealaí isteach i mbailte agus sráidbhailte. Tá sé de chumas ag an gcineál seo forbartha carachtar tuaithe an chontae go léir a chur i mbaol.

Is treocht atá ag méadú é tithe aonarach (.i. áitribh aonair atá lonnaithe go fánach) i limistéir thuaithe agus tá siad seo ar fáil go minic in iarthar agus in iarthuaisceart an chontae le blianta beaga anuas. Tá planáil chuí de dhíth chun nach dtógfaí tithe nach bhfuil ag réiteach lena gcomhthéacs tuaithe. Tá ordlathas lonnaíochtaí aitheanta ag an RPG chun freastal ar fhorbairt ar an mbealach is fearr is féidir. Déanfaidh tuiscint na Comhairle ar an RPG iarracht féiniúlacht na lonnaíochtaí aonaracha lena n-áirítear suíomh tírdhreacha a choinneáil agus a bhreisiú gan tuilleadh carachtair a chailliúint. Aithnítear Dún Bóinne agus Cill Dhéagláin go háirithe mar limistéir ina mbeidh tuilleadh fáis.

3. tírdhreach na mí



Gnáthfhorbairt tógtha nua-aimseartha

féideartha. Déanfaidh tuiscint na Comhairle ar an RPG iarracht féiniúlacht na lonnaithe aonarach lena n-áirítear suíomh tírdhreacha a choinneáil agus a bhreisiú gan tuilleadh carachtair a chailliúint. Aithnítear Dún Bóinne agus Cill Dhéagláin go háirithe mar limistéir ina mbeidh tuilleadh fáis.

BONNEAGAR

Mar gheall ar bhrú na forbartha ó Limistéar Uirbeach Bhaile Átha Cliath agus feabhsúcháin a rinneadh le déanaí ar na bóithre tá fás mór tagtha ar chonair iompair Bhéal Feirste-Bhaile Átha Cliath agus tá méadú ar an gcomaitéireacht ón Mhí go Baile Átha Cliath. Cuireann sé seo brú níos mó ar bhóithre contae a nascann na príomhchonairí bóthair. Is é an beartas planála reatha córas comhtháite iompair poiblí a chruthú agus an gá le taisteal agus an t-éileamh air, i gcarranna príobháideacha go háirithe, a laghdú. Déanfar feabhsúcháin ar líonraí iompair poiblí mar aon le feabhsúcháin ar na bóithre chun comaitéireacht níos inmharthanaí agus níos éifeachtaí a áisiú chomh maith le deiseanna fostaíochta áitiúla a fheabhsú ar mhaithe leis an riachtanas comaitéireachta a laghdú san fhadtárma.

Is é an M3 an bonneagar bóthair is suntasaí atá beartaithe, ag glacadh áit an N3 mar phríomhbhóthar idir Baile Átha Cliath agus iarthuaisceart na Mí. Faoi láthair níl an líonra bóthair in ann glacadh leis an méid comaitéirí atá air agus cruthaíonn sé seo an-phlódú ag buaic-amanna. Cabhróidh athoscailt beartaithe an bhóthar iarrainn ón Uaimh go Baile Átha Cliath chun é seo a mhaolú. Beidh an mótarbhealach nua ar scála níos mó freisin ná an N3 atá ann anois. Ba chóir go léireodh dearadh mionsonraithe na mbóithre seo carachtar an tírdhreacha le cinntiú go ndéanfar gnéithe tírdhreacha ar nós crainn agus sceacha a athsholáthar agus go n-íoslaghdófar tionchar radhairc an bhóthair.

Tá seirbhís iarnróid beartaithe don Uaimh ar bhonn céimithe ag tosú le craobhlíne ó líne Mhaigh Nuad ag Cluain Saileach chun freastal ar acomhal Dhún Bóinne-Pace sa bhliain 2009 agus an síneadh go dtí An Uaimh faoi 2015. Maolóidh an deis seo do líonraí iarnróid eile sa Chontae an soláthar imharthanach iompair ach beidh sí rithabhachach go mbeidh gach iarnród nua agus athoscailte deartha chun carachtar an tírdhreacha a léiriú agus cailliúint ghnéithe carachtair tírdhreacha, ar nós fásra agus seandálaíocht, atá ann cheana a íoslaghdú, mar atá luaite thuas.

deartar iad chun carachtar an tírdhreacha a chur in iúl agus íoslaghdaíonn sé an méid a chailltear na gnéithe a bhaineann le carachtar an tírdhreacha reatha, mar shampla fásra agus seandálaíocht, mar atá luaite thuas.


Cuireann an leathnú mear uirbeach ar na seirbhísí uisce agus dramhuisce atá ann cheana féin faoi bhrú freisin. Tá a gcumas seo ag cur teorann le tuilleadh forbartha in a lán áiteanna. Is cuid den Phlean nua Forbartha é an ghné seo den bhonneagar a fheabhsú.

Tá giniúint reatha leictreachais á chur faoi stró mór mar gheall ar fhás leanúnach na Mí agus tá feabhsúcháin áirithe beartaithe don bhonneagar leictreach le linn shaolré an Phlean nua Forbartha Contae. Áirítear ina measc iarnróid nua agus uasghrádú ar fhostáisiún timpeall ar an Uaimh, Gormán-Cnoc na Mí agus b'fhéidir Cill Dhéagláin agus Baile Mhic Gormáin.

Is beag an soláthar atá déanta d'fhuinneamh inathnuachana sa Mhí faoi láthair agus is tosaíocht é an soláthar seo ar chúiseanna áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta. Ba é conclúid an mheasúnaithe a rinneadh ar sholáthar fuinneamh na Mí, a rinne Gníomhaireacht um Bainistiú Fuinneamh na Mí (MEMA) sa bhliain 2002, go bhfuil an-chumas sa chontae chun a sholáthar d'fhuinneamh inathnuachana a mhéadú ar na bealaí seo a leanas go háirithe:

- Bithfhuinneamh ag úsáid barraí talmhaíochta agus foraoiseachta
- Bithmhais: fuinneamh ginte as láithreacha líonta talún.
- Cumhacht gheoiteirmeach as foinsí i dtaiscumair agus uiscigh faoi thalamh
- Hidreafhuinneamh agus cumhacht toinne
- Cumhacht ón ngrian
- Feirmeacha agus tuirbíní gaoithe ar talamh agus amach ón gcósta.

Is dealraitheach go mbeidh fuinneamh gaoithe agus uisce ar an dá chineál fuinnimh is inmharthana sa chontae mar go bhfuil raidhse acmhainní gaoithe agus uisce ann. Cuirfidh an Measúnú ar Charachtar Tírdhreacha san áireamh cumas féideartha an tírdhreacha chun freastal ar fhorbairt inathnuachana fuinnimh.



Conair M4 á thógáil.

3. tírdhreach na mí

Tá crainn theileachumarsáide suite in áiteanna i gContae na Mí agus ní gné shuntasach den tírdhreach iad fós. Is dealraitheach go mbeidh siad ina gné níos suntasaí sa toadhchaí mar gheall ar an ngá atá leis an iomaíochas eacnamaíochta agus an t-iniamh sóisialta a fheabhsú. Is é beartas na Comhairle go seachnódh suiteáil na gcrann limistéir ardscéimhe nó limistéir thábhachtacha seandálaíochta.

TURASÓIREACHT

Mar gheall ar líon na n-ionad oidhreachta atá sa chontae is mór an tarraingt is féidir a bheith ag an Mhí do thurasóirí. Is é Brú na Bóinne an t-aon Ionad Oidhreachta Domhanda atá in Éirinn (seachas Ionad Oidhreachta Chlochán na bhFomórach i dTuaisceart Éireann). Tá Sí an Bhrú ar cheann de thrí thuama pasáiste sa cheantar (is iad Dubhadh agus Cnobha an dá cheann eile), tá sé cúig mhíle bliain d'aois agus ar cheann de na suímh seandálaíochta is tábhachtaí ar domhan. Tá suímh tírdhreacha Shí an Bhrú, Chnoc na Teamhrach agus Ghleann na Bóinne rithábhachtach dá dtuiscint agus dá dtábhacht, agus tá sé tábhachtach dá réir go gcaomhnófaí carachtar na suíomh seo.

Mar gheall ar fheabhsú an bhonneagair iompair, go háirithe na naisc le Béal Feirste agus Baile Átha Cliath, is ceann scríbe inrochtana spéisiúil í an Mhí do thurasóirí in Éirinn a thagann ar cuairt ghearr nó mar chuid de shaoire níos faide do chuairteoirí ón iasacht. Is é a saibhreas seandálaíochta an rud is tarraingtí faoin Mhí, chomh maith leis an oidhrecht tógtha atá nasctha chomh dlúth sin le carachtar an tírdhreacha go bhfuil caomhnú carachtar an cheantair rithábhachtach d'fhorbairt inmharthanach thionscal na turasóireachta.



radharc ar Shí an Bhrú: cuid d'Ionad Oidhreachta Domhanda Bhrú na Bóinne agus díol spéise príomhúil do chuairteoirí.

Is féidir forbairt thírdhreach na Mí a roinnt i gceithre thréimse ar leith, a bhfuil cur síos orthu sa roinn seo.

réamhstair

luathchríostaíocht

Angla-Normannach

18ú agus 19ú haois

RÉAMHSTAIR

Is iad na sealgairí-bailitheoirí ón Tréimhse Mhéisiliteach (timpeall 7,000 RC) an chéad dream daoine a d'fhág fianaise seandálaíoch. Is beag an tionchar a bhí acu ar an tírdhreach ach tá iarsmaí de thithe adhmaid agus d'uirlisí céadráta cloiche ar fáil. Bhí aibhneacha an-tábhachtach go ginearálta mar mhodh taistil (An Bhóinn agus An Abhainn Mhór sa Mhí) agus is ar a mbruacha atá a gcuid lonnaíochtaí ar fáil.

Shocraigh feirmeoirí ón tréimhse Neoiliteach (timpeall 4,000 RC) síos áfach agus thosaigh siad ar na foraoiseacha a ghlanadh chun barraí a chur agus stoc a thógáil. Ba iad na pobail seo a bhí freagrach as na húirleachais mhóra ar nós na n-uaigneanna pasáiste atá ar fáil ag Brú na Bóinne agus 30 carn atá scaipthe thar dhá chnoc ag Sliabh na Caillí le dátú ó thimpeall 3500 RC.

Mhéadaigh an daonra sa Chré-Uamhaois agus rinneadh oibreacha tógála poiblí eile, créfoirt chiorcalacha iomadúla, a bhfuil a lán díobh le feiceáil i limistéar na dtuamaí pasáiste i mBrún na Bóinne, a úsáideadh mar ionaid adhartha agus tionóla seachas mar uaigneanna.

Mar gheall ar thábhacht idirnáisiúnta Shí an Bhrú, Dhubhadh agus Chnoba ainmníodh an limistéar ina Ionad Oidhreachta Domhanda.

Tá Teamhair, mar ar chónaigh Ard-Ríthe na hÉireann, roinnt mílte ó dheas agus tá sí comhdhéanta de chréfoirt mhóra lonnaithe i suíomh ceannasach a amharcann amach ar mhachaire de thalamh torthúil feirme. Is é Dumha na nGiall, ó thimpeall 2,500 RC, an séadchomhartha is sine atá le feiceáil ar chnoc na Teamhrach, agus fuair sé a ainm ón nós a bhíodh ag ríthe gialla a fháil ó ríochtaí a bhí faoina riail chun a ngéillsineacht a chinntiú. Bhíodh gialla ag Niall Naoi nGialla, duine as gach cúige in Éirinn agus ceathrar ón mBreatain. Ba é Niall céadsinsear Chlann Uí Néill a raibh 28 rí dá gcuid i geannas i dTeamhair ó 400 agus 1022 AD. Is mar gheall ar Theamhair a bhí an Mhí i lár na cumhachta in Éirinn agus gur tugadh an Contae Ríoga uirthi i mBéarla.

Ar dtús b'fhearr leis na chéad fheirmeoirí ithreacha éadroma agus imeallacha na dtailte arda mar a raibh an cumhdach coillearnaigh níos tanaí. De réir mar a chuaigh teicneolaíocht na Cré-Uamhaoise chun cinn tosaíodh ar ithreacha doimhne saibhre na machairí a ghlanadh agus a shaothrú. Bhí na crainn glanta den mhachaire láir agus daoine ina gcónaí ann faoin am ar tháinig an luathchríostaíocht. Tháinig meath áirithe ar úsáid na dtailte arda ach níor ghlac an fhórais seilbh iomlán arís ar aon limistéar mar gheall ar fhéarach nó ar éileamh ar adhmaid.

Meastar gur mó líon agus tábhacht na struchtúr seandálaíochta i gContae na Mí ná in aon chuid eile d'Éirinn. Cé gur dócha go raibh cónaí ar dhaoine ar fud an chontae sa tréimhse réamhstairiúil, is i nGleann na Bóinne, ar Chnoc na Teamhrach agus i gCnoc Loch Craoibhe atá na hiarsmaí is fearr le feiceáil. Dá bhrí sin éilítear bearta ar leith chun suímh na limistéar seo a chosaint. Le linn shaolré an Phlean Forbartha Contae, beidh Comhairle Chontae na Mí ag díriú ar Phleananna Limistéir Áitiúla a ullmhú do Bhrú na Bóinne agus do limistéar na Teamhrach – na Scríne chun na tírdhreacha oidhreachta seo agus a suímh a chosaint.



Mar gheall ar an éileamh atá ar Shlí an Bhrú roghnaítear cuairteoirí ar bhonn freastail ar an gcéad duine a thagann ó Ionad Cuairteoirí Bhrú na Bóinne agus tiomántar iad go Slí an Bhrú.




Cnoc na Teamhrach.




Patrúin greanta ar chloch ag Cnoba.

Tá suímh in áiteanna eile atá níos lú ar suímh iad nach bhfuil an oiread aithne orthu agus ní mór aire do na suímh seo a chur san áireamh nuair atá aon athrú tírdhreacha á bheartú sa todhchaí..

Is sampla maith den dea-chleachtas atá ann cheana cosaint na ngnéithe seandálaíochta ó bhrú na gcuairteoirí i Suí an Bhrú agus i mBrú na Bóinne mar ar eagraíodh áiseanna do thurasóirí agus an modh léirmhínte ar leithligh ón struchtúr agus laistigh de shuímh shonraithe tírdhreacha atá ag teacht le carachtar an tírdhreacha, rud a laghdaíonn a fheiceálacht.



Radharc ar thailte ísle timpeall ar Chnoc na Teamhrach.



Is sainchomhartha i limistéar na Teamhrach – na Scríne í an choillearnach móorthimpeall shéipeal Chnoc na Teamhrach

4. stair: réamhstair

TRÉIMHSE NA LUATHCHRÍOSTAÍOCHTA

Roimh theacht Naomh Pádraig bhain suntas mar ionaid tionóil le go leor gnéithe den tírdhreach do dheasgnátha agus traidisiúin phágánacha. Bhí cáil ar Thlachta agus Thailtean mar shampla “ar son a gcuid pálás ríofa, a gcomhthionóil sholúna, a gcluichí págánacha agus deasgnátha na ndraoithe, agus bhí siad beannaithe i ré na Críostaíochta ag Naomh Pádraig agus Naomh Bríd” (ón eagrán ar líne de ‘The Catholic Encyclopaedia Vol. X’ (1911) Robert Appleton Company).

Thug an cultúr nua creidimh aontacht do dhaonra díláraithe. Léiríonn na ráthanna agus na patrúin pháirceanna a ghabhann leo saol a bhí bunaithe den chuid is mó ar fhéarach.

Luaitear go leor suímh i gContae na Mí go sonrach le Naomh Pádraig. Ba ar Chnoc Shláine mar shampla a las naomh Pádraig an chéad Tine Cásca sa bhliain 432 AD, ar neamhchead don Rí Laoghaire agus don traidisiún págánach mar chomhartha do “lóchrann an chreidimh nár múchadh riamh ó shin” (eagrán ar líne de ‘The Catholic Encyclopaedia Vol. X’ (1911) Robert Appleton Company). Cé gur fhan an Rí Laoghaire dílis é féin don seantraidisiún chuaigh Naomh Pádraig i bhfeidhm air agus thug sé cead dó dul ar aghaidh lena mhisean ar fud a ríochta. Ba é Cormac Mac Airt an chéad rí Críostaí in Éirinn.

Bhunaigh luchtleanúnach Phádraig teampaill agus mainistreacha ar fud na Mí ar nós an chinn a bhunaigh Naomh Erc ag Sláine agus Naomh Lóman ag Átha Troim. Chuir N. Pádraig Cianán i gceannas ar an gcéad eaglais i nDamhliag sa 5^ú haois agus sular éag sé i 489 AD bhí sé de chlú air gurb é a thóg an chéad eaglais cloiche in Éirinn. Deirtear gurbh i nDomhnach Mór a bhí an chéad mhainistir a bhunaigh N. Pádraig féin. Is dócha áfach gur sa 10^ú haois a tógadh an cloigtheach atá le feiceáil ann inniu agus tógadh an eaglais in aice leis sa 15^ú haois san áit a raibh eaglais Rómánsach roimhe sin.

Measadh gur bhunaigh manaigh ó mhainistir Cholm Cille in Oileán Í a bhí ag teitheadh ó ionradh na Lochlannach teach reiligiúnda cáiliúil Cheannanais sa bhliain 804. Aistríodh taisí de chuid an naoimh chun na háite in 877 agus cé gur fhulaing an mhainistir go leor ó chreachadh agus loisceadh tháinig Leabhar Cheannanais, atá anois i gColáiste na Tríonóide, slán.

Seachas na hEaglaisí agus na Cloigtheithe is iad na Crosa Arda líonmhara mar atá i gCeannanas, i nDamhliag, agus i gCaisleán Chiaráin in aice le Carn na Ros na hiarsmaí is feiceálai ón tréimhse seo.

Sa 9^ú haois rinne na Danair ionradh ar an Mhí – sheol Tuirgéis aníos an Bhóinn in 838 agus tar éis tréimhse de chreachadóireacht fhíochmhar, a bhí dírithe go minic ar an gcléir, bhunaigh sé a ionad rialtais in aice na Teamhrach. Cé gur mharaigh Maolsheachlainn, Rí na Mí, é lean na Danair ar a gcuid ionsaithe go dtí 980 nuair a cloíodh iad ag Teamhair, agus glacadh leo siúd a tháinig slán isteach sa daonra dúchasach.


Le linn a dtréimhse i gcumhacht spreag na hionraitheoirí Lochlannacha slí bheatha ina raibh níos mó tábhachta le tráchtáil agus bailte agus lean bunú na mbailte agus na sráidbhailte ar aghaidh go tréan le hionradh na Normannach. Tháinig lonnaíochtaí le chéile timpeall ar mhainistreacha agus eaglaisí ar dtús agus ansin timpeall ar na caisleáin a thug cosaint lena mballaí do na sráidbhailte máguaird.



Dealbh N. Pádraig, Cnoc Shláine



Prióireacht Chluain Ioraird, iarthuaisceart na Mí



Damhliag

4. stair: luathchríostaíocht

Lean na ríthe agus na húinéirí móra talún lena nósanna agus bhunaigh siad tithe reiligiúnda nua: ba Rí na Mí a bhunaigh ceann de na cinn is cáiliúla, An Mhainistir Mhór do na Sistéirsigh, a bhí tiomnaithe don Mhaighdean Bheannaithe.

Le linn réimeas Anraí VIII ghabh an rí seilbh ar mhaoín leitheadach na heaglaise sa chontae nuair a rinne sé na mainistreacha a scor agus roinneadh í i measc a lucht leanúna. Rinneadh ‘tithe móra’ de chuid de na mainistreacha agus bhí seilbh aicme na dtiarnaí talún níos daingne fós.

Tá iarsmaí feiceálacha na tréimhse seo scaipthe ar fud an chontae agus áirítear ina measc fothraigh seanmhainistreacha agus eaglaisí chomh maith le hiarsmaí na gcloigtheach agus na gcros arda. Cuireadh a lán de na déantáin isteach i struchtúir nua nó atógadh iad i dtréimhsí níos déanaí. Nuair a bhíonn suímh na bhfoirgneamh seo á gcaomhnú bíonn sé tábhachtach nach laghdófaí tábhacht na bhfoirgneamh seo do na pobail ar a bhfreastalaíonn siad. Tógadh spuaiceanna eaglaise agus cloigthe le bheith le feiceáil agus is gné ar leith iad de thírdhreach na hÉireann. Ní mór d’aon fhorbairt a mholtar aird a thabhairt ar thábhacht na bhfoirgneamh áirithe seo do charachtar na mbailte agus na sráidbhailte ina bhfuil siad.



Mainistir Bheigí



4. stair: luathchríostaíocht

ANGLA-NORMANNACH

Timpeall 100 bliain tar éis do na Normannaigh ionradh a dhéanamh ar Shasana sa bhliain 1066 tháinig na Normannaigh go hÉirinn. D'iarr Diarmaid Mac Murchadh orthu cabhrú leis ina chomhrac le Tiarnán Ó Ruairc agus faoi 1170 bhí fórsa faoi larla Peimbróc tar éis na Gaeil agus a gcomhghuallaithe Lochlannacha a chloí i bPort Láirge. Phós Peimbróc, nó Strongbow mar b'fhearr aithne air, iníon Mhic Mhurchadh Aoife agus nuair a d'éag a hathair rinne sé Rí Laighean de féin. Bhuaigh sé arís agus arís eile ar na Gaeil agus na Lochlannaigh agus sa bhliain 1172 tháinig an Rí Anraí II i gcabhair air agus cuireadh tús le tréimhse nua concais. Bhronn Anraí tailte ar a chuid ridirí agus barúin agus thógadar sin caisleáin chun a riail a chur i bhfeidhm. Rinneadh príomhchathair de Bhaile Átha Cliath agus bunaíodh parlaimint ann le hionadaithe réigiúnacha. Ach ní rabhtas in ann an troid i gcoinne an choncais a stopadh riamh agus baineann cúlra coimhlinte agus iomaíochta le stair na gcéadta bliain dár gcionn.

Bhronn Anraí II Contae na Mí ar Hugh de Lacy, duine de na tiarnaí Normannacha ba chumhachtaí a bhí in Éirinn, le coinneáil le seirbhís 50 Ridire. Ar mhaithe leis an gcontae a phlandáil agus a fhlaithneas a chur i bhfeidhm roinn de Lacy a lán den talamh i measc a lucht leanúna, tugadh Barúntachtaí ar na ranna agus Barúin orthu siúd a bhí i gceannas orthu. Is mar sin a tugadh tailte Mhachaire Gailean do Gilbert Nangle, An Uaimh, Ard Breacain agus a dtailte do Jocelyn Nangle, dúiche agus Mainéar an Scríne do Adam Phelpo, tailte Luíne do Robert Misset agus Ceannanas Mór do Gilbert Fitzthomas.

Thóg de Lacy túr móta agus adhmaid in ÁthTroim chun tús a chur le concas na tíre máguaird. An bhliain dár gcionn, agus de Lacy á thógáil, chuir Ruairí Ó Conchúir, Rí na hÉireann an sráidbhaile faoi léigear agus scrios Tyrell an caisleán le dóiteán seachas ligint don rí é a ghabháil (cé gur atógadh é go gearr ina dhiaidh sin). Chuir William Peppard críoch leis an túr, atá anois ann, sa bhliain 1220, agus cuireadh ballaí ollmhóra cuirtín agus foirgnimh eile leis chun an caisleán is mó in Éirinn a dhéanamh de. Tugtar Caisleán an Rí Eoin ar Chaisleán ÁthaTroim chomh maith mar gheall ar gur thug an Rí sin cuairt air sa bhliain 1210. Ní raibh caisleáin na mbarúin in Dardistown, sa Chillín agus i nDún Samhnaí.

Bhí córas mainéarach úinéireacht talún ag na Normannaigh inar tógadh bailte agus sráidbhailte mórtimpeall ar chaisleáin. Bhí an-tábhacht ag baint le caighdeán na talún don churaíocht i ngach áit inar chuir na Normannaigh fúthu agus dá bhrí sin chosain siad machairí torthúla na Mí agus bhí na dúchasaigh ruaigthe go hiomlán astu beagnach, gan cead úinéireachta acu. Nuair a bhí cumhacht na Normannach in ard a réime ba é Baile Átha Troim a lárionad cumhachta. Bhí tábhacht le Ceannanas Mór freisin mar dhaingean Normannach ach tá formhór na n-iarsmaí ón ré sin caillte anois.

Sa bhliain 1429, mar gheall ar ionsaithe minice na dtiarnaí Gaelacha gheall an rí Anraí VI deontas deich bpunt do "liege man" ar bith a thógfadh caisleán 20' x 16' x 40' ar airde, laistigh den Pháil, roimh an mbliain 1439 i gcontaetha na Mí, Lú, Chill Dara agus Bhaile Átha Cliath. Is dócha go raibh caisleán Dhún Uabhair ar cheann díobh seo.



Ballaí Bhaile ÁthaTroim



Caisleán Bhaile ÁthaTroim




Caisleán Shiúrdáin

4. stair: Angla-Normannach

Sa 16^ú agus 17^ú haois méadaíodh an daonra neamhdhúchasach ar fud na hÉireann leis na Plandálacha. Bhí siad seo freagrach as an méadú i líon na mbailte agus na sráidbhailte chomh maith le luach na talún a mhéadú do na tiarnaí talún mar go raibh fir inniúla sásta taisteal chuig na limistéir thorthúla in Éirinn as Sasana, Albain agus Flóndras chun cíos a íoc as an talamh feirme seo.

Tís cosúil nach raibh an oiread céanna gá le háitribh a chosaint agus tógadh líon mór tithe feirme agus eastát sna tréimhsí seo. Mar gheall ar chathanna idir lucht na Parlaiminte agus na Ríogaithe/Seanghail agus iarrachtaí na nGael ar a dtailte a athghabháil, scriosadh an-chuid de na caisleáin agus na tithe mainéir seo i dtréimhse shuaite cogaíochta. Is sampla díobh sin Caisleán Átha Luimnigh ar cuireadh tús leis sa 15^ú haois agus ar cuireadh leis timpeall 1600. Chuir clann Mhig Uidhir, a raibh seilbh acu ar an gcaisleán sa bhliain 1649, an caisleán trí thine seachas ligint do Chromail é a scrios.

Ba é Cath na Bóinne an cath ba thábhachtaí a troideadh le linn chogaí na tréimhse plandála, agus cuireann suíomh an chatha sin leis an spéis stairiúil atá ag daoine i nGleann na Bóinne.



Radharc ar Ghleann na Bóinne ó Chnoc Shláine

4. stair: Angla-Normannach

Tar éis ionraí agus chogaí na n-aoiseanna roimhe sin bhí tailte saibhre na Mí i seilbh na n-úinéirí talún Protastúnacha den chuid is mó agus dhlúthaigh an t-athrú ó áitribh chosantacha go tithe scartha le linn tréimhse a bhí measartha síochánta. Thóg na húinéirí nua talún tithe móra agus diméin ar a gcuid eastát, agus lé ar leith acu le hionaid cois abhann.

Tá Teach Bhaile an tSaoir (i bparóiste sibhialta Átha Sí i mBarúntacht na Déise Íochtar) ar cheann de na samplaí is fearr d'fhoirgnimh den chineál seo. Tógadh Teach Bhaile an tSaoir ar bhruach na Bóinne, agus ba theach meánmhéide é a bhí deartha ag Richard Castle i stíl villa tuaithe. Ar uachtar na habhann bhí Teach Bheigti, Teach Balsoon agus Rathnally agus ar an gcuid íochtair bhí Baile an Dódaigh agus Ard Salach. Tá athchóiriú déanta anois ag Siúracha Sión ar Bellinter mar a raibh cónaí ar theaghlach Preston ar feadh cúpla céad bliain. Bhí Stackallan, c. 1710, a tógadh i stíl athréimnithe Shasana, Halla Áirse, 1720 (fothrach), Cnoc an Linsigh (leagtha) Ard Breacain i measc tithe móra luatha ón 18^ú haois. Tithe móra tuaithe sa stíl nua-Phalladach a tógadh timpeall 1730 ba ea an dá theach deireanach díobh sin.

Bhí na struchtúir agus na foirgnimh tacaíochta go léir a raibh cuspóirí praiticiúla nó ornáideacha a bhain leis na tithe seo ann freisin. Tógadh tithe feirme, sciobóil, stáblaí agus croite go minic i 'stíl' an eastáit. Bhí foirgnimh eile ar nós tithe colúr praiticiúil agus ornáideach. Tógadh foirgnimh ornáideacha eile mar fhoirgnimh bhaoise chun cur le stíl phictiúrtha na linne. Tá samplaí maithe baoise ar fáil ag Larchhill in aice le Cill Choca agus suntasán ochtdtaobhach ag Baile Hiobaird c 1760.


Ba é gnó na feirmeoireachta *raison d'être* fhormhór na n-eastát áfach agus tháinig ceathrar déag fear le chéile i gColáiste na Tríonóide sa bhliain 1731 agus d'aontaigh siad ar chumann a bhunú ar a dtabharfaí an 'Dublin Society for Improving Husbandry, Manufactures and Other Useful Arts' air (Cuireadh 'Royal' leis an ainm nuair a thoiligh an Rí George IV a bheith ina éarlamb ar an gcumann). Tugadh cúnamh deontais do scéimeanna chun gníomhaíochtaí tráchtála agus cultúrtha a fhorbairt agus a chur chun cinn, chomh maith leis an obair thaighde ar mhodhanna feabhsaithe talmhaíochta.

Sa bhliain 1766 sheol an cumann a 'Thogra Foraoiseachta' agus tionscadail feabhsaithe talún agus plandáil coillearnaí agus cuireadh os cionn 55 milliún crann ar fud na hÉireann ó 1766 go 1806. Níor bhain na préimheanna plandála le cineálacha tráchtála amháin, ach le crainn fhearann páirce, ornáideacha agus torthaí chomh maith. Bhí tionchar radhairc aige seo ar mheascán crann a lán de na diméin sa Mhí. Lasmuigh de bhallaí na ndiméinte rinneadh atheagrú ar phatrún na mbóithre agus na bpáirceanna sna réigiúin talmhaíochta ba shaibhre.


Féarach nó diméin ba mhó ar bhí ar bhruacha na Bóinne agus na hAbhann Móire sa bhliain 1837 ach bhí a lán den talamh lasmuigh de na bruacha faoi churaíocht. Cé gur measadh an talamh a bheith róluachmhar le húsáid mar choillearnach, cuireadh plandálacha leitheadacha timpeall ar eastáit na n-uasal. Tá na seanchoilte timpeall ar Bheagtheach, Lios an Mhuilinn agus Ard Breacain an-mhór agus an-luachmhar go fóill, tá plandálacha ornáideacha líonmhara eile ar fud gach coda den chontae seachas an t-iarthar agus líon mór crann adhmaid sna fála sceach i gcónaí.



Teach Eastáit, iarthuaisceart na Mí



Ascaill mhaorga teile ag Ráth Aldain in aice leis An Uaimh



Tírdhreach eastáit, taobh ó thuaidh de Cheanannas Mór

Chomh maith le feabhsúcháin a dhéanamh ar chleachtais talmhaíochta, phleanáil tiarnaí talún bailte agus sráidbhailte mar aonaid iomlána ailtireachta, chun áit chónaithe a thabhairt dá gcuid oibrithe agus a ngabháltais a fheabhsú. Is samplaí díobh sin Sláine agus Maigh nEalta. Bhí siad gníomhach freisin i dtógáil muilt agus fiontair thráchtála eile chomh maith leis na córais iompair a fheabhsú chun daoine agus earraí a iompar. Tógadh an Chanáil Ríoga ar theorainn theas an chontae ag deireadh an 18^ú haois agus ag tús an 19^ú haois, agus mhéadaigh sé seo úsáid chonair an ghleanna seo. Cuireadh feabhas ar bhóithre agus cuireadh ar mhalairt bealaí iad in áiteanna chun nach mbeadh eastáit a ndéighilt acu.


Tugadh dúshlán d'ollchumhacht na dtiarnaí talún le beartais rialtais agus le reachtaíocht ó na 1880í i leith nuair a cheannaigh Coimisiún na Talún córais eastáit ar nós Bellinter agus nuair a roinneadh iad i bhfeirmeacha de 50 acra nó níos lú.

Tá struchtúir fheiceálacha ón tréimhse seo ar fáil ar fud na Mí, lena n-áirítear tithe móra Seoirseacha agus tithe Vichteoiriacha nua-Ghotacha laistigh dá gcuid diméinte, tithe feirme, tithe lasmuigh, botháin, colmlanna, agus bailte agus sráidbhailte pleanáilte.

Feictear droichid, stráicí de chanáil agus séadchomharthaí i gcónasc le ballaí eastát, geataí, muilt agus séipéil agus iad go léir nasctha le líon níos lú de struchtúir níos sine chun buncharachtar an chontae a bhunú ar a bhfuil forbairt déanta le déanaí agus á mholadh don todhchaí. Cuireadh Colún Wellington in airde i mBaile Átha Troim mar chomóradh ar Diúc Wellington a fuair a chuid oideachais sa bhaile, a sheas don pharlaimint sa cheantar agus a bhí ina Phríomh-Aire in 1828. Rinneadh Caisleán Dhún Samhnaí a atógáil agus a athchóiriú le himeacht ama, agus rinneadh obair fhíormhaith ann go déanach san 18^ú haois. Tá Eaglais N. Nioclás, mainistir a tosaíodh sa bhliain 1440 agus a bhfuil cáil uirthi mar gheall ar an tsnoíodóireacht mhín mheánaoiseach atá inti, ar fáil laistigh den diméin mhór. Tógadh Caisleán Bhaile Mhic Gormáin sa bhliain 1768 ar shuíomh caisleáin a thóg Sir Jellico Preston sa bhliain 1372, agus is scoil anois é. .



Tithe seanré i sráidbhaile eastáit Chnóc an Linsigh



Seanmhuileann i Sláine.



An Chanáil Ríoga

4. stair: 18ú/19ú hAois

Tá treochtaí tírdhreacha aitheanta ar mhaithe le patrún ginearálta na n-athruithe sa todhchaí a thuar agus chun beartais agus cuspóirí a chumadh le cinntiú go gcomhlánóidh an t-athrú carachtar an tírdhreacha. Déantar na fórsaí athraithe is mó, atá ina gcúis athraithe i ndreach, i bhfeidhm agus i riocht an tírdhreacha rangaithe faoi na ceannnteidil seo a leanas: lonnaíochtaí agus struchtúir thógtha, bonneagar agus tionsclaíocht, turasóireacht, aibhneacha agus canálacha, talmhaíocht agus clúdach crann.

Tá na cineálacha forbartha is dealraithí a bheidh ann sa todhchaí bunaithe ar na treochtaí seo sa tírdhreach. Déantar measúnú mionsonraithe ar chumas gach LCT chun oiriúnú do na cineálacha seo forbartha i roinn 8.



Forbairt neamhbháúil tithíochta ar imeall uirbeach Áth Bui

RÉAMHRÁ

Bíonn tírdhreacha Chontae na Mí ag athrú de shíor mar fhreagra ar fhórsaí nádúrtha agus gníomhaíocht dhaoine. Chuir gluaiseacht oighearshrutha an cruth atá air faoi láthair ar an topagrafaíocht agus is í gníomhaíocht an duine is mó atá freagrach as clúdach na talún ó thosaigh an fheirmeoireacht timpeall an 4^ú hAois. D'fhág tréimhsí éagsúla sa stair a rian ar an tírdhreach, iarsmaí atá le feiceáil inniu i líontán gnéithe ina n-áirítear tuamaí pasáiste agus créfoirt Chríostaí, foirgnimh eaglaise Luathchríostaí, caisleáin Normannacha agus lonnaithe laistigh de bhallaí, diméinte ón 17^ú – 18^ú haois agus foirgnimh agus struchtúir ón 18^ú – 19^ú hAois.

Tá an tírdhreach faoi bhrú ag an athrú i gcónaí. Cé gur de thoradh riachtanais eacnamaíochta a tharlaíonn athruithe go minic, agus iad rithabhachtach d'fhorbairt an Chontae, d'fhéadfadh a dtionchar ar charachtar an tírdhreacha an-dochar a dhéanamh. Déanann an Measúnú ar Charachtar Tírdhreacha iarracht gnéithe luachmhara a aithint agus cad iad na gnéithe ba chóir a chaomhnú nó a bhreisiú. Tá sé d'aithm aige freisin patrún ginearálta na n-athruithe sa todhchaí a thuairisc agus beartaíocht agus cuspóirí a cheapadh le cinntiú go gcomhlánóidh an t-athrú charachtar an tírdhreacha.

Déantar na fórsaí athraithe is mó, atá in gcúis athraithe i ndreach, i bhfeidhm agus i riocht an tírdhreacha a rangú faoi na ceannteidil seo a leanas:

- Lonnaíochtaí agus Struchtúir Thógtha
- Bonneagar agus Tionscal
- Turasóireacht
- Aibhneacha agus Canálacha
- Talmhaíocht
- Clúdach Crann


LONNAÍOCHTAÍ & STRUCHTÚIR THÓGTHA

- Tá fás na limistéar uirbeach agus na forbartha tógtha ar an treocht is láidre, agus leanfaidh sé air ag dul i bhfeidhm ar charachtar tírdhreacha Chontae na Mí.
- Tharla fás gasta ar limistéir chónaitheacha nua-aimseartha i bhformhór na lonnaíochtaí sa Chontae, go háirithe na lonnaíochtaí sin sa deisceart agus san oirthear.
- Tá carachtar stairiúil fhormhór na lonnaíochtaí ag dul i léig, idir lonnaíochtaí móra is lonnaíochtaí beaga, toisc forbairt nua a chloíonn leis an gcur chuige aonchineálach seachas leis an gcuma agus an leagan amach dúchais áitiúil.
- Tá sé níos coitianta anois tithe fánacha aonair a fheiceáil i limistéir thuaithe agus tá an carachtar tuaithe ag dul i léig dá bharr áit ar suíomh an teach in áit nach raibh íogair.



Teach Cúirte Bhaile Átha Troim – dea-shampla den chaoi is féidir forbairt nua-aimseartha a chomhtháthú go rathúil i gcreatlach uirbeach bhaile oidhreachta

5. treochtaí tírdhreacha



Cairéal neamhúsáidte in aice le sráidbhaile an Rosa gar do Loch Síleann

BONNEAGAR AGUSTIONSAL

- Beidh tionchair mhóra ag forbairt bhonneagair ar mhórsála, ar nós loiscneoirí, stáisiúin chumhachta, suímh líonta talún agus oibreacha cóireála dramhuisce, a eascraíonn go díreach as fás an daonra sa Chontae, ar an tírdhreach agus ar an gcarachtar radhairc agus beidh sé deacair iad a mhaolú mar gheall ar scála na forbartha seo. Is dealraitheach gur é roghnú íogair ionaid an toisc is tábhachtaí a chuirfidh teorainn leis na tionchair dhiúltacha ar an tírdhreach go ginearálta. D'fhéadfadh dearadh teorainneacha cabhrú chomh maith leis an gcomhtháthú ag an leibhéal an-áitiúil.
- Tá baint ag leathnú leanúnach pleanáilte ar líonraí bonneagair (leictreachas, uisce agus séarachas, cumarsáid, iompar srl) le fás an daonra agus leis an éileamh ar chumais mhéadaithe seirbhíse. Cailtear gnéithe agus carachtar, ar scála beag go minic, dá mbarr, agus nuair a fheictear in éineacht le chéile iad is féidir lena dtionchar carntha ar charachtar an tírdhreacha a bheith sách suntasach.
- Tá aomhail iompair beartaithe faoi láthair ag An Uaimh, Ceanannas, Steach Maoilín, agus Baile Mhic Gormáin. Ba na tionchair chéanna atá luaite thuas acu seo ach d'fhéadfadh siad bagairt a dhéanamh ar charachtar an tírdhreacha san fhadtéarma trí dheiseanna a chruthú do cheantair nua fáis atá scartha go hiomlán ó lonnaíochtaí atá ann cheana.
- Is beag soláthar atá déanta d'fhuinneamh inathnuaite faoi láthair agus is beartas tosaíochta é ag gach leibhéal den rialtas agus táthar á chur chun cinn chun freastal ar chuid de riachtanais mhéadaithe fuinnimh an Chontae. Is dealraitheach go mbeidh fuinneamh gaoithe agus uisce go háirithe inmharthana mar gheall ar acmhainní uisce agus gaoithe an chontae, ach is forbairtí féideartha iad cineálacha eile fuinneamh inathnuaite ar nós bithfhuinnimh agus bithmhaise.
- Tá sé d'inniúlacht sa bithfhuinneamh cabhrú le héagsúlú agus le breisiú na heacnamaíochta tuaithe agus d'fhéadfadh sé chomh maith bithéagsúlacht a laghdú má chuirtear plandálacha aonspeicis ar mhórsála. D'fhéadfadh an tionchar céanna a bheith acu seo ar an tírdhreach is atá ag foraoiseacht tráchtála.

- Is é is dócha go mbeidh bithmhais á cheangal le suímh líonta talún atá ann cheana, mar a bhfuil dochar déanta cheana féin do charachtar an tírdhreacha. Is dealraitheach go mbeidh sé ar scála an-fheiceálach freisin agus mar sin is gá cúram a ghlacadh ó thaobh ionaid, leagain amach agus suiteála de.
- D'fhéadfaí fuinneamh gaoithe a fhorbairt ar talamh nó amach ón gcósta. Is forbairt an-fheiceálach é seo chomh maith agus ba chóir é a lonnú as láthair na dtírdhreacha an-íogair nó ardluachmhara.
- Bainfidh fuinneamh uisce le gnéithe uisce agus mar sin is gá aire a thabhairt nach mbeidh tionchar dochrach acu ar shuímh shonraithe náisiúnta agus Eorpacha agus ar úsáidí atá ann cheana a chomhlánaíonn cothabháil conairí taitneamhacha luachmhara aibhneacha.
- Tis cinnte go leanfaidh an t-éileamh ar ghreannmheall ar aghaidh mar gheall ar fhorbairt mhéadaithe limistéar uirbeach Bhaile Átha Cliath. Is dealraitheach go mbeidh cairéil agus mianaigh á leathnú nó go gcruthófar ceantair nua aistarraingthe chun freastal ar an éileamh.



Tá Ionad Cuairteoirí Bhrú na Bóinne suite as láthair na bpríomhláithreacha chun a thionchar a íoslaghdú. Cabhraíonn dearadh íogair an charrchlós lena chomhtháthú leis an tírdhreach

TURASÓIREACHT

- Tá cur chun cinn na turasóireachta sa Chontae ina bheartas ag an gComhairle. Aithnítear go bhfuil deiseanna ann chun feasacht a mhéadú faoi ionaid turasóireachta seachas iad siúd a bhfuil ardháil orthu sa Chontae cheana féin, ar nós Shí an Bhrú, Loch Craobhe, Bhaile Átha Troim agus Chnoc na Teamhrach.
- Beidh áiseanna feabhsaithe ag teastáil do chuairteoirí chun eispéiris na gcuairteoirí a bhreisiú. D'fhéadfadh limistéir bhreise pháirceála, láithreacha picnice, comharthaíocht srl a bheith san áireamh, agus iad deartha go híogair chun tranglam radhairc a sheachaint i dtírdhreacha sciámhacha.
- Tá foirgnimh stairiúla, ar nós tithe eastáit ón 18^ú haois faoin tuath á n-athchóiriú le go n-úsáidfí iad ar bhealaí nua agus is dealraitheach go leanfaidh an treocht seo ar aghaidh. Cruthaíonn sé deis mhaith chun carachtar an tírdhreacha a athchóiriú agus úsáidí nua inmharthana a thabhairt isteach a chaomhnóidh an carachtar seo san fadtéarma. Ach ní mór é a dhéanamh go híogair agus le meas ar ghnéithe, ábhair, agus scála dúchasach agus ar an suíomh sa tírdhreach.

5. treochtaí tírdhreacha

AIBHNEACHA AGUS CANÁLACHA

- Fócas don lonnaíocht dhaonna a bhí sna haibhneacha go stairiúil, agus is iomaí baile a d'fhás timpeall ar chonairí abhann. Tá sonrú éiceolaíoch de chineál éigin ag a bhformhór inniu, chomh maith le gnéithe suntasacha cultúrtha a bheith ag baint leo, agus dá réir sin iad íogair go háirithe i leith athraithe.
- Beidh méadú ar an rith screamhuisce ó limistéir uirbeacha leis an méadú san éileamh ar áiseanna cuimsithe agus dramhuisce mar thoradh díreach ar fhás mear an daonra sa Chontae. Is dealraitheach go mbeidh drochthionchar acu seo uile ar chaighdeán an uisce agus ar luach éiceolaíochta agus áise na gcorp uisce.
- D'fhéadfadh conairí abhann teacht faoi bhrú ó ghníomhaíochtaí siamsaíochta, agus turasóireacht na Mí á chothú tuilleadh. Ní mór suímh cháiliúla ar nós Ionad Oidhreacht Domhanda Bhrú na Bóinne agus Caisleán Átha Troim, mar a mbíonn aibhneacha ina ndlúthchodanna d'eispéireas an chuairteora, a fhorbairt go híogair chun drochthionchair ó thromúsáid a sheachaint.
- D'fhéadfaí dochar a dhéanamh d'ionaid agus d'áiseanna eile cuairteora mura ndéantar bainistiú ar chuairteoirí. D'fhéadfadh forbairt na gconairí abhann do ghníomhaíochtaí amhail iascach, seoltóireacht, picnicí agus siúlóidí cur le tionchair ar nós creimeadh bruacha, truailliú uisce, suaithheadh fiadhúlra agus gnáthóga sonraithe, agus cailliúint conláiste radhairc.



Forbairt nua in aice na habhann ag Cill Dhéagláin.

TALMHAÍOCHT

- Tá inmhharthanacht na talmhaíochta, feirmeacha ar mhionscála agus feirmeoireacht ar thalamh ar imeall na lonnaíochtaí atá ag leathnú amach ag meath go ginearálta, agus bainistiú talamh feirmeoireachta ag meath dá réir. Tá fála sceach ag éirí fiáin, ballaí cloiche singile agus bruacha ag titim chun raice agus luachra ag scaipeadh ar thalamh féaraigh dá bharr seo.
- Tá fála sceach agus crainn á gcailliúint freisin mar gheall ar an meath i mbainistiú teorainneacha mar go n-éiríonn siad rófhásta. Cruthaíonn línte de chrainn atá clúdaithe le heidhneán gnéithe suntasacha tírdhreacha a mbaineann a dtarraingteacht féin leo ach cuireann an t-eidhneán srian le fás an chrainn agus cuireann le meath a shláinte.
- Stud farming remains a strong rural-based economy in the south and east of the County. Maireann an fheirmeoireacht ghraí mar eacnamaíocht láidir tuaithe sa deisceart agus san oirthear. Cruthaíonn sé pátrún teann de pháirceanna beaga roinnte ag crainn, ag fála sceach dea-bhearrtha agus ag sconsaí adhmaid. Tá feirmeoireacht ghraí i gcoinbhleacht, ámh, le forbairt tógtha ar imeall na lonnaíochtaí, go háirithe ar theorainn theas an chontae áit a bhfuil leathnú an imill urbaigh ag dul i bhfeidhm go neamhfhabhrach ar shuaimhneas an tírdhreacha.

5. treochtaí tírdhreacha

- Tá inmhharthanacht na talmhaíochta, feirmeacha ar mhionscála agus feirmeoireacht ar thalamh ar imeall na lonnaíochtaí atá ag leathnú amach ag meath go ginearálta, agus bainistiú talamh feirmeoireachta ag meath dá réir. Tá fála sceach ag éirí fiáin, ballaí cloiche singile agus bruacha ag titim chun raice agus luachra ag scaipeadh ar thalamh féaraigh dá bharr seo.

CLÚDACH CRANN

- Tá crainn go fairsing sa Mhí. Téann go leor de na crainn siar chuig na tréimhsí Plandála nuair a cuireadh speicis leathanduilleacha ar ascaillí iontrála agus baineadh úsáid as tailte agus ceantair de choillearnach mheasctha go minic ar son na seilge.
- Is minic a bhíonn crainn go leor i bhfálta sceach ach tá cuid acu caillte mar gheall ar níos lú bainistíochta a bheith á dhéanamh orthu agus tá roinnt eile rófhásta (féach an roinn faoi Thalmhaíocht thuas).
- Tá limistéir d'fhóraiseacht ar bhonn tráchtála ann ach ní úsáid fhorleathan talún é faoi láthair. Tá plandálacha óga cheana féin i gcodanna den Chontae a tháinig ó éagsúlú feirme is dócha. Is gnéithe suntasacha fadtéarmacha tírdhreacha iad plandálacha buaircíneacha agus ba chóir iad a shuiteáil go híogair. Má chuirtear iad in ionaid shuntasacha nó an-fheiceálacha athróidh siad dreach traidisiúnta feirme an tírdhreacha agus d'fhéadfadh siad aird a tharraingt orthu féin ó achar fada. Tá sé de chumas iontu tionchar dochrach a imirt ar luach radhairc, ar bhithéagsúlacht agus ar ghnéithe seandálaíocha.
- Tá díchoilltí déanta ar phlandálacha in áiteanna áirithe. Cheadaigh sé seo do fhraochlach agus do speicis téisclime ar nós beithe iad féin a athghiniúint. Tá cuma an tírdhreacha á athrú aige seo freisin – ó thírdhreach dianbhainistithe 'de dhéantús an duine' go tírdhreach níos nádúrtha le huigeacht níos gairbhe. Tá an bhithéagsúlacht méadaithe aige freisin mar go bhfuil gnáthóg déanta de atá gann sa Chontae ina éagmais.



Talamh feirme timpeallaithe ag fála sceach agus coillearnach.

CUMAS CHUN FREASTAL ARATHRÚ

Tá na cineálacha forbartha is dealraithe a tharlóidh i gContae na Mí aitheanta ar bhonn measúnaithe ar na treochnaí reatha agus beartaithe don tírdhreach atá luaite thuas. Déantar cumas féideartha gach LCT chun freastal ar na cineálacha seo forbartha a mheas go mion i roinn 8 (ní mór cumas iarbhair a dheimhniú ar bhonn cás ar chás). Tuairiscítear tréithe dealraitheacha gach cineáil forbartha thíos, ina measc na gnéithe ar dealraitheach go mbeadh tionchar dochrach acu ar charachtar an tírdhreacha.

CINEÁLACHA DEALRAITHEACHA FORBARTHA

1. *Tithe feirme móra* a bheadh tógtha le hábhair agus dathanna nua-aimseartha. Is dealraitheacht go gcuirfidh plódú agus suíomh go háirithe isteach ar chaighdeán radhairc.
2. *D'fhéadfadh áiseanna cuairteoirí* a bheith comhdhéanta de ghnéithe neamhfheiceálacha nó níos feiceálaí. Is dealraitheach go mbeadh tithe ósta, ionaid chuairteoirí, bloic leithris, limistéir pháirceála, comharthaíocht agus boird léirmhíneithe, boird phicnic, cosáin, agus bealaí rothaíochta agus tiomána san áireamh iontu. D'fhéadfaí tionchar féideartha a bheith ag cruthú bruscair, tranglam radhairc, suíomh sa tírdhreach, ábhair, dearadh agus leagan amach.
3. *Forbairtí le mórán tithe* a d'fhéadfaí a thógáil le hábhair thógála, stíleanna, scálaí agus leagan amach nua-aimseartha. D'fhéadfadh siad a bheith beag nó mór agus suite i lonnaitheachtaí atá ann cheana, ar phríomhbhealaí iompair nó timpeall orthu. Tá tionchar dochrach ag an treochnaí reatha i bhforbairt tithíochta ar innmharthanacht na talún feirmeoireachta máguaird.
4. *Tithe aon uaire* tógtha ar imeall na lonnaitheachtaí atá ann cheana agus amuigh faoin tuath, ag úinéirí-sealbhóirí de ghnáth. D'fhéadfadh éagsúlacht a bheith sna háitribh seo ó thaobh scála, deartha agus leagan amach de ach de ghnáth bíonn siad an-mhór. Deimhneoidh a ndearadh, na hábhair, an scála, an suíomh, úsáid an ghairdín agus na dtéarmaíneacha agus tionchar carnach a lán tithe mar seo a thógtar in aice le chéile an tionchar a bheidh acu ar charachtar an tírdhreacha.
5. *Athchóiriú foirgneamh* atá folamh nó imithe chun raice: tugann sé seo deiseanna chun forbairt a cheadú i gceantair thuaithe agus carachtar an tírdhreacha a chaomhnú. Athchóiriú cónaitheach a bheidh in a lán acu ach ba chóir úsáidí eile a chur san áireamh freisin, go háirithe nuair a d'fhéadfadh deiseanna do bhainistiú níos fearr caighdeán agus luach an tírdhreacha atá ann cheana a bhreisiú. Ba chóir aird a thabhairt freisin ar nádúr na húsáide molta, agus a oiriúnacht don suíomh chomh maith leis an modh athchóirithe, ar chóir go mbeadh meas aige ar ábhair agus stíleanna stairiúla.

6. *Bíonn cáblaí lasnairde, fo-stáisiúin agus crainn chumarsáide* mór agus suntasach de ghnáth mar ghnéithe. Beidh a dtionchar ar charachtar an tírdhreacha deimhnithe ag a suntasacht radhairc agus a méid chomh maith lena suíomh i dtírdhreacha íogaire ar nós tírdhreacha saibhre seandálaíochta nó limistéir le radhairc ardscéimhe. Beidh tionchar dochrach áirithe ag bailiú roinnt cáblaí lasnairde nó toirt na bhfo-stáisiún mhór nó líon crann ar charachtar tírdhreacha, ag brath ar íogaireacht an tírdhreacha atá i gceist.
7. *D'fhéadfaí conairí iompair .i. bóithre agus bóithre iarrainn,* a fheabhsú nó a chruthú. Is iad gleo agus cur isteach radhairc na tionchair is dealraithe a bheidh ag an gcineál seo forbartha, agus iad méadaithe go minic mar go gcailltear fála sceach, ballaí agus crainn leis an gcineál seo forbartha. Bheadh tionchair dhóchúla eile ann ar sheandálaíocht agus ar dhraenáil.
8. *Suiteáil seirbhísí nua faoi thalamh* ar nós píopaí uisce agus gáis. Is é is dealraithe go gcaillfear teorainneacha fál, ballaí agus crainn atá ann cheana agus go gcuirfí isteach ar ghnéithe seandálaíochta, ar ghnáthóga agus ar chórais draenála leis an gcineál seo forbartha.
9. *Tuirbíní gaoithe*, suiteáilte mar thuirbíní aonair nó mar fheirmeacha gaoithe. Níl aon fheirm gaoithe sa Mhí faoi láthair ach is cuid de bheartas an rialtais áitiúil agus lárnaigh é soláthar an fhuinnimh inathnuaite a mhéadú. Beidh tionchar ar radhairc fadraoin agus gearr-raoin, ar thírdhreacha íogaire stairiúla agus tionchair chanaíoch ar fheirmeacha gaoithe eile, lena n-áirítear cinn i gcontaetha eile ar na tionchair is mó ar charachtar an tírdhreacha. Ní mór tionchair fhisiceacha ar ghnéithe íogaire tírdhreacha amhail gnáthóga, déantáin agus limistéir sheandálaíochta, ar fhásra agus ar úsáid talún a áireamh agus a mhaolú.
10. *Is dealraitheach go mbeidh bithmhais agus foraoiseacht* icomhdhéanta de limistéir phlandála aon-speicis agus go mbeidh siad ina ngnéithe fadtéarmacha den tírdhreach. Tá plandálacha buaircíníneacha síorghlasa i go leor den Chontae cheana féin ach níl plandáil bithmhaise ar bith ann faoi láthair, agus is dócha gur speicis shilteacha a fhásann go mear ar nós sailí a bheidh iontu seo. D'fhéadfadh cailliúint bithéagsúlachta agus cur isteach ar an radharc a bheith mar thionchar ag plandálacha nua. Beidh suímh i bhfad ó limistéir shuntasacha ó thaobh radhairc an-tábhachtach. D'fhéadfadh na limistéir seo deiseanna siamsaíochta agus éagsúlú talmhaíochta a sholáthar, go háirithe in áiteanna ina bhfuil an fheirmeoireacht thraidisiúnta ag meath.

Tá forbairt déanta ar bheartais mar fhreagra ar na treochtaí tírdhreacha atá leitheadach sa Mhí (féach roinn 5). Tá nádúr ginearálta acu agus pléann siad le prionsabail leathana dea-chleachtais. Is í aidhm na mbeartas carachtar an tírdhreacha a bhreisiú agus a chothabháil laistigh de sprioc níos leithne: freastal ar an bhforbairt ar bhealach inmharthana. De réir mar is cuí, leathnaítear beartais ina moltaí ginearálta do Chineálacha Carachtar Tírdhreacha (CCT) agus ina moltaí mionsonraithe do Limistéir Charachtar Tírdhreacha (LCT) (roinn 8).

Tá Comhairle Chontae na Mí tiomanta do threoirlínte agus pleananna éagsúla a fhorbairt chun carachtar tírdhreacha a bhreisiú agus beidh siad faoi threoir ag na beartais agus na moltaí atá sa Mheasúnú ar Charachtar Tírdhreacha seo, lena n-áirítear Treoirlínte um Dhearadh Tuaithe, Treoirlínte Eastáit Tithíochta, Ráitis um Dhearadh Gráige agus Pleananna Bainistíochta. Tá pleananna bainistíochta bunaithe cheana féin d'Ionad Oidhreacht Domhanda Bhrú na Bóinne agus do Chnoc na Teamhrach.



Radharc ar shéipéal suntasach ar Chnoc na Teamhrach



Tuama Pasáiste Shlí an Bhrú, Gleann na Bóinne

CARACTAR AN TÍRDHREACHA FHISICIGH


1. An t-ómós áite ar leith atá ag gach limistéar carachtar tírdhreacha a aithint, a chosaint agus a bhreisiú, agus tuiscint ar charachtar tírdhreacha a chothú trí thionscnaimh deartha áitiúla ar nós fógraíochta agus faisnéis a fhoilsiú don phobal (m.sh. an Measúnú Carachtar Tírdhreacha seo).
2. TTreoir bhreise a choimisiúnú chun cabhrú le cuspóir I a bhaint amach. Mar shampla: straitéisí breisithe san áit nach bhfuil an riocht is fearr ar limistéir charachtar tírdhreacha, Ráitis um Dhearadh Sráidbhaile do shráidbhailte agus do ghráigeanna atá ceangailte go dofhuascaithe lena n-ionaid sa tírdhreach, treoracha deartha d'fhorbairtí nua ar nós na turasóireachta, na tithíochta, conairí bonneagair agus tithe aon uaire, agus pleananna bainistíochta do shuímh íogaire ardéilimh.
3. Ba chóir go mbeadh aird ag gach cuspóir agus beartas ar an ngá atá le saintréitheacht agus éagsúlacht gach LCT a chaomhnú mar phríomhshócmhainne.
4. Aird a thabhairt ar phatrúin traidisiúnta úsáid talún le cinntiú go ndéantar forbairt agus athrú atá oiriúnach don ionad. Ba chóir do threoirlínte deartha carachtar na lonnaíochtaí aonair a shainmhíniú agus moltaí a dhéanamh maidir le hábhair, stíleanna, leagan amach, scálaí tógála srl. D'fhéadfadh sé a bheith de chuspóir ag na treoirlínte deartha rannpháirtíocht agus tuairimíocht áitiúil a spreagadh, comhleanúnachas a chinntiú i gcinntiú um rialú forbartha agus dearadh a fhreagraíonn don chomhthéacs áitiúil a cheadú.
5. A chinntiú go gcloíonn an fhorbairt, go háirithe i dtírdhreacha íogaire le treoirlínte deartha oiriúnaithe. Tá sráidbhailte diméinte san áireamh mar thírdhreacha íogaire chomh maith le LCT a aithnítear a bheith íogair (féach roinn 9).
6. Modhanna a chur ar bun chun carachtar agus riocht an tírdhreacha mar atá sé a fheabhsú agus dreasachtaí a thabhairt d'úinéirí agus do bhainisteoirí talún chun é seo a dhéanamh, m.sh. trí dheontais agus threoirlínte a sholáthar agus sochair eacnamaíochta tírdhreacha ardluacha a chothú.
7. Le cinntiú go mbainfeadh an úsáid is mó is féidir as treoirlínte carachtar tírdhreacha ní mór iad a chomhordú go hiomlán le cáipéisí reachtúla eile agus ní mór dul i gcomhairle le comhlachtaí reachtúla.
8. Tírdhreacha le luach suntasach scéimhe, geolaíochta, éiceolaíochta, cultúrtha agus stairiúil a chuireann le huathúlacht na Mí a chaomhnú.
9. Mósáic shaibhir na ngnáthóg fiadhúlra a aithint, a bhreisiú agus a chothabháil, lena n-áirítear iad siúd nach bhfuil cosaint reachtúil acu ach atá an-luachmhar mar sin féin, ina measc ciumhais bhóithre, fála sceach agus crainn lánfhásta, conairí canálacha agus mionaibhneacha, limistéir ísealchríocha fraoigh srl.

CARACTAR RADHAIRC

10. Sonraíochtaí atá ann cheana do limistéir de cháilíocht radhairc a athbhreithniú agus cosaint shásúil a chinntiú ar radhairc a chuireann le taitneamhacht charachtar tírdhreacha.
11. Radhairc ardsceimhe agus lánléargais ó ionaid thábhachtacha faire agus i dtreo sainchomharthaí agus gnéithe tábhachtacha sa tírdhreach a chaomhnú.
12. Sláine radhairc limistéir ardluacha íogaire eisceachtúla a chaomhnú.
13. Sláine radhairc limistéir íogair meán- íseal-luacha a mhéadú.



An Bóthar isteach go Cill Dhéagláin



Crosbhóthar Shláine

STAIR AGUS SEANDÁLAÍOCHT

14. Cuspóirí agus beartais a mheas agus a shainmhíniú go cruinn le haghaidh chaomhnú gach tírdhreacha agus ionad tírdhreacha stairiúil tábhachtach i gContae na Mí le cinntiú go dtugtar cosaint shásúil dóibh le haird ar an ngá atá ag an bpobal taitneamh a bhaint astu.
15. Sláinte ionad tírdhreacha na ngnéithe tábhachtacha den tírdhreach stairiúil a chaomhnú ar mhaithe le limistéir ar leith neamh-mhillte de charachtar an tírdhreacha, de thaitneamhacht radhairc agus de tharraingteacht do chuirteoirí, a chaomhnú.

TALMHAÍOCHT

16. Gnáthóga láidre a choinneáil agus a chruthú trí dhea-chleachtas talmhaíochta, ar nós fála sceach agus coillearna a chaomhnú agus a athphlandáil.
17. To suTírdhreacha inmharthana feidhmeach tuaithe a chothú trí chleachtais talmhaíochta a chuireann go dearfach le carachtar, luach agus caighdeán an tírdhreacha a chaomhnú agus a áisiú. stain a viable working rural landscape by maintaining and facilitating agricultural practices that positively contribute to landscape character, value and condition.
18. San áit ina bhfuil meath na gcleachtas traidisiúnta talmhaíochta ina chúis le meath luach agus riocht an tírdhreacha, éagsúlú íogair ar eacnamaíocht na tuaithe a spreagadh. D'fhéadfadh teicneolaíocht éadrom, ceirdeanna, turasóireacht ghlas agus seirbhísí tacaíochta d'fhiontair dá leithéid a bheith i measc na ngníomhaíochtaí malartacha eacnamaíocha. Ba chóir go mbeadh athúsáid foirgneamh traidisiúnta iomarcacha ina gcroíchuid den éagsúlú eacnamaíochta i limistéir tuaithe, mar go gcuirfeadh sé seo go dearfach le carachtar an tírdhreacha.

FORBAIRT TÓGTHA AGUS LONNAÍOCHTAÍ

19. Ordthas de chineálacha lonnaíochta a choimeád mar chuid rithábhachtach de charachtar an tírdhreacha sa Mhí ar mhaithe le tréithe riachtanacha na lonnaíochtaí aonair a chaomhnú ina n-ionad trí threoir láidir deartha a fhorbairt (féach Cuspóir 1).
20. Freastal ar fhorbairt san áit is oiriúnaí di trí aird a thabhairt ar íogaireacht agus ar chumas limistéir charachtar tírdhreacha agus aitheantas a thabhairt chomh maith d'aidhmeanna fadtéarmacha um chomaitéireacht amach as an gContae a laghdú agus an eacnamaíocht a neartú.
21. Aitheantas a thabhairt don chion a dhéanann gnéithe coitianta den fhorbairt thraidisiúnta tógtha, chomh maith le gnéithe sonraithe/speisialta, ar son an charachtair áitiúil.
22. Athchóiriú foirgneamh traidisiúnta, agus úsáidí inmharthana oiriúnacha ar a son, a spreagadh mar chuid de charachtar riachtanach gach lonnaíochta i gContae na Mí.
23. Forbairt ar chruthanna dlútha uirbeacha a spreagadh trí teorainneacha forbartha atá ann cheana a comhtháthú agus suímh athfhorbraíochta a úsáid de rogha ar limistéir uirbeacha a leathnú amach faoin tuath agus go lonnaíochtaí atá buailte leo.
24. TCruthú fhorbairtí inmharthana cónaitheacha a chothú a bhíonn tógtha i stíl agus ar scála atá oiriúnach don suíomh sa tírdhreach.



Athchóiriú ar fhoirgnimh stairiúla, Baile Átha Troim



Áth Buí

25. Féachaint do choincheapa na gCriosanna Glasa traidisiúnta maidir lena chinntiú go mbíonn rochtain shásúil ag áitritheoirí i limistéir uirbeacha ar spás oscailte glas d'ardchaighdeán a chuireann deiseanna siamsaíochta ar fáil, a chaomhnaíonn tírdhreacha tarraingteacha in aice le hionaid dhaonra, a fheabhsaíonn talamh truailithe agus a dhaingníonn caomhnú an dúlra. Ba chóir úsáid a bhaint as tírdhreacha tarraingteacha dea-bhainistithe chun imill na bhforbairtí nua a mhaolú sna láithreacha seo trí chóireáil chuí don tírdhreach.
26. Comhtháthú lonnaíochtaí a chosc trí limistéir chuí tírdhreacha a aithint mar ionaid agus mar chriosanna maoláin i gcomhar le coincheap traidisiúnta na gCriosanna Glasa. Tá ról tábhachtach ag spásanna oscailte maidir le riachtanas taistil ar son siamsaíochta a laghdú agus caighdeán an aeir agus an bhitheagsúlacht a fheabhsú sa limistéar uirbeach.
27. Aird a thabhairt ar scála, ar phatrún, ábhair agus stíl dhúchasach nuair a cheadaítear forbairt nua agus an gá atá le heacnamaíocht inmharthana inbhuanaithe a choinneáil a aithint chomh maith.
28. A éileamh go bhfaighfí ábhair thógála ó fhoinsí áitiúla agus go n-úsáidfí scileanna traidisiúnta tógála (m.sh. tuíodóireacht) i bhfoirgnimh nua agus athchóirithe nuair is féidir.
29. Athúsáid ar foirgnimh stairiúla a spreagadh agus an cion is féidir leo seo a dhéanamh ar son fhorbairt na heacnamaíochta, na turasóireachta, an oideachais agus chaighdeán aeistéitiúla tírdhreacha agus lonnaíochta a aithint.

GRÁIGEANNA

30. Gráigeanna a aithint agus a rangú de réir a stádais reatha agus a n-íogaireacht i leith tuilleadh forbartha.
31. Spás conláiste d'úsáid mheasctha a chruthú a fheidhmeoidh mar mhaolán tírdhreacha idir fhorbairt nua agus na gráigeanna sa cheantar tuaithe máguaird.
32. Suímh inlíonta i ngráigeanna a chomhtháthú chun cruthanna dlútha uirbeacha a chruthú a chruthódh pobail láidre i limistéir thuaithe.
33. Carachtar na timpeallachta tógtha i ngráigeanna a chaomhnú ach iad a fhorbairt i gcruth uirbeach a bhfuil gaol aige leis an dúchas áitiúil ó thaobh scála agus stíl ailtireachta, agus athdhéanamh nach bhfuil ag teacht le carachtar na lonnaíochtaí beaga seo a sheachaint.
34. Gráigeanna inmharthana a fhorbairt trí dhíriú ar ghníomhaíochtaí talmhaíochta/tuaithe chun eacnamaíochtaí bríomhara áitiúla a chruthú, a bhfuil gaol díreach acu lena suíomh sa tírdhreach tuaithe.



An M4 nua taobh ó dheas de Chionn Átha Gad



Inbhear Abhainn nAinge agus droichead iarnróid na hInse

IOMPARAGUS BONNEAGAR

35. Treoirínte deartha a fhorbairt do bhealaí iompair phoiblí atá pleanáilte lena n-áirítear iarnróid agus bóthair, stadanna bus i gceantair h agus bealaí turasóirí.
36. Féachaint do thionchair fhéideartha comhshaoil na forbartha nua bonneagair, ar nós truailliú torainn agus aeir, cur isteach ar radhairc, suaimhneas agus carachtar agus na hiarmhairtí a bheadh ag an bhforbairt seo ar éabhlóid na lonnaíochtaí, m.sh. forbairt lasmuigh de bhailte a spreagadh. Cabhróidh bearta ar nós córais chomhtháite iompair agus laghdú ar an riachtanas fhoriomlán taistil chun an cuspóir seo a bhaint amach.

TURASÓIREACHT

37. Luach féideartha turasóireachta i réimse na sócmhainní tírdhreacha agus áiteanna eile ar díol spéise iad sa Mhí a uasmhéadú agus ordlathas suíomh a aithint trí charachtar tírdhreach na Mí a léirmhíniú agus a chraobhscaoileadh i réimse meán inrochtana.
38. Luach an tírdhreacha mar acmhainn oideachasúil a uasmhéadú trí dheiseanna a sholáthar do mhic léinn ag gach leibhéal den chóras oideachais rochtain a fháil ar na tírdhreacha agus ar fhaisnéis faoi tírdhreacha.
39. A chinntiú nach mbaineann soláthar áiseanna nua nó breisithe do chuairteoirí de charachtar an tírdhreacha agus go ndéanfar iad a dhearadh de réir na gcaighdeán is airde.
40. Bealaí inmharthana comhtháite iompair a chothú mar mheán rochtana ar ionaid do chuairteoirí.
41. Comhairle agus dreasachtaí a chur ar fáil d'úinéirí talún agus do bhainisteoirí talún chun tírdhreacha agus gnéithe stairiúla a chaomhnú trí theicnící baintíochta cuí. 6. beartais ghinearálta

Is limistéir le carachtarsainiúiliad Cineálacha Carachtar Tírdhreacha (CCT) a d'fhéadfadh a bheith ar fáil in áiteanna éagsúla ar fud an Chontae. Ó thaobh tréithe foriomlána beidh siad cosúil le chéile ach d'fhéadfadh éagsúlacht a bheith i gcaighdeán agus i riocht na gcomhpháirteanna aonair. Úsáidtear CCT chun na Limistéir Charachtar Tírdhreacha (LCT) atá níos sonraí ó thaobh tíreolaíochta a rangú, mar a thuairiscítear iad i roinn 7. Tá An Mhí roinnte i 4 CCT:

1. Cnoic agus Limistéir Ardtalún

2. Ísealchríocha

3. Conairí agus Inbhir Abhann

4. Limistéir Chósta

7. cineálacha carachtar tírdhreacha

CINEÁL I: CNOIC AGUS LIMISTÉIR ARDTALÚN

Cé nach bhfuil beanna drámatúla ag Contae na Mí, is gné shuntasach den Chontae iad na cnoic agus na hardtailte, go háirithe san iarthuaisceart. Bíonn radhairc lánleargais ar fáil ar tírdhreacha ísealchríocha na Mí agus ar na contaetha máguaird ó bharr na gcnoc seo. Feidhmíonn na cnoic mar ghnéithe treoleanúna. Is cnoic shuntasacha iad Cnoc na Teamhrach, na Scríne agus Shláine de bhíthin na séadchomharthaí atá ar a mullach chomh maith lena dtopagrafaíocht: Tá séipéil lonnaithe ar Chnoc na Teamhrach agus ar Chnoc na Scríne agus tá fothrach mainistreach ar Chnoc Shláine a fheidhmíonn freisin mar shéadchomhartha suntasach áitiúil.

Tá gnéithe tábhachtacha stairiúla ag na cnoic agus na hardtailte agus gnéithe seandálaíocha go líonmhar orthu. Tá raidhse iarsmaí réamhstaire go háirithe ar Chnoc Loch na Craoibhe agus na Teamhrach agus tá fianaise ar fáil ar ardtailte na Mí den lonnaíocht dhaonna a théann siar 9,000 bliain.

Mar gheall ar a luach stairiúil agus cultúrtha agus na radhairc astu, is acmhainn luachmhar iad na cnoic agus na hardtailte seo ó thaobh turasóireachta de. Faoi láthair áfach, tá siad scartha amach mar aonáin ar leith. Chuirfeadh sé go mór leis na suímh is tábhachtaí iad a nascadh le chéile le rianta slímharcáilte a cheadódh breis tuisceana ar an tírdhreach ar bhealach íogair. Bheadh roinnt limistéar ardtailte, Cnoc Loch na Craoibhe go háirithe, íogair ó thaobh forbartha nua mar gheall ar a nádúr iargúlta agus a sainghnéithe tírdhreacha, ar nós ballaí clocha singil. Ní mór aon fhorbairt a lonnú go cúramach chun tionchair dhiúltacha a íoslaghdú.

MOLTAÍ GINEARÁLTA

1. Sócmhainní saibhre oidhreachta na CCT seo, a sholáthraíonn fianaise shofheicthe de gach ceann de phríomhchéimeanna stair an Chontae (féach roinn 4) a chaomhnú agus a bhreisiú.
2. Aird mar is cuí a thabhairt ar chion dearfach na radharc thar limistéir ísealchríocha agus séadchomharthaí sa chomharsanacht i leith charachtar fhoriomlán an tírdhreacha.
3. Aird a thabhairt ar charachtar iargúlta agus ar fhorbairt dlús íseal sna CCTa seo.
4. Feabhsúcháin ar na hionaid turasóireachta a fhorfheidhmiú, ar Loch na Craoibhe agus ar Chnoc na Teamhrach go háirithe.
5. An acmhainneacht chun rianta siúlóide slímharcáilte a chruthú a éascódh léirmhíniú agus tuiscint ar ghnéithe stairiúla den tírdhreach a fhiosrú.
6. Bainistiú feabhsaithe na dteorainneacha páirce ar nós fála sceaigh agus ballaí cloiche agus na ngarrán seilge agus coille a choinneáil agus a spreagadh.
7. Luach conláiste ionchasach na gcorp uisce sa CCT seo a uasmhéadú.
8. Forbairt tionscail inmharthana tuaithe a spreagadh idirghníomhú idir tírdhreacha agus áitritheoirí uirbeacha agus tuaithe a áisiú, m.sh. margáí feirmeora.



Loughcrew Hills

7. cineálacha carachtar tírdhreacha

CINEÁL 2: LIMISTÉIR ÍSEALCHRÍOCHA

Clúdaíonn an CCT an chuid is mó den Mhí, agus mar gheall ar chaighdeán ard na talún, is talmhaíocht is mó a chleachtar ann. Tá flúirse diméinte ón 18^ú haois i ndeisceart an Chontae le limistéir fhairsinge de choillearnacha measctha agus d'fhearann páirce le ballaí bunúsacha cloiche timpeall orthu, rud a chruthaíonn tírdhreach tarraingteach do na tithe eastáit líonmhara.

Tá níos mó forbartha déanta ar an CCT Ísealchríche ná ar CCTa eile, go háirithe san oirdheisceart mar a bhfuil brú na forbartha ag teacht ó limistéar uirbeach Bhaile Átha Cliath. Beidh athruithe dosheachanta ar charachtar an tírdhreacha dá bharr seo agus tá sé rithabhachtach d'fhorbairt an CCT seo sa todhchaí go ndéanfaí é go hiogair agus le tagairt ar leith do nádúr tuaithe an tírdhreacha.

Tá iliomad stíleanna ailtireachta san oirdheisceart mar gheall ar fhás mór na mbailte agus na sráidbhailte, agus níl na stíleanna sin ag teacht leis an tógáil dhúchasach stairiúil. Tá sé chomh tábhachtach céanna go mbeidh gaol idir fhorbairt na todhchaí agus struchtúr na mbailte agus na sráidbhailte mar atá siad agus go léiríonn sé scálaí agus ábhair thógála shaintréitheacha.

Tá carachtar iata ag go leor de na hÍsealchríocha le conairí bóthar faoi chrainn, fálta dlútha sceach, fearann páirce agus limistéir choillearnaí. Is saintréithe sa limistéar seo radhairc de shéadchomharthaí sa tírdhreach agus de limistéir ardtailte máguaird agus ní mór iad a choinneáil mar gur gné thábhachtach den CCT seo an t-idirghníomhú idir ísealchríocha agus cnoic/ardtailte. Áirítear is measc gnéithe sainiúla an CCT seo, ar cheart na radhairc orthu a choinneáil, cnoic Loch na Craoibhe, na Teamhrach agus na Scríne, chomh maith le mótaí, ráthanna agus mullaigh cnoic le coillte orthu.

MOLTAÍ GINEARÁLTA

1. Dea-chleachtais talmhaíochta a chothú chun eacnamaíocht inmharthana tuaithe a chruthú m.sh. feirmeacha graí.
2. Dreasachtaí a sholáthar d'fheirmeacha beaga tuaithe/teaghlaigh chun a gcuid talún a bhainistiú gan fálta sceach agus patrúin pháirceanna a chailliúint.
3. Tírdhreacha eastáit an 18^ú haois, agus na bhfearann páirce agus coillearnaí a ghabhann leo, a choinneáil agus a bhreisiú chun iad a fhorbairt mar acmhainn turasóireachta.
4. An t-imeall uirbeach a éagsúlú trí limistéir conláiste d'úsáid mheasctha a fhorbairt, rud a chruthóidh maolán tírdhreacha trí thrasdul a chruthú idir limistéir uirbeacha agus thuaithe.
5. An t-imeall uirbeach a shoiléiriú trí speicis dhúchasacha agus coillearnach mheasctha a chur chun nascadh leis an tírdhreach tuaithe atá ann cheana.
6. Patrún na bpáirceanna ón 18^ú haois a léiriú i scála na bhforbairtí nua.
7. Teorainneacha stairiúla a athchóiriú; ballaí a athchóiriú sa chaighdeán bunúsach le cúrsáil agus ábhair atá ar aon dul leis na cinn atá ann cheana. Sceacha: uainiú agus tanú sceacha.
8. Radhairc ar limistéir ardtalún ina bhfuil na hÍsealchríocha a chaomhnú m.sh. Loch na Craoibhe, Teamhair agus Scrín.



Fearann páirce in aice le Mainistir Bheagí

CINEÁL 3: CONAIRÍ AGUS INBHIR ABHANN

Tá ísealchríocha na Mí roinnte ag conairí tábhachtacha abhann. Tá raidhse gnéithe stairiúla san CCT seo a thugann fianaise bhuan ar thionchar an duine ar an tírdhreach lena n-áirítear tuamaí pasáiste le tábhacht idirnáisiúnta (Brú na Bóinne), daingne Normannacha, caisleáin, diméinte agus déantáin thionsclaíocha ar nós muilte agus droichid.

Is í an Bhóinn an chonair abhann is mó agus is suntasaí. Ritheann an abhainn ó chúinne thiar theas na Mí trí Bhaile Átha Troim, An Uaimh (mar a bhfuil cumar leis an Abhainn Dhubh), Sláine agus Droichead Átha. Tá sí iata faoi chlúdach maith crann ar chuid mhaith dá fad. Tá radhairc bhreátha ar fáil ar an abhainn ó cheantar na Sláine mar a bhfuil an abhainn ag gearradh trí ghleann tóinchothrom agus taobh thoir de Dhroichead Átha mar a bhfuil an t-inbhear an-sciamhach. Is é inbhear na Bóinne an t-aon Limistéar faoi Chosaint Speisialta atá sa Mhí agus is Ionad Oidhreachta Domhanda é conair na habhann in aice na Sláine (Brú na Bóinne).

Ritheann an Abhainn Dhubh idir Ceanannas agus An Uaimh mar a bhfuil a chumar leis an mBóinn. Tá sonraíocht Eorpach Iarrthóir Limistéar Speisialta Caomhnaithe (CSAC) ag an abhainn iomlán agus sonraíocht Limistéar Molta Caomhnaithe Náisiúnta (PNHA) ar chodanna níos lú di. Is beag an fhorbairt atá déanta ar chonairí aibhneacha Ainí agus Ailbhinne agus ardluach éiceolaíoch acu dá réir. Is gnáthóga ilghnéitheacha iad na bogaigh, na guairí agus na limistéir chósta a bhaineann leo. Tá coillte go dlúth sa dá inbhear, go háirithe inbhear Ainí, agus mar sin is beag cur isteach a rinneadh orthu agus tá siad an-íogair. Is gnáthóga tábhachtacha iad inbhir na Bóinne agus na hAiní d'éin agus sonraítear mar PNHA iad. Is é inbhear na Bóinne an teorainn idir an Mhí agus Lú agus tá an Ailbhinn ina teorainn idir an Mhí agus Fine Gall in aice an chósta.

Ritheann an Chanáil Ríoga in aice le teorainn theas na Mí agus is déantús é de chuid thionsclaíocht an 19^ú hAois.

MOLTAÍ GINEARÁLTA

1. Tábhacht na gconairí abhann a aithint ó thaobh luach sciamhach, siamsaíochta, éiceolaíochta, staire agus cultúir de.
2. Gnéithe stairiúla agus a suímh tírdhreacha a chaomhnú.
3. Gnáthóga luachmhara atá dírithe ar chonairí abhann agus inbhir agus timpeall orthu a chaomhnú, lena n-áirítear sonraíochtaí Eorpacha SAC agus sonraíochta náisiúnta ASI agus NHA.
4. Cleachtais reatha talmhaíochta atá freagrach as carachtar láidir an tírdhreacha sna LCT seo a choinneáil.
5. Radhairc tharraingteacha shlána oscailte, go háirithe ar na hinbhir mar a gcruthaíonn an comhéadan idir conairí abhann agus an cósta tírdhreacha an-tarraingteach, a choinneáil.
6. Bainistiú feabhsaithe na dteorainneacha páirce ar nós fála sceach agus ballaí cloiche agus na ngarrán seilge agus coille a choinneáil agus a spreagadh.
7. Dreath limistéir na n-imeall uirbeach atá in aice le conairí abhann a threisiú.
8. Tuilleadh sainiú a dhéanamh ar bhealaí móréilimh turasóirí ar nós bealach tiomána Bhrú na Bóinne agus naisc a chruthú le bealaí nua go limistéir bhreise spéise. Ní mór bealaí feithiclí agus coisithe a fhorbairt in éineacht leo.

9. Sriantha féideartha a chruthaíonn tuilemhánna ar fhorbairt agus luach na dtuilemhánna seo mar ghnáthóga atá ag éirí níos gainne a aithint.
10. Speicis agus patrúin fásra atá ann cheana a léiriú i scéimeanna nua plandála sna limistéir seo.
11. Saothrú neamhinmharthana na gcúrsaí uisce a sheachaint, m.sh chun eisilteach a astarraingt agus a thanú, chun nach gcaillfeadh na cúrsaí uisce seo a luach éiceolaíochta agus conláiste.



Droichead thar Abhainn na Bóinne in aice le Mainistir Bheaghtí



inbhear na Bóinne in aice le Droichead Átha

7. cineálacha carachtar tírdhreacha

CINEÁL 4: MACHAIRE CÓSTA

Is stiall ghearr de thránna leitheadacha gainimh atá scartha óna chéile ag inbhir na Bóinne agus na hAiní é cósta na Mí. Tá carachtar iargúlta ag an gcósta seachas lonnaíochtaí ag Baile an Bhiataigh, An Inse agus Baile Uí Mhornaín, agus tugtar ‘an Cósta Óir’ orthu sin le chéile. Bíonn an-tarraingt ag turasóirí ar an limistéar cósta i rith an tsamhraidh. Tá áiseanna ar nós stuaí siamsa, páirceanna carbhán agus tithe ósta ar fáil go háirithe i mBaile an Bhiataigh, rud a chuireann isteach go minic ar luach sciabhach an chósta. Tá tírdhreach agus muirdhreach casta ag an Limistéar Cósta le gnáthóga ilghnéitheacha atá nasctha le chéile ag conairí abhann agus coillte. Is cumair thábhachtacha idir talamh agus muir iad inbhir na n-aibhneacha, tránna gainimh agus dumphcha.

MOLTAÍ GINEARÁLTA


1. A aithint gur córais chasta iad na limistéir chósta atá cruthaithe agus faoi thionchar ag fórsaí nádúrtha ach atá níos mó faoi bhrú ó mhórán cineálacha forbartha.
2. An tábhacht a bhaineann le limistéir neamhfhorbartha chósta, inbhear agus dumphcha a choinneáil ar son a luacha sciabhacha agus éiceolaíochta.
3. Radhairc ar an gcósta agus ar inbhear na Bóinne a chosaint.
4. A chinntiú go gcomhlánaíonn aon fhorbairt nua, lena n-áirítear ailtireacht chomhaimseartha, an stíl dhúchasach ó thaobh scála agus carachtair agus go gcomhlánaíonn sé an suíomh sa tírdhreach. Ní mór forbairt nua a dhearadh ar mhaithe le trasdul níos íogaire a chinntiú idir limistéir uirbeacha agus thuaithe ar an gcósta.
5. Soláthar shásúil pháirceála a dhéanamh mar chomhlánú ar líonra iarnróid an chósta thoir chun go spreagfaí daoine le níos mó úsáide a bhaint as an acmhainn inmharthana seo.
6. An cósta a fhorbairt mar acmhainn dúlra/turasóireachta trí rian/bealach tiomána slímharcáilte a chruthú ar líne an chósta, a chuireann naisc shoiléire ar fáil leis na príomhfho-aibhneacha agus le háiseanna páirceála agus cuairteoirí.
7. Iascach agus siamsaíocht ar Aibhneacha na Bóinne, na hAiní agus na hAilbhine.
8. Saothrú neamhinmharthana na gcúrsaí uisce a sheachaint, m.sh chun eisilteach a astarraingt agus a thanú, chun nach gcaillfeadh na cúrsaí uisce seo a luach éiceolaíochta agus conláiste.



Trá na hInse



Páirc charbhán ag Baile an Bhiataigh



Cainéal loingseoireachta ar Abhainn na Bóinne i gcomharsanacht Dhroichead Átha

7. cineálacha carachtar tírdhreacha

1.	Ardtailte Thaobh Urchair	lch31
2.	Ceantar Locha Thuaisceart na Mí	lch34
3.	Ísealchríocha na hUaimhe Thuaidh	lch37
4.	Cnoic Ráth Cheannaigh	lch40
5.	Glean na Bóinne	lch43
6.	Ísealchríocha láir	lch46
7.	Machaire Cósta	lch49
8.	Gleann na hAiní	lch52
9.	Cnoic Bhaile an Bheileogaigh	lch55
10.	Ísealchríocha Thlachta	lch58
11.	Ísealchríocha Thoir Theas	lch61
12.	Cnoic na Teamhrach agus na Scríne	lch64
13.	Ísealchríocha Ráth Maoláin	lch67
14.	An Chanáil Ríoga	lch70
15.	Ísealchríocha Thiar Theas	lch73
16.	Ísealchríocha na hUaimhe Thiar	lch76
17.	Ísealchríocha Thiar Cheanannais	lch79
18.	Ardtailte Loch Síleann	lch82
19.	Cnoic Loch na Craoibhe agus Shliabh na Caillí	lch85
20.	Gleann na hAbhann Duibhe	lch88





CUR SÍOS AR AN TÍRDHREACH

Tírdhreach casta droimnéach é seo atá lonnaithe in iarthuaisceart an Chontae. Carachtar ardtalún iargúlta atá aige seachas carachtar tréadach. Is beag dromchla uisce atá ann ach tá an talamh an-fhliuch – tá talamh féarach le beith agus carr sailí agus luachra an-choitianta. Tá crainn phéine níos coitianta anseo freisin ná mar atá in áiteanna eile sa Chontae.

Ní thrasnaíonn ach bóthar réigiúnach amháin an limistéar seo – an R191 idir Coill an Chollaigh agus An Mullach – dhá bhaile bheaga atá lasmuigh den Chontae. Is mionbhóthar tuaithe gach bóthar eile. Is braislí beaga de thithe timpeall ar aomhail bhóthair atá i bhforbairt tógtha an LCA seo mar aon le háitribh aonair agus feirmeacha beaga faoin tuath.

Is é Taobh Urchair an ghráig is mó atá lonnaithe ar imeall thoir thuaidh an LCA seo ar theorainn an chontae. Tá ballaí clocha singile coitianta mar ghné ach is annamh a fhaightear tithe dúchasacha lasmuigh de na braislí lonnaíochta. De ghnáth bíonn stíl nua-aimseartha ag tithe aonair.

Gréasán de pháirceanna beaga a bhíonn i gcarachtar an tírdhreacha mórtimpeall na lonnaíochtaí, iad deighilte ag fála sceacha toir nach ndéantar dianbhainistiú orthu, agus úsáidtear le haghaidh féaraigh iad. Tá sconsaí cuailí agus sreinge á gcur in áit na bhfálta in áiteanna, léiriú ar mheath rioch an tírdhreacha. Tá an talamh feirme uile i scála beag le páirceanna cearnógacha nó dronuilleogacha roinnte ag fála sceach agus sraith d'fheirmeacha beaga seachas feirmeacha móra.

Tá radhairc sa limistéar seo teoranta go minic ag an topagrafaíocht chasta seachas ag barr na ndroimníní mar a bhfuil radhairc lánléargais, le cnoic an Chabháin mar fhráma timpeall orthu, ina ngné shainiúil de charachtar an tírdhreacha.

PRÍOMH-THRÉITHE

Geolaíocht

- Limistéar ardchumais gráinneach mar gheall ar ghréabhadh, cloch ghainimh gráinneach, a bheith i láthair.
- Tá cairéal as úsáid sa chúinne thiar thuaidh.
- Meascán d'ithreacha éadomhne agus d'ithreacha doimhne dea-dhraenáilte a cruthaíodh as máthair-ábhair gréabhaic agus clocha gainimh glana.
- Limistéir ísealchríche le drochdhraenáil a oireann do choll, d'fhuinseog, do bheith agus do shaileach, crainn a dtaitníonn taise leo.

Úsáid Talún

- Talamh feirme ar scála beag nach ndéantar dianbhainistiú air.

Éiceolaíocht & Gnáthóg

- Níl aon suíomh sonraithe éiceolaíochta ann.
- Limistéar ardtalún – is beag de na cineálacha limistéir seo atá sa Chontae.
- Raon de ghnáthóga bogaigh: carr sailí agus beith agus féarach fliuch.

Stair & Cultúr

- Seandálaíocht faoi thalamh: tuamaí meigiliteacha
- Déantáin luath-Chríostaí: toibreacha beannaithe
- Talamh feirme seanbhunaithe le tithe feirme beaga agus meánmhéide dúchasacha.

Turasóireacht

- Níl aon ionaid spéise turasóireachta sonraithe, ach is limistéar gan mórán forbartha tógtha agus le carachtar neamh-mhillte é seo.
- Is gnéithe tarraingteacha iad srutháin agus locha beaga a bhfuil cumas siamsaíochta iontu.

Luacht Tírdhreacha: Ard

Íogaireacht Tírdhreacha: Measartha

Tábhacht Tírdhreacha: Áitiúil

8. LCA 1 - ardtailte Thaobh Urchair

Lonnaíochtaí agus Struchtúir Thógtha

- Níl aon lonnaíocht mhór ann
- Braislí beaga tithe timpeall ar acomhail bhóithre
- Tithe aonair agus feirmeacha beaga amuigh faoin tuath.

Na Príomhlonnaíochtaí

- *Taobh Urchair*: gráig bheag nach bhfuil millte ag forbairt nua-aimseartha, comhdhéanta de ghrúpa comhleanúnach foirgneamh ón 18ú haois atá plástráilte agus péinteáilte.

Fórsaí Athraithe

- Sconsaí cuailí agus sreinge á gcur in áit fála scean.

MOLTAÍ

1. Aird a thabhairt ar chion na seandálaíochta faoi thalamh agus ar dhéantáin luath-Chríostaí trí chosaint a thabhairt dá suíomh sa tírdhreach.
2. Gnéithe stairiúla a chur chun cinn i measc cuairteoirí agus áitritheoirí, m.sh trí chomharthaíocht iógair dhiscreideach a fhorbairt, formhór na ngnéithe infheicthe nó slána a iniámh i rianta agus i mbealaí tiomána slímharcáilte.
3. Aitheantas a thabhairt d'idirchaidreamh tábhachtach na radharc idir na cnoic seo agus limistéir ardtalún i ndeisceart an Chabháin, nuair atá suímh forbartha á n-áireamh.
4. Aitheantas a thabhairt do thábhacht éiceolaíochta na ngnáthóg coillearnaí fluich trína suímh a aithint agus comhaontuithe oiriúnacha bainistíochta a fhorbairt.
5. Treoirilínte deartha a fhorbairt chun teorainneacha a chruthú, a athchóiriú agus a chothabháil, agus ábhair, stíleanna agus scálaí dúchasacha a úsáid.

CUMAS FÉIDEARHA

1. Cumas meánach go híseal chun freastal ar fhoirgnimh feirme ar mhórsála, mar go n-athrófaí nádúr mionscála na feirmeoireachta sa limistéar seo go mór.
2. Ardchumas féideartha chun freastal ar shaoráidí turasóirí mar go bhfuil saoráidí do thurasóirí agus do chuairteoirí teoranta faoi láthair.
3. Cumas féideartha íseal do fhorbairt chónaitheach iltithe. Ní bheadh sé seo ag teacht le carachtar ná le nádúr mionscála lonnaíochta mar atá faoi láthair. Bheadh sé tábhachtach tagairt don ailtireacht áitiúil ó thaobh scála agus carachtair in aon fhorbairt nua.
4. Cumas féideartha íseal chun freastal ar thithe aon uaire mar go bhfuil a lán tithe mar seo san LCA seo i gcomparáid lena mhéid cheana féin. Bhainfeadh tuilleadh díobh de charachtar tuaithe an limistéir. Bheadh sé tábhachtach tagairt don ailtireacht áitiúil ó thaobh scála agus carachtair in aon fhorbairt chónaitheach nua.
5. Ardchumas féideartha chun foirgnimh atá ann cheana a athchóiriú le haghaidh úsáide nua mar a ndéantar é seo ar bhealach iógair agus ag tagairt do stíleanna agus d'ábhair dhúchasacha.
6. Cumas féideartha meánach chun freastal ar cháblaí lasnairde, ar fho-stáisiúin agus ar chrainn chumarsáide mar gheall ar nádúr coille an limistéir a fhad is go mbíonn an láithriú iógair ó thaobh na radharc atá ann agus ó thaobh srianta tírdhreacha de.
7. Cumas féideartha meánach chun freastal ar bhonneagar nua iompair cé gur ghá struchtúr an tírdhreacha atá ann a neartú agus aird chuí a thabhairt ar sheandálaíocht faoi thalamh agus ar dhéantáin.



Carr Beithe agus Sailí




Cnoic droimnín le féarach garbh

8. LCA 1 - ardtailte Thaobh Urchair

CUMAS FÉIDEARTHA AR LEAN

8. Cumas féideartha meánach chun freastal ar sheirbhísí faoi thalamh nua cé gur ghá struchtúr an tírdhreacha atá ann a neartú agus aird chuí a thabhairt ar sheandálaíocht faoi thalamh agus ar dhéantáin.
9. Cumas féideartha meánach chun freastal ar thuirbíní gaoithe mar gheall ar thírghe chasta. Tá cead ann faoi láthair d'fheirm ghaoithe bheag (5 thuirbín) i dTaobh Urchair. Ach ní mór aird ar leith a thabhairt ar radhairc ó mhullaigh na gcnoc agus go Co. an Chabháin. Níor mhór an fhorbairt seo a lonnú agus a leagan amach ar bhealach íogair.
10. Cumas meánach féideartha chun freastal ar bhithmhais agus ar fhoraoiseacht ar thalamh feirmeoireachta atá fliuch agus clúdaithe le luachra cé nach mór aird a thabhairt ar thábhacht na ngnáthóg ardtailte agus bogaigh chomh maith leis an léargas ó Cho. an Chabháin.



Conair bhóthair iata dea-bhainistithe.



Tírdhreach droimín le pátrún rialta de pháirceanna beaga.



Luacht Tírdhreacha: Measartha

Íogaireacht Tírdhreacha: Íseal

Tábhacht Tírdhreacha: Réigiúnach

CUR SÍOS AR AN TÍRDHREACH

Tá an tírdhreach casta droimnín seo níos fliche agus tá níos mó coillte ann ná mar atá sa chuid eile den Mhí agus is lú go mór an fhorbairt tógtha atá déanta ann. Tá lochanna beaga agus conairí sruthán idir na droimníní agus bíonn conairí bóthair ardaithe os cionn na bpáirceanna atá taobh leo le díoga draenála ar gach taobh. Tá trí phríomhbhealach iompair (bóithre réigiúnacha) ann a nascann Dún an Rí, Co. an Chabháin leis an Uaimh, Ceanannas Mór agus Áth Fhirdia. Níl an fhorbairt ribíneach ina phríomhghné ach idir na príomhbhaile. Tá an fhorbairt tógtha scaipthe i ngach áit eile agus í comhdhéanta d'áitribh atá measartha nua-aimseartha ach tarraingteach. Tá an limistéar lárach idir An Obair agus Cill Mhaighneann go háirithe tarraingteach mar go bhfuil tagairtí soiléire stairiúla, ar nós ballaí clocha singile agus foirgnimh dhúchasacha ann.

Gréasán de pháirceanna beaga tréadacha a bhíonn i gcarachtar an tírdhreacha mórtimpeall na lonnaíochtaí, fála sceacha dlútha limistéir bheaga de choillearnach leathanduilleach. I limistéir níos iargúlta, níl an oiread céanna dea-bhainistíochta déanta ar thalamh feirme, tá na fála sceach rófhasta agus níos lú coillearnaí ann. Tá sconsaí cuailí agus sreinge á gcur in áit na bhfála in áiteanna, léiriú ar mheath riocht an tírdhreacha. Tá an tírdhreach talmhaíochta comhdhéanta de shraith feirmeacha beaga le páirceanna cearnógacha nó dronuilleogacha roinnte ag fála sceach a bhíonn gearrtha go airde súl in aice conairí bóthar de ghnáth ach bíonn níos lú bainistíochta déanta orthu amach ón mbóthar.

Tá conairí caola abhann le bruacha géara i lár an limistéir seo agus a gcarachtar ar leith féin acu. Osclaíonn siad seo amach i dtírdhreach cnocach tréadach atá roinnte ag fála lánfhasta sceach agus mórán crann. Tá crainn choill le fáil go flúirseach ar bhuacha géara na gconairí abhann.

Níl an tírdhreach in aice le Droim Chonrach san oirthear chomh fliuch ná níl an oiread crann ann ach tá bailiúchán de phlandálacha óga le speicis mheasctha ann.

Tá radhairc sa limistéar seo teoranta go minic ag an topagrafaíocht chasta agus ag an bhfásra lánfhasta seachas ag barr na ndroimníní mar a bhfuil radhairc lánléargais, le cnoic an Chabháin mar fhráma timpeall orthu, agus i dtreo an oirthuaiscirt. Tá radhairc gearraoin dírithe trí na gleannta caola idir droimníní, ar bhóithre nó ar chonairí abhann go minic. Is í an mhonarcha gipseam lasmuigh de Dhún an Rí an 'séadchomhartha' is suntasaí sa limistéar agus bíonn deatach bán le feiceáil ag éirí as i bhfad ó bhaile.

PRÍOMH-THRÉITHE

Geolaíocht & Ithreacha

- Gréabhac (cloch ghainimh dhorchá) san iarthar agus aolchlocha scealla lábánacha san oirthear a chruthaíonn ithreacha doimhne dea-dhraenáilte atá déanta as máthairábhar aigéadach.
- Tá limistéar mór eibhir i láthair idir an dá limistéar ardtalún taobh ó dheas de Dhún an Rí a chruthaíonn gleannta áitiúla le sleasa géara.
- Tá poill agus cairéil i láthair mar gheall ar an réimse greannmheall ach ní chuireann siad isteach ar an radharc mar gheall ar an topagrafaíocht droimnín agus an fásra.

Úsáid Talún

- Páirceanna tréadacha ar mhionscála den chuid is mó
- Limistéir de phlandálacha óga le speicis mheasctha sa roinn thoir
- Talamh feirme ar scála beag atá dea-bhainistithe.

Éiceolaíocht & Gnáthóg

- 2 limistéar Oidhreachta Náisiúnta molta (PNHA); *Lochanna Breakey* - 7 km siar ó dheas ó Dhún an Rí: Loch portaigh aigéadach i gcodarsnacht le locha eile na Mí. Fuarthas cnámha fhia mhór na mbeann in aice láimhe.

8. LCT 2 - Ceantar Locha Thuaisceart na Mí

Éiceolaíocht agus Gnáthóg ar lean

- *Loch Ballyhoe* - ar theorainn na Mí agus an Chabháin, dhá loch bheaga le bogach agus féarach agus réimse leathan speiceas a bhaineann leis na gnáthóga seo.
- *Limistéar Ardach* – Limistéar Spéise Eolaíochta (ASI) tráth
- Líonra láidir fála sceach i bhformhór an limistéir.
- Sconsaí cuailí agus sreinge á gcur in áit fála sceach in áiteanna sa chuid thiar.
- Réimse de ghnáthóga coillearnaí leathanduilleacha agus bogaigh: lochanna, srutháin agus roinnt féaraigh fhliuch.:

Stair & Cultúr

- Talamh feirme seanbhunaithe le tithe feirme beaga agus meánmhéide dúchasacha
- Seandálaíocht faoi thalamh.
- Droichid bhóthair tógtha le clocha
- Ailtireacht iarnróid
- Go Luath C19^ú hAois Tithe cloiche baile san Obair
- Teach Whitewood
- Caidéil iarainn mhúla

Turasóireacht

- Cuireann ionad eachaíochta Rathe House lasmuigh de Chill Mhaighneann deiseanna ar fáil chun marcaíocht ar os cionn 500 acra de thalamh feirme eastáit.

Lonnaíochtaí agus Struchtúir Thógtha

- Níl aon bhaile mór ann
- Sráidbhailte beaga an cineál lonnaíochta is coitianta, agus tá roinnt sráidbhailte de mheánmhéid agus sráidbhailte móra ann
- Foirgnimh dhúchasacha is mó atá sna lonnaíochtaí
- Tá an fhorbairt tógtha faoin tuath comhdhéanta d'áitribh aonair, de dhéanamh nua-aimseartha seachas traidisiúnta ach is annamh a chuireann siad isteach ar an radharc.

Na Príomhlonnaíochtaí

- *An Obair*: Sráidbhaile mór / baile beag ciúin atá measartha tarraingteach. Is beag forbairt nua atá ann, tá sé i suíomh tarraingteach i líonra de pháirceanna beaga, coillearnach lánfhásta agus fála dlútha sceach.
- *Cill Mhaighneann*: Sráidbhaile meánmhéide/mór, foirgnimh tharraingteacha dhúchasacha, suite ar imeall chonair abhann chaol le bruacha géara atá clúdaithe le coillearnach coll. Cuireann forbairt nua tithíochta amháin ar an mbealach isteach aneas chuig an sráidbhaile imeall tobann leis an tuath.

Fórsaí Athraithe

- Easpa bainistíochta ar fhálta sceach agus fála sceach á gcailliúint dá bharr agus sconsaí cuailí agus sreinge á gcur ina n-áit.
- Fásfaidh plandálacha óga de speicis mheasctha agus méadóidh sé carachtar coille an tírdhreacha.
- D'fhéadfadh inmharthanacht na feirmeoireachta beostoic meath agus méadú ag teacht ar úsáid na talún don fhoraoiseacht.
- D'fhéadfaí an féarach fliuch a thréigean mura mbíonn na feirmeacha inmharthana níos mó agus d'fhéadfadh carr sailí agus beithe teacht ar ais ina n-áit.
- Le huasghrádú molta an bhóthair réigiúnaí idir Ceanannas agus Dún an Rí caillfear gnéithe teorann ar chonair an bhóthair agus beidh foinse bhuan gleo ann
- Mhéadóidh an cumas chun an líne lastais atá idir An Uaimh agus Dún an Rí a oiriúnú do phaisinéirí tarraingteacht an limistéir seo do chomaitéirí agus bheadh forbairt tógtha ann dá réir.




An Phríomhshráid, An Obair.



Tírdhreach siar ón Obair



Radharc ar thírdhreach agus ar thithíocht os cionn Cill Mhaighneann agus conairí bóthair laistigh d'fhánaí géara



8. LCT 2 - Ceantar Locha Thuaisceart na Mí


MOLTAÍ

1. Dreasachtaí a fhorbairt chun úinéirí talún a spreagadh chun sláine na bpatrún stairiúil páirceanna a choinneáil agus teorainneacha páirceanna agus coillearnaí a bhainistiú.
2. Caighdeán radhairc an tírdhreacha a chaomhnú trí fhorbairt a athródh an tírghné droimníní nó a chuirfeadh isteach ar na radhairc gearr-raoin i ngleannta nó ar radhairc fadraoin ó mhullaigh na ndroimníní.
3. Aitheantas a thabhairt d'idirchaidreamh tábhachtach na radharc idir na cnoic seo agus limistéir ardtalún i ndeisceart an Chabháin, nuair atá suímh forbartha á n-áireamh.
4. Is lonnaíochtaí tarraingteacha iad An Obair agus Cill Mhaighneann le gnéithe a bhfuil sé de chumas iontu a bheith léirmhínte agus forbartha mar ionaid spéise do chuairteoirí. Áirítear ina measc seo coillte, aibhneacha agus locha agus a ngaireacht do bhaile bríomhar Dhún an Rí, Co. an Chabháin.
5. D'fhéadfaí an dá phríomhlonnaíocht san LCT seo a fhorbairt freisin mar fhócas d'fhiontair thuaithe ar nós margáí feirme a cheadódh éagsúlú tuaithe agus a dhéanfar foráil le haghaidh nasc níos láidre idir lonnaíochtaí agus a gcomharsanachtaí tuaithe.

CUMAS FÉIDEARTHA

1. Tá feirmeacha ar mhionscála den chuid is mó ina ghné den LCT seo agus mar sin d'athródh foirgnimh mhóra talmhaíochta a charachtar. Ach ciallaíonn topagrafaíocht chasta agus íogaireacht íseal an limistéir go bhfuil sé de mheánchumas ann freastal ar an bhforbairt seo.
2. Tá ardchumas féideartha ann chun freastal ar shaoráidí cuairteoirí. Níl aon díol spéise mór sa limistéar seo agus mar sin bheadh aon fhorbairt dá leithéid ar scála beag, m.sh. siúlóidí coille. Níor chóir saoráidí cuairteoirí a chur i suímh fhollasacha m.sh. ar mhullaigh droimníní.
3. Cumas meánach féideartha freastal ar fhorbairtí iltithe cónaitheacha beaga i sráidbhailte níos mó – An Obair agus Cill Mhaighneann - áit a bhféadfadh an suíomh coillearnaí iad a chur faoi cheilt. Tá carachtar stairiúil na sráidbhailte seo tagtha slán, den chuid is mó, agus mar sin ba chóir go mbeadh aon fhorbairt nua an-chóngarach don dearadh dúchasach áitiúil. Lasmuigh de limistéir sainithe uirbeacha, ámh, ní bheadh ach cumas íseal féideartha ann freastal ar a leithéid sin d'fhorbairt toisc go mbeadh sé deacair í a chur faoi cheilt/iad a chomhtháthú.
4. Tá ardchumas féideartha ann chun freastal ar thithe aon uaire mar gur cuid de charachtar an LCT seo iad ach ní mór dóibh a bheith ar mhionscála nua-aimseartha a oireann don dúchas áitiúil. Ní mór aird a thabhairt freisin ar an tionchar carnach a bheadh ag an iomarca tithe agus síneadh na forbartha ribíní atá le feiceáil sna bailte móra timpeall ar an LCT seo a sheachaint.
5. Tá ardchumas féideartha ann chun freastal ar athchóiriú foirgneamh atá ann cheana, ar nós tithe eastáit agus sciobóil, chun úsáid eile a bhaint astu nó mar chuid d'athchóiriú a fhad is go ndéantar iad a phleanáil go cúramach ó thaobh suímh, scála agus ábhair de. Ba chóir aird a thabhairt freisin ar an gcumas go bhféadfadh tionchar níos suntasaí a bheith ag an athrú úsáide.

6. Tá cumas íseal féideartha ann chun freastal ar cháblaí lasnairde nó ar chrainn mar go bhfuil mullaigh droimníní an-fheiceálach agus gur airí tábhachtach iad na radhairc lánléargais agus go gcuirfeadh an fhorbairt sin isteach orthu. Tá cumas meánach féideartha ann chun freastal ar fho-stáisiúin bheaga ag bun na ndroimníní a fhad is go mbíonn siad as radharc. Beidh coimhlíntí féideartha le seandálaíocht faoi thalamh ina shrian mhór.
7. Tá cumas féideartha meánach ann chun freastal ar bhealaí nua iompair mar go bhfuil deiseanna maithe ann chun sciath a chur thart ar an fhorbairt seo mar gheall ar an topagrafaíocht chasta. Ach d'fhéadfadh tionchair dhiúltacha móra a bheith ann ar sheandálaíocht faoi thalamh agus ba ghá iad a mhaolú i bpatrún mionscála an tírdhreacha.
8. Cumas féideartha meánach chun freastal ar bhealaí nua seirbhísí faoi thalamh mar go bhfuil deiseanna maithe ann chun sciath a chur thart ar an bhforbairt seo mar gheall ar an topagrafaíocht chasta. Ach d'fhéadfadh tionchair dhiúltacha móra a bheith ann ar sheandálaíocht faoi thalamh agus ba ghá iad a mhaolú i bpatrún mionscála an tírdhreacha.
9. Tá cumas féideartha meánach ann chun freastal ar fheirmeacha gaoithe agus ar thuirbíní aonair mar gheall ar nádúr iargúlta cnocach an tírdhreacha agus ar thopagrafaíocht chasta áitiúil a chuireann sciath féideartha ar fáil. Tá líon teoranta de shaoráidí siamsaíochta nó de phointí léargais ann freisin. Ach ní mór aird a thabhairt ar aon mholtaí maolaithe ar radhairc fadraoin go Co. an Chabháin agus ar sheandálaíocht faoi thalamh.
10. Tá cumas féideartha meánach ann chun freastal ar roinnt forbartha bithmhaise agus foraoiseachta mar gur tírdhreach íogair ilghnéitheach le meascán gnáthóga atá ann. Ní mór ceantair fhollasacha ar nós fánaí cnoc agus/ nó gleannta ina bhfuil na radhairc treoraithe a sheachaint áfach.



CUR SÍOS AR AN TÍRDHREACH

Limistéar mór de thalamh talmhaíochta lastuaidh den Uaimh le hAbhainn na Bóinne agus an Abhainn Dhubh mar theorainneacha san iarthar agus san oirthear faoi seach agus tírdhreach cnocach níos casta ar theorainn thuaidh na Mí (LCT 1). Tá riocht truaillithe ar an limistéar carachtar tírdhreacha seo ar an iomlán. Is meascán é de pháirceanna féaraigh agus arúla a méadaíodh trí chailliúint nó bhaint amach na gcríoch traidisiúnta, gan ann anois go minic ach sconsaí cuaillí agus sreinge nó adhmaid agus díoga draenála ar chonairí na mbóithre.

Tírdhreach cothrom atá timpeall ar imeall na hUaimhe – síneadh ar na gleannta abhann san oirthear agus san iarthar. Tá meascán d'úsáidí talún ann lena n-áirítear forbairt ribíneach tithíochta, aonaid mhiondíola, cairéal mó agus ráschúrsa nach bhfuil imeasctha go maith sa tírdhreach agus a chuir deireadh le críocha traidisiúnta páirceanna, crainn agus críocha dúchasacha páirceanna agus bóithre. Cuireann sconsaí rocach ar chonair ar bhóthair sa ráschúrsa go háirithe isteach ar an radharc mar a dhéanann Forbairt Tara Mines. Tá radhairc mhaithe trasna an ghleanna seo i dtreo talamh feirme droimnín le crainn sa tuaisceart agus san oirthuaisceart.

Tá an tírdhreach níos tarraingtí níos faide ón Uaimh cé go bhfuil críocha na bpáirceanna i ndroch-chaoi go minic. Tá topagrafaíocht droimnín ann agus crainn níos coitianta. Tá bainistiú measartha maith á dhéanamh ar an talamh feirme i lár an limistéir agus banraí capall mar thréithe ann. Éiríonn an tírdhreach beagán níos fliche san oirthuaisceart, tá níos mó droimníní ann agus tá gaol fisiceach níos dlúithe aige le LCT 1 (ach bainistiú níos fearr á dhéanamh air). Tá fo-limistéar taobh thiar de Bhaile Uilcín atá clúdaithe le plandálacha buaircíneacha, beitheanna atá á n-athghiniúint agus móinte le coillearnach fhliuch beithe agus fuinseoige ar a imill. Tá carachtar an-iargúlta aige agus luach gnáthóige atá annamh sa Mhí. Tá sé i ndroch-chaoi áfach agus tá sconsaí agus sconsaí teorann agus cuaillí geata ag titim chun raice. Tá líonra níos fearr d'fhálta sceach agus de choillearnach sa chuid thiar den LCT seo, timpeall ar Mhaigh nEalta.

Is sráidbhaile eastáit é Maigh nEalta, le ribíní tithe ar na bóithre isteach chuige. Sráidbhaile ciúin tarraingteach atá ann le siopaí, tithe tábhairne agus eaglais, agus is beag tráchta a théann tríd. Tá saibhreas seandálaíochta agus stairiúil sa sráidbhaile agus mórthimpeall air, le struchtúir ar nós ballaí clocha singile, foirgnimh thraidisiúnta agus mótaí. Is tírdhreach stairiúil é conair abhainn na Bóinne, ar theorainn an limistéir carachtair seo. Tá imill thuaidh na hUaimhe, Cill Bhearaigh, Droichead Chearbhalláin, Baile Uilcín agus Baile Ghib, gráigeanna leathnaithe, i measc na lonnaíochtaí eile sa limistéar.

Tá freastal maith á dhéanamh ag bealaí agus bonneagar iompair ar an limistéar seo mar gheall ar go bhfuil sé in aice leis an Uaimh agus le Ceanannas: téann an N52 agus bóithre éagsúla réigiúnacha trasna an limistéir carachtair. Bíonn carachtar oscailte go leor ag conairí bóthar go minic ach de ghnáth déantar cothabháil mhaith ar fhálta sceach. Tá bóithre den tríú grád timpeall ar Bhaile Ghib i ndeisceart an limistéir seo níos iata ag crainn agus na conairí bóthair timpeall ar Dhroim Conrach san oirthuaisceart níos iata ag topagrafaíochta dhroimníní, crainn agus fálta sceach. Tá iarnród ag dul trasna lár an limistéir seo ón tuaisceart go dtí an deisceart freisin agus cuireann sé naisc fhéideartha ar fáil idir Droichead Átha, An Uaimh agus Dún an Rí. Ní cuid an-suntasach de charachtar an limistéir í an líne iarnróid ach cruthaíonn sí dromlach le neart crann trí lár an limistéir seo agus tá sé níos feiceálaí ag crosairí comhréidhe leis an líonra bóithre. Tá roinnt línte piolóin ann a thagann le chéile ar imeall na hUaimhe agus a chuireann isteach ar an radharc.

Luacht Tírdhreacha: Measartha

Íogaireacht Tírdhreacha: Measartha

Tábhacht Tírdhreacha: Réigiúnach

8. LCT 3 - Ísealchríocha na hUaimhe Thuaidh

PRÍOMH-THRÉITHE

Geolaíocht

- Geolaíocht chasta d'aolchloch, cloch ghainimh, sceall agus carraig bholcánach a chruthaíonn tírdhreach ilghnéitheach.
- Tá gnáthóg fhliuch cruthaithe anseo agus ansiúd ag ithreacha móinteacha le drochdhraenáil san iarthuaisceart as aolchloch sceallach.
- Tá an chuid is mó de na hithreacha dea-dhraenáilte mianraí a cruthaíodh as aolchloch agus cloch ghainimh forbartha ar son na talmhaíochta.
- Mar gheall ar éagsúlacht an mháthairbhair gheolaíochta tá roinnt mhaith cairéal agus poll mianaigh sa limistéar.
- Bhí Mianach na Teamhrach ar an taobh thiar thuaidh den Uaimh ar cheann de na mianaigh luaidhe-since san Eoraip.

Úsáid Talún

- Páirceanna móra talmhaíochta den chuid is mó, meascán d'fhéarach agus barraí arúla.
- Críocha páirceanna i ndroch-chaoi.
- Fo-limistéar suntasach de phlandáil bhuaircíneach, coillearnach fhliuch beithe agus móineán i láthair an LCT seo
- Limistéir bheaga de choillearnach mheasctha agus leathanduilleacha sa roinn thiar le carachtar níos tarraingtí.
- Tírdhreach imeall uirbeach timpeall na hUaimhe le meascán úsáidí, i ndroch-chaoi agus le forbairtí a chuireann isteach ar an radharc.

Éiceolaíocht & Gnáthóg

- *Loch Bhaile an Choraigh agus Loch Mentrim*, 2 Limistéar Oidhreacht Náisiúnta Molta (PHNA): t á gnáthoga éagsúla a bhaineann le lochanna, lena n-áirítear bogach agus lagphortaigh, ag na lochanna seo.
- *Cairéal Grangegeeth* – Limistéar Spéise Eolaíochta (ASI) tráth
- Meascán de pháirceanna féaraigh agus arúla.
- Sconsaí cuailí agus sreinge á gcur in áit fála sceach in áiteanna sa chuid thiar.
- Limistéar mór coillearnach beithe athghinteach agus móintean taobh thiar de Bhaile Uilcín.

Stair & Cultúr

- Maigh nEalta agus An Uaimh: lonnaíochtaí stairiúla.
- Léirítear líne stairiúil na Páile le mótaí Normannacha agus le díog pháile Bhaile na Coille íochtar.
- Fothracha eaglaise, cloigthe agus caisleáin ar fud an limistéir.
- Áirítear i measc na n-eaglaisí cosanta na cinn ag Ráth Cheannaigh agus Baile an Chaisleáin, chomh maith le Sódan, Newton agus Fletchertown.
- Tá tírdhreacha eastáit le feiceáil timpeall ar imeall na hUaimhe agus san iarthar.
- I measc na struchtúr cosanta tá teach tuaithe Stigh Colláin (timpeall 1716) agus tithe tuaithe, tithe agus foirgnimh líonmhara feirme eile.

Turasóireacht

- Is bunáit mhaith í An Uaimh chun taiscéalaíocht a dhéanamh sa chontae mar go bhfuil rogha leathan lóistín agus ionad eolais turasóirí ann.
- Meallann Ráschúrsa na hUaimhe na sluaite i rith na bliana lena liosta leitheadach imeachtaí.
- Cuireann galfchúrsa na hUaimhe at lonnaithe ag an ráschúrsa fáilte roimh chuirteoirí agus chumainn.
- Níl ionaid spéise ar leith eile sa limistéar, ach bheadh gnéithe stairiúla spéisiúil ach iad a léirmhíniú.

Lonnaíochtaí agus Struchtúir Thógtha

- Tá fás tagtha ar roinnt gráigeanna mar gheall ar fhorbairtí nua le tamall de bhlianta anuas.
- Forbairt úsáide measctha ar imeall uirbeach na hUaimhe: tráchtáil agus tionsclaíocht éadrom, forbairt chónaitheach,

cairéiú agus siamsaíocht (ráschúrsa).

- Sráidbhailte beaga ciúine gan mórán forbartha nua le 5 bliana anuas.
- Tá struchtúr stairiúil Mhaigh nEalta slán ach tá Droim Chonrach níos nua-aimseartha.

Na Príomhlonnaíochtaí

- *An Uaimh*: Baile stairiúil suite ag cumar na Bóinne agus na hAbhann Duibhe. Tá struchtúr maith stairiúil ina lár agus luach suntasach stairiúil ag an tírdhreach máguaird. Tá imill thuaidh an bhaile atá san LCT seo i machaire cothrom timpeall ar ghleann na habhann. Meascán úsáidí gan ord lena n-áirítear cairéal mór, ráschúrsa, tithíocht fhoibhailteach agus forbairt ribíneach. Cuireann an líne iarnróid isteach ar charachtar an tírdhreacha anseo.
- *Droim Chonrach*: sráidbhaile beag ciúin le tithe nua-aimseartha den chuid is mó ach is beag forbartha nua a rinneadh le cúig bliana anuas agus ní théann mórán trácht tríd. Ar shuíomh ardaithe sa chuid thoir den limistéar carachtar tírdhreacha seo le radhairc mhaith soir ó thuaidh, agus cnoic Loch Cairlín mar fhráma orthu.
- *Maigh nEalta*: Is sráidbhaile mór eastáit é Maigh nEalta, le ribíní tithe ar na bóithre isteach chuige. Sráidbhaile beag tarraingteach é le foirgnimh chloiche dhúchasacha agus gnéithe stairiúla ar nós ballaí teorainn cloiche.
- *Cill Bhearaigh*: gráig bheag ar an R162, bóthar gnóthach idir an Uaimh agus Dún an Rí, ach is bailiúchán foirgneamh gan ord anois é – meascán d'aonaid agraighnó/tráchtála, clós mór pailéad, eaglais, tábhairne díon tuí agus roinnt bheag tithe. Is beag den bhuncharachtar atá fágtha agus tá forbairt leanúnach cónaitheach ribíneach idir é agus An Uaimh.
- *Droichead Chearbhalláin*: Sráidbhaile beag suite ar acomhal bhóthar an N52. Ribín d'fhorbairt nua-aimseartha tógtha thar pháirc fianna. Tá iarsmaí de mhóta Normannach lastuaidh den sráidbhaile a d'fhéadfadh líne luath na Páile a léiriú.
- *Baile Uilcín*: Sráidbhaile beag suite ar acomhal gnóthach bóthair. I gcroí an tsráidbhaile bhig tá: tábhairne, siopa, stáisiún peitil agus roinnt aonad stórais. Tá roinnt tithe aon uaire nua-aimseartha ar na himill agus níl mórán foirgneamh dúchasach fágtha. Tá an chuid is mó de na ballaí teorainn traidisiúnta cloiche ar chonair an bhóthair slán. Tá talamh feirme na comharsanachta measartha slán agus limistéir mhóra de phlandálacha buaircíneacha ann.
- *Baile Ghib*: Sráidbhaile measartha mór laistigh de 5km ón Uaimh le ribín fada foirgneamh ar chonair an bhóthair. Is cuid den Ghaeltacht é Baile Ghib atá ar imill LCT 3 & %. Níl croí an tsráidbhaile sonraithe go maith, gan ann ach meascán de thithe beaga dúchasacha agus bungalónna móra aon uaire agus tithe le meascán stíleanna agus ábhar. D'fhéadfadh an suíomh coillearnaí a bheith tarraingteach ach tá meath tagtha air. D'fhéadfaí an carachtar dúchasach a chailliúint.



páirceanna móra féaraigh le fála sceach dea-bhainistithe

8. LCT 3 - Ísealchríocha na hUaimhe Thuaidh

Fórsaí Athraithe

- Leathnú leanúnach na ngráigeanna agus na lonnaíochtaí eile.
- Díghrádú leanúnach ar an imeall uirbeach agus ar mhachaire na habhann mórtimpeall na hUaimhe.
- Athailiniú dóchúil bhóthar an N52.

MOLTAÍ

1. Dreasachtaí a chur ar fáil d'úinéirí talún chun riocht talamh feirme a fheabhsú, lena n-áirítear bainistiú fála sceaigh agus crainn i dtéorainneacha páirce.
2. Tábhacht na feirmeoireachta graí do chothabháil an tírdhreacha i dtalamh feirme thuaisceart na hUaimhe a aithint agus inmharthanacht an tionscail seo a choinneáil slán trí fhorbairt a d'fhéadfadh cur isteach air a lonnú go híogair.
3. Sláine thírdhreach feirmeoireachta an 18^ú hAois a choinneáil trí bhainistiú fhearann páirce na n-eastát, ascaillí crann lánfhásta, balla teorainn agus sceaigh bearrtha, a spreagadh.
4. An limistéar athghiniúna coillearnach beithe siar ó Bhaile Uilcín a chosaint agus a bhreisiú ar son a luacha mar ghnáthóg annamh sa chontae, lena n-áirítear plean bainistíochta a tháirgeadh don choillearnach bhuaircíneach máguaird.
5. Imill uirbeacha thuaidh na hUaimhe a chomhtháthú. Tús áite a thabhairt d'fhorbairt ar shuímh líonadh isteach seachas d'fhorbairt ribíneach ar na bealaí isteach sa bhaile. Cóireáil chuí tírdhreacha a úsáid ar imill na forbartha chun an t-imeall uirbeach a mhaolú.
6. Breisiú ar thírdhreach an imill uirbigh a chomhlánú le deiseanna chun luach conláiste imeall uirbeach na hUaimhe a mhéadú le haghaidh rochtana poiblí agus siamsaíochta.
7. An cumas chun an bonneagar iompair phoiblí a mhéadú trí uasghrádú a dhéanamh ar an líne iarnróid a nascann an Uaimh le Droichead Átha agus Dún an Rí cheana féin. Tharlódh aon uasghrádú laistigh de chomhthéacs treoirlínte cuimsitheacha um dheardh tírdhreacha.
8. Is lonnaíochtaí tarraingteacha iad An Obair agus Cill Mhaighneann le gnéithe a bhfuil sé de chumas iontu a bheith léirmhínte agus forbartha mar ionaid spéise do chuairteoirí. Áirítear ina measc seo coillte, aibhneacha agus locha agus a ngairíocht do bhaile bríomhar Dhún an Rí, Co. an Chabháin.
9. Gnéithe stairiúla a chur chun cinn i measc cuairteoirí agus áitritheoirí, m.sh. trí chomharthaíocht íogair dhiscreideach a fhorbairt, formhór na ngnéithe infheicthe nó slána a iniamh i rianta agus i mbealaí tiomána slímharcáilte.
10. Leanúint le cur chun cinn na hUaimhe mar mhol/bhunáit do chuairteoirí chun taiscéalaíocht a dhéanamh sa chontae. Infhaighteacht faisnéis turasóirí a fheabhsú, chomh maith le nasc le príomhionaid spéise m.sh. d'fhéadfaí an baile a fhorbairt mar thús/deireadh do rianta, bealaí tiomána slímharcáilte srl.
11. Leanúint le cur chun cinn na Gaeltachta ag Baile Ghib mar acmhainn chultúrtha agus naisc a chothú idir Gaeltachtaí eile lena n-áirítear Ráth Cairn.

CUMAS FÉIDEARTHA

1. Tá cumas féideartha meánach ann chun freastal ar fhoirgnimh mhóra feirme cé gur ghá suíomh agus ionad a chur san áireamh chun díghrádú riocht na talún feirme a sheachaint. Má bhíonn foirgnimh ag teastáil chun inmharthanacht talamh feirme a mhéadú, beidh gá le dea-bhainistiú.
2. Tá cumas féideartha ard ann chun freastal ar shaoráidí cuairteoirí, go háirithe má chuireann siad deiseanna ar fáil chun drochriocht reatha an tírdhreacha a fheabhsú. Ní mór a bheith cúramach nach gcuirtear leis an tranglam radhairc agus deiseanna a ghlacadh chun naisc a fheabhsú do chuairteoirí idir tírdhreach na tuaithe agus bailte tábhachtacha na hUaimhe agus Mhaigh nEalta.
3. Tá cumas féideartha meánach ann d'fhorbairt iltithe cónaitheacha má dhéantar forbairt scaipthe timpeall ar imeall na hUaimhe a chomhdhlúthú. Ach bheadh cumas íseal ag Droim Chonrach chun freastal ar an bhforbairt seo mar gheall ar a shuíomh ardaithe. Bheadh ar fhorbairt iltithe i Maigh nEalta a bheith oiriúnach do mhionscála agus do nádúr stairiúil an tsráidbhaile.
4. Tá cumas féideartha íseal ann do thithe aon uaire, mar go bhfuil siad an-choitianta cheana féin san LCT seo. Ba chóir d'fhorbairt chónaitheach díriú ar imill uirbeacha a chomhtháthú agus riocht an tírdhreacha a fheabhsú.
5. Tá cumas féideartha ard ann chun freastal ar fhorbairt shaoráidí nua do chuairteoirí mórtimpeall ar ghnéithe nach ndéantar léirmhíniú orthu faoi láthair, ar nós déantáin sheandálaíochta agus stairiúla, diméinte agus sráidbhailte diméin. D'fhéadfaí an fhorbairt seo a úsáid chun feabhsúcháin agus cothabháil phatrúin tírdhreacha atá ann cheana a áisiú.
6. Tá cumas féideartha ard go meánach ann chun freastal ar cháblai lasnairde, crainn agus fo-stáisiúin timpeall ar an imeall uirbeach mar a bhfuil an fhorbairt tógtha níos coitianta. Tá cumas féideartha íseal sna limistéir thuaithe agus timpeall ar lonnaíochtaí beaga, mar a bhfuil luach níos airde ag carachtar an tírdhreacha.
7. Tá cumas féideartha ard ann chun freastal ar bhonneagar nua iompair le deiseanna féideartha gaolmhara chun riocht na dtéorainneacha meatha páirce a fheabhsú agus an líonra iarnróid paisinéirí a bhreisiú trí línte atá as úsáid a chur in úsáid arís.
8. Tá cumas féideartha íseal ann chun freastal ar bhealaí nua seirbhíse faoi thalamh i gcodanna den LCT seo ina bhfuil saibhreas de ghnéithe stairiúla. I limistéir atá i riocht dhíghrádaithe áfach bheadh an cumas féideartha ard go meánach mar gheall ar na deiseanna féideartha a bheadh ann chun riocht an tírdhreacha a fheabhsú.
9. Tá cumas féideartha meánach ann chun freastal ar fhorbairt fheirmeacha gaoithe agus thuirbíní aonair mar nach bhfuil mórán radharc fadraoin ann seachas chuig an gcéad LCT eile. Bheadh a leithéid d'fhorbairt le feiceáil ag a lán daoine ach mar gheall ar a ngairíocht do limistéir éagsúla uirbeacha bheadh a n-íogaireacht laghdaithe. D'fhéadfadh seandálaíocht faoi thalamh agus gnéithe stairiúla seasta srian a chur le suíomh thuirbíní gaoithe.
10. Tá cumas féideartha ard ann chun freastal ar bhithmhais agus ar fhorbairt foraoiseachta seachas i bhfo-limistéar láir an LCT seo mar a bhfuil plandálacha mórsála ina gné sheanbhunaithe den tírdhreach cheana féin. Níor mhór tionchair dhochracha ar ghnáthóga áitiúla a mheas agus iad a mhaolú.

8. LCT 3 - Ísealchríocha na hUaimhe Thuaidh



CUR SÍOS AR AN TÍRDHREACH

Limistéar beag de chnó dhroimín é seo atá bailithe timpeall ar thuaisceart na Sláine. Is tírdhreach mín uigeach talmhaíochta é den chuid is mó de pháirceanna móra agus feirmeacha eastáit. Páirceanna tréadacha is mó atá ann ach tá roinnt páirceanna arúla ann chomh maith. Tá an fhorbairt tógtha comhdhéanta de ghrúpaí scaoilte d'áitribh scartha ar chonairí bóthar agus tithe móra eastáit suite laistigh de thailte le ballaí nó ag ceann ascaillí. Tá Sláine suite lasmuigh de teorainn theas an LCT seo agus is lonnaíocht an-tarraingteach í le stair shaibhir agus naisc láidre radhairc leis an LCT seo.

Is codanna luachmhara de charachtar an tírdhreacha seo na ballaí eastáit, na hascaillí (d'fháibhile de ghnáth) agus na fearainn pháirce timpeall ar na tithe eastáit. Bíonn ballaí agus cuailí geata i riocht measartha maith go minic ach in áiteanna ní dhearnadh deisiúcháin a réitigh go cruinn le dreach agus le teicnící tógála a úsáideadh sa bhunstruchtúr.

Bíonn páirceanna roinnte go ginearálta ag fála scean fuinseoige de chaighdeán éagsúla. I gcuid mhaith áiteanna tá na fála seo díghrádaithe, bearnach, rófhasta nó ró-aibí ionas nach mbíonn fágtha ach crainn fála clúdaithe le heidhneán agus gan fál scean ar bith á nascadh le chéile. I gcásanna eile, ligeadh d'áiteann fás sna fála, rud a d'athraigh dreach na talún feirme bainistithe.

Is gné láidir den charachtar tírdhreacha sa limistéar seo é an clúdach crann atá comhdhéanta de chrainn fhálta clúdaithe le heidhneán a roinneann páirceanna móra agus garráin fháibhile agus coillearnach le speicis mheasctha ar mhullaigh nó ar fhánaí na gcnoc, a plandáladh san 18^ú haois mar choillearnacha seilge. Tugann siad cuma dhúnta uigeach do thírdhreach a bheadh mín oscailte gan iad. Tá roinnt plandálacha beaga buaircineacha ann chomh maith le limistéar de choillearnach scrobarnach ar an teorainn thiar, a dhéanann carachtar an tírdhreacha seo a dheighilt ón gceann atá taobh leis (LCT 3) agus atá ina mhalairt bheag ar charachtar fhoriomlán an limistéir seo.

Tá dhá phríomhbhealach iompair ann – an N2 a nascann baile Shláine agus Áth Fhirdia agus an R163 a nascann Sláine agus Ceanannas. Is mionbhóthar 'bui' den tríú grád é gach bóthar eile. Tá roinnt limistéir shonraithe phicnic agus pháirceála ar an N2 agus grúpa de thithe beaga féinfhrestail agus lóistín brú in aice le baile Shláine ach níl aon díol spéise sonraithe eile do thurasóirí sa limistéar. Ní chuireann aon rud isteach go mór ar an radharc sa limistéar seo ach líne piolóin lasnairde atá crochta trasna lár an limistéir ón oirthear siar agus cairéal taobh thiar de Shláine taobh leis an bpríomhbhóthar. Ach tá an cairéal suite ar thaobh cnoic agus is mó a chuireann sé leis na Limistéir Charachtar Tírdhreacha atá sa chomharsanacht.

PRÍOMH-THRÉITHE

Geolaíocht

- Comhdhéanta go príomha d'aolchloch scealla agus gréabhaic le limistéir mhóra de bhasalt agus de charraig bholcánach.
- Meascán d'ithir éadomhain agus d'ithir dhomhain dea-dhraenáilte a d'eascair as aolchlocha agus clocha gainimh aigéadacha atá sa chineál ithreach agus í forbartha don talmhaíocht agus do choillearnach leathanduilleach.

Úsáid Talún

- Páirceanna móra talmhaíochta
- Limistéir de choillearnach leathanduilleach agus speicis mheasctha – iarsmaí de thírdhreacha seilge ón 18th hAois.

Luacht Tírdhreacha: An-Ard

Íogaireacht Tírdhreacha: Ard

Tábhacht Tírdhreacha: Réigiúnach

8. LCA 1 - cnoic cheannaigh

Éiceolaíocht & Gnáthóg

- Gan sonraíochtaí
- Gnáthóg lánaibí coillearnaí
- Meath i gconairí glasa fiadhúlra mar gheall ar mheath i nascthacht fála sceach
- Fearann páirce luachmhar lánaibí gaolmhar le tithe eastáit.

Stair & Cultúr

- Tírdhreach eastáit agus feirme ón 18^ú hAois
- Coillearnach lánaibí seilge le meascán de speicis leathanduilleacha agus péine.
- Tithe faoi Chosaint: Teach Bhaile Thancaird, Seoirseach déanach, agus Mullaghfin, 1770

Turasóireacht

- Limistéir phicnic ar an N2
- Gan díol spéise eile

Lonnaíochtaí agus Struchtúir Thógtha


- Gan lonnaíochtaí.
- Tá Sláine, sráidbhaile mór diméin, suite sa limistéar carachtar tírdhreacha in aice leis
- Áitribh aonair i ngrúpaí scaoilte ar chonairí na mbóithre
- Tithe eastáit laistigh de thailte agus de bhallaí agus ag cinn ascaillí

Fórsaí Athraithe

- Meath agus ró-aibiú fála sceach
- Cairéal amháin sa deisceart

MOLTAÍ


1. Coillearnacha seilge ón 17^ú agus ón 18^ú hAois a chaomhnú mar acmhainn aeistéitiúil, éiceolaíochta agus conláiste.
2. Sláine tírdhreach feirmeoireachta an 18^ú hAois a choinneáil trí bhainistiú fhearann páirce na n-eastát, ascaillí crann lánfhásta, balla teorainn agus sceacha bearrtha, a spreagadh.
3. Tógáil ar shaoráidí neamhshuntasacha turasóireachta atá ann cheana trí dhreasachtaí a thabhairt d'úinéirí talún chun rochtain agus taitneamh poiblí, ar an tírdhreach sonraithe tuaithe a mhéadú, m.sh. trí líonra cosán a fhorbairt, limistéir sonraithe radhairc a chruthú, srl.
4. Caighdeán radhairc na bhfánaí cnoc a chaomhnú mar shuíomh rithábachtach do Ghleann na Bóinne (LCT 5) trí fhorbairtí nua a shuiteáil i suímh neamhshonracha ó thaobh radhairc, ar dhlús íseal agus le cóireálacha teorann atá sonrach don LCT seo, m.sh. garráin bheaga mheasctha, fála dea-bhearrtha sceach agus clampaí péine.
5. Treoirilínte deartha a fhorbairt chun teorainneacha a chruthú, a athchóiriú agus a chothabháil, agus ábhair, stileanna agus scálaí dúchasacha a úsáid.




Abhainn na Bóinne agus a suíomh taobh ó thuaidh de Shláine



Cnoc Shláine agus gleann na Bóinne



Ró-ualach cairéil




Páirceanna móra arúla le caillteanas fála

8. LCA 1 - cnoic cheannaigh

CUMAS FÉIDEARTHA

1. Tá feirmeacha móra san LCT seo cheana féin ach tá uigeacht chothrom agus carachtar oscailte aige a gcuirfeadh foirgnimh mhóra talmhaíochta isteach air. Cumas meánach a bheadh aige dá bhrí sin a fhad is a bheadh na gnéithe sin lonnaithe agus cumhdaithe go sásúil m.sh. ag bun na gcnoc.
2. Cumas ard féideartha do shaoráidí neamhshuntasacha cuairteoirí a chuirfeadh naisc ar fáil chuig sráidbhaile Sláine agus Shí an Bhrú san LCT atá taobh leis.
3. Cumas íseal nó gan cumas féideartha ar bith chun freastal ar fhorbairtí nua iltithe mar go bhfuil an fhorbairt chónaitheach atá sa limistéar seo cheana féin an-fheiceálach, go háirithe ón deisceart. Dá mbeifí leis na forbairtí seo a lonnú san LCT seo ba ghá iad a lonnú go cúramach ag bun na gcnoc le cumhdach maith chun tionchair dhochracha a mhaolú.
4. Cumas féideartha meánach chun freastal ar líon beag tithe aon uaire. Ba chóir suímh feiceálacha a sheachaint agus dearadh na bhfoirgneamh a oiriúnú do stíleanna dúchasacha áitiúla.
5. Cumas féideartha ard chun freastal ar athchóiriú foirgneamh atá ann cheana ar bhealach a bheadh íogair ó thaobh carachtar tírdhreacha an limistéir seo.
6. Cumas íseal féideartha chun freastal ar cháblai nua lasnáirde, crainn leictreachais nó fo-stáisiúin mar go síneann mórphiolón cheana féin ón oirthear siar trí lár an LCT seo agus gur gné shuntasach é a chuireann isteach ar an radharc. Bheadh sé deacair freastal ar fhorbairt bhreise den chineál seo agus é a mhaolú.
7. LCT measartha suaimhneach é seo le forbairt tógtha theoranta agus idirfheiceálach ard le tírdhreacha ó dheas. Bheadh cumas féideartha meánach ann chun freastal ar bhealaí nua iompair a fhad is go ndéanfaí conairí nua iompair a dhearadh chun freastal ar theorainneacha tírdhreacha atá ann cheana agus iad a neartú.
8. Cumas féideartha meánach chun freastal ar sheirbhísí faoi thalamh a fhad is go ndéanfar aon ghné a chailltear a athsholáthar agus go gcoinneofaí uigeacht mhín an LCT seo.
9. Cumas féideartha íseal go meánach chun freastal ar thuirbíní gaoithe ag brath ar an suíomh. Tá suíomh Shláine an-tábhachtach agus mar sin ba chóir radhairc íogaire ar thuirbíní ón gcuid seo den LCT a sheachaint.
10. Cumas féideartha íseal chun freastal ar bhithmhais nó ar fhoraoiseacht. Is gné rithábhachtach den LCT seo na coillearnacha seilge de speicis mheasctha a bhaineann le tírdhreacha eastát agus iad suite i dtírdhreacha mhí talmhaíochta. In iarthar an LCT seo tá limistéar d'fhoraoiseacht bhuaircíneach ag cur isteach cheana féin ar charachtar fhoriomlán an tírdhreacha. Bhainfeadh leathnú air seo de charachtar an LCT uile.



Luacht Tírdhreacha: Eisceachtúil

Íogaireacht Tírdhreacha: Ard

Tábhacht Tírdhreacha: Idirnáisiúnta

8. LCT 5 – Gleann na Bóinne

CUR SÍOS AR AN TÍRDHREACH

Is é an gleann géar abhann an ghné is suntasaí i dtírdhreach Ghleann na Bóinne le limistéir d'isealchríoch droimneach in aice le hAbhainn na Bóinne. Síneann sé ó Chairbre, Co. Chill Dara, soir ó thuaidh, ag lúbadh tríd an tírdhreach chun na farraige i nDroichead Átha. Is féidir a mhaíomh gurb é seo an tírdhreach is suntasaí agus is luachmhaire sa tír mar gurb ann atá Ionad Oidhreachta Domhanda Bhrú na Bóinne. Tá bailte oidhreachta Átha Troim agus Shláine san LCT seo freisin.

Is baile mór stairiúil é Baile Átha Troim, ceann de phríomhlonnaíochtaí stairiúla na Mí. Tá Caisleán Átha Troim agus Caisleán Talbot go hard sa spéirlíne, agus spás oscailte poiblí agus suíomh pictiúrtha á gcur ar fáil ag Abhainn na Bóinne agus a tuilemhá don bhaile. Tá lár an bhaile tarraingteach agus an fhorbairt nua-aimseartha imeasctha go rathúil sa timpeallacht tógtha stairiúil, Teach Cúirte Átha Troim go háirithe. Tá claonadh ann faoi láthair tithíocht a fhorbairt i gcomharsanacht Átha Troim seachas i lár an bhaile, tá suíomh Átha Troim agus Caisleán Átha Troim sa tírdhreach thar a bheith tábhachtach, agus ní mór forbairt chónaitheach a phleanáil go cúramach chun nach gcuirtear isteach ar charachtar an limistéir.

Is baile meánmhéide stairiúil é Sláine, a bhí ina shráidbhaile diméin ar dtús. Tá uigeacht stairiúil fhoriomlán Sláine slán i gcónaí. I lár an bhaile tá ceithre theach mór 3 stór a bhfuil a n-aghaidh ar chrosbhóthar lárnach. Bunaíodh an stíl dhúchasach áitiúil san 18th haois, le foirgnimh shimplí chearnógacha de chloch ghearrtha, agus níos lú sonraíocht bhríci iontu ná mar a bhí in áiteanna eile sa tír. Forbairt theoranta chónaitheach atá i lár an bhaile seachas roinnt tithíochta ó na 1950í – 1970í in iarthar an bhaile. Tá forbairt nua á dhéanamh ar thalamh ard ar an taobh thuaidh den bhaile áfach. Ba chóir forbairt eile den chineál seo a sheachaint mar gheall ar a mhéid i gcomhthéacs an bhaile agus a fheiceálacht sa tírdhreach. Is baile mór turasóireachta í Sláine mar gheall ar a suíomh agus a hoidhreachta. Tá Caisleán Sláinte suite ar an taobh thiar den bhaile agus Ionad Oidhreachta Domhanda Bhrú na Bóinne ar an taobh thoir.

Tá tírghné droimneach ag na hisealchríocha le limistéir bhogaigh a bhaineann le hAbhainn na Bóinne, mórthimpeall ar ghleann chothrom na habhann sa ghleann caol atá in aice le Sláine go háirithe. Tá malaí géara ag an ngleann le cnoic mhóra dhroimneacha a chuireann pointí maithe léargais agus radhairc trasna an ghleanna ar fáil. Tá talamh feirme tréadach chun tosaigh san ísealchríoch droimneach agus limistéir de riasca le drochdhreanáil in aice leis an mBóinn.

Tá cairéal siar ó theas ó Shláine atá folaithe go measartha maith ón mbaile agus ní mór asbhaint mianraí sa limistéir a shuíomh go cúramach mar gheall ar na radhairc leiththeadacha ar na hardtailte atá ar fáil ar thalamh ard agus laistigh de Ghleann na Bóinne.

Tá forbairtí móra tithíochta atá suite os cionn bhaile na Sláine ag cur isteach ar an radharc chomh maith. Ní oireann a scála ar chor ar bith don charachtar áitiúil dúchasach agus mar gheall ar a suíomh tá sí le feiceáil go soiléir ar feadh achair fhada ó dheas.

PRÍOMH-THRÉITHE

Geolaíocht & Ithreacha

- Tírghné chasta dhroimneach a chruthaigh gluaiseachtaí oighir.
- Aolchloch sceallach mórthimpeall ar aolchloch calp atá faoi ghleannnta torthúla na Bóinne, rud a chruthaíonn ithir dhomhain dheas-shilte.
- Tá riocht na talún oiriúnach do na crainn a mbíonn rath orthu in ithir shaorshilteach, ar nós fáibhile, dair agus teile, agus tá beith, learóg agus saileach luaite le hAbhann na Bóinne.

Úsáid Talún

- Tá ceann de na limistéir uirbeacha is mó sa chontae, An Uaimh, san LCT seo.
- Meascán de pháirceanna meánmhéide - móra tréadacha/arúla.

Úsáid Talún ar lean

- Meascán de Sheiceamar, lúir, Fearnóg agus Fáibhile a bhaineann le tírdhreach eastáit
- Aiteann in áiteanna ar mhalai ardtailte agus crainn ornáideacha bhuaircíneacha a bhaineann le forbairt ribíneach.
- Cairéal mór siar ó dheas ó Shláine.

Éiceolaíocht & Gnáthóg

- 4 limistéar Oidhreacht Náisiúnta molta (PNHA);
Coillte na Bóinne – comhdhéanta de stráice d'Abhainn na Bóinne agus coillearnach taobh leis 5km siar ó dheas ó Shláine.
Bruach Ros na Rí – páirc bheag agus oileán, mar a bhfuil fáil ar speiceas annamh luachra.
Bruach Abhainn na Sláine – Gnáthóg speiceas annamh luachra.
Baile Átha Troim – Bogach suite 5km soir ó Áth Troim, mar a bhíonn tuille go tréimhsiúil a chruthaíonn gnáthóg do thalamh riascach agus féarach tirim.
- I larrthóir Limistéar Speisialta Caomhnaithe (CSAC) *tá oileáin na Bóinne* fdéanta de ghaineamh glárach i stráice den abhainn a ghluaiseann go mall taobh thiar de Dhroichead Átha.
- I Limistéar Speisialta Cosanta (SPA), *Inbhear na Bóinne* sonraithe mar gheall ar a thábhacht mar ghnáthóg éan.
- Tá raon ilghnéitheacha gnáthóg tábhachtach tarraingteach i nGleann na Bóinne atá bainteach le hAbhainn na Bóinne. Is conair abhainn atá go maith faoi chrann atá ann.
- Líonra láidir fála sceach i bhformhór an limistéir.

Stair & Cultúr

- Talamh feirme measctha fadbhunaithe.
- Cónaí ann le 9,000 bliain,
- An Bhóinn úsáidte mar bhealach mór iompair a thugann rochtain ón gcladach go croílár Chontae na Mí.
- Seandálaíocht faoi thalamh agus nochta lena n-áirítear tuamaí pasáiste Shlí an Bhrú, Dhubhadh agus Chnóbha a thuill sonraíocht mar Ionad Oidhreacht Domhanda don limistéar
- Bunaíodh Mainistir Bheagí sa bhliain 1147 mar fho-shéipéal don Mhainistir Mhór, géilliúil do choinbhinsiún Cistéirseach an 12ú haois, agus a ndearnadh 'teach breá tuaithe' de tar éis díscáileadh na mainistreacha
- Caisleán Átha Troim a tóg Hugh de Lacu go déanach sa 12ú haois, a fuair Tiarnacht na Mí ó Annraoi II.
- Baile meánaoiseach Átha Troim, dea-chosanta, 16ú haois, 'full of very faire castles and stone houses'. D'fheidhmigh Áth Troim mar phríomhbhaile contae na Mí san 18ú haois (tháinig An Uaimh ina áit san 19ú haois)
- Tírdhreacha eastáit ar bhrucha na Bóinne lena n-áirítear Boyne Lodge, Higginsbrook, Newhaggard, Fostertown, Teach agus Muilleann Rathnally, Páirc Newtown, Beagtheach, Bellinter, Ardsallagh agus Boyne Hill lastuas den Uaimh, agus Áth Luimnigh, Blackcastle House, Ardmulchan House, Beuparc, Slane, Oldbridge, agus Dowth Hall
- Baile foirmiúil eastáit ag Sláine, ionad tábhachtach thar abhainn, droichead meánaoiseach, lastuas de shuíomh Chath na Bóinne
- Iarsmaí canála ag an Seanchaiselán

Turasóireacht

- Raidhse ionad spéise do thurasóirí a bhaineann le hoidhreacht na Mí.ath.
- Seantuaí pasáiste í Sí an Bhrú atá sonraithe mar Ionad Oidhreacht Domhanda.
- Ionad Cuairteoirí Bhrú na Bóinne
- Cnoc Shláine mar ar las N. Pádraig Tine na Cásca
- Is ionad cáiliúil é Caisleán Shláine le haghaidh coirmeacha ceoil faoin aer.
- Is fothrach mó é Mainistir Bheagí a bunaíodh sa bhliain 1147 i suíomh tarraingteach tírdhreacha agus úsáideadh í sa scannán 'Braveheart'.
- Is é Caisleán Átha Troim a thóg Hugh de Lacy sa bhliain 1173 an caisleán Angla-Normannach is mó san Eoraip.
- An Spuaic Bhuí, Baile Átha Troim.
- Léiríonn Taispeántas Talmhaíochta Ríoga na Mí naisc shoiléire le tírdhreach tuaithe na Mí.
- Is forbairt thábhachtach don turasóireacht i mBaile Átha Troim é forbairt an dá theach ósta sa bhaile.
- Tá éileamh mór ar Abhainn na Bóinne ar son na slatiascaireachta agus na bádóireachta



Cora ar an mBóinn le Caisleán Sláine sa chúla



Fálta le neart crann ar bhrucha thuaidh Ghleann na Bóinne, Cnoc Sláine sa chúla



Sí an Bhrú ón mBóinn



8. LCT 5 – Gleann na Bóinne

Lonnaíochtaí agus Struchtúir Thógtha

- Is iad Baile Átha Troim agus An Uaimh an dá phríomhbhaile i nGleann na Bóinne agus is lonnaíocht thánaisteach í Sláine.
- Foirgnimh dhúchasacha is mó atá sna lonnaíochtaí
- Tá an fhorbairt tógtha faoin tuath comhdhéanta d'áitribh aonair, de dhéanamh nua-aimseartha seachas traidisiúnta forbairt tógtha nua-aimseartha bailithe in aice le bailte agus i bhfoirm fhorbairt ribíneach.

Cur Síos ar Phríomhlonnaíochtaí

- *Baile Átha Troim*: Baile mór, tá lár tarraingteach aige le forbairt nua-aimseartha atá imeasctha go rathúil san uigeacht uirbeach. Forbairt chónaitheach ar bruacha.
- *Sláine*: Sráidbhaile mór le suíomh sonrach sa tírdhreach. Brú á chur ar an bhforbairt lastuaidh den sráidbhaile.
- *Imeall theas na hUaimhe*: Meascán d'aonaid chónaitheacha agus tionsclaíochta. Fearas mór do tháirgeadh mianraí.
- Tá an uigeacht uirbeach ag trasnail ar an tírdhreach tuaithe ó dheas.

Fórsaí Athraithe

- Bheadh forbairtí móra i mBaile Shláine agus mórthimpeall air neamhbháil do shuíomh tírdhreacha an tsráidbhaile.
- Fearas féideartha aistarraingthe agus síneadh ar oibreacha cóireáil uisce na hUaimhe.

MOLTAÍ


1. Gleann na Bóinne a chaomhnú mar thírdhreach ar leith atá ina shuíomh do Bhaile Átha Troim, Bhaile Shláine agus Shí an Bhrú, cuid de na hacmhainní stairiúla is luachmhaire sa Chontae.
2. Inmharthanacht na feirmeoireachta ar mhionscála a chomhlánaíonn carachtar an tírdhreacha a choinneáil mar go bhfuil sé rithabhachtach má táthar chun riocht gnéithe ar nós fála sceaigh, crainn fhálta sceaigh agus coillearnacha a chaomhnú.
3. Treoirlínte deartha a chumadh chun faisnéis a sholáthar faoi úsáidí talún agus cineálacha oiriúnacha forbartha, lena n-áirítear scálaí, leagan amach, suímh, ábhair.
4. Treoirlínte deartha a chumadh chun cabhrú le saoráidí nua cuairteoirí a fhorbairt agus cinn atá ann cheana a bhreiseiú lena n-áirítear limistéir pháirceála, modhanna comharthaíochta/léirmhíneithe, leithris agus ionaid phicnic.
5. Rochtain phoiblí ar an abhainn agus ar ghnéithe stairiúla a fheabhsú ar bhealach íogair trí rianta slímharcáilte agus bealaí tiomána a chruthú. Réimse iomlán na ndíol spéise sa limistéar seo a léirmhíniú agus a chur i láthair chun brú na gcuairteoirí ar shuímh tábhachtacha a mhaolú le linn buaicthréimhsí.
6. Enhance the appearance of urban Dreach na limistéar imeallach uirbeach a bhreiseiú trí chrainn agus fála sceaigh a chur agus féideartha na limistéar conláiste in aice le hionaid daonra a uasmhéadú chun críosanna maolánacha a chur ar fáil idir limistéir uirbeacha agus tuaithe. fringe areas through planting of trees and hedgerows and maximise the potential for amenity areas adjacent to population centres to provide buffer zones between urban and rural areas.
7. Meas ar scála agus ar charachtar ar leith na lonnaíochtaí stairiúla atá slán ó thaobh carachtar stairiúil go fóill. Treoirlínte a cheapadh a bhaineann go sonrach le gach lonnaíocht le cinntiú go mbíonn an fhorbairt imeasctha go cuí.
8. A thabhairt faoi deara go bhfuil conair iomlán na Bóinne sonraithe mar SAC agus an stráice ón Uaimh go Droichead Átha ina NHA. Níor chóir don fhorbairt cur isteach ar na cúiseanna go ndearnadh na sonraíochtaí seo.

9. Nuair atá forbairt á shuíomh bíodh aird ar nádúr na radharc sa limistéar seo: tá gleann na habhann caol agus ardaobhach agus mar sin tá na radhairc ar a fhad agus trasna gach taobh soiléir agus gan bhac go minic. Ba chóir forbairtí sa spéirlíne a sheachaint ach nuair a léirítear nach mbeadh aon tionchar dochrach acu nach féidir a mhaolú ar an radharc.

CUMAS FÉIDEARtha

1. Cumas féideartha íseal chun freastal ar fhoirgnimh mhóra feirme mar gheall ar íogaireacht ard an tírdhreacha agus nádúr iniata an LCT seo. Bheadh pleanáil chúramach, a chuirfeadh suíomh, dreach agus cóireáil tírdhreacha, ag teastáil d'aon fhorbairt mar seo.
2. Tá cumas féideartha meánach ann chun freastal ar shaoráidí nua do chuairteoirí. Is iomaí díol spéise do chuairteoirí atá san LCT seo ach tá saoráidí do chuairteoirí ann cheana agus ní mór a bheith cúramach nach mbíonn tionchair dhiúltacha charnacha ar an tírdhreach agus ar an gcarachtar radhairc má dhéantar tuilleadh a fhorbairt. Tá na príomhionaid cuairteoirí lonnaithe i mBaile Átha Troim, Baile Shláinte agus Sí an Bhrú (Ionad Cuairteoirí Bhrú na Bóinne).
3. Mar gheall ar luach eisceachtúil an tírdhreacha agus ardíogaireacht Ghleann na Bóinne, tá cumas féideartha íseal ag an LCT seo chun freastal ar fhorbairtí cónaitheacha iltithe. Soláthraíonn sé an suíomh do ghnéithe stairiúla a bhfuil tábhacht idirnáisiúnta ag baint leo (Ionad Oidhreacht Domhanda Bhrú na Bóinne).
4. Cumas féideartha íseal chun freastal ar thithe aon uaire. Ní mór aon fhorbairt dá leithéid a phleanáil go cúramach ó thaobh ionaid, scála agus ábhair le haird ar leith ar thionchair charnacha tithe aon uaire a bheith bailithe i limistéar ar leith, agus ar íogaireachtaí Ionad Oidhreacht Domhanda Bhrú na Bóinne.
5. Cumas féideartha meánach chun freastal ar athchóiriú foirgneamh atá ann cheana, tithe eastáit, sciobóil srl chun malairt úsáide, a fhad is go mbíonn na cineálacha úsáide oiriúnach do charachtar na bhfoirgneamh agus don tírdhreach mórthimpeall. Níor mhór iad a phleanáil go cúramach ó thaobh ionaid, scála agus ábhair de.
6. Cumas féideartha íseal chun freastal ar cháblaí lasnairde, fostáisiúin agus crainn chumarsáide mar gheall ar a bhfeiceálacht sa ghleann agus ó thaobh ionad chonair na habhann.
7. Cumas féideartha íseal chun freastal ar bhealaí nua iompair mar gheall ar luach eisceachtúil an tírdhreacha agus ardíogaireacht an LCT seo. Níor mhór uasghrádú na mbóithre atá ann cheana amach anseo a phleanáil go cúramach chun nach gcaillfí tréithe den tírdhreach a chumhdaíonn conairí bóthair agus iarnróid atá ann cheana.
8. Cumas féideartha íseal chun freastal ar sheirbhísí faoi thalamh a chuirfeadh isteach ar shláine ghnéithe den tírdhreach atá ann cheana mar gheall ar ardíogaireacht an limistéir.
9. Cumas féideartha isteach chun freastal ar thuirbíní gaoithe mar gheall ar thionchar mór na forbartha seo sa ghleann nó in aice le conair na habhann agus a shuíomh.
10. Cumas féideartha íseal do bhithmhais agus d'fhoraoiseacht thráchtála, a d'athródh carachtar nádúrtha an limistéir a bhfuil luach ard tírdhreacha aige agus atá ar scála dlúth.

8. LCT 5 – Gleann na Bóinne



- Tá riocht na talún oiriúnach do na crainn a mbíonn rath orthu in ithir shaorshilteach, ar nós fáibhile, dair agus teile, agus tá beith, learóg agus saileach in aice leis an gCanáil Ríoga.

Úsáid Talún

- Meascán de pháirceanna beaga - meánmhéide d'fhéarach garbh.
- Clampaí fáibhile agus sraitheanna fáibhile agus péine.
- Cairéil gainimh agus gairbhéil siar ó dheas ó Chnoc an Dúin agus in aice le Cill Mheasáin.

Éiceolaíocht & Gnáthóg

- 3 limistéar Oidhreacht Náisiúnta molta (PNHA); *Coimín Dhamhliag* – Riasc cothrom draenáilte siar ó thuaidh ó Dhamhliag.
Portach Bhaile Thomáis – 3km siar ó Dhamhliag, tá an portach ardaithe seo timpeallaithe ag coillearnach fhliuch agus féarach.
Coillte Bhaile an Rátha – stráicí caola coillearnaí in aice leis an N2 agus an L125.
- Seascann 'Cromwell's Bush'* – Limistéar Spéise Eolaíochta (ASI) tráth
- Cairéil Painstown* - Limistéar Spéise Eolaíochta (ASI) tráth
- Cairéil Cruicerath* - Limistéar Spéise Eolaíochta (ASI) tráth
- líonra láidir fála sceach i bhformhór an limistéir.
- Réimse de roschoillte lánfhásta leathanduilleacha agus sraitheanna péine. Roinnt gnáthóg bogaigh agus féarach fliuch in aice leis an gCanáil Ríoga
- Tá Conair Abhainn na Bóinne agus Abhainn Áth na gCloch tábhachtach mar gheall ar na gnáthóga éagsúla a bhaineann leis na haibhneacha.

Stair & Cultúr

- Talamh feirme measctha fadbhunaithe.
- An Chanáil Ríoga
- Tírdhreacha eastáit
- Seandálaíocht faoi thalamh gan mórán gnéithe stairiúla ina seasamh.
- Tá croí stairiúil ag Damhliag le roinnt foirgneamh agus déantán.

Turasóireacht

- Is bealach bádóireachta siamsaíochta í an Chanáil Ríoga ó Bhaile Átha Cliath go dtí an Muileann Cearr a bhfuil ardéilimh air.
- Ba luachmhar an rud é siúlóidí sonraithe a shíneadh ó Bhealach na Canála Ríoga atá ann cheana agus naisc a chur ar fáil go láithreacha turasóireachta / bailte oidhreacht eile.
- Tá roinnt saoráidí turasóireacht ag Diméin Summerwille ag Baile Ceannt agus tá an cumas ann chun saoráidí eile a fhorbairt.

Lonnaíochtaí agus Struchtúir Thógtha

- Is é Maigh Dearthmaí an phríomhlonnaíocht. sráidbhailte beaga an cineál lonnaíochta is coitianta, agus tá roinnt sráidbhailte de mheánmhéid agus sráidbhailte móra ann
- Foirgnimh dhúchasacha is mó atá sna lonnaíochtaí • Tá an fhorbairt thógtha faoin tuath comhdhéanta d'áitribh aonair, de dhéanamh nua-aimseartha seachas traidisiúnta, agus forbairt tógtha nua-aimseartha bailithe in aice le Cluain Ioraird.

Cur Síos ar Phríomhlonnaíochtaí

- Maigh Dearthmaí*: Sráidbhaile mór le lár tarraingteach ar mhionscála, ach bíonn an-chuid tráchta ann. Níl aon fhorbairt nua sa lár ach tá forbairtí móra tithíochta ar na himill.
- Damhliag*: Baile beag le faiche tharraingteach sráidbhaile. Meascán d'fhorbairtí nua ar an imeall uirbeach nach bhfuil báuil leis an suíomh tarraingteach.
- Cill Dealga*: Sráidbhaile beag a d'fhorbair go mór le blianta beaga anuas. Níl aon chroí ceart ag an sráidbhaile, ach tá tírdhreach tarraingteach máguaird.
- Caisleán Riocaird*: Sráidbhaile beag tarraingteach le fothrach caisleáin agus eaglais os cionn na habhann. Is beag an míleadh atá déanta ar an timpeallacht tógtha.



Cairéal lasmuigh de Chill Dealga.



Príomhshráid Chill Dealga tá easpa seirbhísí ann i gcomparáid le méid na lonnaíochta.



Imeall uirbeach, Maigh Dearthmaí



Príomhshráid, Maigh Dearthmaí: sráid tharraingteach leathan

8. LCT 6 – Ísealchríocha lárnacha

MOLTAÍ

1. Tá an LCT seo i ndeá-riocht agus mar sin ba chóir na modhanna atá ann cheana chun an tírdhreach tuaithe a bhainistiú a choinneáil.
2. Tá an cumas ann chun lonnaíochtaí Mhaigh Dearmhaí, Chill Dealga agus Chionn Átha Gad a fhorbairt mar ionaid d'imeachtaí ar nós margáí rialta feirmeoirí chun naisc idir limistéir uirbeacha agus tuaithe a mhéadú agus eacnamaíocht inmharthana tuaithe a chothú.
3. Ba chóir go dtarlódh forbairt bhreise ar lonnaíochtaí de réir na dtreoirilínte deartha ó thaobh leagan amach, scála, mionsonrú, úsáid ábhar agus suíomh. Ba chóir a chinntiú chomh maith go gcoinnítear na teagmhálacha láidre atá ann idir limistéir uirbeacha agus tuaithe.
4. Naisc leis an gCanáil Ríoga sa cheantar cóngarach (LCT 14) a chothú chomh maith le léirmhíniú nádúr stairiúil an LCT seo lena n-áirítear tírdhreacha eastáit ón 18^ú haois, seandálaíocht faoi thalamh agus bailte stairiúla.
5. Caighdeán radhairc an tírdhreacha a choinneáil trí fhorbairt a sheachaint a chuirfeadh isteach ar radhairc gearr-raoin idir droimíní.
6. Aird ar leith a thabhairt ar thírdhreacha ardchaighdeán ar mhullaigh na ndroimíní a choinneáil, radhairc atá le feiceáil ó Chnoic na Teamhrach agus na Scríne in LCT 12.
7. Aird a thabhairt ar shuímh shonraithe náisiúnta agus Eorpacha ar theorainn na hIarmhí.

CUMAS FÉIDEARTHA

1. Tá feirmeacha ar mheánsála den chuid is mó ina ghné den LCT seo agus mar sin d'athródh foirgnimh mhóra talmhaíochta a charachtar. Tá iogaireacht mheánach agus ardluach tírdhreacha freisin ag an LCT seo. Ar an iomlán tá cumas meánach féideartha ann chun freastal ar fhorbairt mar seo.
2. Cumas féideartha ard chun freastal ar shaoráidí cuairteoirí cé nach bhfuil aon mhóronad spéise san LCT seo agus go mbeadh aon fhorbairt dá leithéid ar mhionscála, m.sh. rianta slímharcáilte, bealaí tiomána scéimheacha srl. Bheadh cumas ard cumhdaigh ag an líonra láidir crann agus fála sceach.
3. Cumas meánach chun freastal ar fhorbairtí iltithe cónaitheacha mar gur gné iad cheana féin ar imill na mbaile agus gur féidir le struchtúr láidir tírdhreacha na bpáirceanna beaga le teorainneacha soiléire agus coillearnach freastal ar fhorbairtí dea-phleanáilte.
4. Cumas féideartha meánach – Is cuid de charachtar an tírdhreacha seo iad tithe aon uaire ach níor mhór forbairtí sa todhchaí a phleanáil go cúramach ó thaobh deartha, suíomh, scála agus ábhair de le haird ar na tionchair charnacha a bheadh ag líon tithe aon uaire i limistéar ar leith.
5. Cumas féideartha meánach chun freastal ar athchóiriú foirgneamh atá ann cheana, tithe eastáit, sciobóil srl go hathrú éagsúil nó mar chuid d'athchóiriú. Níor mhór iad a phleanáil go cúramach ó thaobh ionaid, scála agus ábhair de.
6. Cumas féideartha meánach chun freastal ar cháblaí lasnairde, fo-stáisiúin agus crainn chumarsáide mar gheall ar chastacht an limistéir, ina bhfuil éagsúlacht úsáid talún agus struchtúr réagartha tírdhreacha.

7. Cumas féideartha meánach chun freastal ar bhonneagar bóthair agus ar uasghrádú ar bhóithre atá ann cheana mar go bhfuil an cumas i nádúr coille an tírdhreacha forbairtí dá leithéid a fholú agus nach bhfuil mórán gnéithe seandálaíochta i láthair.
8. Cumas meánach féideartha chun freastal ar sheirbhísí faoi thalamh mar nach bhfuil an talamh feirme agus éagsúlacht na húsáide talún chomh híogair i leith athraithe ná chomh saibhir ó thaobh na seandálaíochta is atá limistéir eile, ach ba ghá cailliúint gnéithe tírdhreacha ar nós fála sceach a sheachaint chun tionchair dhiúltacha a íoslaghdú.
9. Bheadh cumas féideartha íseal ag an LCT seo chun freastal ar fheirmeacha gaoithe mar gheall ar líon ard na nglacadóirí ach tá cumas féideartha meánach ann chun freastal ar thuirbíní aonair mar go bhféadfaí radhairc leitheadacha a theorannú níos éasca le fásra agus trí lonnú cúramach.

10. Cumas féideartha meánach chun freastal ar bhithmhais agus ar fhoraoiseacht mar gheall ar éagsúlacht na n-úsáidí talún agus struchtúr láidir an tírdhreacha. Is gné den tírdhreach í an fhoraoiseacht tráchtála cheana féin ach is gá rósholáthar don fhorbairt seo a sheachaint mar go mbainfeadh sé de struchtúr an tírdhreacha.

8. LCT 6 – Ísealchríocha lárnacha



Luacht Tírdhreacha: Measartha

Íogaireacht Tírdhreacha: Ard

Tábhacht Tírdhreacha: Réigiúnach

CUR SÍOS AR AN TÍRDHREACH

Is limistéar mór d'ísealchríoch an chósta thoir é an machaire cósta atá roinnte ag inbhear Abhainn na hAiní. Tugtar an 'Cósta Óir' air. Ísealchríoch droimneach scrobarnach in aice leis an gcósta atá sa limistéir agus clampaí péine anseo agus ansiúd ann. Is gleann abhann le bruacha géara é inbhear na hAiní agus coillearnach tharraingteach mheasctha mar theorainneacha air. Is é an M1 ó Bhaile Brigín go Droichead Átha, a thrasnaíonn Abhainn na hAiní ag Baile Iúiliáin, an príomhbhealach iompair. Tá an fhorbairt tógtha cruinnithe ar an gcósta le meascán d'aonaid úsáide measctha, tithe ósta agus bialanna. Forbairt ribíneach atá i bhformhór na forbartha cónaithí agus na forbairtí nua-aimseartha cruinnithe in aice le príomhlonnaíochtaí Bhaile an Bhiataigh, Bhaile na hInse, Bhaile Uí Mhornaín, agus Bhaile Iúiliáin.

Tá Baile an Bhiataigh suite leath bealach idir Abhainn na hAiní agus inbhear na Bóinne. Is é an lonnaíocht is mó ar an gcósta é, agus é dírithe den chuid is mó ar thurasóireacht. Tá saoráidí úsáid mheasctha bailithe ann, agus teach ósta agus árasáin atá á dtógáil faoi láthair taobh ó dheas den bhaile. Tá an mhórchuid den fhorbairt tógtha mór agus as comhthéacs sa bhaile measartha iargúlta cósta seo. Tá an tírdhreach mórtimpeall díghrádaithe go háirithe ar an imeall uirbeach.

Tá Baile na hInselonnaithe ag béal inbhear Abhainn na hAiní gné tharraingteach de limistéar an chósta. Níl forbairt tráchtála chomh mór céanna ar Bhaile na hInse agus atá déanta ar Bhaile an Bhiataigh, agus tá croí soiléir ann. Tá ardáin tharraingteacha agus tithe leathscartha seanré ar an gcósta, ach tá a lán díobh siúd ar an bpríomhshráid i ndrochord. Tá eastát gránna tithíochta ó na 1950í ann chomh maith lena aghaidh ar an gcósta. Tá suíomh an tírdhreacha cosúil le Baile an Bhiataigh le himeall díghrádaithe uirbeach.

Tá radhairc fadléargais ar fáil ar an gcósta, ach mar gheall ar thopagrafaíocht chothrom an tírdhreacha agus fála rófhásta, níl radhairc intíre le fáil go réidh ón gcósta.

PRÍOMH-THRÉITHE

Geolaíocht & Ithreacha

Tá ithreacha doimhne le drochdhraenáil cruthaithe ag aolchlocha scealla ó thuaidh agus ísealchríoch scrobarnach móinteach cruthaithe ag barrithir mhóinteach in aice le béal inbhear na Bóinne mar a bhfuil clampaí péine.

Tá meascán de bharrithir mhóinteach cruthaithe ag an gcósta ag scealla le haolchloch agus cloch ghainimh idirchisealaithe agus gréabhac le hisealchríoch fhluch scrobarnach a athraíonn go hithreacha doimhne mianraí atá forbartha do thalamh féarach feirme ag imeall ardtailte Bhaile an Bhiataigh.

Tá riocht na talún oiriúnach do na crainn a mbíonn rath orthu in ithir shaorshilteach, ar nós fáibhile, darach agus teile, agus tá speicis níos fliche, beith, learóg agus saileach in aice leis inbhear Abhainn na hAiní.

Úsáid Talún

- Meascán de pháirceanna beaga - meánmhéide d'fhéarach garbh. Clampaí péine agus de choillearnach mheasctha in aice leis na hinbhí. Is bealach loings go Droichead Átha é Inbhear na Bóinne.

Éiceolaíocht & Gnáthóg

- I Limistéar Speisialta Cosanta molta (SPA) *Inbhear na Bóinne* – sonraithe mar gheall ar luach na gnáthóige seo d'éin imirce..
- Fála scáinte scrobarnacha rófhásta.
- Réimse de choillearnach leathanduilleach in aice leis na hinbhí agus clampaí péine ag an gcósta.
- Stráice fada de chósta leanúnach a chuireann gnáthóg luachmhar ar fáil d'éin mhara.
- Roinnt gnáthóg bogaigh in aice le hAbhainn na hAiní.

8. LCT 7: machaire cósta

Stair & Cultúr

- Talamh feirme measctha fadbhunaithe.
- Abhainn na Bóinne
- Tírdhreacha eastáit

Turasóireacht

- Limistéar tarraingteach é inbhear na Bóinne a chothaíonn réimse gnáthóg.
- Tá cósta leanúnach ag an Mhí a chuireann limistéar mór ar fáil do ghníomhaíochtaí siamsaíochta, agus is í an rásaíocht capall ar thrá Bhaile na hInse an t-imeacht is suntasaí.
- Galfclub Bhaile an Bhiataigh.
- Tá an-éileamh ar shliatiascaireacht ar Abhainn na hAiní agus Dhuibhlinne.

Lonnaíochtaí agus Struchtúir Thógtha

- Is iad Baile an Bhiataigh, Baile na hInse agus comharsanacht Dhroichead Átha na lonnaíochtaí is mó.
- Bailte beaga den chuid is mó atá sna lonnaíochtaí lena n-áirítear Steach Maoilín agus Baile Mhic Gormáin.
- Foirgnimh dhúchasacha is mó atá sna lonnaíochtaí
- Tá an fhorbairt tógtha comhdhéanta de mheascán d'fhorbairtí tráchtála ar an gcósta, agus forbairt chónaitheach ribíneach den chuid is mó ar an gcósta.

Cur Síos ar Phríomhlonnaíochtaí

- *Baile an Bhiataigh*: Baile beag ar an gcósta thoir. Forbairt shuntasach tráchtála ag freastal ar thurasóireacht. Gan foirgnimh dhúchasacha.
- *Baile na hInse*: Baile beag ag béal Abhainn na hAiní. Baineann eastát gránna tithíochta ó na 1950í de chaighdeán an tsuimh ar an gcósta. Níl croí soiléir ag an mbaile.

Fórsaí Athraithe

- Roinnt mhaith talún críosaithe do thithíocht sa todhchaí, do chonairí iompair agus d'úsáidí tionsclaíochta troma.
- Easpa bainistíochta ar fhálta sceach, fálta crann á ndíghrádú agus roinnt fálta sceach á gcailliúint.
- Forbairt leitheadach ar an gcósta, go háirithe i mBaile an Bhiataigh, nach n-oireann do chomhthéacs suíomh an bhaile.

MOLTAÍ


1. Na Limistéir Oidhreacht Náisiúnta a bhaineann leis na hinbhir a chosaint agus a chaomhnú mar aon leis na radhairc fadraoin atá le fáil ó na limistéir seo d'Aibhneacha na Bóinne agus na hAiní agus iad á n-úsáid mar acmhainn turasóireachta agus oideachasúil.©
2. Treoirlínte deartha a fhorbairt d'fhorbairt in aice le hinbhir na Bóinne agus na hAiní mar go bhfuil carachtar iargúlta scartha acu, rud annamh san ionad cósta seo, agus ba chóir iad a chosaint dá bhrí sin. Imill uirbeacha na mbaile cósta ar nós Bhaile na hInse, Bhaile an Bhiataigh, agus Bhaile Mhórnaí a chomhdhlúthú chun trasdul a chruthú idir na láir shoiléire uirbeacha agus an suíomh tuaithe, trí chriosanna foscaigh agus spásanna conláiste a chruthú.
3. Líne iarnróid an chósta thoir a fhorbairt mar acmhainn luachmhar turasóireachta a chruthódh rochtain éasca Aduaidh agus Aneas chuig ionaid spéise agus gníomhaíochtaí siamsaíochta a bhaineann leis an gcósta.
4. Treoirlínte deartha a fhorbairt chun go mbeadh bailte ar nós Bhaile Mhic Gormáin agus Steach Maoilín in ann forbairt ar bhealach comhleanúnach ó thaobh scála agus stíl ailtireachta de le hómós don suíomh tírdhreacha trí sholáthar a dhéanamh do phlandáil dhúchasach chun imeall uigeach uirbeach a chruthú.



Forbairt mhórsála i mBaile an Bhiataigh.



forbairt tithíochta 1960í i mBaile na hInse



An trá ag Baile na hInse



Tithe tarraingteacha seanré os cionn na trá ag Baile na hInse.

8. LCT 7: machaire cósta

CUMAS FÉIDEARTHA

1. Cumas féideartha íseal chun freastal ar fhoirgnimh talmhaíochta mhórsála mar nach réiteodh siad le carachtar dúchasach na háite. Mar gheall ar ardíogaireacht an limistéir seo tá sé leochaileach ó thaobh athraithe de.
2. Cumas féideartha íseal chun freastal ar shaoráidí mórsála do chuairteoirí amhail tithe ósta agus coimpléisc mar gheall ar íogaireacht choibhneasta an LCT seo agus a lán de na saoráidí seo a bheith ann cheana féin.
3. Cumas meánach féideartha chun glacadh le saoráidí mionsála ar nós rianta slímharcáilte a chruthódh deiseanna chun riocht an tírdhreacha a fheabhsú.
4. Cumas féideartha meánach chun glacadh le forbairtí cónaitheacha iltithe mar gur cuid den carachtar atá ann cheana iad. Ní mór aird ar leith a thabhairt áfach ar dhearadh, suíomh scála agus ábhair chun tionchair charnacha dhochracha a sheachaint.
5. Cumas féideartha meánach chun freastal ar líon beag tithe aon uaire ar cuid de carachtar an tírdhreacha iad cheana féin. Ní mór forbairt a phleanáil amach anseo áfach ó thaobh deartha, suíomh, scála agus ábhair de chun tionchair charnacha dhochracha a sheachaint.
6. Cumas féideartha meánach chun freastal ar athchóiriú foirgneamh / tithe eastáit/ sciobóil srl le haghaidh úsáidí eile nó mar chuid d'athchóiriú. Níor mhór iad a phleanáil go cúramach ó thaobh ionaid, scála agus ábhar de.
7. Cumas féideartha íseal chun freastal ar cháblaí lasnairde, fo-stáisiúin agus crainn chumarsáide mar gheall ar radhairc fadraoin ar líne an chósta.
8. Cumas féideartha íseal chun freastal ar bhonneagar nua bóthair mar gheall ar íogaireacht an tírdhreacha. Cumas féideartha meánach chun freastal ar uasghrádú bóithre mar gheall ar nádúr coille mhórán de na conairí bóthair.
9. Cumas féideartha íseal chun freastal ar sheirbhísí faoi thalamh mar go bhfuil an tírdhreach an-íogair agus go bhféadfaí tuilleadh fála sceaigh a chailliúint agus go ndíghrádófaí an talamh feirme.
10. Cumas féideartha meánach – go híseal chun freastal ar fheirmeacha gaoithe agus ar thuirbíní aonair mar gheall ar na radhairc leitheadacha ar an gcósta ón thalamh intíre na Mí agus chontaetha eile sa chomharsanacht.
11. Cumas féideartha meánach chun freastal ar bhithmhais mar gheall ar ilghnéitheacht na húsáide talún agus struchtúir láidre thírdhreacha. Cumas féideartha meánach chomh maith d'fhoraoiseacht tráchtála mar gur gné den tírdhreach í cheana féin. Ní foláir rósholáthar a sheachaint áfach mar go gcuirfeadh sé isteach ar struchtúr an tírdhreacha.

8. LCT 7: machaire cósta



Luacht Tírdhreacha: An-Ard

Íogaireacht Tírdhreacha: Ard

Tábhacht Tírdhreacha: Réigiúnach

CUR SÍOS AR AN TÍRDHREACH

Conair abhann iniata le coillte a shíneann ó chósta thoir na Mí ag Baile na hInse go Damhliag. Is é an R132 ó Bhaile Brigín go Droichead Átha, a thrasnaíonn Abhainn na hAiní ag Baile Iúiliáin, agus an R152 go Droichead Átha, le seachbhóthar timpeall Damhliag, na príomhbhealaí iompair. Tá an fhorbairt tógtha teoranta ag conair iniata na habhann. Is é sráidbhaile beag Bhaile Iúiliáin in aice le habhann na hAiní an phríomhlonnaíocht.

Tá Baile Iúiliáin tógtha timpeall ar Theach Ósta an Old Mill, muileann athchóirithear imeall na habhann, agus teach tábhairne an Julianstown Inn. Níl aon chroí ag an mbaile cé go bhfuil raidhse foirgneamh ón tseanré ann do shráidbhaile beag. Tógadh an Julianstown Inn agus The Old Mill san 19^ú haois agus tá sraith tharraingteach d'ardáin sheanré ar thaobh amháin den phríomhshráid. Tá forbairt mhór tithíochta nua-aimseartha ar imeall an tsráidbhaile, agus ní réitíonn a scála ná a stíl, le cumhdach copair, le carachtar na háite.

Tá conair Abhainn na hAiní an-iniata le coillearnach mheasctha agus balla fada cloiche ó Bhaile Iúiliáin go dtí aomhail an R154 agus an R152. Tá machaire tarraingteach de bhogach agus d'fhéarach déanta ag an abhainn ag Damhliag, agus níos faide soir tá sé iata ag coillearnach agus osclaíonn sí amach ina hinbhear leathan le guairí agus bruacha géara le crainn. Ritheann an t-inbhear faoi sheandroichead iarnróid ag Baile na hInse, a fhreastalaíonn ar líne an chósta thoir. Tírdhreach tarraingteach atá ag Abhainn na hAiní le coillearnach leitheadach mheasctha agus féarach le gnáthóga éagsúla.

Geolaíocht & Ithreacha

Tá carraigeacha agus ithreacha éagsúla forleagtha ar aolchloch – cré bholáin, céamaí agus eiscir – a bhformhór sil-leagtha ag oighearshrutha leáite chun machaire ísealchríche atá cothrom den chuid is mó a chruthú.

Cruthaíonn aolchloch sceallach, basalt agus eibhear ithreacha mianraí le drochdhraenáil agus barrithreacha móinteacha faoi inbhear Abhann na hAiní.

Tá riocht na talún oiriúnach do na crainn a mbíonn rath orthu in ithir shaorshilteach, ar nós fáibhile, darach agus teile, agus tá speicis níos fliche, beith, learóg agus saileach in aice leis hinbhear Abhainn na hAiní.

Úsáid Talún

- Meascán de pháirceanna beaga - meánmhéide d'fhéarach garbh.
- Clampaí péine agus de choillearnach mheasctha in aice leis na hinbhir.
- Is bealach loingis go Droichead Átha é Inbhear na Bóinne.

Éiceolaíocht & Gnáthóg

- Gan sonraíochtaí
- *Suíomh tábhachtach d'fhiadhúlra éan* is ea Inbhear na hAiní.
- Fálta scáinte scrobarnacha rófhásta.
- Réimse de choillearnach measctha leathanduilleach i gconair na habhann.
- Roinnt gnáthóg bogaigh in aice le hAbhainn na hAiní.

Stair & Cultúr

- Talamh feirme measctha fadbhunaithe.
- Abhainn na hAiní

Turasóireacht

- Acmhainn luachmhar fiadhúlra is ea Abhainn na hAiní, go háirithe an t-inbhear in aice le Baile na hInse.
- Tá éileamh ar shliatascuireacht ar Abhainn na hAiní.
- Chuirfeadh siúlóid cois abhann a bheadh pleanáilte go hógair le taitneamh daoine sa tírdhreach ar leith seo.
- Sonairte, an tIonad Náisiúnta Éiceolaíochta in aice le Baile na hInse.

8. LCT 8 – gleann na hAiní

Lonnaíochtaí agus Struchtúir Thógtha

- Is é Baile Lúiliáin, sráidbhaile beag, an lonnaíocht is mó.
- Foirgnimh dhúchasacha is mó atá sna lonnaíochtaí
- Tá forbairtí tógtha comhdhéanta d'fhoirgnimh dhúchasacha agus d'fhorbairtí cónaitheacha nua-aimseartha.

Cur Síos ar Phríomhlonnaíochtaí

- *Baile Lúiliáin*: Sráidbhaile beag timpeall ar theach tábhairne agus teach ósta, le tithe beaga tarraingteacha seanré. Forbairt mhór tithíochta nua-aimseartha ar an imeall le stil nach bhfuil de réir charachtar ná comhthéacs na comharsanachta.

Fórsaí Athraithe

- Easpa bainistíochta ar fhálta sceach, fálta crann á ndíghrádú agus roinnt fálta sceach á gcailliúint.
- Ní bheadh forbairt ionchasachleiththeadach chónaitheach ag teacht le comhthéacs ná le suíomh an tsráidbhaile ag Baile Lúiliáin.

MOLTAÍ


1. Sláine an tírdhreacha feirmeoireachta mar is mó atá tionchar stairiúil an 18th haois le feiceáil a choinneáil. Ba chóir dreasachtaí a chur ar fáil mar spreagadh d'úinéirí talún chun fearann páirce eastáit, ascaillí de chrainn lánfhásta fhearann páirce, ballaí teorann agus fálta bearrtha a choinneáil.
2. Aird a thabhairt ar ghnéithe tógtha stairiúla a chaomhnú, ar nós tithe eastáit agus foirgnimh agus struchtúir dhúchasacha eile a chuireann ar bhealach tábhachtach dearfach le carachtar an tírdhreacha. Ba chóir oiriúnú nó cuíchóiriú na ggnéithe tógtha a dhéanamh le meas ar na bunsonraíochtaí.
3. An meascán úsáid talún atá san LCT seo a choinneáil – bogach, féarach garbh, talamh feirme, coillearnach agus scrobarnach – ach cothabháil bhreisithe a spreagadh chun nach dtiocfaidh meath ar choinníoll na bhfálta sceach, na gcrann agus na mballaí teorann trí dhreasachtaí airgid d'úinéirí talún.
4. Na radhairc ardchaighdeán ar chonair neamhfhorbartha na habhann a choinneáil, go háirithe ag béal na habhann mar a bhfuil coillte ar an dá bhruach agus mar a dtagann an fharraige agus an abhainn le chéile i dtírdhreach an-tarraingteach.
5. Aird a thabhairt ar luach éiceolaíochta na habhann agus an bhogaigh, na nguairí agus na réileán láibe, na coillearnaí agus an limistéir chósta. Tá sonraíocht NHA ag cuid mhaith de seo agus tábhacht náisiúnta aige don fhiadhúlra. Ní mór na gnéithe seo a chaomhnú, a bhreisiú más gá, agus dea-bhainistiú a dhéanamh orthu.
6. Forbairt nua atá oiriúnach do charachtar fhoriomlán an tírdhreacha, agus a chomhdhlúthaíonn lonnaíochtaí ar nós Bhaile Lúiliáin atá ann cheana seachas iad a leathnú amach, a chothú. Chabhródh treoirlínte deartha a thugann eolas faoi stíleanna dúchasacha áitiúla leis an gcuspóir seo.
7. Na deiseanna chun cuairteoirí a mhealladh chun an limistéir seo a uasmhéadú trí bhealaí iompair poiblí idir an stáisiún traenach agus príomhionaid spéis an limistéir a fheabhsú.



Julianstown Inn in aice leis an R152.



Tithe tarraingteacha seanré i mBaile Lúiliáin.



Inbhear Abhainn na hAiní



Droichead iarnróid thar inbhear na hAiní in aice le Baile na hInse

8. LCT 8 – gleann na hAiní

CUMAS FÉIDEARTHA

1. Cumas féideartha íseal d'fhoirgnimh mhóra feirme mar gheall ar nádúr mionscála na habhann agus an patrún páirceanna máguaird.
2. Cumas féideartha íseal chun freastal ar aon struchtúr tógtha don turasóireacht, ach cumas féideartha meánach chun freastal ar bhreiseanna mionscála ar nós rianta slímharcáilte, ionaid phicnic srl.
3. Cumas féideartha íseal d'fhorbairt chónaitheach iltithe mar nach mbeadh an fhorbairt seo ag teacht le mionscála nádúrtha chonair na habhann.
4. Cumas féideartha íseal do thithe aon uaire mar gheall ar nádúr íogair na habhann agus a suímh.
5. Tá ardchumas féideartha ann chun freastal ar athchóiriú foirgneamh atá ann cheana ach ní mór d'athchóiriú úsáidí a bheith oiriúnach do nádúr mionscála agus d'íogaireacht fhoriomlán an LCT seo.
6. Cumas féideartha íseal chun freastal ar cháblaí lasnairde mar go gcuirfeadh siad athrú mór ar charachtar nádúrtha na habhann agus a suímh.
7. Cumas féideartha íseal chun freastal ar fhorbairt bóithre nua agus ar uasghrádú bóithre atá ann cheana mar go gcuirfeadh siad athrú mór ar charachtar nádúrtha na habhann agus a suímh. D'fhéadfadh tionchair dhochracha a bheith ag aon fhorbairt ar chonair bóthar an N1 ar shuíomh cois abhann Bhaile Lúiliáin.
8. Cumas féideartha íseal chun freastal ar sheirbhísí faoi thalamh, mar gur limistéar an-íogair atá ann agus go bhféadfaí a charachtar mionscála a athrú.
9. Cumas féideartha íseal chun freastal ar thuirbíní i ngrúpaí nó ina n-aonar mar gheall ar nádúr mionscála an LCT seo agus na tionchair a d'fhéadfadh a bheith acu ar radharc agus ar shuíomh na habhann.
10. Cumas féideartha íseal do bhithmhais agus d'fhoraoiseacht tráchtála mar go mbeadh siad contrártha le carachtar coillearnaí measctha agus féarach garbh an limistéir.



Luacht Tírdhreacha: An-Ard

Íogaireacht Tírdhreacha: Measartha

Tábhacht Tírdhreacha: Réigiúnach

CUR SÍOS AR AN TÍRDHREACH

Tá Cnoic Bhaile an Bheileogaigh comhdhéanta de limistéar mór iargúlta de chnoic dhroimneacha soir ó dheas ó Dhamhliag, áit dhianbhainistithe le fála crann. Cruthaíonn an tírghné dhroimneach comhsaol iata. Tá forbairt tógtha comhdhéanta d'áitribh scartha scaipthe faoin tuath agus forbairt ribíneach ar na bóithre tuaithe, agus tá cnuasach áitreabh i mBaile an Bheileogaigh.

Is gné shuntasach den tírdhreach é an LCT seo ó na hisealchríocha i dtalamh feirme oirthear na Mí agus tugann sé radhairc den scoth thar na hisealchríocha agus líne an chósta. Is é an ráschúrsa agus forbairt ribíneach in aice leis an ráschúrsa príomhghnéithe shráidbhaile Bhaile an Bheileogaigh.

Tá tírdhreach oscailte dea-bhainistithe sna hardtailte le fála scean leitheadacha bearrtha agus páirceanna móra féaraigh agus arúla. Sna hisealchríocha agus ag bun na limistéir ardtailte, tá na patrúin pháirce níos lú agus níos mó crann sna fála scean. Tá dea-riocht go ginearálta ar an tírdhreach.

PRÍOMH-THRÉITHE

Geolaíocht & Ithreacha

- Gréabhac agus scealla le haolchloch leabaithe agus cloch ghainimh a chruthaigh Cnoic Bhaile an Bheileogaigh agus tá meascán d'ithreacha doimhne agus éadoimhne dea-dhraenáilte iontu atá forbartha don talmhaíocht.
- Oireann coinníollacha na talún do na crainn sin a mbíonn rath orthu in ithir dhea-shilteach ar nós fáibhile, darach, fuinseoige agus teile.

Úsáid Talún

- Meascán de pháirceanna meánmhéide - móra tréadacha agus arúla.
- Fála scean dea-bhainistithe
- Roinnt cairéil mhóra

Éiceolaíocht & Gnáthóg

- Gan sonraíochtaí
- *Ardtailte Bhaile Uí Bheileogaigh* limistéar Limistéar Spéise Eolaíochta (ASI) tráth
- Fála scean dea-bhainistithe agus aiteann sna hardtailte.

Stair & Cultúr

- Talamh feirme measctha fadbhunaithe.
- Ardtailte Bhaile Uí Bheileogaigh

Turasóireacht

- Bíonn cruinnithe éagsúla rásaíochta i Ráschúrsa Bhaile Uí Bheileogaigh i rith an tséasúir.
- Galfclub Bhaile Uí Bheileogaigh.
- Cuireann ardtailte Bhaile Uí Bheileogaigh radhairc lánleargais ar fáil ar ísealchríocha agus ar líne chósta na Mí.

Lonnaíochtaí agus Struchtúir Thógtha

- Is é Baile Uí Bheileogaigh, sráidbhaile beag, an lonnaíocht is mó.
- Sráidbhailte/gráigeanna is mó atá sna lonnaíochtaí lena n-áirítear Ard Catha agus Cluain Ailbhe.
- Foirgnimh dhúchasacha is mó atá sna lonnaíochtaí
- Tá an fhorbairt tógtha comhdhéanta d'fhoirgnimh dhúchasacha i suíomh tarraingteach tírdhreacha.

Cur Síos ar na Príomhlonnaíochtaí .

- *Baile Uí Bheileogaigh* : Sráidbhaile beag atá comhdhéanta d'fhorbairt ribíneach le radhairc lánleargais thar an ísealchríoch.

8. LCT 9 – cnoic bhaile uí bheileogaigh

Fórsaí Athraithe


- D'athródh aon fhorbairt tógtha carachtar iargúlta an limistéir.
- Forbairt ar bun i gContae Fhine Gall taobh leis.

MOLTAÍ

1. Sláine thírdhreach feirmeoireachta an 18^ú hAois a choinneáil trí bhainistiú fhearann páirce na n-eastát, ascaillí crann lánfhasta, balla teorainn agus sceacha bearrtha, a spreagadh.
2. Sláine Bhaile Uí Bheileogaigh mar ionad suntais sa limistéar ginearálta a chaomhnú agus radhairc fadraoin ó Bhaile Uí Bheileogaigh a chur san áireamh nuair a bhíonn forbairt á shuíomh i limistéir ísealchríche in aice leis.
3. Luach éiceolaíoch na suíomh sonraithe a choinneáil sa líonra gnáthóg atá cruthaithe ag crainn na talún talamh feirme agus ag fála sceach.
4. Forbairt nua atá oiriúnach do charachtar fhoriomlán an tírdhreacha, agus a chomhdhlúthaíonn lonnaíochtaí atá ann cheana seachas forbairt ribíneach ar na conairí bóthar, a chothú.
5. Leanúint ar aghaidh le cleachtais bhainistíochta atá ann cheana chun an talamh feirme dea-bhainistithe atá san LCT seo a bhuanú.
6. Leanúint ar aghaidh le cur chun cinn ráschúrsa Bhaile Uí Bheileogaigh mar phríomhionad cuairteoirí an LCT seo.
7. Straitéis a fhorfheidhmiú chun limistéir teorann an chontae a chosaint ó fhorbairt ionchasach i gContae Fhine Gall.

CUMAS FÉIDEARtha

1. Cumas féideartha meánach chun freastal ar fhoirgnimh feirme ar mhórsála, mar go bhfuil feirmeoireacht an limistéir ar mhórsála de ghnáth. Ach d'fhéadfadh a lán suíomh a bheith an-fheiceálacha agus mar sin ba chóir an fhorbairt seo a shuíomh amach ó mhaláí cnoc feiceálacha chun tionchar suntasach radhairc a sheachaint.
2. Tá cumas féideartha meánach ann chun freastal ar shaoráidí nua do chuairteoirí. Is é an ráschúrsa i mBaile Uí Bheileogaigh an príomhionad cuairteoirí san LCT seo, agus d'fhéadfadh saoráidí breise nó breisithe a leas sin a dhéanamh. Níor mhór d'aon fhorbairt ar an ráschúrsa aird a thabhairt ar ardfeiceálacht an ráschúrsa ó na hísealchríocha máguaird.
3. Cumas féideartha íseal chun freastal ar fhorbairtí cónaitheacha iltithe mar nach mbeadh siad ag réiteach le carachtar na forbartha tógtha atá cheana féin san LCT seo. Níl aon lonnaíocht mhór sa limistéar seo a ghlacadh lena leithéid d'fhorbairt.
4. Cumas féideartha meánach chun freastal ar thithe aon uaire ar cuid de charachtar an tírdhreacha iad cheana féin. Bhainfeadh forbairt ribíneach le charachtar tuaithe an limistéir, agus ba chóir í a sheachaint.
5. Cumas féideartha meánach chun freastal ar athchóiriú foirgneamh / tithe eastáit/ sciobóil srl le haghaidh úsáidí eile nó mar chuid d'athchóiriú. Níor mhór iad a phleanáil go cúramach ó thaobh ionaid, scála agus ábhair de.
6. Cumas féideartha íseal chun freastal ar cháblaí lasnairde, mar go mbeadh siad an-fheiceálach go háirithe in ardtailte Bhaile an Bheileogaigh.





Radharc ó Ardtailte Bhaile an Bheileogaigh



ballaí cloiche dúchasacha mar theorainneacha páirceanna

7. Cumas féideartha íseal chun freastal ar sheirbhísí faoi thalamh mar go bhfuil an tírdhreach an-íogair agus go bhféadfaí tuilleadh fála sceach a chailliúint agus go ndíghrádófaí an talamh feirme.
8. Cumas féideartha íseal chun freastal ar fheirmeacha gaoithe mar gheall ar fheiceálacht na limistéar ardtailte ach d'fhéadfaí freastal ar thuirbíní aonair i limistéir ísealchríocha san oirdheisceart agus in iarthar an limistéar carachtair seo. Cumas féideartha íseal – meánach ar an iomlán.
9. Cumas féideartha íseal chun freastal ar bhithmhais agus ar fhoraoiseacht mar nach mbeadh sé ag réiteach le carachtar tréadúil an LCT mar atá sé.



Luacht Tírdhreacha: Íseal

Íogaireacht Tírdhreacha: Ard

Tábhacht Tírdhreacha: Réigiúnach

CUR SÍOS AR AN TÍRDHREACH

Is limistéar mór féarach agus talamh arúil feirme iad Ísealchríocha Thlachta in oirdheisceart na Mí, mar a bhfuil bailte Ráth Tó agus Chill Dhéagláin agus síneann sé go teorainn na Mí le Fine Gall. De bharr go bhfuil sé chomh cóngarach do limistéar cathrach Bhaile Átha Cliath tá an-bhrú forbartha ar an LCT seo. Is iad an N2 ó Bhaile Átha Cliath go Droichead Átha, an N3 ó Mhullach Eadrad go dtí An Uaimh agus an R125 ó Shord go Ráth Tó na príomhbhealaí iompair. Rinneadh forbairt tógtha shuntasach sa limistéar le blianta beaga anuas mar gheall ar fheabhsú bhonneagar bóithre na Mí agus Bhaile Átha Cliath féin. Tá forbairt mhór déanta i gcomharsanachtaí Ráth Tó agus Chill Dhéagláin agus forbairt leitheadach ribíneach in aice leis na príomhbhealaí artaireacha.

Is baile mór as an bpríomhbhóthar náisiúnta N2 í Cill Dhéagláin. De thoradh feabhsaithe ar bhonneagar na mbóithre agus fás an daonra sa chontae tá forbairt mheall déanta aice le blianta beaga anuas. Tá an-chuid forbartha nua ann i bhfoirm trádstóras, aonaid mhiondíola agus scéimeanna cónaitheacha ar mhórsála a forbraíodh ganaonstruchtúr comhleanúnach. Meascán d'fhoirgnimh dhúchasacha agus de choimpléisc mhórsála siopadóireachta nach réitíonn le carachtar ná le scála an bhaile atá i lár an bhaile, agus is ar éigean go bhfuil siad imeasctha le chéile. Tá eastáit tithíochta níos sine in iardheisceart an bhaile níos tarraingtí. Tá an tírdhreach máguaird díghrádaithe agus imeall uirbeach cruthaithe ag imeall an bhaile nach réitíonn le carachtar an tsuímh thuaithe.

Baile meánmhéide is ea Ráth Tó idir an N2 agus an N3. Cuireann an R125 nasc ar fáil idir Dún Seachlainn agus an N2. Tá an-chuid forbartha nua déanta i bhfoirm aonaid mhiondíola agus scéimeanna cónaitheacha mórsála i Ráth Tó ach ina ainneoin sin tá struchtúr agus carachtar comhleanúnach ag lár an bhaile. Tá forbairt fheiceálach ar imeall an bhaile a chruthaíonn imeall soiléir uirbeach.

Tá caighdeán na talún díghrádaithe mar gheall ar easpa bainistíochta, cailliúint fála sceach agus cailliúint pháirceanna móra in aice leis an imeall uirbeach atá ag síorleathnú amach. Tá forbairt na mbailte seo ina mbagairt ar charachtar tuaithe an limistéir.

PRÍOMH-THRÉITHE

Geolaíocht & Ithreacha

- Tá carraigeacha agus ithreacha éagsúla forleagtha ar aolchloch – cré bholláin, céamaí agus eiscir – a bhformhór sil-leagtha ag oighearshrutha leáite chun machaire ísealchríche atá cothrom den chuid is mó a chruthú.
- Tá an chuid is mó de na hithreacha dea-dhraenáilte mianraí a cruthaíodh as aolchloch agus cloch ghainimh forbartha ar son na talmhaíochta.
- Oireann coinníollacha na talún do na crainn sin a mbíonn rath orthu in ithir dhea-shilteach ar nós fáibhile, darach, fuinseoige agus teile.

Úsáid Talún

- Meascán de pháirceanna meánmhéide - móra tréadacha agus arúla.
- Forbairt tráchtála

Éiceolaíocht & Gnáthóg

- Gan sonraíochtaí
- Fálta scáinte scrobarnacha rófhásta.
- Droch-chaoi ar an imeall uirbeach.

Stair & Cultúr

- Talamh feirme measctha fadbhunaithe.

Turasóireacht

- Cuireann Broadmeadow Country House and Equestrian Centre timpeallacht shuaimhneach ar fáil le haghaidh siamsaíochta gníomhaí.
- Bíonn cruinnithe éagsúla i Ráschúrsa Thí na Sióg ar feadh an tséasúir.
- Galfchlub Chill Dhéagláin.
- Tithe ósta a osclaíodh le gairid nó atá molta i gCill Dhéagláin

Lonnaíochtaí agus Struchtúir Thógtha

- Is iad Cill Dhéagláin agus Ráth Tó na príomhlonnaíochtaí.
- Bailte móra is mó an cineál lonnaíochta atá ann.
- Gráigeanna beaga, Cill Bhríde ina measc.
- Foirgnimh dhúchasacha in easnamh sna lonnaíochtaí
- Forbairt tógtha d'fhorbairtí tráchtála, tionsclaíochta agus cónaitheacha ar na himill uirbeacha.

Cur Síos ar Phríomhlonnaíochtaí

- Cill Dhéagláin:* Baile le fás measartha atá ag fás go mór anois. Suíomh tírdhreacha bocht mar gheall ar dhrochbhainistiú agus imeall uirbeach atá ag síorfhás.
- Ráth Tó:* Baile beag le carachtar taitneamhach i lár an bhaile. Tá scála an bhaile méadaithe go mór mar gheall ar fhorbairt chónaitheach. Suíomh tírdhreacha bocht mar gheall ar dhrochbhainistiú agus imeall uirbeach atá ag síorfhás.

Fórsaí Athraithe

- Easpa bainistíochta ar fhálta sceach, fálta crann á ndíghrádú agus fálta sceach á gcailliúint.
- Forbairt leitheadach tráchtála agus chónaitheach nach bhfuil de réir chomhthéacs shuíomh na mbailte.
- Tá Cill Dhéagláin athshonraithe sa Phlean Forbartha Contae mar bhaile meánfháis.
- Forbairt ar chonairí mótarbhealaí an M2 agus an M3.

MOLTAÍ


- Beidh treoirlinnte deartha riachtanach mar bheart criticiúil nuair a ghlacfar leis an bPlean Forbartha Contae chun dreach agus feidhm na dtírdhreacha timpeall ar chonairí bóthair agus ar lonnaíochtaí a bhreisiú.
- Tá a riocht seo ag meath faoi láthair agus carachtar an tírdhreacha máguaird á ídiú dá bharr
- Dreasachtaí a chur ar fáil d'úinéirí talún chun riocht talamh feirme a fheabhsú, lena n-áirítear bainistiú fálta sceach agus crainn i dteorainneacha páirce.
- Imill uirbeacha, go háirithe i Ráth Tó agus i gCill Dhéagláin, a chomhtháthú, lena n-áirítear cóireáil chuí don tírdhreach chun imill uirbeacha a mhaolú agus deiseanna a sholáthar ar son rochtana agus siamsaíochta poiblí in bhfoisceacht ionaid daonra.
- D'fhéadfaí an dá phríomhlonnaíocht san LCT seo a fhorbairt freisin mar fhócas d'fhiontair tuaithe ar nós margaí feirme a cheadódh éagsúlú tuaithe agus a dhéanfar foráil le haghaidh nasc níos láidre idir lonnaíochtaí agus a gcomharsanachtaí tuaithe.



Forbairt úsáide measctha i gCill Dhéagláin le himeascadh lag



Imeall uirbeach, Cill Dhéagláin



Príomhshráid i gCill Dhéagláin

8. LCT 10 - the ward lowlands

CUMAS FÉIDEARTHA

1. Tá cumas féideartha meánach ann chun freastal ar fhoirgnimh mhóra feirme. Tá carachtar na talún feirme san LCT seo ar scála mór cheana féin ach tá phleanáil chúramach riachtanach chun nach mbeadh an fhorbairt seo ag cur isteach ar an imeall díghrádaithe uirbeach agus ag cur isteach níos mó ar a riocht.
2. Tá cumas féideartha meánach ann chun freastal ar shaoráidí nua do chuairteoirí. Níl aon díol spéise mór sa limistéar seo agus mar sin bheadh aon fhorbairt dá leithéid ar scála beag.
3. Cumas féideartha íseal chun freastal ar fhorbairtí iltithe mar gheall ar an bhfás mór a bhí ar an gcineál seo forbartha le blianta beaga anuas. Ba chóir an fhorbairt seo a theorannú do na limistéir uirbeacha atá ann cheana, atá sonraithe chun freastal ar an bhfás seo, agus sna suímh seo ba chóir iad a phleanáil go han-chúramach ó thaobh suímh, scála agus deartha de chun tionchair dhochracha ionchasacha a mhaolú, agus tionchair charnacha go háirithe.
4. Is cuid de charachtar na gcodanna tuaithe den LCT seo iad tithe aon uaire. Cumas féideartha meánach ann chun freastal ar an bhforbairt seo ach ní mór aon fhorbairt dá leithéid a phleanáil go cúramach ó thaobh ionaid, scála agus ábhair de le haird ar leith ar thionchair charnacha tithe aon uaire a bheith bailithe i limistéar ar leith.
5. Cumas féideartha ard chun freastal ar athchóiriú foirgneamh / tithe eastáit/ sciobóil srl le haghaidh úsáidí eile nó mar chuid d'athchóiriú. Níor mhór iad a phleanáil go cúramach ó thaobh ionaid, scála agus ábhair de.
6. Cumas féideartha íseal chun freastal ar cháblaí lasnairde, mar go mbeadh siad an-fheiceálach mear gheall ar thopagrafaíocht an tírdhreacha agus ar charachtar díghrádaithe na n-imeall uirbeach, agus go ndéanfaid siad níos measa fós iad.
7. Cumas féideartha meánach chun freastal ar fhorbairt bóithre nua mar gur chuid den charachtar atá ann cheana iad conairí gnóthacha iompair. Ní mór áfach dearadh conairí iompair (idir nua agus uasghrádú bóithre atá ann cheana) a phleanáil go cúramach chun tionchair dhochracha ar an tírdhreach a íoslaghdú agus a mhaolú agus tuilleadh cailliúint struchtúir sa tírdhreach a sheachaint. Nuair is féidir é, ba chóir conairí bóthar a athphlandáil chun a dtionchair a íoslaghdú san fhadtéarma agus a luach a mhéadú mar chonairí glasa san LCT seo.
8. Cumas féideartha íseal chun freastal ar sheirbhísí faoi thalamh mar go bhfuil an tírdhreach an-íogair agus go bhféadfaí tuilleadh fála sceaigh a chailliúint agus go ndíghrádófaí an talamh feirme.
9. Cumas féideartha íseal chun freastal ar fhorbairt feirmeacha gaoithe i ngrúpaí nó mar thuirbíní aonair mar gheall ar ardfeiceálacht agus líon mór breathnadóirí sa limistéar seo.
10. Cumas féideartha íseal chun freastal ar bhithmhais agus foraoiseacht tráchtála mar nach mbeadh sé ag réiteach le carachtar an LCT. Bheadh méadú i líon na bhfálta sceaigh dea-bhainistithe níos oiriúnaí don LCT seo.



CUR SÍOS AR AN TÍRDHREACH

Tá ísealchríocha an Oirdheiscirt comhdhéanta den limistéar idir Cnoc na Teamhrach agus an teorainn theas agus comharsanacht Dhún Bóinne. Ísealchríocha droimneacha is mó atá sa tírdhreach le limistéir mhóra de thírdhreacha tarraingteacha eastát agus na fearainn pháirce a ghabhann leo, mórthimpeall ar Dhún Samhnaí, Dhún Bóinne agus taobh ó thuaidh de Dhún Seachlainn go háirithe. Cruthaíonn an meascán d'eastáit bheaga agus d'fheirmeacha graí carachtar ar leith san fearann páirce. Is iad an R154 ó Bhaile an Bhóthair go Baile Átha Troim agus an R156 ó Dhún Bóinne go Baile Íomhair an dá phríomhbhealach iompair.

Is baile beag é Dún Samhnaí lastuaidh de Dhún Seachlainn nach ndearna an fhorbairt nua-aimseartha mórán athrú air. Tithe scartha cloiche le sonraíocht bhríci atá sna tithe dúchasacha ach tá roinnt bungalónna níos nua-aimseartha ann mar fhorbairt ribíneach ar an taobh ó thuaidh. Tá tírdhreacha eastáit Chaisleán Chillín agus Chaisleán Dhún Samhnaí mórthimpeall an tsráidbhaile. Tá balla clocha agus geataí galánta ag Caisleán Dhún Samhnaí go háirithe. Tá carachtar sainiúil ar Dún Samhnaí mar gheall ar scála dlúth an tsráidbhaile agus a shuíomh tarraingteach.

Is baile mór é Dún Bóinne le lár tarraingteach stairiúil, go háirithe faiche an tsráidbhaile atá timpeallaithe ag crainn lánfhásta teile. Is mol tábhachtach trácht a é an baile a nascann tuaisceart Bhaile Átha Cliath leis an Uaimh ó thuaidh agus le Cionn Átha Gad san iarthar. Tá forbairt leitheadach tithíochta nua-aimseartha ar an imeall agus forbairt ribíneach in aice leis na príomhbhealaí artaireacha. Tá an comhéadan idir imeall an bhaile agus an tuath mórthimpeall air i ndroch-chaoi.

Baintear úsáid leitheadach as an talamh le haghaidh féaraigh sa tuaisceart, agus tá talamh arúil níos coitianta níos faide ó dheas, go háirithe i gcomharsanacht Ráth Tó. Tá riocht an tírdhreacha ag dul i ndonacht taobh ó dheas de Dhún Seachlainn mar a bhfuil brú soiléir forbartha ann ó limistéar uirbeach Bhaile Átha Cliath (go háirithe mórthimpeall Ráth Tó agus Dhún Bóinne).

Tá an tírdhreach measartha iata mar gheall ar a thopagrafaíocht agus na fála crann ach tá radhairc níos faide ar fáil ó mhullach na ndroimníní iomadúla. Tá a lán de na radhairc srianta sna hisealchríocha ar chonairí na mbóithre agus an gcúlchríoch.

PRÍOMH-THRÉITHE

Geolaíocht & Ithreacha

- Tírghné chasta dhroimneach a chruthaigh gluaiseachtaí oighir. Tá carraigeacha agus ithreacha éagsúla forleagtha ar aolchloch – cré bhalláin, céamaí agus eiscir – a bhformhór sil-leagtha ag oighearshrutha leáite.
- Géilleann aolchloch chalp d'aolchloch sceallach agus do scealla atá leabaithe le haolchloch nó le cloch ghaineamh a chruthaíonn ithreacha doimhne dea-dhraenáilte le limistéir áitiúla de bharrithir mhóinteach agus ísealchríche atá le feiceáil mórthimpeall ar Dhún Seachlainn.
- Oireann coinníollacha na talún do na crainn sin a mbíonn rath orthu in ithir dhea-shilteach ar nós fáibhile, darach, fuinseoige agus teile.

Úsáid Talún

- Meascán de pháirceanna beaga féaraigh le roinnt páirceanna arúla móra sa deisceart.
- Clampáí beaga de choillearnach fáibhile agus beithe.
- Tírdhreacha fairsinge eastáit

Éiceolaíocht & Gnáthóg

- Gan sonraíochtaí.
- Líonra láidir fála sceach coillearnaí.
- Coillearnach fhairsing agus crainn lánfhásta.

Luacht Tírdhreacha: An-Ard

Íogaireacht Tírdhreacha: Measartha

Tábhacht Tírdhreacha: Réigiúnach

8. LCT 11 – ísealchríocha thoir theas

Stair & Cultúr

- Talamh feirme measctha fadhbunaithe.
- Tírdhreacha eastáit
- Tá Caisleán Dhún Samhnaí bunaithe ar cheann de thúrthithe Hugh de Lacy, agus cuireadh síneadh leis agus feabhas air ón 18^ú hAois i leith.
- Eaglais N. Nioclás, fothrach ón 15^ú hAois agus a chúpla - eaglais sa Chillín, a thóg duine de Mhuintir Phluincéid chomh maith.
- Is tréith ar leith iad tithe ón 18^ú hAois ó dheas ón limistéar seo.
- Ailtireach Iarnróid 1940-1960
- Túr Uisce, dearadh ó thuairim is lár an C20^ú hAois

Turasóireacht

- Galfclub Dhún Seachlainn.
- Teach agus Gairdíní Hammond
- Caisleán Dhún Samhnaí agus Chillín
- Gnéithe stairiúla i lár Dhún Búinne

Lonnaíochtaí agus Struchtúir Thógtha

- Príomhlonnaíocht i nDún Bóinne (féach cur síos ar phríomhlonnaíochtaí).
- An cineál lonnaíochta atá ann ná sráidbhailte agus bailte beaga.
- Foirgnimh dhúchasacha is mó atá sna lonnaíochtaí
- Tá an fhorbairt tógtha faoin tuath comhdhéanta d'áitribh aonair, de dhéanamh nua-aimseartha seachas traidisiúnta forbairt tógtha nua-aimseartha bailithe in aice le bailte agus i bhfoirm fhorbairt ribíneach.

Cur Síos ar Phríomhlonnaíochtaí

- *Dún Bóinne*: Baile mór fáis le lárionad tarraingteach stairiúil agus le faiche i lár an bhaile. Forbairtí mór nua-aimseartha tithíochta ar imeall an bhaile. Suíomh tírdhreacha díghrádaithe.
- *Dún Samhnaí*: Sráidbhaile beag tarraingteach le tírdhreach eastáit fairsing mórtimpeall air. Is beag an tionchar a bhí ag forbairt nua-aimseartha air go fóill. Forbairt mhór le meascán d'úsáidí á thógáil ar imeall an tsráidbhaile.
- *Dún Seachlainn*: Baile beag a d'fhás go measartha tapa de bharr a chónagarachta le Ceantar Uirbeach Bhaile Átha Cliath agus le mótarbhealach an M3.

Fórsaí Athraithe

- Rachaidh an mótarbhealach M3 atá beartaithe go mór i bhfeidhm ar scála an bhonneagair bhóthair.
- Is dócha go spreagfaidh na hacmhail mhótarbhealaí forbairt mórtimpeall orthu.
- Cuirfear leis an bhfás ar bhforbairt chónaitheach i nDún Bóinne toisc an bhonneagair bhóthair feabhsaithe.

MOLTAÍ

1. Dreasachtaí a chur ar fáil d'úinéirí talún chun riocht talamh feirme a fheabhsú, lena n-áirítear bainistiú fála sceach agus crainn i dteorainneacha páirce.
2. Tábhacht na feirmeoireachta graí do chothabháil an tírdhreacha i dtalamh feirme lár Dhún Bóinne a aithint agus inmhathanacht an tionscail seo a choinneáil slán trí fhorbairt a d'fhéadfadh cur isteach air a lonnú go hígair.
3. Imill uirbeacha lonnaíochtaí a chomhtháthú agus tús áite a thabhairt d'fhorbairt ar shuímh líonadh isteach seachas d'fhorbairt ribíneach ar na bealaí isteach i lonnaíochtaí. Cóireáil chúil tírdhreacha a úsáid ar imill na forbartha chun an t-imeall uirbeach a mhaolú. Cur chun cinn agus feabhas a chur ar imill uirbeacha chun deiseanna níos fearr áineasa agus fóillíochta a sholáthar. Ar na feabhsúcháin ar an tírdhreach tá: atógáil ar bhallaí cloiche tirime agus fála sceach a athchur áit a bhfuil siad imithe nó i ndroch-chaoi.




Tá fála sceach á gcailliúint toisc forleathnú á dhéanamh ar pháirceanna lasmuigh de Dhún Seachlainn.



Forbairt mhórsála tithíochta i nDún Seachlainn.



Imeall uirbeach, Dún Bóinne.



Faiche an bhaile, lár Dhún Bóinne.

MOLTAÍ AR LEAN.



4. Treoirínte deartha a cheapadh d'athchóiriú agus d'fheabhsú chaoi an tírdhreacha mórtimpeall na gconairí bóthair.
5. Dreasaictaí a sholáthar d'úinéirí talún chun feabhas a chur ar bhainistíocht agus inmharthanacht na talmhaíochta agus tionscail tuaithe eile a chothú.
6. Treoirínte deartha a cheapadh do chaomhnú agus d'athchóiriú na ngnéithe stairiúla amhail ballaí cloiche, foirgnimh as úsáid agus sráidbhailte eastáit.
7. Tá an fhéidearthacht ann le Dún Seachlainn agus le Dún Bóinne go ndéanfaí iad a fhorbairt freisin mar fhócas d'fhiontair thuaithe ar nós margaí feirme a cheadódh éagsúlú tuaithe agus a dhéanfar forail le haghaidh nasc níos láidre idir lonnaíochtaí agus a gcomharsanachtaí tuaithe.
8. Coillearnacha seilge ón 17^ú agus ón 18^ú hAois a chaomhnú mar acmhainn aeistéitiúil, éiceolaíochta agus conláiste.
9. Sláine thírdhreach feirmeoireachta an 18^ú hAois a choinneáil trí bhainistiú fhearann páirce na n-eastát, ascaillí crann lánfhásta, balla teorainn agus sceacha bearrtha, a spreagadh.
10. Aird a thabhairt ar shuímh shonraithe náisiúnta agus Eorpacha ar theorainn na hIarmhí.

CUMAS FÉIDEARTHA

1. Cumas meánach le haghaidh foirgneamh talmhaíochta mórsála cé go gcaithfí a bheith cúramach maidir leis an bpleanáil, cá mbeidís suite agus bheadh gá an déileáil go cúramach leis an tírdhreach chun tionchair neamhfhabhracha a sheachaint.
2. Cumas féideartha meánach le haghaidh saoráidí turasóireachta, saoráidí atá teoranta faoi láthair, cé gur díol suntais é an tógáil ar mhórsála do mheascán úsáidí atá idir lámha faoi láthair i nDún Samhnaí.
3. Cumas féideartha íseal chun freastal ar fhorbairtí iltithe mar gheall ar an bhfás mór a bhí ar an gcineál seo forbartha le blianta beaga anuas. Ba chóir an fhorbairt seo a theorannú do na limistéir uirbeacha atá ann cheana, atá sonraithe chun freastal ar an bhfás seo, agus sna suímh seo ba chóir iad a phleanáil go han-chúramach ó thaobh suímh, scála agus deartha de chun tionchair dhochracha ionchasacha a mhaolú, agus tionchair chomhshábháilte go háirithe.
4. Cumas féideartha meánach chun freastal ar thithe aon uaire le planáil chúramach ó thaobh tithe dúchasacha, deartha, scála agus ábhair de maidir leis na tionchair chomhshábháilte a bheadh ag tithe aon uaire a shuí i gceantar ar leith.
5. Cumas féideartha meánach chun freastal ar athchóiriú foirgneamh / tithe eastáit/ sciobóil srl le haghaidh úsáidí eile nó mar chuid d'athchóiriú. Tá sé tábhachtach go ndéanfaí iad a phleanáil go cúramach ó thaobh ionaid, scála agus ábhair de maidir leis na tionchair chomhshábháilte a bheadh ag tithe aon uaire a shuí i gceantar ar leith.
6. Cumas féideartha meánach freastal ar cháblaí lasnairde, ar fho-stáisiúin agus ar chrainn chumarsáide toisc an tírdhreacha droimlín a chuireann deiseanna maithe ar fáil chun forbairt dá leithéid a chur faoi cheilt nó a feiceálacht a laghdú.

7. Cumas féideartha meánach freastal ar bhealaí iompair nua. Is gné iad na príomhbhealaí iompair cheana féin sa cheantar ach ní mór uasghrádú ar na bóithre reatha a phleanáil go cúramach chun nach gcaillfí gnéithe tírdhreacha a chuireann bóthair agus iarnróid atá ann cheana féin faoi cheilt.
8. Cumas féideartha meánach freastal ar sheirbhísí faoi thalamh sa mhéid nach bhfuil an saibhreas seandálaíochta céanna sa LCT seo is atá i gceantair eile cé go mbeidh gá gnéithe tírdhreacha atá cailte, amhail fála sceach, a athchóiriú chun tionchair neamhfhabhracha a laghdú.
9. Cumas féideartha íseal le haghaidh feirmeacha gaoithe ach cumas féideartha meánach le haghaidh tuirbíní aonair má dhéantar iad a shuí go hiomchuí chun tionchair a laghdú.
10. Toisc fás fairsing a bheith ag tarlú tá an tírdhreach díghrádaithe. Dá rachfaí le bithmhais nó le foraoiseacht ar bhonn tráchtála chaillfí níos mó de na ghnéithe tírdhreacha agus dá bhrí sin tá cumas íseal féideartha ag an limistéar seo le haghaidh a leithéid sin d'fhorbairt.

8. LCT 11 - Ísealchríocha thoir theas



CUR SÍOS AR ANTÍRDHREACH

Is limistéar de thalamh ard é Cnoc na Teamhrach atá suite ó dheas ón Uaimh. Tá sé díreach buailte le príomhbhealach náisiúnta na N3, a nascann an Uaimh le Dún Seachlainn soir ó Chnoc na Teamhrach. Tá an tírdhreach comhdhéanta de chnoic leathana droimíneach, agus iad scartha óna chéile ag páirceanna móra agus beaga dea-bhainistithe, atá iata ag fála sceach tiubha agus crainn lánfhásta (fuinseog, fáibhille agus dair).

Cuireann Cnoc na Teamhrach amhaire lánléargais ar fáil amach thar an tírdhreach, áit ar féidir saibhreas na hoidhreachta sa chuid seo den Mhí a fheiceáil go soiléir. Is críochchomhartha suntasach í Eaglais na Scríne sa thaobh thoir. Chomh maith leis sin, tá líon mór ráthanna ar fud an tírdhreacha droimlín seo. Tá an tírdhreach oscailte ar an talamh ard, ach sna híséalchríocha tá coillearnach mhaith ann agus tá sé iata.

Tríd is tríd, tá an LCT seo dea-bhainistithe agus tá luach mórscéimhe aige, cé nach bhfuil caoi an tírdhreacha chomh maith céanna i gCill Mheasáin agus ó thuaidh ó Dhún Seachlainn.

Is sráidbhaile mór oidhreachta é Cill Mheasáin soir ó thuaidh ó Chnoc na Teamhrach i gcóngaracht don N3. Tá fabraic thógtha an tsráidbhaile seo díchuingeach idir stíl agus scála: tógadh aonad chónaitheacha agus oifigí nua go gasta le blianta beaga anuas agus tá siad ag teacht salach ar scála agus ar charachtar ailtireachta an tsráidbhaile. Beidh brú mór ann d'fhorbairt bhreise, toisc a chongaracht don N3 agus don M3 atá beartaithe. Dá bhrí sin, tá sé rithabhachtach go mbreithneofaí go cúramach gach forbairt sa todhchaí chun nach ndéanfar an sráidbhaile a fhairsingiú ar bhealach neamhbháil.

Is sráidbhaile é Dún Seachlainn atá suite ó dheas ó Chnoc na Teamhrach. Ritheann príomhbhealach náisiúnta an N3 tríd an mbaile agus tá Dún Seachlainn anois ina bhaile comaitéarach toisc brú a bheith ag teacht ó cheantar cathrach Bhaile Átha Cliath. Níl ach beagán foirgneamh a bhfuil díol suntais ag baint leo i nDún Seachlainn, i gcomhthéacs toise an bhaile, agus tógadh an chuid is mó den timpeallacht tógtha le 30 bliain anuas. Tá roinnt mhaith forbairtí tithíochta móra ar imeall an bhaile. Rinneadh roinnt a chomhtháthú le fabraic an bhaile, cé go bhfuil scála agus stíl na bhforbairtí cónaitheacha, tríd is tríd, tar éis timpeallacht leadránach a chruthú.

Úsáid talún féaraigh den chuid is mó le pócaí beaga de thalamh arúil sna tailte arda agus sna híséalchríocha araon. Tá roinnt garrán beagann salimistéar ach níl aon fhoraoiseacht dhéanamh ar bhonn tráchtála. A bhuíochas le hoidhreachtaí shuibhir an limistéir seo, cuireadh srian go pointe áirithe ar fhorbairt, ach amháin an fhorbairt a rinneadh le déanaí ar bhonneagar iompair.

Is é an mótarbhealach M3 atá beartaithe an píosa bonneagair is suntasaí a thógfar nó a tógadh sa Mhí le blianta beaga anuas, agus athróidh sé go mór an méid tráchtála agus na hamanna taistil ar fud an chontae. Beidh tionchar mór aige seo ar an tírdhreach, toisc go mbeidh an bóthar nua roinnt mhaith níos mó ná an príomhbhóthar atá ann faoi láthair - an N3.

Tá tábhacht Náisiúnta/idirnáisiúnta ag baint leis an LCT seo. Faoi láthair ní chomhlíonann sé na critéir iomlána le go mbeadh Tábhacht Idirnáisiúnta ag baint leis (leathanach 4) ach tá dóthain díol suntais ag baint le hoidhreachtaí an tírdhreacha le go dtabharfaí ardú céime dó le go mbeadh sé ina ionad idirnáisiúnta do thurasóirí agus le go gcuirfí iseach ar shonraíocht idirnáisiúnta UNESCO.

Luacht Tírdhreacha: Eisceachtúil

Íogaireacht Tírdhreacha: Ard

Tábhacht Tírdhreacha: Náisiúnta/Idirnáisiúnta

8. LCA 1 - cnoic na teamhrach/na scríne

PRÍOMH-THRÉITHE

Geolaíocht & Ithreacha

- Tírghné chasta dhroimneach a chruthaigh gluaiseachtaí oighir.
- Tá carraigeacha agus ithreacha éagsúla forleagtha ar aolchloch – cré bholláin, céamaí agus eiscir – a bhformhór sil-leagtha ag oighearshrutha leáite.
- Comhdhéanta de scealla le haolchloch leabaithe ann, d'aolchloch chomhcheirtleáin, agus d'aolchloch calp a dhéanann ithreacha aigéadacha éadomhaine saordhraenála.
- Oireann coinníollacha na talún do na crainn sin a mbíonn rath orthu in ithir dhea-shilteach ar nós fáibhile, darach, fuinseoige agus teile.

Úsáid Talún

- Meascán de pháirceanna beaga - meánmhéide d'fhéarach.
- Fálta sceach faoi choillte le crainn lánfhásta.
- Príombhealach náisiúnta an N3 ón Uaimh - Dún Seachlainn.

Éiceolaíocht & Gnáthóg

- Gan sonraíochtaí.
- Líonra láidir fálta sceach.
- Roinnt mhaith crann lánfhásta le garráin leathandhuilleacha.
- Limistéir feirmeoireachta talmhaíochta dea-bhainistithe

Stair & Cultúr

- Talamh feirme measctha fadbhunaithe.
- Tírdhreacha eastáit
- Cnoc na Teamhrach, baile Ard-Ríthe na hÉireann agus mar sin tugadh 'An Contae Ríoga' ar Chontae na Mí.
- Is é fothrach Eaglais N. Columba, le nasc amhairc le Teamhair, an áit a roghnaíodh mar scrín an Naoinmh a chur chun é a chosaint le linn an Iú hAois, ansin bunaíodh mainistir Agaistíneach ina dhiaidh sin cé go mbaineann an fothrach le hEaglais paróiste a tógadh C15ú hAois.
- Is eaglais agus túr meánaoiseach é Cnoc na Scríne ('bhronn Hugh de Lacy tailte na Scríne ar Adam de Fergo a raibh móta agus caisleán aige siúd ann sa bhliain 1172')
- Ailtireacht iarnróid / droichid
- Lios an Mhuilinn agus Halla Corbalton
- Caisleán Chillín, a thosaigh Hugh de Lacy sa bhliain 1180 agus atá anois ina fhothrach.

Turasóireacht

- Tá Cnoc na Teamhrach ar cheann de na príomhionaid spéise oidhreacht do thurasóirí sa Mhí agus tá amhairc lánléargais ann thar na hisealchríocha.
- Tá Cnoc na Teamhrach nasctha le conair oidhreacht an Tain Trail.
- Is í Eaglais na Scríne an sainchomhartha is tábhachtaí agus cuireann sé amhairc lánléargais ar fáil amach i dtreo Chnoc na Teamhrach.

Lonnaíochtaí agus Struchtúir Thógtha


- Cill Mheasáin (féach cur síos ar phríomhlonnaíochtaí).
- Sráidbhailte/gráigeanna beaga an príomhchineál lonnaíochta atá ann - ina measc tá Edoxtown, Baile an Oibricigh agus Scrín, atá slán agus neamh-mhillte tríd is tríd.
- Tá an fhorbairt tógtha comhdhéanta d'áitribh indibhidiúla, nua-aimseartha den chuid is mó, seachas foirgnimh níos traidisiúnta le dlús ard d'fhorbairt nua-aimseartha sa limistéar atá buailte le Cill Mheasáin.



Tá forbairt nua tithíochta i gCill Mheasáin ag teacht salach ar scála agus ar charachtar i gcomhthéacs an tsráidbhaile seo.



Príomhshráid Chill Mheasáin.



Cairéal Chill Mheasáin i dtaobh ó thuaidh an tsráidbhaile.



Droichead iarnróid Chill Mheasáin

8. LCT 12 - cnoic na teamhrach - na scríne

Cur Síos ar Phríomhlonnaíochtaí

- *Dún Seachlainn*: Baile meánach a d'fhorbair go gasta le blianta beaga anuas toisc a chónagarachta do Cheantar Cathrach Bhaile Átha Cliath agus don M3. Easpa foirgnimh dhúchasacha sa bhaile. Forbairt Nua-aimseartha ar fud an bhaile go háirithe ar imill an bhaile.
- *Cill Mheasáin*: Baile beag a d'fhorbair go suntasach le blianta beaga anuas. Easpa foirgnimh dhúchasacha. Forbairt nua-aimseartha ar fud an bhaile le comhchruinniú ar imill an bhaile.

Fórsaí Athraithe


- Déanfaidh an mótarbhealach M3 atá beartaithe mórathrú ar scála bhonneagar an bhóthair agus d'fhéadfadh an t-acomhal ag Dún Seachlainn tionchar mór a bheith aige ar fhorbairt an LCT seo.
- Bhí tionchar mór ag forbairt shuntasach chónaitheach i gCill Mheasáin ar scála an bhaile agus ar charachtar an bhaile.

MOLTAÍ

1. Iarratas a chur faoi bhráid UNESCO le haghaidh Sonraíocht Idirnáisiúnta. A luaithe is a dhéantar an t-iarratas seo a chomhadú, tá cáis láidir ann le go gcaithfí leis an suíomh seo mar 'Shuíomh le Tábhacht Idirnáisiúnta' agus le go gcuirfí i bhfeidhm polasaithe a thabharfaidh cosaint don suíomh ag teacht leis an stádas seo. Táimid den tuairim go bhfuil sé toille ag Cnoc na Teamhrach go ndéanfaí iarratas ar a shon ar bhonn a uathúlachta, a scála, a aoise, agus gan amhras a thábhacht i stair na hÉireann.
2. An tírdhreach mórtimpeall Chnoic na Teamhrach agus na Scríne a chaomhnú mar chuid den tírdhreach a bhfuil tábhacht chultúrtha náisiúnta/idirnáisiúnta ag baint leis lena n-áirítear caomhnú a dhéanamh ar shuíomh an dá chnoc toisc a bhfeiceálachta sa tírdhreach níos leithne agus an chineáil amharcléargais atá le fáil ag féachaint amach ar an tírdhreach uathu.
3. Cosaint agus cothú a dhéanamh ar charachtar coillteach atá ag bun an dá chnoc mar mhaolú ar an bhforbairt atá á dhéanamh ar na limistéir ísealchríocha atá buailte leo agus mar bhunchuid de charachtar bharr na gcnoc.
4. Treoir maidir le dearadh a cheapadh don láimhseáil a dhéanfar ar an tírdhreach agus maidir le dearadh ailtireachta ag tagairt go háirithe do bhealaí iompair agus do lonnaíochtaí atá ann cheana féin i gCnoc an Linsigh, i gCill Mheasáin agus i nDún Seachlainn.
5. Scrín a chaomhnú mar shainchomhartha laistigh den tírdhreach ísealchríocha i gcoitinne.
6. Féachaint le comhdhlúthú a dhéanamh ar na lonnaíochtaí atá ann cheana féin ach forbairt nua a shuí laistigh de limistéir uirbeacha seachas mar fhorbairtí aon uaire laistigh de limistéir thuaithe.
7. Treo-chomharthaíocht a fheabsú do Chnoc na Teamhrach ón N3 agus ó bhealaí iompair tánaisteacha eile.

CUMAS FÉIDEARTHA

1. Cumas féideartha íseal d'fhoirgnimh thalamaíochta mórsála toisc go bhfuil íogaireacht ard ann agus luach eisceachtúil ag baint leis an LCT seo agus toisc na lánléargais atá ann ó na cnoic, go háirithe ó Chnoc na Teamhrach.
2. Tá tábhacht náisiúnta/idirnáisiúnta ag baint le Cnoc na Teamhrach cé nach bhfuil ann ó thaobh na turasóireachta de ach áiseanna páirceála agus comharthaíocht. Cumas féideartha meánach chun freastal ar áiseanna ar scála níos lú do chuairteoirí amhail conair mharcáilte agus comharthaíocht bheag.
3. Cumas féideartha íseal freastal ar ilfhorbairtí titheochta toisc go mbeadh ardtionchar acu ar na lánléargais ó na cnoic agus léargas ar na cnoic ó na hisealchríocha.
4. Bheadh cumas féideartha meánach ag an tírdhreach freastal ar thithe aon uair ach pleanáil chúramach a dhéanamh ó thaobh na bhfoirgneamh dúchasach, deartha, suimh, scála agus ábhair agus na tionchair charnacha.
5. Cumas féideartha meánach chun freastal ar athchóiriú foirgneamh / tithe eastáit/ sciobóil srl le haghaidh úsáidí eile nó mar chuid d'athchóiriú. Tá sé tábhachtach go ndéanfaí iad a phleanáil go cúramach ó thaobh na dtionchar a d'fhéadfadh a bheith ag úsáid na talún ar charachtar na háite.
6. Tá cumas féideartha íseal ag an limistéar seo freastal ar cháblaí lasnairde, ar fho-stáisiúin agus ar chrainn chumarsáide mar gheall ar a bhfeiceálacht agus ar ardíogaireacht an LCT.
7. Cumas féideartha íseal freastal ar bhealaí iompair nua agus chaithfí pleanáil go cúramach don uasghrádú ar na bóithre atá ann cheana féin chun cailteanas gnéithe tírdhreacha a sheachaint ar gnéithe iad a chuireann bóithre agus iarnróid atá ann cheana féin faoi cheilt.
8. Cumas féideartha íseal chun freastal ar sheirbhísí faoi thalamh a chuirfeadh isteach ar shláine ghnéithe den tírdhreach atá ann cheana mar gheall ar ardíogaireacht an limistéir agus líon mór na ndéantán seandálaíochta.
9. Cumas féideartha íseal freastal ar fhorbairt tuirbíní gaoithe toisc na hamhairc lánléargas ó na cnoic agus tábhacht stairiúil an LCT seo.
10. Cumas féideartha íseal freastal ar bhithmhais agus ar fhoraoiseacht ar bhonn tráchtála toisc ardíogaireachta agus luach an tírdhreacha.



Luacht Tírdhreacha: Ard

Íogaireacht Tírdhreacha: Ard

Tábacht Tírdhreacha: Náisiúnta

CUR SÍOS AR AN TÍRDHREACH

Tá Ísealchríocha Ráth Mhaoláin ó dheas ó Bhaile Átha Troim agus ó Ghleann na Bóinne. Is cnoic dhroimneacha agus ísealchríocha atá tírdhreach den chuid is mó agus meascán d'fheirmeacha féaracha agus arúla chomh maith. Tá tírdhreacha eastáit feiceálach mórthimpeall Chnoc an Línsigh le hascaill bheith agus ballaí cloiche ann go forleathan. Níos faide siar tá níos mó coillte ann, go háirithe i Ráth Maoláin, áit a bhfuil tírdhreach an-suntasach iata ar scála beag le droimíní droimneacha agus le garráin idir eatarthu. Is é an R156 an príomhbhealach ó Dhún Bóinne go Baile Íomhair. Tá an fhorbairt tógtha comhchruinnithe mórthimpeall Ráth Mhaoláin agus Chnoc an Línsigh le háitribh scoite ar fud an cheantair thuaithe máguaird.

Is sráidbhaile beag é Ráth Maoláin ó dheas ó Bhaile Átha Troim, a forbraíodh mórthimpeall an aomhail idir R156 agus R159. Is lárionad áitiúil an sráidbhaile seo i limistéar forbartha Bhaile Átha Troim, a chuireann seirbhísí ar fáil don chúlchríoch thuaithe. Tá eaglais mhór le balla timpeall air agus le teach an reachtaire ar thaobhanna urchomhaireacha an chrosbhóthair agus tá eastát le balla timpeall air taobh thiar de. Tá meascán de shiopaí agus de thithe ar ardain bheaga le tithe agus tithe aon stóir ag an dá thaobh den sráidbhaile. Cruthaíonn an tírdhreach droimíní agus páirceanna beaga carachtar iata deas; is gá go mbeadh forbairt sa todhchaí ina fhorbairt bháil chun carachtar an tsráidbhaile a choinneáil.

Is sráidbhaile beag é Cnoc an Línsigh le faiche i lár an tsráidbhaile, agus bunaithe ar an leagan amach clasaiceach a bhaineann le Teach Chnoc an Línsigh. Tá roinnt foirgnimh tharraingteacha sa sráidbhaile agus toisc go bhfuil sé cóngarach do Limistéar Cathrach Bhaile Átha Cliath tá deiseanna ann le forbairt agus comhdhlúthú a dhéanamh ar fhorbairt laistigh den sráidbhaile. Bheadh forbairt ar mhórsála neamhbháil le suíomh an tsráidbhaile seo. Tá forbartí tithíochta nua-aimseartha ar imeall an tsráidbhaile atá comhdhéanta de thithe scote i leagan amach an cul de sac, atá ag teacht salach ar an gcarachtar tuaithe atá dúchasach don cheantar.

Féaraigh is mó atá ann ó thuaidh toisc topagrafaíocht droimín droimneach a bheith ann. Tá níos lú tírdhreacha eastáit ann, agus níos faide ó dheas tá coillte iata ann agus páirceanna arúla móra, ar páirceanna iad atá i ndroch-chaoi agus atá tar éis a bhfálta sceach a chailliúint. An rud is mó a bhaineann ó áilleacht na timpeallachta tá an cairéal gainnimh agus gairbhéil atá ó dheas ó Ráth Maoláin agus cé nach bhfuil sé suite i limistéar ar thalamh ard, cuireann nádúr na n-oibreacha isteach ar chailliócht dhíghrádaithe an tírdhreacha. Beidh gá a bheith cúramach amach anseo maidir le cá suíí aon fhorbairt dá leithéid amach anseo.

PRÍOMH-THRÉITHE

Geolaíocht & Ithreacha

- Tírghné chasta dhroimneach a chruthaigh gluaiseachtaí oighir.
- Tá carraigeacha agus ithreacha éagsúla forleagtha ar aolchloch – cré bholláin, céamaí agus eiscir – a bhformhór sil-leagtha ag oighearshrutha leáite
- Comhdhéanta d'aolchloch calp mar a ndéantar ithreacha domhaine le draenáil mhaith agus barrithir mhóineach ann.
- A bhuíochas leis an mbarritheir mhóineach tá coinníollacha na talún níos fearr do na crainn sin ar maith leo ithir fhliuch amhail beith, learóg agus saileach.

Úsáid Talún

- Meascán de pháirceanna meánacha féaraigh le roinnt feoirmeoireachta arúla sa deisceart.
- Clampáí beaga de choillearnach fáibhile agus beithe.
- Cairéal gainnimh & gairbhéil ó dheas ó Ráth Maoláin.

8. LCT 13– ísealchríocha ráth maoláin

Éiceolaíocht & Gnáthóg

- Gan sonraíochtaí
- *Ballinrig* – Limistéar Spéise Eolaíochta (ASI) tráth
- *Rathmoylan Esker* – Limistéar Spéise Eolaíochta (LSE) tráth
- Líonra láidir fála sceach.
- Roinnt mhaith garrán le fála sceach arda faoi choillte

Stair & Cultúr

- Talamh feirme measctha fadbhunaithe.
- 'An Teach Mór ag Cnoc an Linsigh, tógtha sna 1730í, dóite sa 19^ú agus 20^ú hAois, agus scartáilte go hiomlán anois.
- Sráidbhaile eastáit, másailéam agus geataí gotacha fós ann.
- Teach Rahinstown

Turasóireacht

- Is bealach bádóireachta siamsaíochta í an Chanáil Ríoga ó Bhaile Átha Cliath go dtí an Muileann Cearr a bhfuil ardéilimh air.
- Ba luachmhar an rud é siúlóidí sonraithe a shíneadh ó Bhealach na Canála Ríoga atá ann cheana agus naisc a chur ar fáil go láithreacha turasóireachta / bailte oidhreachta eile.
- Tá sé mar speisialtacht ag feirm ghraí lasmuigh de Chnoc an Linsigh marcaíocht ar chapall a mhúineadh do leanaí amuigh faoin tuath.

Lonnaíochtaí agus Struchtúir Thógtha

- Ráth Maoláin (féach cur síos ar phríomhlonnaíochtaí).
- Sráidbhailte beaga is mó an cineál lonnaíochta atá ann.
- Foirgnimh dhúchasacha is mó atá sna lonnaíochtaí
- Tá an fhorbairt tógtha faoin tuath comhdhéanta d'áitribh aonair, de dhéanamh nua-aimseartha seachas traidisiúnta forbairt tógtha nua-aimseartha bailithe in aice le sráidbhailte Ráth Maoláin agus Chnoc an Linsigh.

Cur Síos ar Phríomhlonnaíochtaí

- *Is sráidbhaile beag* é Ráth Maoláin agus i lár an tsráidbhaile tá eaglais tharraingteach le balla timpeall air agus teach an reachtaire. Forbairt chónaitheach nua-aimseartha ar imeall an tsráidbhaile.
- *Cnoc an Linsigh*: Is sráidbhaile beag diméine é le faiche tharraingteach. Tá tithíocht nua-aimseartha ag imeall an tsráidbhaile.

Fórsaí Athraithe

- Tá méadú suntasach taghta ar thithíocht nua-aimseartha i gCnoc an Linsigh agus dá bharr sin tá méadú taghta ar scála an tsráidbhaile.

MOLTAÍ

1. D'fhéadfaí an phríomhlonnaíocht san LCT seo a fhorbairt mar fhócas d'fhiontair thuaithe ar nós margaí feirme a cheadódh éagsúlú tuaithe agus a dhéanfar foráil le haghaidh nasc níos láidre idir lonnaíochtaí agus a gcomharsanachtaí tuaithe.
2. Dreasachtaí a chur ar fáil d'úinéirí talún chun riocht talamh feirme a fheabhsú, lena n-áirítear bainistiú fála sceach agus crainn i dteorainneacha páirce.
3. Sláine thírdhreach feirmeoireachta an 18^ú hAois a choinneáil agus a bhreisiú trí bhainistiú fhearann páirce, ascaillí, ballaí teorainn agus sceacha bearrtha, a spreagadh.
4. Tógáil ar shaoráidí neamshuntasacha turasóireachta atá ann cheana trí dhreasachtaí a thabhairt d'úinéirí talún chun rochtain agus taitneamh poiblí, ar an tírdhreach sonraithe tuaithe a mhéadú, m.sh. trí líonra cosán a fhorbairt, limistéir sonraithe radhairc a chruthú, srl.
5. Treoirlínte a cheapadh chun carachtar stairiúil Ráth Maoláin agus Chnoc an Linsigh a chosaint ar fhorbairt nua-aimseartha ó thaobh stíle, scála agus ábhair de a thógadh ó áilleacht an tírdhreacha.




Faiche an bhaile i sráidbhaile eastáit Chnoc an Linsigh



Tithe tarraingteacha seanré i gCnoc an Linsigh.



Teach Díon Tuí i Ráth Maoláin.




Fearann páirce tarraingteach lasmuigh de Ráth Maoláin.

CUMAS FÉIDEARTHA

1. Toisc ardíogaireacht an LCT seo tá cumas féideartha íseal aige freastal ar fhoirgnimh mhóra feirmeoireachta.
2. Cumas féideartha meánach comhshnaidhmeadh a dhéanamh ar áiseanna do chuairteoirí toisc nádúr iata coillteach an LCT. Is í an Chanáil Ríoga an príomhionad spéise do thurasóirí agus cé go bhfuil an tírdhreach níos oscailte sa limistéar seo, is dócha go mbeidh aon fhorbairt ina fhorbairt ar scála beag .i. treo-chonairí marcáilte, uasghrádú ar na conairí feadh na canála, comharthaíocht srl.
3. Tá cumas féideartha íseal ag an tírdhreach seo freastal ar fhorbairtí iltithíochta toisc ardíogaireacht an limistéir. Bheadh aon fhorbairt dá leithéid ag teacht salach ar nádúr tuaithe an LCT seo áit nach bhfuil braislí de thithe cónaithe an-choitianta. Chaithfí aon fhorbairt dá leithéid a phleanáil go cúramach ag tagairt do dhúchas an limistéir áitiúil ó thaobh deartha, scála, leagain amach agus ábhair de.
4. Bheadh cumas féideartha meánach chun freastal ar thithe aon uaire le planáil chúramach ó thaobh tithe dúchasacha, deartha, suímh agus ábhair de le haird ar leith ar na tionchair charnacha a d'fhéadfadh a bheith ag tithe aon uaire a shuí i gceantar ar leith.
5. Cumasféideartha meánach chun freastal ar athchóiriú foirgneamh/ tithe eastáit / sciobóil srl le haghaidh úsáidí eile nó mar chuid d'athchóiriú. Tá sé tábhachtach go ndéanfaí iad a phleanáil go cúramach ó thaobh ionaid, scála agus ábhair de maidir leis na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag athruithe úsáide ar charachtar an tírdhreacha.
6. Cumas féideartha íseal freastal ar cháblaí lasnairde, ar fho-stáisiúin agus ar chrainn chumarsáide mar gheall ar a bhfeiceálacht agus ar ardíogaireacht an LCT.
7. Cumas féideartha íseal freastal ar bhealaí iompair nua toisc go bhfuil an LCT seo beag ó thaobh scála de agus go bhfuil sé iata, rud a athródh dá dtarlódh a leithéid d'fhorbairt.
8. Cumas féideartha íseal freastal ar sheirbhísí faoi thalamh toisc ardíogaireacht an limistéir agus na tionchair neamhfhabhracha a d'fhéadfadh a bheith aige ar shláine na ngnéithe reatha amhail crainn, fála sceach, coillearnacha agus páitruín páirceanna fadbhunaithe mórtimpeall ar eastáit.
9. Cumas féideartha íseal freastal ar fhorbairt tuirbíní gaoithe toisc an amharcthionchair a d'fhéadfadh a bheith ag forbairt dá leithéid ar LCT ard-íogaireachta ardluacha.
10. Cumas féideartha íseal freastal ar bhithmhais agus ar fhoraoiseacht ar bhonn tráchtála toisc a ardíogaireachta. Cibé scéal é, tá limistéar ó dheas ó Ráth Mhaoláin ina bhfuil cairéal gainnimh agus gairbhéil feiceálach, agus mar sin níl sé chomh híogair agus dá bharr sin is áit níos fearr é seo chun freastal ar an sórt seo forbartha.

8. LCT 13 - ísealchríocha ráth maoláin



Luacht Tírdhreacha: Ard

Íogaireacht Tírdhreacha: Measarthá

Tábhacht Tírdhreacha: Réigiúnach

CUR SÍOS AR AN TÍRDHREACH

Is ísealchríocha droimneach atá sa tírdhreach atá buailte leis an gCanáil Ríoga, agus tá sé níos oscailte toisc pátrúin de pháirceanna arúla agus toisc an limistéar seo gan a bheith faoi bhrat chomh dlúth fásra, tríd is tríd. Is iad an N4 ó Mhaigh Nuad go Cionn Átha Gad agus an Chanáil Ríoga (bealach do thurasóirí) na príomhbhealaí iompair. Tá forbairt tógtha ag fás go mear ar theorainn theas an chontae de réir mar a théann an brú ó cheantar cathrach Bhaile Átha Cliath i méid. Is tírdhreach tarraingteach atá ann, tríd is tríd, cé go bhfuil roinnt mhaith den tírdhreach atá buailte leis an gcanáil i ndroch-chaoi agus talamh feirme díchuingeach ann le cailteanas fála sceach le feiceáil go soiléir. Is baile beag é an Bóthar Buí gan mórán foirgnimh tharraingteacha. Tá an fhábraic thógála díchuingeach, tríd is tríd, agus an scéal níos measa fós toisc an N4 a bheith ag dul tríd an mbaile.

Tá seans maith go bhféadfadh fás suntasach tarlú toisc chongaracht an Bhóthair Bhuí do cheantar cathrach Bhaile Átha Cliath chomh maith leis na naisc mhaithe iompair a chuireann an N4 agus an t-iarannród Baile Átha Cliath/Sligeach ar fáil. Tá forbairtí móra tithíochta idir lámha faoi láthair ar an taobh ó thuaidh isteach sa Bhóthar Buí. Ní mór d'aon fhorbairt amach anseo comhdhlúthú a dhéanamh ar an spás reatha atá ann laistigh den bhaile mar go gcuirfeadh aon fhorbairt ar mhórsála le scála an bhaile agus ní bheadh sé báúil dá shuíomh. Tá an Bóthar Buí buailte leis na gCanáil Ríoga agus mar sin ba chóir d'aon fhorbairt amach anseo cuidiú le tionscal na turasóireachta.

Is lonnaíocht mheánach atá i bparlúin Chill Choca, atá suite soir ón mBóthar Buí ar an M4, a sheachthreoraíonn trácht ón mbaile chuig an taobh ó thuaidh. Tá seans maith go bhféadfadh fás suntasach tarlú toisc a chongaracht do cheantar cathrach Bhaile Átha Cliath chomh maith leis na naisc mhaithe iompair a chuireann an N4 agus an t-iarannród Baile Átha Cliath/Sligeach ar fáil. Tá meascán ilghnéitheach d'fhorbairtí miondiola, tráchtála agus cónaitheaca ar imeall Chill Choca.

Is talamh clárach atá sa tírdhreach atá buailte leis an gCanáil Ríoga, ach tá srian ar radhairc toisc fála sceach a bheith díchuingeach agus cuireann talamh feirme bac ar na radhairc chomh maith.

PRÍOMH-THRÉITHE

Geolaíocht & Ithreacha

- Tírghné chasta dhroimneach a chruthaigh gluaiseachtaí oighir.
- Tá carraigeacha agus ithreacha éagsúla forleagtha ar aolchloch – cré bholáin, céamaí agus eiscir – a bhformhór sil-leagtha ag oighearshrutha leáite chun machaire ísealchríche atá cothrom den chuid is mó a chruthú.
- Comhdhéanta d'aolchloch calp mar a ndéantar ithreacha domhaine le draenáil mhaith agus barrithir mhóineach ann.
- Tá riocht na talún oiriúnach do na crainn a mbíonn rath orthu in ithir shaorshilteach, ar nós fáibhile, dair agus teile, agus tá beith, learóg agus saileach in aice leis an gCanáil Ríoga.

Úsáid Talún

- Talamh arúil feirme, den chuid is mó, le limistéir d'fhearach scrobarnaí.

Éiceolaíocht & Gnáthóg

- I limistéar Oidhreachta Náisiúnta molta (PNHA), *Ainmníodh an Chanáil Ríoga* toisc shaibhreas na n-áitritheoirí atá bainteach leis an gcanáil amhail fála sceach, luibheanna, féarach cailcreach agus an iliomad speiceas éagúil féir buailte leis an gcosán in aice na canála.
- Fála sceach faoi choillte agus féarach garbh.

8. LCT 14 – An Chanáil Ríoga

Stair & Cultúr

- Talamh feirme measctha fadbhunaithe.
- An Chanáil Ríoga.

Turasóireacht

- Is bealach bádóireachta siamsaíochta í an Chanáil Ríoga ó Bhaile Átha Cliath go dtí an Muileann Cearr a bhfuil ardéilimh air.
- Ba luachmhar an rud é siúlóidí sonraithe a shíneadh ó Bhealach na Canála Ríoga atá ann cheana agus naisc a chur ar fáil go láithreacha turasóireachta / bailte oidhreachta eile.

Lonnaíochtaí agus Struchtúir Thógtha

- Príomhlonnaíocht i bparlúin Chíl Choca (féach cur síos ar phríomhlonnaíochtaí).
- An cineál lonnaíochta atá ann ná bailte beaga agus forbairt ribíneach.
- Foirgnimh dhúchasacha is mó atá sna lonnaíochtaí
- Tá an fhorbairt tógtha faoin tuath comhdhéanta d'áitribh aonair, de dhéanamh nua-aimseartha seachas traidisiúnta forbairt tógtha nua-aimseartha bailithe in aice leis an bpríomhlonnaíocht - An Bóthar Buí.

Cur Síos ar Phríomhlonnaíochtaí

- *Parlúin Chíl Choca* : ainmnithe mar bhaile le fás measartha
- *An Bóthar Buí*: Baile beag buailte leis an gCanáil Ríoga. Easpa tithe dúchasacha. Forbairtí móra titheachta ar an imeall.

Fórsaí Athraithe

- Beidh tionchar suntasach ag an mbrú ó cheantar cathrach Bhaile Átha Cliath ar lonnaíochtaí cosúil leis an mBóthar Buí agus le Cill Choca.
- Cuirfidh feabhsúcháin fhéideartha ar an iarnród idir Baile Átha Cliath agus Sligeach feabhas ar an soláthar iompair sa limistéar seo agus d'fhéadfadh sé cur leis an mbrú comaitéarach.
- Tá an limistéar seo suite ar an mótarbhealach M4 atá beartaithe - An Chonair Dhinimiciúil Eacnamaíochta

MOLTAÍ

1. Gnéithe stairiúla a bhaineann leis an gCanáil Ríoga a choinneáil agus a fheabhsú lena n-áirítear droichid, loic chanála agus na foirgnimh a bhaineann leo don méid dearfach a chuireann siad le carachtar an tírdhreacha. Feabhas a chur ar charachtar stairiúil na lonnaíochtaí atá buailte leis an gcanáil, amhail an Bóthar Buí agus Cíl Choca, agus athdhaingniú a dhéanamh ar na naisc idir an chanáil agus an oidhreacht tionsclaíochta.
2. Tacú le húsáid stíleanna ailtireachta dúchasacha chun feidhmiú i gcoinne easpa foirgnimh dhúchasacha sa Bhóthar Buí agus ar imill uirbeacha Chill Choca.
3. Feidhmiú i gcoinne mheath riocht an tírdhreacha agus na cáilíochta amhairc ach dreasachtaí a chur ar fáil d'úinéirí talún chun feabhas a chur ar a dtalamh feirmeoireachta san LCT seo. Deiseanna a sholáthar le héagsúlú a dhéanamh ar an eacnamaíocht faoin tuath áit nach bhfuil cleachtais talmhaíochta chomh inbhuaine is a bhíodh.
4. Feabhas a chur ar chonláistí do chuairteoirí agus meas ar an LCT seo a spreagadh. Ní mór feabhas a chur ar chonláistí ar bhealach íogair de réir na dtreoirilínte maidir le dearadh agus ba chóir a leithéid seo a leanas a chur san áireamh – limistéir pháirceála/ leataobhanna páirceála, eolas agus comharthaíocht, agus feabhas a chur ar chonair threomhairceáilte atá ann faoi láthair.
5. Comhdhlúthú a dhéanamh ar an rian uirbeach atá ar an mBóthar Buí ach suímh inlíonta agus láithreacha athfhorbraíochta a fhorbairt seachas suímh ar imeall an bhaile chun íoslághdú a dhéanamh ar na tionchair neamhfhabhracha fhisiceacha agus amhairc ar an tírdhreach mórtimpeall.



Droichead canála os cionn na Canála Ríoga lasmuigh den Bhóthar Buí.



Tírdhreach buailte leis an gCanáil Ríoga.



An Bóthar isteach go dtí an Bóthar Buí



8. LCT 14 – An Chanáil Ríoga

MOLTAÍAR LEAN.


6. Feabhsúcháin fhisiceacha a chur i bhfeidhm ar bhruach na Canála Ríoga lena n-áirítear tírdhreach conláistí poiblí a chruthú áit a bhfuil meath tagtha ar an úsáid talmhaíochta atá á baint as an talamh. Beidh cothabháil fheabhsaithe ar na limistéir seo lárnach dá gcáilíocht amhairc agus dá dtarraingteacht ar bhonn leanúnach do chuairteoirí.

CUMAS FÉIDEARTHA

1. Cumas féideartha íseal freastal ar fhoirgnimh feirme ar mhórsála a bheadh ag teacht salach ar charachtar na bhféarach garbh ar scála beag atá buailte leis an gcanáil.
2. Cumas féideartha meánach áiseanna do chuairteoirí a chomhshnaidhmeadh. Tá coillearnach mhaith san LCT seo agus tá an cumas aige forbairtí tógtha a chur faoi cheilt. Tá an Chanáil Ríoga, an phríomhábhar spéise do thurasóirí, níos oscailte agus dá bhrí sin ní bheadh sí chomh hoiriúnach le forbairt a dhéanamh uirthi. Bheadh forbairtí ar scála beag .i. treo-chonairí marcáilte, uasghrádú ar na conairí feadh na canála, comharthaíocht srl. níos oiriúnaí.
3. Tá cumas féideartha íseal ag an tírdhreach seo freastal ar fhorbairtí ilithíochta toisc ardíogaireacht an limistéir. Bheadh aon fhorbairt dá leithéid ag teacht salach ar nádúr tuaithe an LCT seo áit nach bhfuil braislí de thithe cónaithe an-choitianta. Chaithfí aon fhorbairt dá leithéid a phleanáil go cúramach ag tagairt do dhúchas an limistéir áitiúil ó thaobh deartha, scála, leagain amach agus ábhair de.
4. Cumas féideartha meánach freastal ar thithe aon uaire mar gurb iadsan an phríomhghné carachtar tírdhreacha atá ann faoi láthair. Ní mór forbairt a phleanáil amach anseo áfach ó thaobh deartha, suíomh, scála agus ábhair de le haird ar leith á thabhairt ar na tionchair dhochracha a d'fhéadfadh a bheith ag an iliomad tithe aon uaire a bheith á dtógáil in aon limistéar amháin.
6. Cumas féideartha meánach chun freastal ar athchóiriú foirgneamh / tithe eastáit / sciobóil srl le haghaidh úsáidí eile nó mar chuid d'athchóiriú. Tá planáil chúramach tábhachtach ó thaobh ionaid, scála agus ábhair de.
7. Cumas féideartha meánach freastal ar cháblai lasnairde, fo-stáisiúin agus crainn chumarsáide mar gheall ar nádúr coille agus ar an topagrafaíocht droimín sa limistéar seo, ar féidir léi roinnt den chineál seo forbartha a chur faoi cheilt.
8. Cumas féideartha íseal le haghaidh bóithre nua mar gur LCT cúng é seo agus tá conair an M4 cheana féin ina ghné shuntasach. Dhéanadh a thuilleadh den chineál seo forbartha an méid sin dochair do charachtar an LCT nach bhféadfaí é a chur ina cheart. Bheadh cumas féideartha meánach ag an LCT seo, ámh, freastal ar uasghrádú bóithre agus iarnród toisc go bhfuil an fhéidearthacht ann forbairtí dá leithéid a chur faoi cheilt taobh thiar den fhásra atá ann cheana féin.
9. Cumas féideartha meánach freastal ar sheirbhísí faoi thalamh toisc gur féarach garbh go príomha atá sa talamh feirme atá buailte leis an gCanáil agus níl an talamh sin chomh saibhair ó thaobh na seandálaíochta de is atá limistéir eile. Chaithfí maolú a dhéanamh, ámh, ar an gcailliúint ar ghnéithe tírdhreacha chun na tionchair neamhfhabhracha a laghdú.

10. Tá teorainn leis na radhairc san LCT seo toisc na topagrafaíochta agus na bhfálta sceach faoi choillte agus sa mhéid gur LCT beag é seo rachadh feirmeacha agus tuirbhíní gaoithe go mór i bhfeidhm ar an limistéar. Chaithfí aon fhorbairt dá leithéid a phleanáil go cúramach ó thaobh suímh agus leagain amach de chun na tionchair neamhfhabhracha ar radhairc, do bhreathnadóirí agus ar ghnéithe carachtar tírdhreacha an limistéir a íoslaghdú. Tríd is tríd, bheadh cumas féideartha íseal ag an LCT seo freastal ar fheirmeacha gaoithe nó ar thuirbhíní aonair.

11. Cumas féideartha íseal freastal ar bhithmhais agus ar fhoraoiseacht mar go mbeadh a leithéid sin d'fhorbairt ag teacht salach ar charachtar an LCT.



CUR SÍOS AR AN TÍRDHREACH

Ar shainghnéithe an limistéir seo tá cnoic dhroimneacha le garráin feá thall is abhus agus fála sceaigh go maith faoi choillte ag deighilt na bhféarach garbh. Is é an N4 ón mBóthar Bui go Cionn Átha Gad agus an Chanáil Ríoga (bealach do thurasóirí) na príomhbealaí iompair. Seo ceann de na limistéir is iargúlta sa Mhí agus is é Cluain Ioraird an t-aon sráidbhaile a fhreastlaíonn ar limistéar mór. Féaraigh feirme is mó atá ann cé go bhfuil féaraigh gharbha sna tailte arda le plandálacha coillearnaí thall is abhus, agus tá garráin bheaga agus coillearnacha scrobarnaí níos leitheadúla san iardheisceart. Páirceanna beaga agus meánacha atá ann agus iad iata le fála sceaigh atá go maith faoi choillte.

Is baile mór é Cionn Átha Gad atá ar theorainn na Mí-na hIarmhí. Tá purláin Chionn Átha Gad ag athrú faoi láthair de réir mar atá mótarbhealach an M4 á thógáil. Tá an tírdhreach comhdhéanta de pháirceanna móra arúla agus d'fhéarach garbh. Dá bharr seo, mar aon leis na hoibreacha bóthar atá idir lámha, tá carachtar díghrádaithe ag an limistéar seo.

Is baile beag é Cluain Ioraird atá buailte leis an mbealach gnóthach - an N4. Ar na concláistí sa bhaile tá The Monastery Inn agus eaglais N. Fhinín agus iad seo mar chroílár an bhaile. Tá forbairt tithíochta ar thaobh Chionn Átha Gad de bhaile Chluain Ioraird, agus tá sé an-mhór i bhfianaise go bhfuil easpa concláistí sa bhaile. Bheadh gá pleanáil go cúramach le haghaidh tuilleadh forbartha chun nach gcaillfí carachtar an bhaile toisc forbairtí cónaitheacha ach tá an cumas ann feabhas comhtháthú a dhéanamh agus feabhas a chur ar chuma an bhaile.

Is sráidbhaile beag tarraingteach é Cnoc an Dúin atá ar an gCanáil Ríoga. Tá na sráidbhaile láraithe mórtimpeall na canála ó thaobh dreacha de agus ó thaobh an ghnó sa mhéid go bhfuil an tionscal turasóireacht mar chuid thábhachtach den sráidbhaile. Tá an tírdhreach comhdhéanta d'isealchríocha droimneacha trasghearrtha ag an gcanáil agus ag limistéir de luachra agus de bhogaigh. Tá fásra maith san LCT seo le fála sceaigh faoi choillte agus crainn lánfhásta. Féarach garbh atá ann agus tá fearann páirce buailte leis an gCanáil Ríoga agus tá eastáit níos leitheadúla mórtimpeall Chnoc an Dúin agus Chluain Ioraird.

Tríd is tríd, tá na radhairc sa limistéar seo teoranta toisc topagrafaíocht chasta agus fásra aibí a bheith ann ach amháin ag barr na ndroimníní agus ó dhroichid a thrasnaíonn an Chanáil Ríoga áit a bhfuil radhairc lánléargais ar fáil. Déantar radhairc gearr-raoin a threorú feadh na ngleannta cúnga idir na droimníní go minic feadh bóithre agus feadh na n-isealchríocha atá buailte leis an gCanáil Ríoga.

PRÍOMH-THRÉITHE

Geolaíocht & Ithreacha

- Tírghné chasta dhroimneach a chruthaigh gluaiseachtaí oighir.
- Aolchloch atá faoi bhun mhachairí torthúla Abhainn na Bóinne.
- Comhdhéanta d'aolchloch calp agus d'aolchloch chomhcheirtleáin sceallach a dhéanann ithreacha aigéadach dhomhaine le draenáil mhaith agus barrithir mhóinteach go dtí go sroichtear ísealchríocha teorainn na Mí/na hIarmhí.
- Tá riocht na talún oiriúnach do na crainn a mbíonn rath orthu in ithir shaorshilteach, ar nós fáibhile, dair agus teile, agus tá beith, fuinseog agus learóg luaite le hAbhainn na Bóinne.

Úsáid Talún

- Meascán de pháirceanna tréadacha beaga, meánacha agus móra.
- Limistéir de phlandálacha óga le speicis mheasctha go háirithe i bpurláin Chill Dealga.
- Scála measctha, talamh feirme dea-bhainistithe agus tírdhreach eastáit.

Luacht Tírdhreacha: Ard

Íogaireacht Tírdhreacha: Measartha

Tábhacht Tírdhreacha: Réigiúnach

8. LCT 15 – Ísealchríocha thiar theas

Éiceolaíocht & Gnáthóg

- 2 limistéar Oidhreacht Náisiúnta molta (PNHA)
Portach Molerick – Seo lagphortach sna hisealchríocha atá sainithe toisc limistéir de choillearnach charr le saileach, fuinseog, sceach gheal agus fearnóg.
Portach Chnoc Hervey i- seo portach ardaithe gníomhach, rud nach bhfeictear ach go hannach i lár na hÉireann anois.
- Líonra láidir fála sceach i bhformhór an limistéir. Roinnt fála sceach caillte timpeall Chill Dealga.
- Raon de choillearnacha aibí leathanduilleacha agus plandálacha de speicis téisclime.
- Roinnt gnáthóg bogaigh agus féarach fliuch in aice le hAbhainn na Bóinne.

Stair & Cultúr

- Talamh feirme measctha fadbhunaithe.
- Suíomh Mhainistir Chluain Ioraird a bhunaigh N. Finín sa 6ú hAois agus a bhí sé ar cheann de lárionad na n-easpag go dtí tús an 13ú hAois sa Mhí.
- Tírdhreacha eastáit
- Caisleán Shiúrdáin, áit a raibh dúnfort míleata mór tráth, a raibh tábhacht straitéiseach ag baint leis don Pháil le linn na meánaoiseanna.
- Droichead Chaiselán Shiúrdáin 1840-1880 le droichead meánaoiseach ar a chliatháin.
- Túrtheach ón 12ú hAois ag Caisleán Mhaigh Ráth le síneadh a cuireadh leis sa 19ú hAois.
- Seandálaíocht faoi thalamh.
- Gan mórán gnéithe stairiúla fós ina seasamh

Turasóireacht

- Is i gCluain Ioraird a bhí an chéad ollscoil in Éirinn, a chuir N. Finín ar bun sa 6th hAois.
- Bíonn tóir ar Chnoc an Dúin i measc turasóirí toisc oidhreacht shaibhir seandálaíochta a bheith aige agus toisc go bhfuil sé buailte leis an gCanáil Ríoga ach caithfí aon fhorbairt ar an tionscal turasóireachta a phleanáil go cúramach.
- Is bealach bádóireachta siamsaíochta í an Chanáil Ríoga ó Bhaile Átha Cliath go dtí an Muileann Cearn a bhfuil ardéilimh air. D'fhéadfaí conairí siúlóide a thógáil feadh na canála agus i limistéir atá buailte leis an gcanáil.

Fórsaí Athraithe

- Forbairt feadh chonair nua mhótarbhealach an M4.
- Easpa bainistíochta ar fhálta sceach, fála crann á ndíghrádú agus roinnt fála sceach á gcailliúint.
- Fásfaidh plandálacha óga de speicis mheasctha agus méadóidh sé carachtar coille an tírdhreacha
- D'fhéadfadh inmharthanacht na feirmeoireachta beostoic meath agus méadú ag teacht ar úsáid na talún don fhoraoiseacht.
- D'fhéadfaí an féarach fliuch a thréigean mura mbíonn na feirmeacha inmharthana níos mó agus d'fhéadfadh carr sailí agus beith teacht ar ais ina n-áit.
- Dá ndéanfaí forbairt shuntasach ar Chluain Ioraird chreimfí carachtar an limistéir iargúlta seo.

Lonnaíochtaí agus Struchtúir Thógtha

- Níl aon bhaile mór ann.
- Sráidbhailte beaga an cineál lonnaíochta is coitianta, agus tá roinnt sráidbhailte de mheánmhéid agus sráidbhailte móra ann.
- Foirgnimh dhúchasacha is mó atá sna lonnaíochtaí
- Tá an fhorbairt tógtha comhdhéanta d'áitribh indibhidiúla, nua-aimseartha den chuid is mó, seachas foirgnimh níos traidisiúnta le dlúis d'fhorbairt tógtha nua-aimseartha sa limistéar atá buailte le bailte.

Cur Síos ar Phríomhlonnaíochtaí

- *Cluain Ioraird*: Sráidbhaile beag gan aon mhol agus gan mórán carachtair. Eaglais tharraingteach agus tábhacht stairiúil ag baint leis toisc gur bhunaigh N. Finín Mainistir Chluain Ioraird.
- *Cnoc an Dúin*: Sráidbhaile beag tarraingteach buailte leis an gCanáil Ríoga. Caithfear an carachtar neamh-mhillte a chosaint



Cnoc an Dúin.



Móta in aice le Cnoc an Dúin.



Cairéal Iasmuigh de Chionn Átha Gad.



Conair bóthair nua an M4

MOLTAÍ


1. Aird a thabhairt ar shuímh shonraithe éiceolaíochta náisiúnta agus Eorpacha sa LCT seo.
2. Dreasachtaí a chur ar fáil d'úinéirí talún chun riocht talamh feirme a fheabhsú, lena n-áirítear bainistiú fálta sceach agus crainn i dteorainneacha páirce.
3. Feasacht a uasmhéadú mar gheall ar Chluain Ioraird mar lonnaíocht thábhachtach stairiúil agus mar shócmhainn chultúrtha ach cur leis an léirmhíniú ar a ionad spéise do thurasóirí laistigh den bhaile agus naisc a chruthú le ionaid spéise eile sa chuid seo den Mhí, e.g. An Chanáil Ríoga, Cnoc an Dúin.
4. An nádúr tuaithe atá sa LCT seo a chaomhnú ach comhtháthú a dhéanamh ar fhorbairt nua laistigh de na lonnaíochtaí atá ann ag cur treoirilnte ar fáil maidir le stíleanna agus le hábhair a oireann don stíl dhúchasach áitiúil.
5. Deiseanna a tapú athchóiriú a dhéanamh ar an tírdhreach mórthimpeall chonair an mhótarbhealaigh M4, atá i ndroch-chaoi i láthair na huaire.

CUMAS FÉIDEARTHA

1. Cumas féideartha meánach freastal ar fhoirgnimh feirme ar scála mór toisc topagrafaíocht chasta agus fásra aibí a bheith ann rud a chuireann deiseanna maithe ar fáil le forbairtí a chur faoi cheilt.
2. Cumas féideartha ard freastal ar áiseanna do chuairteoirí. Bheadh buntáistí ag baint lena leithéid sin d'fhorbairt sa mhéid go gcuirfí leis na naisc idir ionaid spéise san LCT seo - An Chanáil Ríoga, Cluain Ioraird - agus mar seo chruthógaí úsáidí nua don tírdhreach. D'fhéadfadh forbairt dá leithéid cuidiú le cothú agus le feabhsú chaoi an tírdhreacha.
3. Cumas féideartha íseal freastal ar fhorbairtí iltithe toisc nach bhfuil mórán lonnaíochtaí sa suíomh seo. Tá Cluain Ioraird agus Cnoc an Dúin róbheag chun freastal ar fhorbairt chónaitheach ar aon scála. De ghnáth déantar forbairt chónaitheach sa limistéar seo a eagrú i ribíní d'fhorbairt feadh na mbóithre móra agus mar sin bheadh roinnt deiseanna ann forbairtí beaga comhchosúla a chruthú ar an gcoinníoll go mbeidís oiriúnach ó thaobh deartha agus suímh de.
4. Cumas féideartha íseal freastal ar thithe aon uaire ag brath ar shuíomh agus ar dhearadh toisc nach gnáthghné den LCT seo iad ach d'fhéadfaí iad a chomhshnaidhmeadh mar chuid de na limistéir reatha áit a bhfuil forbairt chónaitheach idir lámha ar an gcoinníoll nach bhfuil méadú mór ar an bhforbairt ribíneach tríd is tríd.
5. Cumas féideartha ard freastal ar athchóiriú na bhfoirgneamh reatha chun a n-úsáid a athrú mar nach mbeadh aon tionchar aige seo ar an méid forbartha tógtha san LCT seo agus mhéadódh sé an raon úsáidí ar fhoirgnimh inbhuaine san LCT seo.
6. Cumas féideartha meánach freastal ar cháblaí lasnairde, fo-stáisiúin agus crainn chumarsáide mar gur radhairc gearr-raoin d'fhormhór atá san LCT seo agus tá na radhairc teoranta toisc an topagrafaíocht agus an fásra atá ann agus mar sin tá deiseanna ann suímh a roghnú áit nach mbeadh tionchar chomh mór ag forbairt ar na radhairc.
7. Cumas féideartha meánach freastal ar fhorbairt bonneagair nua iompair mar gur radhairc gearr-raoin d'fhormhór atá san LCT seo agus tá na radhairc teoranta toisc an topagrafaíocht agus an fásra atá ann agus mar sin tá deiseanna ann suímh a roghnú áit nach mbeadh tionchar chomh mór ag forbairt ar na radhairc. D'fhéadfadh forbairt dá leithéid caillteanas nó díghrádú ar fhálta sceach agus ar chrainn agus seandálaíocht a bheith mar thoradh uirthi, ámh, agus mar sin bheadh roghnú oiriúnach suímh rithábhachtach.

8. Cumas meánach go híseal freastal ar sheirbhísí faoi thalamh ar an gcoinníoll go ndéanfaí aon fhorbairt dá leithéid in áit a sheachnódh na tionchair ar radhairc agus ar ghnéithe tábhachtach seandálaíochta.
9. Cumas féideartha meánach freastal ar fheirmeacha gaoithe nó ar thuirbíní aonair laistigh den LCT seo mar gur radhairc gearr-raoin d'fhormhór atá san LCT seo agus tá na radhairc teoranta toisc an topagrafaíocht agus an fásra atá ann agus mar sin tá deiseanna ann suímh a roghnú áit nach mbeadh tionchar chomh mór ag forbairt ar na radhairc. D'fhéadfadh forbairt dá leithéid caillteanas nó díghrádú ar fhálta sceach agus ar chrainn agus seandálaíocht a bheith mar thoradh uirthi, ámh, agus mar sin bheadh roghnú oiriúnach suímh rithábhachtach.
10. Cumas féideartha meánach freastal ar bhithmhais agus ar fhoraoiseacht. Níl a leithéid sin d'fhorbairt mar ghné reatha den LCT seo ach d'fhéadfaí limistéir bheaga - mheánacha a chomhtháthú leis an meascán saibhir úsáidí talún atá follasach san LCT seo.

8. LCT 15 - Ísealchríocha thiar theas



Luacht Tírdhreacha: Measartha

Íogaireacht Tírdhreacha: Measartha

Tábhacht Tírdhreacha: Áitiúil

CUR SÍOS AR AN TÍRDHREACH

Seo tírdhreach le hisealchríocha cláracha agus tírdhreacha eastáit mhóra thall is abhus atá bainteach le fearann páirce, a shíneann ón Uaimh go hÁth Buí. Tá 2 phríomhbhealach iompair ann – an N51 ón Uaimh go dtí Duibhlinn, Co. na hIarmhí agus an R154 ó Bhaile Átha Troim go hÁth Buí. Ar an bhforbairt tógtha atá ann tá grúpaí d'áitribh scoite agus de thithe eastáit móra den chúlchríoch le forbairt fhairsing ribínach ar imill Átha Buí agus Dhún Doire.

Is é Áth Buí an lonnaíocht is mó sa limistéar agus tá sé suite siar ón Mhí, idir Ceanannas agus Bhaile Átha Troim. Baile meánaoiseach atá ann le carachtar ar leith. Is ceantar thar a bheith stairiúil an chuid ó dheas ón mbaile, buailte le hEaglais N. Séamas - Eaglais na hÉireann - le lánai cúnga agus ballaí cloiche iata. Treoraíonn Abhainn Átha Buí an baile agus is gné an-tarraingteach í, cé go mbíonn sí faoi cheilt go minic faraor, de bharr na forbartha. Tá Áth Buí ina lárphointe tábhachtach iompair agus bóithre ag síneadh ó lár an bhaile. Ar an drochuair, tá forbairt fhairsing ribíneach buailte leis an mórbhealaí seo.

Dún Doire sráidbhaile beag-meánach, agus tá a charachtar caomhnaithe, a bheag nó a mhór, i lár an tsráidbhaile, cé go bhfuil roinnt ardán ann ó na 80í. Níl mórán forbartha nua-aimseartha déanta i lár an tsráidbhaile. Ar imeall an bhaile tá forbairt fhairsing ribíneach, áit a bhfuil áitribh scoite nua-aimseartha níos mó.

Carachtar díchuingeach díghrádaithe atá ann siar ó dheas ón Uaimh le teorainneacha droch-bhainistithe ach go maith faoi chrann mórthimpeall Bhaile Roibín go dtí go sroichtear an tírdhreach eastáit dea-choimeádta agus an fearann páirce atá buailte le Dún Doire. Níos faide siar tá an tírdhreach níos casta, le plandálacha coillearnaí agus buaircíneacha, mórthimpeall Áth Buí agus Ráth Cairn (An Ghaeltacht). Tá an tírdhreach níos iargúlta le tírdhreach eastáit a bhuaileann le féarach measctha níos gairbhe agus limistéir de choillearnach díchuingeach. Páirceanna meánacha atá ann d'fhormhór seachas na páirceanna arúla níos mó. Tá siad iata, roinnte ag fála sceach atá go maith faoi choillte agus thrasghearrtha ag bóithre tuaithe le díoga domhaine draenála.

Cé gur topagrafaíocht chlárach, tríd is tríd, tá sa limistéar seo, tá srian ar radhairc toisc go bhfuil coillte ann, ach iadsan teoranta do limistéir feadh na gconairí bóithre tuaithe iata. Ar na nithe is suntasaí a bhaineann ó áilleacht an tírdhreacha tá monarca chruach agus crann tarrchurtha gutháin phóca sa Bhaile Corr.

PRÍOMH-THRÉITHE

Geolaíocht & Ithreacha

- Tírghné chasta dhroimneach a chruthaigh gluaiseachtaí oighir.
- Cruthaíonn aolchloch calp ithreacha aigéadacha le draenáil mhaith agus barrthir mhóinteach thall is abhus agus gláir locha a chruthaíonn gnáthóga fliucha.
- Tá riocht na talún oiriúnach do na crainn a mbíonn rath orthu in ithir shaorshilteach, amhail fáibhile, dair agus teile, agus tá beith, fuinseog agus learóg bainteach le hAbhann na Bóinne.

Úsáid Talún

- Meascán de pháirceanna tréadacha beaga, meánacha agus móra.
- Limistéir de phlandálacha measctha óga agus coillearnach beithe i bpurláin Átha Buí.
- Páirceanna Beaga - Meánacha dronuilleogaach, talamh feirme dea-bhainistithe agus tírdhreach eastáit.

Éiceolaíocht & Gnáthóg

- I limistéar Oidhreacht Náisiúnta molta (PNHA), *Portach Bhaile Shéamais* – Limistéar le portach ardaithe le speicis amhail portach móna agus ceannbhán.
- Líonra láidir fálta sceach i bhformhór an limistéir.
- Roinnt fálta sceach caillte timpeall Átha Buí.
- Raon de choillearnacha aibí leathanduilleacha agus plandálacha de speicis téisclime. Roinnt gnáthóg bogaigh agus féarach fluich in aice le hAbhainn Áth na gCloch.

Stair & Cultúr

- Talamh feirme meánach fadbhunaithe.
- Gaeltacht soir ó Áth Buí i Ráth Cairn
- Tírdhreacha eastáit
- Seandálaíocht faoi thalamh.
- Tithe feirme agus teachíní tuaithe.
- Séipéal Bhaile Uí Bheileogaigh 1838
- Teach Bhaile an Choiléirigh c1775
- Beaumont

Turasóireacht

- Bíonn féile ceoil Lár Tíre ar siúl i gCaiselán Bhaile an Locha, agus tagann réalta ardphróifíle ceoil le seinm ag an imeacht dhá lá seo ar thailte an chaisleáin.
- Gaeltacht Ráth Cairn.

Lonnaíochtaí agus Struchtúir Thógtha

- Is baile beag é Áth Buí.
- An cineál lonnaíochta atá ann príomha ná sráidbhailte beaga agus sráidbhailte meánacha.
- Foirgnimh dhúchasacha is mó atá sna lonnaíochtaí
- Tá an fhorbairt tógtha comhdhéanta d'áitribh indibhidiúla, nua-aimseartha den chuid is mó, seachas foirgnimh níos traidisiúnta le dlúis d'fhorbairt ribíneach sa limistéar atá buailte leis na mórghóithre.

Cur Síos ar Phríomhlonnaíochtaí

- *Áth Buí*: seo baile beag le stair mheánaoiseach agus cúlchríoch a bhfuil tábhacht chultúrtha ag baint léi. Forbairt ribíneach fhairsing feadh mórghóithre.
- *Dún Doire*: Sráidbhaile beag - meánach. Ar imeall an bhaile tá forbairt fhairsing ribíneach, áit a bhfuil áitribh scoite nua-aimseartha níos mó.
- *Baile Roibín*: Sráidbhaile beag a tógadh mórthimpeall ar chrosbhóthar lárnach, tá a lán tithe scoite ar thaobh amháin, atá ag teacht salach ar charachtar na bhfoirgneamh dúchasach.

Fórsaí Athraithe

- Easpa bainistíochta ar fhálta sceach, fálta crann á ndíghrádú agus roinnt fálta sceach á gcailliúint.
- Fásfaidh plandálacha óga de speicis mheasctha agus méadóidh sé carachtar coille an tírdhreacha.
- D'fhéadfadh inmharthanacht na feirmeoireachta beostoic meath agus méadú ag teacht ar úsáid na talún don fhoraoiseacht.
- D'fhéadfadh forbairt shuntasach ar Áth Buí, ar Bhaile Átha Troim agus ar an Uaimh cur isteach go mór ar nádúr tuaithe na sráidbhailte níos lú sa limistéar.



Tírdhreach tarraingteach ag Abhainn Átha Buí.



Fálta sceach díghrádaithe a dhéanann talamh feirme féaraigh in Áth Buí a iamh.



Fálta sceach dea-bhainistithe, Dún Doire



Páirceanna móra arúla lasmuigh de Dhún Doire.

8. LCT 16 - ísealchríocha na huaimhe thiar

MOLTAÍ

1. Athchóiriú a dhéanamh, ach dreasachtaí bainistíochta cuí a sholáthar, ar an gclúdach talún ilchineálach atá ann i limistéir talmhaíochta atá fós ann i gcodanna d'iarthar Thalmh Feirme Átha Buí, ach atá ag meath i san oirthear, lena n-áirítear féaraigh, fála agus coillearnach mheasctha.
2. Fiosrú a dhéanamh ar an bhféidearthacht atá ann cur leis an rochtain ar Abhainn Átha Buí i lár an bhaile lena n-áirítear siúlóid cois abhann atá buailte le heaglais na hÉireann.
3. D'fhéadfaí Áth Buí a fhorbairt mar fhócas d'fhiontair thuaithe ar nós margaí feirme a cheadódh éagsúlú tuaithe agus a dhéanfar foráil le haghaidh nasc níos láidre idir lonnaíochtaí agus a gcomharsanachtaí tuaithe.
4. Comhdhlúthú a dhéanamh ar imill uirbeacha thuaidh Átha Buí. Tús áite a thabhairt d'fhorbairt na láithreán inlíonta seachas don fhorbairt ribíneach a shíneann feadh na mbóithre isteach sa bhaile. An tírdhreach a láimhseáil ar bhealach oiriúnach feadh imeall na forbartha leis an imeall uirbeadh a dhéanamh níos boige.
5. Go mbeifí cúramach amach anseo maidir leis an áit a lonnófaí forbairt ar mhórsála, bonneagar, amhail aonaid tionsclaíochta agus crainn tharchutha do ghutháin phóca, chun an tionchar neamhfhábhach ó thaobh radhairc de a íoslaghdú.
6. Leanúint le cur chun cinn na Gaeltachta ag Ráth Cairn mar acmhainn chultúrtha agus naisc a chothú idir Gaeltachtaí eile lena n-áirítear Baile Ghib.
7. Aird a thabhairt ar shuímh shonraithe éiceolaíochta náisiúnta agus Eorpacha sa LCT seo.

CUMAS FÉIDEARTHA

1. Cumas féideartha meánach freastal ar fhoirgnimh feirme ar mhórsála. Cé nach mórthréithe den LCT seo é tá deiseanna d'fhorbairt dá leithéid, sa chaoi is go mbeadh an fhorbairt go maith faoi cheilt agus nach mbainfeadh sí ón tírdhreach talmhaíochta atá ann, tríd is tríd.
2. Níl aon mhór-ionaid spéis sa limistéar seo ach tá an tírdhreach talmhaíochta mórthimpeall na ndiméinte struchtúrtha sa chaoi is go mbeifí in ann níos mó a bhaint astu. Chomh maith leis sin, tá Gaeltacht in aice le hÁth Buí, agus meallann sé seo cuairteoirí a bhfuil spéis acu i gcultúr na hÉireann. Mar sin, tá cumas féideartha ard ag an LCT seo áiseanna do chuairteoirí a chomhshdaidhmeadh ar an gcoinníoll go ndéantar iad ar bhealach a oireann do charachtar an tírdhreacha atá ann faoi láthair.
3. Cumas féideartha ard freastal ar athchóiriú na bhfoirgneamh reatha chun a n-úsáid a athrú mar nach mbeadh aon tionchar aige seo ar an méid forbartha tógtha san LCT seo agus mhéadódh sé an raon úsáidí ar fhoirgnimh inbhuaine san LCT seo.
4. I gcodanna den LCT seo tá struchtúr láidir tírdhreacha ann agus bheadh cumas féideartha meánach ann freastal ar cháblaí lasnairde, ar fho-stáisiúin agus ar chrainn chumarsáide ar an gcoinníoll nach ndéantar forbairt dá leithéid i limistéir fheiceálacha. In áiteanna eile, go háirithe sa limistéar díghráidithe mórthimpeall na hUaimhe, bheadh tionchar dochrach ag a leithéid d'fhorbairt ar thírdhreach atá cheana féin i ndroch-chaoi.
5. Cumas measartha go híseal freastal ar bhonneagar nua iompair. I gcodanna den LCT ina bhfuil struchtúr láidir tírdhreacha d'fhéadfaí forbairt dá leithéid a lonnú in áiteanna nach bhfuil chomh feiceálach. In áiteanna eile, go háirithe sa limistéar díghráidithe mórthimpeall na hUaimhe, bheadh tionchar dochrach ag a leithéid d'fhorbairt ar thírdhreach atá cheana féin i ndroch-chaoi.
6. Cumas measartha go híseal freastal ar sheirbhísí faoi thalamh ag brath ar an gcaillteanas a d'fhéadfadh a bheith ann ar na teorainneacha páirce reatha agus ar ghnéithe eile den tírdhreach. I gcodanna den LCT seo ina bhfuil an tírdhreach díghráidithe cheana féin, d'fhéadfadh deiseanna a bheith ann leis an gcineál seo forbartha le cur le teorainneacha páirce.
7. Cumas féideartha meánach freastal ar fheirmeacha gaoithe nó ar thuirbíní aonair toisc go mbíonn srian ar radhairc agus go bhfuil deiseanna féideartha ann a leithéid sin d'fhorbairt a lonnú in áiteanna nach bhfuil chomh feiceálach.
8. Cumas féideartha meánach freastal ar bhithmhais agus ar fhoraoiseach áit a gcuirfeadh sé sin deiseanna ar fáil feabhas a chur ar chaoi an tírdhreacha agus ar bhainistíocht in áiteanna nach bhfuil chomh feiceálach.



Luacht Tírdhreacha: Measartha

Íogaireacht Tírdhreacha: Measartha

Tábhacht Tírdhreacha: Áitiúil

CUR SÍOS AR AN TÍRDHREACH

Limistéar mór tuaithe le talamh feirme droimneach agus iarsmaí de thírdhreacha d'fhearann páirce. Tá taobh theas Chnoic Loch Craoibhe san LCT seo agus níl mórán dochair déantar ag forbairt nua-aimseartha don LCT seo ach amháin i gCeanannas ar an imeall thoir agus in Áth Buí ar an imeall theas. Tá roinnt gráigeanna ann lena n-áirítear Baile an Locha, Crosa Caoil, Cill Scire agus Drumbaragh, atá beag agus gan iad a bheith millte mórán. Tá Ceanannas suite ar thaobh chnoic leis an imeall thiar ar bharr an chnoic. Uaidh seo is féidir radhairc mhaith a fháil soir ar chonaire na hAbhann Dubh i dtreo na hUaimhe agus Shláine. Ar imeall na hUaimhe tá People's Park lonnaithe ónar féidir radhairc mhaith a fháil agus tá sainchomhartha ann (teach solais) atá le feiceáil ón limistéar máguaird. Tá roinnt forbairtí nua déanta ar imeall Cheanannais, atá ag tosú ag brú isteach sa taobh tíre agus ag dul i gcion ar cháilíocht agus ar chaighéan na talún feirme atá buailte leis. D'fhéadfadh forbairt dá leithéid dochair mór a dhéanamh do charachtar an tírdhreacha má leanann sé ar aghaidh gan stop a chur leis.

Ag gluaiseacht siar tá an tírdhreach tarraingteach ach d'fhéadfadh caoi níos fearr a bheith air agus ar na saintréithe a bhaineann leis tá páirceanna ísle droimneacha atá níos mó anois ná mar a bhíodh toisc teorainneacha traidisiúnta a bheith á gcailliúint. I roinnt mhaith áiteanna tá sconsaí sreangán ar chuailí ann anois in ionad na bhfálta sceach agus na mballaí cloiche tirime a bhíodh ann. I gcás na ngnéithe teorann atá fanta ní dhéantar ach droch-bhainistiú orthu nó tá droch-chaoi orthu. Tá líon mór feirmeacha eastáit sa limistéar seo agus tá iarsmaí de thithe eastáit cailte anois .i. fearann páirce/crainn ar ascail agus geataí ornáideacha feadh chonair an bhóthair.

I lár an LCT seo tá cnoc beag ar a bhfuil gráig bheag lonnaithe, Crosa Caoil. Is gráig tharraingteach é le meascán comhleánúnach d'fhoirgnimh ón 18^ú agus 19^ú hAois chomh maith le háitribh nua-aimseartha atá leabaithe go maith idir eatarthu. Tá forbairt bheag tionsclaíochta/tráchtála anseo nach bhfuil tarraingteach ach níl sí feiceálach ach oiread ó thaobh radhairc de. Ón suíomh seo tá radhairc lánléargais le fáil ar Chnoic Loch Craoibhe agus ar an taobh tíre soir agus siar.

Tá droimníní níos mó ina dtírghné, de réir mar a thaistlaítear feadh chonair bóthair an R163 i dtreo Bhaile an Locha agus tá an tírdhreach níos mó cosúil le fearann páirce le crainn agus fálta sceach i gcaoi níos fearr. Níl an fhorbairt chomh líneach i gcuid thiar an LCT seo, níl ann ach grúpaí d'áitribh ísealdlúis scaipthe amach ar fud an taoibh tíre.

Sa taobh thuaidh tá an LCT buailte le Cnoic Loch Craoibhe agus tá an talamh níos airde anseo. Baineann an meath a tháinig ar thalamh feirme, tríd is tríd san oirthear, leis an limistéar seo chomh maith. Tá cuid theas an LCT seo cosúil leis an gcuid thiar lelimistéir d'fhearann páirce ach le níos mó plandálacha buaircínacha.

PRÍOMH-THRÉITHE

Geolaíocht

- Tírghné chasta dhroimneach a chruthaigh gluaiseachtaí oighir.
- Tá riocht na talún oiriúnach do na crainn a mbíonn rath orthu in ithir shaorshilteach, amhail fáibhile, dair agus teile, agus tá beith, fuinseog agus learóg bainteach le hAbhann na Bóinne.
- Tá an gheolaíocht comhdhéanta d'aolchloch calp, de ghréabhadh san oirthear agus de chríos chomhcheirtleáin aolchloiche ag briseadh síos chun ithreacha aigéadacha le draenáil mhaith a chruthú, go príomha, agus ithreacha éadomhaine le draenáil mhaith thall is abhus maille le limistéir de bharrithir mhóinteach.

8. LCT 15 – Ísealchríocha thiar theas cheanannais

Úsáid Talún

- Talamh feirme oscailte, tréadach go príomha.
- Plandálacha buaircíní sa chuid theas.
- Limistéir de choilleannach eastáit sa chuid thiar.

Éiceolaíocht & Gnáthóg

- 2 limistéar Oidhreacht Náisiúnta molta (PNHA);
Portach Girley – Ceann de na portaigh ardaithe is sia soir in Éirinn le speicis amhail fiafhéar, andraiméid agus cib bhán. Tá an portach i ndroch-chaoi.
Loch Seisce – Gnéithe fisiceacha agus bitheacha éagsúla agus dá bharr tá an iliomad gnáthóg ann. Toisc caillteanas crann agus fála scean mar theorainneacha páirce níl éagsúlacht gnáthóige chomh maith sa limistéar.
- Raon de choilleannacha aibí leathanduilleacha agus plandálacha de speicis téisclime. Roinnt gnáthóg bogaigh agus féarach fluich in aice le hAbhainn Duibhlinne.

Stair & Cultúr

- Taobh theas Chnoic Loch Craoibhe anseo
- Fothraigh ó dhiméintí agus ó eastáit feirme ón 18^ú hAois
- Tithe feirmeón 18^ú agus 19^ú hAois.
- Teach Bhaile an Rátha a tógadh sa bhliain 1671 agus Drewstown c 1745 le loch agus droichead rockwork.
- Roinnt foirgneamh meo-ghotacha.

Turasóireacht

- Is baile oidhreacht Éireannach é Ceanannas agus is ann a fuarthas 'Leabhar Ceanannais'
- Cuireann ionad oidhreacht Ceanannais eolas ar fáil ar stair Ceanannais agus ar an gceantar máguaird.
- Is féidir radhairc lánléargais a fháil ar an taobh tíre máguaird ó Peoples Park agus ó Spire of Lloyd a chuir an chéad iarla Bheigí ina sheasamh.
- I nGairdíní Garráin lasmuigh de Ceanannas tá bláthanna cros-shíolracha agus éin fhiáine andúchasacha le feiceáil.
- Galfchúrsa Ceanannais
- Tá éileamh ar shliatascáireacht ar an Abhainn Dhubh.
- Ionad eacaíochta Ceanannais.

Lonnaíochtaí agus Struchtúir Thógtha

- Príomhlonnaíocht i gCeanannas
- Gan lonnaíochtaí móra eile ann
- I measc na sráidbhailte agus na ngráigeanna tá Crosa Caoil, Baile an Locha, Cill Scíre agus Drumbaragh.

Na Príomhlonnaíochtaí

- *Ceanannas*: Baile atá thar a bheith tarraingteach, sainithe ina Bhaile Oidhreacht agus tá cáil air toisc gurb ann a fuarthas Leabhar Ceanannais. Tá an taobh thiar den bhaile ag barr an chnoic ar a bhfuil an baile lonnaithe. Cuireann ribíní forbartha, idir fhorbairt chónaitheach agus fhorbairt tionsclaíochta / tráchtála, a tógadh le 50 bliain anuas, isteach ar an aistriú tuaithe-uirbeach agus ar fhorbairt chónaitheach nua atá idir lámha. Is spás oscailte poiblí é People's Park atá lonnaithe ar chnoc os cionn an bhaile agus tá teach solais ar a bharr atá ina shainchomhartha don limistéar i gcoitinne. Is féidir radhairc lánléargais a fháil uaidh i ngach treo ar fud Chontaetha na Mí, an Chabháin agus na hIarmhí.
- *Baile an Locha*: Gráig bheag atá lonnaithe ag bun Chnoic Loch Craoibhe le heaglais agus halla, siopa áitiúil agus roinnt tithe a bhfuil stíleanna agus aoiseanna éagsúla acu. Níl an meascán de stíleanna neamhtharraingteach mar go bhfuil sé fós beag. Ar an taobh theas tá teach eastáit le crainn teorann lánfhásta atá ina ghé tharraingteach ar thaobh an bhóthair.
- *Crosa Caoil*: Gráig bheag tharraingteach é le meascán comhleánúach d'fhoirgnimh ón 18^ú agus 19^ú hAois chomh maith le háitribh nua-aimseartha atá leabaithe go maith idir eatarthu. Forbairt bheag tionsclaíochta/tráchtála thall is abhus ach ní bhaineann sé ó áilleacht fheiceálach na háite. Tá radhairc lánléargais le fáil uaidh seo ar

Chnoic Loch Craoibhe agus ar an taobh tíre soir agus siar.


- *Drumbaragh*: gráig bheag in aice le Ceanannas le bailiúchán beag de thithe a bhfuil stíleanna agus aoiseanna éagsúla acu agus le stáisiún peitрил/siopa áitiúil. Níor imigh forbairtí iltithe nua isteach go mór ar an ngráig seo go fóill.



Tithe tarraingteacha seanré i gCeanannas



Teachíní tuaithe le Cloigtheas Ceanannais sa chúla.



Radharc ar Ceanannas ó People's Park.

8. LCT 17 - Ísealchríocha thiar theas cheanannais

Fórsaí Athraithe

- Go príomha, meath ar chaoi na háite agus teorainneacha páirce tráidisiúnta á gcailliúint (fálta sceach, crainn na bhfálta sceach agus ballaí cloiche tirime) agus sconsaí le sreangán agus cuailí ina n-ionad ag cruthú tírdhreacha atá níos oscailte.

MOLTAÍ

- Dreasachtaí a sholáthar d'úinéirí talún chun feabhas a chur ar chaoi an tírdhreacha feirmeoireachta ón 18^ú haois agus inmharthanacht an tírdhreacha feirmeoireachta sa limistéar seo, chun feidhmiú i gcoinne chailteanas na dteorainneacha páirce (fálta sceach, ballaí agus bruacha) a bhaineann le páirceanna méadaithe.
- Sláine tírdhreach feirmeoireachta an 18^ú hAois a choinneáil trí bhainistiú fhearann páirce na n-eastát, ascaillí crann lánfhásta, balla teorainn agus sceacha bearrtha, a spreagadh.
- Tógáil ar shaoráidí neamshuntasacha turasóireachta atá ann cheana trí dhreasachtaí a thabhairt d'úinéirí talún chun rochtain agus taitneamh poiblí, ar an tírdhreach sonraithe tuaithe a mhéadú, m.sh. trí líonra cosán a fhorbairt, limistéir sonraithe radhairc a chruthú, srl.
- Cur chun cinn agus feabhas a chur ar imill uirbeacha Átha Bui agus Cheanannais chun deiseanna níos fearr a sholáthar. Ar na feabhsúcháin ar an tírdhreach tá: atógáil ar bhallaí cloiche tirime agus fálta sceach a athchur áit a bhfuil siad imithe nó i ndroch-chaoi.
- Aird a thabhairt ar shuímh shonraithe éiceolaíochta náisiúnta agus Eorpacha sa LCT seo.
- Treoirilínte deartha a cheapadh chun a chinntiú go ndéantar athchóiriú ar ghnéithe stairiúla amhail ballaí cloiche agus foirgnimh go dtí na caighdeáin chuí.
- Tírdhreach Cheanannais a chaomhnú, le haird ar leith ar fhorbairt a bhféadfadh tionchar neamhfhabhrach a bheith aici ar na radhairc fairsinge ó People's Park agus na limistéir atá buailte leis.
- Carachtar comhdhlúite a choinneáil atá ag líon mór de na lonnaíochtaí/gráigeanna i dTalamh Feirme Cheanannais Thiar. Forbairt nua a dhíriú ar lonnaíochtaí níos mó le háitribh aon uaire le bheith ar scála a chinntíonn go suíonn siad go compordach sa taobh tíre agus nach bhfuil siad ina ngnéithe feiceálacha.

CUMAS FÉIDEARTHA

- Cumas féideartha meánach freastal ar fhoirgnimh feirme ar mhórsála nach bhfuil ina ngné reatha den LCT seo ach a bhféadfadh gá a bheith leo chun cur le bainistíocht inbhuaine an tírdhreacha.
- Beidh gá suíomh agus dearadh a bhreithniú go cúramach - ní mór foirgnimh dá leithéid a lonnú sa chaoi is go bhféadfaí úsáid a bhaint as na droimníní droimneacha chun iad a chur faoi cheilt agus ní mór an phlandáil a dhéantar mórthimpeall orthu a bheith ar aon dul ó thaobh stíle de leis an bplandáil atá timpeall ar na tithe eastáit sa cheantar máguaird.
- Ní cóir na foirgnimh seo a fhorbairt en masse mar go mbeadh sé seo ag teacht salach ar an bpátrún atá ina shainghné den fhobairt tuaithe san LCT seo.
- Cumas féideartha ard comhshnaidhmeadh a dhéanamh ar áiseanna do chuairteoirí ar an gcoinníoll go bhfuil siad deartha go hógair agus nach bhfuil tionchar neamhfhabhrach acu ar na radhairc fad-raoin ná ar sheandálaíocht.

Tá an LCT seo lonnaithe gar do mhóronad spéise - Cnoic Loch Craoibhe agus baile Cheanannais – agus tá an tírdhreach talmhaíochta sa limistéar tarraingteach do chuairteoirí.

- Cumas féideartha meánach d'fhorbairtí beaga iltithe ar imeall Átha Bui ar an gcoinníoll nach síneann siad thar an limistéar uirbeach agus go n-úsáidtear ábhair, stíleanna agus scálaí dúchasacha. In áiteanna eile, tá cumas féideartha íseal ag an LCT seo freastal ar a leithéid sin d'fhorbairt. Tá braislí beaga tithe ina sainghné den LCT seo ach ní cóir iad a mhéadú ó thaobh toise de ná ó thaobh líon de mar go dtógfadh sé seo ó charachtar iargúlta an LCT seo. Is san LCT seo atá taobh theas Chnoic Loch Craoibhe (LCT 19) agus go minic bíonn na radhairc fairsing, agus go minic bíonn siad íogair ó thaobh athraithe de.
- Cumas féideratha measartha freastal ar thithe aon uaire ar scála beag san LCT seo ar an gcoinníoll go bhfuil sé ag teacht le forbairt stairiúil na dtithe eastáit laistigh den fhearann páirce a lonnaítear go minic amach ó chonairí bóthair agus atá faoin scáth na ndroimníní ísle. Go minic bíonn radhairc laistigh den LCT seo fairsing agus bheadh tionchar thar a bheith dochrach ag forbairt tógtha bhreise i suímh fheiceálacha ar charachtar an tírdhreacha agus ar shuíomh Chnoic Loch Craoibhe. (LCT 19).
- Cumas féideartha ard freastal ar athchóiriú na bhfoirgneamh reatha le go n-athrófaí a n-úsáid áit a gcuirfeadh a n-úsáid feabhas ar dhroch-chaoi na háite agus ar thalamh feirme gan foirgnimh nua a thógáil chun cur isteach ar an tírdhreach.
- Cumas féideartha íseal freastal ar cháblaí lasnairde, ar fho-stáisiúin agus ar chrainn chumarsáide mar go bhfuil radhairc laistigh den LCT seo, agus ó LCT 19 atá buailte leis (Cnoic Loch Craoibhe), fairsing go minic agus bheadh forbairt dá leithéid an-fheiceálach is dócha. Bheadh a fhios ag breathnadóirí a bheadh ag faire amach ó Chnoic Loch Craoibhe dá mbeadh aon fhorbairt nua-aimseartha ann toisc suntas stairiúil an tírdhreacha seo.
- Cumas féideartha íseal freastal ar bhonneagar nua nó uasghrádaithe toisc gur dócha go mbeadh tionchar dochrach ag a leithéid d'fhorbairt ar charachtar tuaithe an LCT seo, ar sheandálaíocht agus ar a fheidhm mar shuíomh do Chnoic Loch Craoibhe.
- Cumas féideartha meánach freastal ar sheirbhísí faoi thalamh áit a mbeadh deiseanna ag dul leis an gcineál sin d'fhorbairt ballaí cloiche agus fálta sceach a chur ar ais. Bheadh tionchar mór ag gnéithe seandálaíochta ar na háiteanna a bhféadfaí é seo a dhéanamh, ámh.
- Cumas féideartha íseal freastal ar fheirmeacha gaoithe nó ar thuirbíní aonair mar go bhfuil radhairc laistigh den LCT seo, agus ó LCT Chnoic Loch Craoibhe, fairsing go minic agus bheadh forbairt dá leithéid an-fheiceálach is dócha. Bheadh a fhios ag breathnadóirí a bheadh ag faire amach ó Chnoic Loch Craoibhe dá mbeadh aon fhorbairt nua-aimseartha sa radharc toisc suntas stairiúil an tírdhreacha seo.
- Cumas féideartha meánach freastal ar bhithmhais agus ar fhoraoiseacht ar scála beag. Níl plandálacha buaircíneacha ach ina mionghné den LCT seo agus mar sin d'fhéadfaí tuilleadh a chur. Ní fhéadfadh forbairt dá leithéid a bheith ina mhórghné ná ina ghné shuntasach den LCT seo agus ní cóir í a lonnú in áiteanna atá feiceálach, nó a bhfuil tábhacht éiceolaíochta nó seandálaíochta ag baint leo.

8. LCT 17 - Ísealchríocha thiar theas cheanannais



Luacht Tírdhreacha: Ard

Íogaireacht Tírdhreacha: Ard

Tábhacht Tírdhreacha: Réigiúnach

CUR SÍOS AR AN TÍRDHREACH

Cé go bhfuil an LCT seo iargúlta agus scoite amach ó mhórlonnaíochtaí, tá sé saibhir le fianaise fheiceálach stairiúil gur baineadh úsáid as le fada an lá agus go raibh lonnaíocht ann. Ar cheann de na gnéithe is tábhachtaí, b'fhéidir, tá na LCT seo ina shuíomh do Chnoic Loch Craobhe ar a bhfuil raon tuamaí pasáiste ó thimpeall na bliana 3000RC. Tá suímh réamhstairiúla agus réamh-Chríostaíochta sa limistéar seo chomh maith le caisleáin Angla-Normannacha agus eastáit feirme ón 18^ú hAois.

Tá meascán d'úsáidí talún tuaithe ann lena n-áirítear páirceanna tréadacha beaga agus banracha, áiseanna áineasa allamuigh, locha, braislí d'áitribh agus foraoiseacht. Tá roinnt mhaith crann ann - teorainneacha páirce ina bhfuil fálta sceach dea-choimeáda le roinnt mhaith crann sna fálta sceach agus tá roinnt mhaith limistéir le coillearnach leathanduilleach, beith fhliuch agus carr sailí in ísealchríocha, limistéir d'fhoraoisí buaircíneacha agus móinteáin atá á n-athghiniúint. Tríd is tríd, tá talamh feirme dea-bhainistithe iata le fálta sceach nó ballaí cloiche agus tá siad seo ina ngné shuntasach den tírdhreach, go háirithe mórthimpeall Rosa san iarthuaisceart.

Is é Loch Síleann an corp uisce san LCT seo. Tá spás beag d'uisce oscailte agus de líne chladaigh le coillearnach ag cúinne thiar an Chontae ar an teorainn leis an gCabhán. Déanann an tseirbhís foraoiseachta, Coillte, bainistiú ar an gcoillearnach ar an gcladach. Is féidir radhairc tharraingteacha a fháil amach thar an Loch ar na cnoic isle d'hoimneacha atá clúdaithe le talamh feirme le clúdach maith crann agus le fearann páirce agus, ó Chaisleán Rosa (atá ina óstán anois) atá suite ar an gcnoc a fhéachann amach thar Loch Síleann is féidir radhairc lánléargais a fháil ar Chontae an Chabháin. Is é Loch Bane an dara loch is mó san LCT seo, ar an teorainn leis an Iarmhí, ach tá locha eile níos lú ann san LCT seo agus tá siad go léir ina limistéir shuaimhneacha le háilleacht ar leith ag baint leo.

Toisc sionchaitheamh ar chnoic, san am atá caite agus i láthair na huair, agus toisc an cairéalú a dhéantar ar an aolchloch atá sa talamh tá tírghné chasta de chnoic, de lochanna agus de ghleannta iata ann a chuireann bac le radhairc fad-raoin i roinnt mhaith cásanna. Feadh na teorann thiar tá an LCT seo cuimsithe ag Cnoc Mullaghnoon san Iarmhí agus ag tearmann d'fhiadhúlra atá clúdaithe le coillearnach bhuaircíneach agus beithe.

Chomh maith leis sin tá limistéar clárach de phlandáil bhuaircíneach agus de charr beithe atá ag athghiniúint agus fraochmhá buailte le coillearnach Loch Síleann. Tá cairéal beag i Rosa agus ceann i bhfad níos mó gar do Toonahammer i ndeisceart an LCT seo. Mórthimpeall ar an gCairéal seo, tá scrobarnach aittinn, plandálacha learóige, luachra agus giolcaigh.

Tá an fhobairt tógtha scartha amach go cothrom ar fud an LCT seo agus dlús íseal ag baint léi. Is é an Seanchaisleán an t-aon mhórlonnaíocht sa limistéar. Is baile stairiúil meánach é in ísealchríocha ag bun Chnoic Loch Craobhe agus tá talamh feirme riascach agus foraoisí mórthimpeall air. Go ginearálta tá comhéadan maith ag an mbaile leis an tírdhreach mórthimpeall air agus bheadh sé íogair go maith ó thaobh na forbartha a dhéantar ar a imill toisc go bhfuil sé mar chuid rithábhachtach den suíomh do chnoic Loch Craobhe.

Is í an eaglais i lár an tSeanchaisleáin an sainchomhartha agus tú ag teacht i dtreo an bhaile agus tá radhairc amach ar na cnoic mórthimpeall atá clúdaithe le coillearnach le fáil i gcuid thuaidh agus thiar an bhaile. Tá roinnt sráidbhailte agus gráigeanna ann ina bhfuil braislí de thithe le meascán d'fhoirgnimh idir thithe atá thar a bheith nua-aimseartha ón 20^ú hAois is theachníní tuaithe dúchasacha is thithe feirme móra. Bóithre 'bui' atá i gceist leis an mbonneagar iompair. Tríd is tríd is conairí tarraingteacha iad na bóithre le crainn, fálta sceach agus ballaí cloiche tirime orthu.

8. LCA 18 - ardtailte loch síleann

PRÍOMH-THRÉITHE

Geolaíocht

- Toisc sionchaitheamh agus cairéalú ar an tírdhreach tá topagrafaíocht spéisiúil ann.
- A bhuíochas le barrithreacha éadomhaine tá an limistéar seo go maith don iníor ach níl sé chomh hoiriúnach don fheirmeoireacht arúil.
- Comhdhéanta d'aolchloch calp agus de bhandaí seirte le siltí ar theorainn na Mí/na hlarmhí agus aolchloch sceallach ar theorainn na Mí/an Chabháin tá meascán éagsúil de chineálacha ithreacha ann. Barrithreacha móinteacha le hithreacha doimhne aigéadacha le draenáil mhaith san iarthar agus sa lár agus aolchloch sceallach ar theorainn an Chabháin/na Mí.
- Tá riocht na talún oiriúnach do na crainn a mbíonn rath orthu in ithir shaorshilteach, amhail fáibhile, dair agus teile, agus tá beith, fuinseog agus learóg bainteach le limistéir ina bhfuil barrithir mhóinteach.

Úsáid Talún

- Meascán d'úsáidí tuaithe: feirmeoireacht ar scála beag, foraoiseacht agus coillearnach leathandhuilleach.
- Limistéar fliuch le lochanna móra agus beaga ar fud an limistéir.
- Suímh chairéil san am atá caite agus reatha

Éiceolaíocht & Gnáthóg

- 2 Limistéar Speisialta Caomhnaithe molta (CSAC), *Lochanna Bána, Loch Ben agus Loch Doo*, limistéir de choillearnach fhliuch le himeall sailí agus riasca fionnuisce. *Loch Bane/Glass* – Suite ar Theorainn na Mí/na hlarmhí
- 2 limistéar oidhreacha náisiúnta (PNHA), *Loch Síleann*, loch mór le portaigh ardaithe ar ísealchríocha ar a imeall. Tábhachtach d'éin atá ar síobadh. *Loch Nanegh* – Sraith de lochanna beaga atá bainteach le bogaigh aistritheacha enaigh a aistriú ina bportaigh.

Stair & Cultúr

- Fianaise go raibh áitritheoirí ann le fada an lá sa limistéar seo: seandálaíocht agus déantáin réamhstairiúla agus réamh-Chríostaíochta, foirgnimh Angla-Normannach agus eastáit agus feirmeacha ón 18^ú hAois.
- Chomhghaol tábhachtach idir an LCT seo agus LCT Chnoic Loch Craobhe.
- Ailtireacht larnróid
- I measc na bhfoirgneamh cosanta tá Teach Rosa agus Teach Castlecore Glebe

Turasóireacht

- Tá dea-cháil ar Loch Craobhe agus ar an gceantar máguaird toisc é a bheith ina ionad spéise do thurasóirí.
- Is baile tarraingteach é an Seanchaisleán le lóistín agus áiseanna do chuirteoirí.
- Is é Loch Síleann an corp uisce is mó sa chontae agus baintear an-úsáid as do chaithimh aimsire éagsúla - slatiascaireacht ina measc.

Lonnaíochtaí agus Struchtúir Thógtha

- Sráidbhailte lena n-áirítear Rosa agus Baile na Croí.
- Is áitribh ísealdlúis iad formhór na n-áitreabh ar fud an limistéir

Na Príomhlonnaíochtaí

- *An Seanchaisleán*: baile margaidh meánach Seoirseach le cuma chomhdhlúite tharraingteach agus le comhéadan maith leis an taobh tíre. Tá sé lártaíthe mórtimpeall crosbhóthair áit a bhfuil foirgnimh ón 19^ú agus 20^ú hAois luath a bhfuil stíleanna éagsúla acu. Tá easnamh forbartha nua-aimseartha sa Seanchaisleán - níl ach forbairt bheag tithíochta ar an

tslí isteach sa taobh thoir agus fairsingiú ar limistéar beag tionsclaíochta ó thuaidh a bhfuil líne thobann aige leis an taobh tíre. Tá dhá spuaic eaglaise mar shainchomharthaí sa tírdhreach i gcoitinne. Meastar go n-eascraíonn an t-ainm ó Mhóta Normannach sa taobh theas den bhaile.

- *Rosa*: sráidbhaile beag le leagan amach líneach agus é ar thalamh ardaithe ar chnoc os cionn Loch Síleann. Is teachíní tuaithe beaga dhá stór iad na foirgnimh go léir agus iad suite laistigh de bhreacachan de pháirceanna/bhanracha atá roinnte ag ballaí cloiche tirime. Is féidir radhairc mhaithe a fháil amach ó dheas i dtreo Loch Craobhe agus ó thuaidh amach Chontae an Chabháin.

Fórsaí Athraithe

- Tá gá ballaí cloiche tirime a chothabháil agus a dheisiú chun carachtar an tírdhreacha a chothú.
- Díchoilltiú ar phlandálacha buaircíneacha agus ligean do limistéir athghiniúint mar choillearnach fraochmhná agus beithe.

MOLTAÍ

1. Aird ar thábhacht an LCT seo mar shuíomh do Chnoic Loch Craobhe (LCT 19) ach caomhnú a dhéanamh ar an tírdhreach tuaithe éagsúil agus forbairt nua agus dearadh a bheith íogair agus suite go maith.
2. Suíomh íogair aon fhorbartha nua a chomhlánú ach caomhnú a dhéanamh ar an mbreacachan saibhir de ghnéithe stairiúla a léiríonn go raibh úsáid á baint as an áit ag daoine le fada an lá san LCT seo.
3. Ní mór d'aon fhorbairt nua ar an taobh tíre a bheith ina fhobairt ísealdlúis agus ar scála beag agus úsáid a bhaint as ábhair dhúchasacha agus stíleanna dúchasacha chun iad a bheith in oiriúint do charachtar an tírdhreacha.



Topagrafaíocht dhroimneach ó dheas ón Seanchaisleán.




Loch Síleann.

8. LCT 18 - ardtailte loch síleann

4. Aird a thabhairt ar shuímh shonraithe náisiúnta agus Eorpacha ar theorainn na hIarmhí. Leanúint leis an bhforbairt ar an Sainchaisleán mar bhaile stairiúil agus mar ionad spéise do chuairteoirí agus mar bhunáit óna bhfágann daoine chun dul ag taisteal in iarthuaisceart na Mí.
5. Aitheantas a thabhairt d'idirchaidreamh tábhachtach na radharc idir na cnoic seo agus limistéir ardtalún i ndeisceart an Chabháin, nuair atá suímh forbartha á n-áireamh.
6. Treoirlínte a cheapadh chun cuidiú le lonnú agus le dearadh ar fhorbairt nua agus dreasachtaí a chur ar fáil chun comhrac i gcoinne mheath riocht ghnéithe den tírdhreach amhail ballaí cloiche, fála sceach agus limistéir coillearnaí, go háirithe fánaí thuaidh na gcnoc agus na bealaí isteach sa Sainchaisleán.
9. Cumas féideartha íseal freastal ar fheirmeacha gaoithe a fhorbairt go príomha toisc sofheictheacht Chnoic Loch Craoibhe agus suntas seandálaíochta an limistéir ach chomh maith leis sin íogaireacht fhoriomlán ard agus luach an LCT seo.
10. Cumas féideartha meánach freastal ar fhoraoiseacht agus ar bhithmhais toisc go bhfuil plandálacha buaircíneacha ina sainghné de charachtar an tírdhreacha cheana féin. Ní cóir don chineál seo forbartha a bheith ina ghné cheannasach, ámh, mar go n-athródh sé carachtar foriomlán an LCT seo.

CUMAS FÉIDEARTHA

1. Cumas féideartha meánach chun freastal ar fhoirgnimh mhóra feirme cé nach gnáthghné iad san LCT seo mar go bhfuil an fhéidearthacht ann iad a cheilt ach limistéir coillearnaí a chur atá mar shainghné de charachtar an tírdhreacha.
2. Cumas féideartha ard go measartha feabhas a chur ar áiseanna nua do chuairteoirí. Tá roinnt ionad spéise do chuairteoirí san LCT seo a d'fhéadfaí a nascadh lena chéile le forbairt dá leithéid. Ba chóir aird ar leith a thabhairt ar chothabháil, ar fheabhsú agus ar mhacasamhlú an phátrúin bhreacachain páirceanna agus na ballaí cloiche teroann atá ina sainghnéithe a bhaineann le forbairt dá leithéid.
3. Cumas féideartha íseal d'fhorbairtí iltithe cónaitheacha a d'fhéadfaí a fheiceáil ó Loch Craoibhe (LCT 19) ach cumas féideartha meánach d'fhorbairt dá leithéid ar scála beag sa Seanchaiseán áit ar féidir iad a chomhtháthú leis an bhfabraic thógtha atá ann cheana féin sa bhaile.
4. Cumas measartha nó íseal do thithe aon uaire ag brath ar shuíomh, ar scála agus ar dhearadh. Chaithfí breithniú a dhéanamh ar inmharthanacht forbairtí dá leithéid ó Chnoic Loch Craoibhe (LCT 19) in aon fhorbairt dá leithéid agus chaithfí ábhair, stíleanna agus leagain amach dúchasacha a úsáid.
5. Cumas féideartha ard athchóiriú a dhéanamh ar fhoirgnimh stairiúla áit a gcuirfeadh forbairtí dá leithéid deiseanna ar fáil athdhaingniú a dhéanamh ar an lonnaíocht stairiúil agus feabhas ar bhainistiú an tírdhreacha ach éagsúlú talmhaíochta a chur i bhfeidhm.
6. Cumas féideartha íseal freastal ar cháblaí lasnairde, ar fho-stáisiúin agus ar chrainn chumarsáide go príomha toisc suntas seandálaíochta an limistéir ach chomh maith leis sin toisc íogaireacht ard fhoriomlán an LCT seo.
7. Cumas féideartha íseal freastal ar bhonneagar nua iompair go príomha toisc suntas seandálaíochta an limistéir ach chomh maith leis sin toisc íogaireacht ard agus iargúlacht choibhneasta an LCT seo.
8. Cumas féideartha íseal freastal ar sheirbhísí faoi thalamh toisc dóchúlacht ard a bheith ann go gcuirfí isteach ar ghnéithe seandálaíochta san LCT seo.



Luacht Tírdhreacha: Eisceachtúil

Íogaireacht Tírdhreacha: Ard

Tábhacht Tírdhreacha: Náisiúnta/Idirnáisiúnta

CUR SÍOS AR AN TÍRDHREACH

Raon beag cnoc atá i Loch Craobhe atá ina shainchomhartha in iarthuaisceart na Mí. Tá suntas ar leith ag baint leis toisc tuamaí pasáiste a bheith ag barr na gcnoc ó thimpeall na bliana 3000RC. Tá próifil spéisíúil ag na cnoic a curthaíodh i bpáirt toisc gluaiseacht oighreach agus i bpáirt toisc thionchar an duine le linn na ré réamhstairiúla. Tá codanna de na cnoic clúdaithe le plandálacha buaircineacha agus beirthe agus tá codanna eile clúdaithe le féaraigh agus le haiteann.

Toisc go bhfuil Loch Craobhe suite san oirthear tá talamh feirme oscailte iargúlta ann, ar saintréith é den limistéar, agus tá sé i ndroch-chaoi. Tá carnáin cloiche agus ithreach feadh na mbóithre dearóil agus i ndroch-chaoi agus tá na fála sreachaí. Tá roinnt mhaith clúdach crann lánfhásta ann, fáibhile den chuid is mó, agus seiceamóir ag fás ar thaobh an bhóthair agus idir páirceanna. Tithe dúchasacha den chuid is mó tá san fhorbairt tógtha - tithe beaga feirme agus teachíní tuaithe.

Is breacchan de pháirceanna meánacha le cruth rialta agus roinnte ag fála sreacha agus ag crainn iad ísealchríocha droimneacha Loch Craobhe. Sa taobh thuaidh tá limistéir bheaga de choillearnach leathandhuilleach agus scrobarnach gharbh ach níl mórán fála sreacha ann. Go ginearálta tá páirceanna níos mó/méadaithe toisc gur cailleadh roinnt de na teorainneacha páirce. I dtreo an tSeanchaisleáin tá ballaí cloiche tirime, iad tiubh agus meathbhán, agus iad anois ina sainghné den limistéar. Téann an talamh le fána ó Loch Craobhe go dtí an Sainchaisleán agus mar sin tá dreach an bhaile seo mar chuid thábhachtach de shuíomh Loch Craobhe. Tá imeall tobann uirbeach sa taobh thoir áit ar tógadh forbairt nua ach in áiteanna eile tá an tírdhreach leabaithe go maith sa tírdhreach. Is sainchomhartha áitiúil an dá spuaic den eaglais agus nuair atá an aimsir go maith is féidir iad a fheiceáil ó Loch Craobhe i gcoinne chúla chnoic Chontae an Chabháin.

Carachtar diméine a bhí ag an tírdhreach siar ó Loch Craobhe le roinnt mhaith crann fearainn pháirce, le ballaí na diméine ar imeall an bhóthair, le hascaill fáithbhille agus garráin coillearnaí. Bhí roinnt tithe eastáit móra i measc na ndroimníní. Tá roinnt tithe nua-aimseartha ar an mbealach isteach sa taobh theas den Seanchaisleán atá ag teacht salach ar an gcruith atá ar an mbaile seachas sin agus go minic bíonn crainn bhuaircineacha ornáideacha mórtimpeall a dtéorainneacha. Níl bainistiú chomh maith is a bhíodh á dhéanamh ar an tírdhreach seo agus tá caoi na dtéorainneacha páirce - fála sreacha agus crainn - ag meath.

Is sa Seanchaisleán a rugadh N. Oilibhéar Pluincéad, ardeaspag a rinne éachtaí agus a crochadh toisc gur chuir sé i gcoinne dlíthe frith-Chaitliceacha sa 17th Aois.

Tá tábhacht Náisiúnta/idirnáisiúnta ag baint leis an LCT seo. Faoi láthair ní chomhlíonann sé na critéir iomlána le go mbeadh Tábhacht Idirnáisiúnta ag baint leis (leathanach 4) ach tá dóthain díol suntais ag baint le hoidhreacht an tírdhreacha le go dtabharfaí ardú céime dó le go mbeadh sé ina ionad idirnáisiúnta do thurasóirí agus le go gcuirfí seachar shonraíocht idirnáisiúnta UNESCO.

PRÍOMH-THRÉITHE

Geolaíocht

- Tá Cnoic Loch Craobhe comhdhéanta go príomha de ghréabhac le haolchloch calp sa taobh theas den limistéar, ag curthú meascáin d'ithreacha éadomhaine le draenáil mhaith ar na cnoic is airde agus ithreacha aigéadacha níos doimhne le draenáil mhaith ar thaobhanna na gcnoc agus sna hisealchríocha.
- A bhuíochas le barrithreacha éadomhaine tá an limistéar seo go maith don iníor ach níl sé chomh hoiriúnach don fheirmeoireacht arúil.
- Oireann coinníollacha na talún do na crainn sin a mbíonn rath orthu in ithir dhea-shilteach ar nós fáibhile, darach, agus teile.

8. LCT 19 - loch craobhe agus cnoic shliabh na Caillí

Úsáid Talún

- Páirceanna tréadacha agus féaraigh gharbha
- Plandálacha buaircíneacha agus a lán limistéar de choillearnach mheasctha agus leathanduilleach
- Tá cuma mhín ar an tírdhreach.

Éiceolaíocht & Gnáthóg

- Gan sonraíochtaí.
- Líonra láidir fála sceach agus ballaí cloiche tirime.
- Tá aiteann feiceálach agus forleathan.
- Féarach garbh.

Stair & Cultúr

- Tuamaí pasáiste Loch Craoibhe.
- Galláin eile
- Is baile margaidh é an Seanchaisleán, ón 18^ú hAois agus is ann a rugadh Oilibhéar Pluincéad
- Teach Loch Craoibhe, foirgnimh na stáblaí, teach oráistí agus gairdíní athchóirithe le cnocán. Cullí ag an mbealach isteach chuig Teach Loch Craoibhe, atá anois leaghta. Cuireadh na cuailí in airde mar bhaois.
- I measc na struchtúr cosanta tá Teach an Bhaile Nua Belview agus Teach Bhaile an Locha.
- Gairdíní agus siúlóid cois abhann Bhaile an Locha

Turasóireacht

- Is ábhar spéise to thurasóirí iad Cairn Loch Craoibhe sa mhéid go n-eascraíonn siad ó 3000RC - sin 700 bliain roimh na pírimídí.
- Tá suíomh tírdhreacha Loch Craoibhe agus na cnoic iad féin tarraingteach agus tá an-tóir orthu mar áit siúlóide.
- Gairdíní stairiúla Loch Craoibhe le gairdíní uisce tarraingteacha. Réachtáiltear Ceoldhrámaí sa ghairdín.

Lonnaíochtaí agus Struchtúir Thógtha

- Níl aon bhaile mór ann.
- Is baile mór é an Seanchaisleán atá buailte le LCT 6
- Baile an Locha: gráig bheag

Na Príomhlonnaíochtaí


- An Seanchaisleán agus limistéar buailte leis

Fórsaí Athraithe


- Meath ar chaoi na mballaí cloiche tirime agus na bhfálta sceach

POLASAITHE & MOLTAÍ

1. Iarratas a chur faoi bhráid UNESCO le haghaidh Sonraíocht Idirnáisiúnta. A luaithe is a dhéantar an t-iarratas seo a chomhadú, tá cás láidir ann le go gcaithfí leis an suíomh seo mar 'Shuíomh le Tábhacht Idirnáisiúnta' agus le go gcuirfí i bhfeidhm polasaithe a thabharfaidh cosaint don suíomh ag teacht leis an stádas seo. Inár dtuairim d'fhéadfaí iarratas a chur isteach thar ceann Chnoic Loch Craoibhe toisc go bhfuil siad neamhchoitianta, toisc a scála, a n-aoise agus go bhfuil tábhacht ar leith ag baint leo ó thaobh stair na hÉireann.
2. Caomhnú a dhéanamh ar an limistéar seo mar shuíomh seandálaíochta náisiúnta/idirnáisiúnta comhdhéanta de thuamaí pasáiste agus de tírdhreach cultúrtha a bhaineann le hOilibhéar Pluincéad ach caomhnú a dhéanamh ar an suíomh tírdhreacha neamh-mhillte seo.
3. Tús áite a thabhairt d'úsáid speiceas plandaí dúchasacha mórthimpeall an bhforbairtí nua. Ar an bplandáil shaintréithiúil tá limistéir de choillearnach dhúchasach agus leathanduilleach agus sondáil rialaithe aittinn.
4. Treoirilínte a cheapadh chun cuidiú le lonnú agus le dearadh ar fhorbairt nua agus dreasachtaí a chur ar fáil chun comhrac i gcoinne mheath riocht ghnéithe den tírdhreach amhail ballaí cloiche, fála sceach agus limistéir coillearnaí, go háirithe fánaí thuaidh na gcnoc agus na bealaí isteach sa Sainchaisleán.




Tírdhreach droimneach ag Loch Craoibhe.



Loch Craoibhe.



Is sainghné tharraingteach iad ballaí cloiche tirime i limistéar Loch Craoibhe/an tSeanchaisleán.



Topagrafaíocht éagsúlaithe i bpuriláin Loch Craoibhe.

8. LCT 19 - loch craoibhe agus cnoic shliabh na caillí


POLASAITHE & MOLTAÍ ar lean

5. Feabhas a chur ar dhreach agus ar fheidhm na n-áiseanna do chuairoteoirí atá buailte leis an príomhshuímh stairiúla .i.comharthaíocht, limistéir pháirceála, dromchlaí cuí a chur ar chosáin, srl.

CUMAS FÉIDEARTHA

1. Cumas féideartha íseal freastal ar fhoirgnimh mhóra talmhaíochta. Is LCT an-íogair é seo agus tríd is tríd tá caoi dhíghrádaithe air agus mar sin chuirfeadh foirgnimh mhóra talmhaíochta gné bhreise leis an tírdhreach nach mbeadh in oiriúint dó.
2. Cumas féideartha measartha freastal ar áiseanna nua do chuairoteoirí nó feabhsúcháin ar áiseanna reatha ar an gcoinníoll go ndéantar iad a dhearadh ar bhealach íogair atá ag teacht leis an timpeallacht dhúchasach áitiúil. D'fhéadfadh forbairt dá leithéid deiseanna a sholáthar le feabhas a chur ar bhainistíocht tírdhreacha ach cuidiú le héagsúlú talmhaíochta.
3. Gan aon chumas féideartha freastal ar fhorbairtí iltithe toisc suntas stairiúil agus nádúr tuaithe a bheith ag baint leis an áit - agus ní bheadh forbairtí dá leithéid ag teacht le carachtar an tírdhreacha.
4. Cumas íseal go meánach do thithe aon uaire. Faoi láthair is mionghné iad agus mar sin bheadh suíomh oiriúnach, scála agus dearadh thar a bheith tábhachtach chun a chinntiú go gcoinneofaí carachtar tuaithe an LCT seo.
5. Cumas féideartha ard athchóiriú a dhéanamh ar na foirgnimh stairiúla reatha áit a gcuirfeadh a leithéid seo d'fhorbairt deiseanna ar fáil comhdhlúthú a dhéanamh ar lonnaíocht stairiúil agus cur le cáilíocht na bainistíochta ar an tírdhreach.
6. Gan aon chumas féideartha freastal ar cháblaí lasnairde, ar chrainn tharchurtha agus ar fho-stáisiúin toisc suntas stairiúil an LCT seo, go háirithe ar bharr na gcnoc.
7. Cumas féideartha íseal freastal ar uasghrádúcháin bheaga ar an mbonneagar iompair reatha toisc suntas stairiúil agus nádúr neamh-mhillte an LCT seo.
8. Gan aon chumas féideartha freastal ar sheirbhísí faoi thalamh toisc dóchúlacht ard a bheith ann go gcuirfí isteach ar ghnéithe seandálaíochta san LCT seo.
9. Gan aon chumas féideartha le haghaidh tuirbíní gaoithe toisc suntas stairiúil na háite, i gcoimhneas le hiargúlacht agus nádúr neamh-mhillte an LCT, go háirithe ar bharr na gcnoc.
10. Cumas féideartha meánach freastal ar fhoraoiseacht agus ar bhithmhais toisc go bhfuil plandálacha buaircíneacha ina sainghné de charachtar an tírdhreacha cheana féin. Ní cóir don chineál seo forbartha a bheith ina ghné cheannasach, ámh, mar go n-athródh sé carachtar foriomlán an LCT seo.

8. LCT 19 - loch craoibhe agus cnoic shliabh na caillí



Luacht Tírdhreacha: An-Ard

Íogaireacht Tírdhreacha: Ard

Tábhacht Tírdhreacha: Réigiúnach

CUR SÍOS AR AN TÍRDHREACH

Tá an Abhainn Dhubh ar cheann den dá phríomhabhainn sa Mhí, agus is í an Bhóinn an ceann eile. Sníonn an abhainn ón Uaimh in iarthar an Chontae tríd an tírdhreach féaraigh. Mar thopagrafaíocht tá conair ábhann a athraíonn ó bheith cuíosach clárach in aice na hUaimhe go droimníní droimneacha i ndiaidh Cheanannais.

Seo limistéar le carachtar tírdhreacha tarraingteach, saibhir ó thaobh na ngnéithe stairiúla feiceálacha de lena n-áirítear tírdhreacha diméine, caisleáin agus gnéithe dúchasacha amhail droichid cloiche. Ar na sainghnéithe a bhaineann leis an talamh feirme oscailte tá na teorainneacha imhneánacha páirce á gcailliúint. I measc na bhfálta sceach atá fanta tá sceacha, fuinseog agus aiteann gearrtha ar bhruacha ithreach ach tá bearnaí ann agus níl mórán crann ann. An speiceas is coitianta i measc na gcrann eile ná seiceamóir. Tá meath ag teacht ar chaoi na mballaí traidisiúnta mórtimpeall na n-áitreabh, feadh na mbóithre agus idir na páirceanna. Tá roinnt mhaith acu cailte, nó tá sconsaí adhmaid ann ina n-áit, tá siad i ndroch-chaoi nó deisíodh iad go mícheart le hábhair éagsúla, amhail bloic choinceíte.

Síneann an bóthar an N3 ón Uaimh go Ceanannas feadh imeall theas an limistéir carachtar tírdhreacha seo agus trasghearran an R163 agus an R164 cuid de. Tá ribíní gearra d'fhorbairtí cónaitheacha ísealdlúithe feadh na mbóithre ar fud an limistéir seo agus tá líon beag sráidbhailte agus gráigeanna ann. Seachas roinnt áitreabh feirme agus tithe eastáit níl mórán tithe dúchasacha sa limistéar seo. Ar na sainghnéithe a bhaineann le himeall uirbeach na hUaimhe tá forbairt ar stórais, atá tar éis brú isteach ar imeall mhá chlárach na habhann. Tá imeall uirbeach Cheanannais níos tarraingte. Tá roinnt forbartha nua cónaithe ann a chruthaíonn imeall tobann den tírdhreach ach maolítear air seo beagán toisc é bheith buailte le fearann páirce. Is sráidbhailte beag ach an-tarraingteach é Domhnach Phádraig, agus é caomhnaithe go maith agus ag féachaint amach thar bhruacha na habhann in aice leis an Uaimh. Tá sé mar chuid de cheann den dá Ghaeltacht sa Mhí agus tá saibhreas oidhreachta ann le foirgnimh ón 18^ú agus 19^ú hAois, móta Normannach agus droichead cloiche os cionn na habhann.

Tá carachtar níos sainithe ag an LCT seo, idir an Uaimh agus Ceanannas, ná mar atá ann sa chuid thiar le páirceanna móra féaraigh ar gach taobh de chonair na habhann agus braislí Péine, Beithe agus coillearnach eastáit mheasctha ann. I Ráth Aldain ar imeall na hUaimhe tá caistléan ón 18^ú hAois le hascaill mhór le crainn teile lánfhásta, agus ar imeall Cheanannais, tá droichead ilréise os cionn na habhann.

Sa chuid thiar, i ndiaidh Cheanannais, tá carachtar na talún feirme níos gairbhe agus níos oscailte. Tá roinnt fadhbanna ann maidir le meath riocht na bhfálta sceach agus na mballaí mar atá ann sa chuid eile den LCT.

Na príomhréimsí a bhfuil amharc-cháilíocht ag baint leo ná an topagrafaíocht de phatrún páirceanna droimneacha sa chuid thiar, radhairc fairsinge trasna na taoibhe tíre ar an taobh thuaidh agus an taobh theas, nach gcuireann an fhorbairt tógtha isteach orthu mórán, agus saibhreas na ngnéithe stairiúla feiceálacha ar fud an limistéir ina iomláine. An ghné is mó a bhaineann ó áilleacht an limistéir in aice leis an Uaimh ná suíomh Tara Mines atá buailte leis na LCT.

PRÍOMH-THRÉITHE

Geolaíocht

- Tírghné chasta dhroimneach a chruthaigh gluaiseachtaí oighir.
- Comhdhéanta go príomha de ghréabhac le haoilchloch sceallach, d'aolchloch calp agus limistéar ar leithlis eibhir.
- Is ithreacha aigéadacha doimhne le draenáil mhaith atá ann agus ithreacha níos éadomhaine sna hardtailte.
- Tá riocht na talún oiriúnach do na crainn a mbíonn rath orthu in ithir shaorshilteach, amhail fáibhile, dair agus teile, agus tá beith, fuinseog agus learóg bainteach le hAbhann na Bóinne.

Úsáid Talún

- Tríd is tríd is tírdhreach féaraigh taitneamhach atá ann
- Meascán simplí comhlántach d'úsáidí talún: talamh talmhaíochta, conair abhann, limistéir bheaga lonnaithe agus coillearnaí.
- Meath i gcaoi an tírdhreacha agus gnéithe dúchasacha á gcailliúint amhail fála agus ballaí teorann.

Éiceolaíocht & Gnáthóg

- Tá raon éagsúil gnáthóg ag an Abhainn Dhub agus tá sé sainithe ina CSAC.
- Ar cheann den dá phríomhchonair abhann sa tír.
- Méideanna suntasacha de choillearnach mheasctha

Stair & Cultúr

- Líon suntasach de ghnéithe stairiúla mórtimpeall chonair na habhann.
- Líon mór de dhiméintí ón 18^ú hAois lena n-áirítear Baile Liam, Áth Cinn agus Teach Bloomsbury
- Mótaí Normannacha agus mullóga réamhstairiúla
- Domhnach Phádraigh, eaglais ón 19^ú hAois agus túr meánaoiseach

Turasóireacht

- Tá Domhnach Phádraigh ina chuid den Ghaeltacht agus ina shráidbhaile tarraingteach. D'fhéadfadh an tírdhreach amháin turasóirí a mhealladh chun na háite.
- Toisc go bhfuil sé suite idir an Uaimh agus Ceanannas tá an deis ann go bhfeidhmeodh sé mar gheata isteach sa dá bhaile seo.
- Ní mór do shuíomh na habhann a bheith níos inrochtana le haghaidh siúlóide agus rothaíochta.
- Tá éileamh ar shliatascuireacht ar an Abhainn Dhubh.

Lonnaíochtaí agus Struchtúir Thógtha

- An dá imeall uirbeacha - An Uaimh agus Ceanannas - agus ar na sainghnéithe a bhaineann leo tá forbairtí cónaitheacha nua agus stórais nua atá ag brú isteach sa limistéar carachtair seo.
- Roinn gráigeanna agus sráidbhailte beaga a gcuirtear síos orthu thíos faoi 'Phríomhlonnaíochtaí'
- Ribíní d'fhorbairt nua-aimseartha feadh na mbóithre tuaithe agus na n-imeall uirbeach a chuireann isteach ar charachtar féaraigh na háite
- Tá criosanna ornáideacha buaircíneacha coiteann mórtimpeall na dtithe nua-aimseartha agus tógann siad ó charachtar féaraigh áitiúil na háite.

Na Príomhlonnaíochtaí

- Imill uirbeacha na hUaimhe agus Cheannannas. Tá cur síos níos sonraí ar na bailte seo in LCT 3 agus 8 faoi seach.
- *Drumbaragh*: gráig bheag in aice le Ceanannas le bailiúchán beag de thithe a bhfuil stíleanna agus aoiseanna éagsúla acu agus le stáisiún peitрил/siopa áitiúil. Níor imigh forbairtí iltithe nua isteach go mór ar an ngráig seo go fóill.

Is de chloch atá an eaglais reatha tógtha agus tá sé ag suí go feiceálach ar bharr cnoic lena reilig ar thaobh an chnoic agus le fánaí ag rith chun na habhann. Tá móta Normannach clúdaithe le garrán de chrainn darach ar an mbealach isteach sa sráidbhaile. Is sa sráidbhaile seo freisin a tógadh eaglais sa 5^ú hAois le haghaidh N. Pádraigh agus in aice na heaglaise tá iarsmaí ó ráth ársa.

Baile Ghib: Sráidbhaile measartha mór laistigh de 5km ón Uaimh le ribín fada foirgneamh ar chonair an bhóthair. Tá Baile Ghib ar an dá thaobh de LCT 3 & 5. Níl croí an tsráidbhaile sonraithe go maith, gan ann ach meascán de thithe beaga dúchasacha agus bungalónna móra aon uaire agus tithe le meascán stíleanna agus ábhar. D'fhéadfadh an suíomh coillearnaí a bheith tarraingteach ach tá meath tagtha air. D'fhéadfaí an carachtar dúchasach a chailliúint.



Radharc ar Eaglais ar an mbealach isteach chuig Domhnach Phádraigh.



Radharc ar Eaglais ó dhroichead cloiche ag trasún na hAbhann Duibhe.



8. LCT 20 - gleann na habhann duibhe

Na Príomhlonnaíochtaí ar lean

- *Domhnach Phádraig*: Is cuid den Ghaeltacht é an sráidbhaile beag tarringteach dea-chaomhnaithe seo. Tá sé ar thalamh ard ar chnoc os cionn na habhann agus tá radhairc mhaithe ó chúl an tsráidbhaile amach thar chonair na habhann. Bíonn radhairc ó laistigh den sráidbhaile iata, ámh, toisc crainn lánfhásta a bheith ann feadh chonairí na mbóithre agus tá an sráidbhaile faoi cheilt nach mór ag fásra. Is foirgnimh ón 18^ú - 19^ú hAois dhéanach iad d'fhormhór na tithe brící scoite atá sa sráidbhaile.
- *Orisstown*: Gráig bheag láraithe timpeall ar chrosbhóthar agus ina bhfuil scoil, roinnt aonad talmhaíochta-tráchtála agus tithe chomh maith le forbairt ribíneach feadh na mbóithre isteach, d'fhormhór tógtha sa 20^ú agus 21^ú hAoiseanna.
- *Carnaross*: Gráig bheag mórthimpeall crosbhóthar gnóthach ar an N3 in aice le Ceanannas. Sa lár tá foirgnimh dhúchasacha 1-2 stór atá plástráilte agus péinteáilte. Tá forbairt níos nua-aimseartha ar a imill agus scoil agus eaglais ar an mbealach isteach. Is é is dócha go raibh Tobar N. Ciaráin ina áit adhartha i ré na bpágánach agus déantar lá fhéile an naoimh a cheiliúradh san ionad sin fós.

Fórsaí Athraithe

- Meath ar chaoi na háite agus fála sceach agus ballaí cloiche á gcailliúint.
- Síneadh ar Ceanannas agus ar an Uaimh amach anseo
- Forbairt ar mhótarbhealach an M3

MOLTAÍ

1. Saibhreas stairiúil na ngnéithe stairiúla a chaomhnú feadh na gconairí bóthair laistigh de shuíomh tírdhreacha tarringteach. Dreasachtaí a sholáthar d'úinéirí talún chun feabhas a chur ar chaoi ghnéithe an tírdhreacha amhail ballaí cloiche, fála sceach gearrtha, bruacha ithreach agus crainn lánfhásta ach feabhas a chur ar bhainistíocht agus gnéithe atá cailte a chur ar ais nuair is gá.
2. Aird a thabhairt ar shainiú Eorpach mar CSAC ar an Abhainn Dhubh agus sainithe náisiúnta PNHA in áiteanna eile sa LCT.
3. Radhairc a chothú agus a fheabhsú isteach agus amach as limistéir a bhfuil amharcluach ag baint leo amach thar thaobh tíre thuaidh agus theas agus radhairc ar ghnéithe stairiúla.
4. Imeall uirbeach na hUaimhe a dhéanamh níos boige ach feabhsúcháin tírdhreacha a chur i bhfeidhm a chuideoidh an fhorbairt tionsclaíochta reatha a chur faoi cheilt laistigh den LCT seo.
5. A chinntiú go ndéantar comhtháthú maith ar imill uirbeacha leis an suíomh tuaithe ach iad a chur faoi cheilt le speicis agus grúpáil plandaí a bhíonn ann go nádúrtha. Ní cóir go mbrúfadh an fhorbairt isteach sa tuilemhá mar go mbeadh tionchar dochrach aige seo ar luach an tírdhreacha nó ar a fheidhm éiceolaíochta.
6. Luach scéimhe an LCT seo mar ionad mealltach do chuairteoirí a chur chun cinn agus áiseanna atá deartha go hógair a sholáthar, amhail páirceáil, limistéir do phicnicí, treobhealaí marcáilte agus comharthaíocht le Treoirlínte Deartha.

CUMAS FÉIDEARTHA

1. Cumas féideartha íseal freastal ar fhoirgnimh mhóra talmhaíochta toisc íogaireacht ard agus cáiliocht scéimhe an LCT seo. Cé go bhfuil siad mar ghné cheana féin den tírdhreach dá ndéanfaí tuilleadh forbartha sa treo seo thógfaí ó áilleacht an LCT agus bhainfí ó luach an tírdhreacha.
2. Cumas féideartha ard freastal ar áiseanna léirithe do chuairteoirí, ar áiseanna iad a bhaineann le gnéithe stairiúla, go háirithe áit a gcuirfeadh na háiseanna sin deiseanna ar fáil bainistíocht níos fearr a dhéanamh ar an tírdhreach agus ar a úsáid.
3. Cumas féideartha íseal freastal ar fhorbairtí iltithe cónaitheacha toisc luach an tírdhreacha mórthimpeall an dá phríomhbhaile, An Uaimh agus Ceanannas, a bheith laghdaithe toisc forbairt nua-aimseartha a chruthaíonn imill thobanna sa taobh tíre. Is dócha go gcuirfeadh forbairtí eile dá leithéid sa todhchaí le meath luach agus chaoi an tírdhreacha.
4. Cumas féideartha íseal le haghaidh tithe aon uaire toisc go bhfuil roinnt mhaith forbartha ribíní ann cheana féin buailte leis na príomhbhealaí isteach san Uaimh agus i gCeanannas a laghdaigh luach agus caoi an tírdhreacha.
5. Cumas féideartha ard athchóiriú a dhéanamh ar fhoirgnimh stairiúla reatha áit nach gcuirfidh úsáidí nua gníomhaíochtaí damáisteacha i bhfeidhm san LCT seo agus áit a bhféadfadh forbairt dá leithéid daingniú a dhéanamh ar ghné stairiúil na lonnaithe agus feabhas a chur ar bhainistíocht ar an tírdhreach.
6. Cumas féideartha meánach freastal ar cháblaí lasnairde, ar chrainn tharchurtha agus ar fho-stáisiúin ar an gcoinníoll go maolítear ar an gcaillteanas ar bhallaí agus ar phlandaí teorann agus ar an damáiste do ghnéithe stairiúla.
7. Cumas féideartha meánach freastal fhorbairt bonneagair bóthair agus iarnród ar an gcoinníoll go maolítear ar an gcaillteanas ar bhallaí agus ar phlandaí teorann agus ar an damáiste do ghnéithe stairiúla.
8. Cumas féideartha meánach freastal ar sheirbhísí faoi thalamh ar an gcoinníoll go maolítear ar an gcaillteanas ar ghnéithe tírdhreacha agus ar ghnéithe stairiúla amhail ballaí agus fála sceach teorann.
9. Cumas measartha go híseal freastal ar thuirbíní gaoithe toisc go bhfuil radhairc mhinice fhairsinge amach thar an taobh tíre san LCT seo nach bhfuil mille, tríd is tríd, ag forbairt tógtha.
10. Cumas féideartha íseal freastal ar bhithmhais agus ar fhóraoiseacht plandálacha mar go mbeadh a leithéid sin d'fhorbairt an-fheiceálach agus ag teacht salach ar fhásra reatha an LCT seo.



9. achoimre ar limistéir charachtar tírdhreacha

Achoimre ar Limistéir Carachtar Tírdhreacha

Cineál Carachtar Tírdhreacha	Limistéar Carachtar Tírdhreacha	Luach: <i>Eisceachtúil An-Ard Ard Measartha Íseal An-Íseal</i>	Tábhacht: <i>Idirnáisiúnta Náisiúnta Réigiúnach Áitiúil</i>	Íogaireacht: <i>Ard Measartha Íseal</i>
Conairí agus Inbhir Abhann	5. Glean na Bóinne	Eisceachtúil	Idirnáisiúnta	Ard
	8. Gleann na hAiní	An-Ard	Réigiúnach	Ard
	14. An Chanáil Ríoga	Ard	Réigiúnach	Measartha
	20. Gleann na hAbhann Duibhe	An-Ard	Réigiúnach	Ard
Tírdhreacha Ísealchríocha	3. Ísealchríocha na hUaimhe Thuaidh	Measartha	Réigiúnach	Measartha
	6. Na hÍsealchríocha Láir	Ard	Réigiúnach	Measartha
	10. Ísealchríocha Thlachta	Íseal	Réigiúnach	Ard
	11. Ísealchríocha Thoir Theas	An-Ard	Réigiúnach	Measartha
	13. Ísealchríocha Ráth Maoláin	Ard	Náisiúnta	Ard
	15. Ísealchríocha Thiar Theas	Ard	Réigiúnach	Measartha
	16. Ísealchríocha na hUaimhe Thiar	Measartha	Áitiúil	Measartha
	17. Ísealchríocha Thiar Theas Cheannais	Measartha	Áitiúil	Measartha
Cnoic agus Limistéir Ardtailte	1. Ardtailte Thaobh Urchair	Ard	Áitiúil	Measartha
	2. Ceantar Locha Thuaisceart na Mí	Measartha	Réigiúnach	Íseal
	4. Cnoic Ráth Cheannaigh	An-Ard	Réigiúnach	Ard
	9. Cnoic Bhaile an Bheileogaigh	An-Ard	Réigiúnach	Measartha
	12. Cnoic na Teamhrach agus na Scríne	Eisceachtúil	Náisiúnta/Idirnáisiúnta	Ard
	18. Ardtailte Loch Síleann	Ard	Réigiúnach	Ard
	19. Cnoic Loch na Craobhe agus Shliabh na Caillí	Eisceachtúil	Náisiúnta/Idirnáisiúnta	Ard
Tírdhreach Cósta	7. Machaire Cósta	Measartha	Réigiúnach	Ard

Limistéar Carachtar Tírdhreacha	Cumas Féideartha freastal ar fhorbairt: <i>Íseal, Measartha, Ard</i>										
	1. Foirgnimh feirme ar mhórsála	2. Aiseanna do chuairteoirí	3. Iltithe cónaitheacha	4. Tithe aon uaire	5. Athchóiriú ar fhoirgnimh reatha	6. Cáblaí lasnairde, crainn tharchhurtha, fo-stáisiúin	7. Bóithre agus ianróid	8. Seirbhísí faoi thalamh	9. Tuirbíní gaoithe	10. Bithmhais agus foraoiseacht	11. Cairéalú, eastóscadh mianraí agus líonadh talún i
1. Ardtailte Thaobh Urchair	Measartha-Íseal	Ard	Íseal	Íseal	Ard	Measartha	Measartha	Measartha	Measartha	Measartha	
2. Ceantar Locha Thuaisceart na Mí	Measartha	Ard	Measartha	Ard	Ard	Íseal	Measartha	Measartha	Measartha	Measartha	
3. Ísealchríocha na hUaimhe Thuaidh	Measartha	Ard	Measartha	Íseal	Ard	Ard-Measartha	Ard	Measartha	Measartha	Ard	
4. Cnoic Ráth Cheannaigh	Measartha	Ard	Íseal-gan aon c.	Measartha	Ard	Íseal	Measartha	Measartha	Íseal-Measartha	Íseal	
5. Glean na Bóinne	Íseal	Measartha	Íseal	Íseal	Measartha	Íseal	Íseal	Íseal	Íseal	Íseal	
6. Na hÍsealchríocha Láir	Measartha	Ard	Measartha	Measartha	Measartha	Measartha	Measartha	Measartha	Íseal-Measartha	Measartha	
7. Machaire Cósta	Íseal	Íseal	Measartha	Measartha	Measartha	Íseal	Íseal	Íseal	Measartha-Íseal	Measartha	
8. Gleann na hAiní	Íseal	Íseal	Íseal	Íseal	Íseal	Íseal	Íseal	Íseal	Íseal	Íseal	
9. Cnoic Bhaile an Bheileogaigh	Measartha	Measartha	Íseal	Measartha	Measartha	Íseal	Íseal	Íseal		Íseal	
10. Ísealchríocha Thlachta	Measartha	Measartha	Íseal	Measartha	Measartha	Íseal	Measartha	Íseal	Íseal	Íseal	
11. Ísealchríocha Thoir Theas	Measartha	Measartha	Íseal	Measartha	Measartha	Measartha	Measartha	Measartha	Íseal-Measartha	Íseal	
12. Cnoic na Teamhrach agus na Scríne	Íseal	Measartha	Íseal	Measartha	Measartha	Íseal	Íseal	Íseal	Íseal	Íseal	
13. Ísealchríocha Ráth Maoláin	Ard	Measartha	Íseal	Measartha	Measartha	Íseal	Íseal	Íseal	Íseal	Íseal	
14. An Chanáil Ríoga	Íseal	Measartha	Íseal	Measartha	Measartha	Measartha	Íseal	Measartha	Measartha	Íseal	
11. Ísealchríocha Thiar Theas	Measartha	Ard	Íseal	Íseal	Ard	Measartha	Measartha-Íseal	Measartha-Íseal	Measartha	Measartha	
16. Ísealchríocha na hUaimhe Thiar	Measartha	Ard	Measartha	Measartha-Ard	Ard	Measartha-Íseal	Measartha-Íseal	Measartha-Íseal	Measartha	Measartha	
17. Ísealchríocha Thiar Theas Cheannais	Measartha	Ard	Íseal	Measartha	Ard	Íseal	Íseal	Measartha	Íseal	Measartha	
18. Ardtailte Loch Síleann	Measartha	Ard	Íseal	Measartha-Íseal	Ard	Íseal	Íseal	Íseal	Íseal	Measartha	
19. Cnoic Loch na Craoibhe agus Shliabh na Caillí	Íseal	Measartha	Gan aon c.	Íseal-Measartha	Ard	Gan aon c.	Gan aon c.	Gan aon c.	Gan aon c.	Measartha	
20. Gleann na hAbhann Duibhe	Íseal	Ard	Íseal	Íseal	Ard	Measartha	Measartha	Measartha	Measartha	Íseal	

Achoimre ar Shaintréithe Gráige agus Moltaí

Gráig	Suíomh (LCT)	Cuspóirí*
1. Gráigeanna i limistéir iargúlta atá a bhfuil meath ag teacht ar luach nó ar chaoi an tírdhreacha.		
Baile an Bhreachaighe	LCT	Athghin
Baile an Locha/Beigí Boardsmill Carnaross Droim Eamhna Drumbarragh Dún Doire An Caiselán Nua Cill beag Cill Bhríde Mullaghea Killalon Cill Scíre Cill Ráithín Ráth Cheannaigh Baile Roibín Taobh Urchair	LCT	- Dreasachtaí a sholáthar d'úinéirí talún chun feabhas a chur ar bhainistíocht ar ghnéithe tírdhreacha amhail teorainneacha páirce. - Éagsúlú ar fhiontair thuaithe a spreagadh - Éascú a dhéanamh ar fhás agus ar sholáthar seirbhísí áitiúla agus ar bhonneagar.
2. Gráigeanna i limistéir thuaithe a bhfuil carachtar tuaithe stuama acu agus brú measartha forbartha		
Baile an Chaisleáin	LCT	Daingniú
An Baile Cor Baile Forda Grangegeeth Baile Lóibín Cnoc na Mí Baile Órthaí	LCT	Freastal ar fhás teoranta ar bhealach íogair
3. Gráigeanna i limistéir thuaithe atá cóngarach do lonnaíochtaí uirbeacha nó brú mór ó fhorbairt		
Ardcath	LCT	Comhdhlúthú
Baile an Bhóthair Baile Phaghain Baile an Bheileogaigh An Bóthar Mí Cluain Ailbhe An Chúil Culmullin An Curragh Droim Rí Edoxtown Grennanstown Cill Bhearaigh Cill Bhríde Cill Chluana Kiltale Lios an Muilinn Moynalvy Baile an Obricigh Ráth Cuair Ráth Faiche Scrín Baile Bhailcín Aiteann Buí	LCT	- Cur níos mó le fás na lonnaíochtaí agus comhdhlúthú a dhéanamh ar an gcruth reatha - Feabhas a chur ar cháilíocht imeall na lonnaíochtaí seo chun a chinntiú go gcothaítear carachtar agus caoi an tírdhreacha.
4. Sráidbhailte Diméine agus sráidbhailte/gráigeanna le carachtar stairiúil ar leith		
Dún Samhnaí	LCT	Caomhnú
Baile an Cheantaigh Baile Shláine Cnoc an Línsigh	LCT	- Cothú a dhéanamh ar leagan amach stairiúil ar leith, ar chruth agus ar scála lonnaíocht reatha. - A chinntiú go bhfuil forbairt ag teacht le carachtar stairiúil na lonnaíochta
		*Déan tagairt freisin do Roinn 6: Polasaithe Ginearálta maidir le Forbairt Tógtha agus Lonnaíochtaí agus Gráigeanna.

9. achoimre ar limistéir charachtar tírdhreacha



10. gluais agus tagairtí

ASI	(Areas of Scientific Interest) <i>Limistéir a bhfuil Spéis Eolaíochta ag Baint leo</i> Den chuid is mó tá NHA tar éis teacht i gcomharba orthu seo agus níl aon bhonn reachtúil leo, tá ASI fós ina limistéir a bhfuil spéis éiceolaíochta nó geolaíochta ag baint leo .
CSAC	(Candidate Special Area of Conservation) <i>Limistéar Speisialta um Chaomhnú (SAC) Iarrthóra</i> Sainithe faoin Teoir Eorpach um Gnáthóga Pobail chun bithéagsúlacht a chaomhnú agus stádas caomhnóireachta a chur ar bun arís maidir le speicis áirithe flora agus fauna. Ainmníodh limistéir sa Mhí a thacaíonn le speicis atá i mbaol agus atá leochaileach, a bhfuil cosaint speisialta de dhíth orthu, ina limistéir CSAC
RCORA	<i>An Roinn Comhshaoil, Oidhreacha agus Rialtais Áitiúil Government</i>
CFG	<i>Córas Faisnéise Geografach</i>
PNHA	(Proposed National Heritage Area) <i>Limistéar Oidhreachta Náisiúnt molta</i> Faighe ó na ASI, áirtear ina measc seo na gnáthóga is fearr nádúrtha agus leath-nádúrtha atá fanta in Éirinn a roghnaíodh toisc go bhfuil suntas eolaíocht ar leith ag baint leo le haghaidh ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas: speicis pobail, gnáthóga, nó gnéithe geolaíochta nó geomoirfeolaíochta nó toisc go bhfuil éagsúlacht de ghnéithe nádúrtha ag baint leo.
RPG	<i>(Regional Planning Guidance) Treoir Pleanála Réigiúnach</i>
SPA	(Special Protection Area) <i>Limistéar Cosanta Nádúrtha</i> Seo limistéir a ainmníodh faoi Threoir maidir le hÉin ón gComhphobal Eorpach le haghaidh caomhnú éan agus a ngnáthóga.
UNESCO	<i>Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta & Chultúrtha na Náisiún Aontaithe</i>
WHS	<i>Suíomh Oidhreachta Domhanda e</i> Déanann UNESCO (Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta & Chultúrtha na Náisiún Aontaithe) limistéir a ainmiú ina Suímh Oidhreachta Dhomhanda (WJS) má mheastar luach eisceachtúil a bheith acu faoi na forálacha atá i gCoinbhinsiún 1972 maidir le Cosainte ar Oidhreacht Chultúrtha agus Nádúrtha an Domhain. Níl gá le haon rialuithe pleanála breise reachtúla ach ba chóir do na polasaithe pleanála atá i bhfeidhm béim mhór a leagan ar an ngá atá leis na háiteanna seo a chosaint do na glúnta inár ndiaidh.

TAGAIRTÍ

Tagairtí Ginearálta

'Landscape and Landscape Assessment: Consultation Draft of Guidelines for Planning Authorities' (Meitheamh 2000) RCORA

'Landscape Character Assessment: Guidance for England and Scotland' (2002) The Countryside Agency and Scottish Natural Heritage

'Conservation Issues in Local Plans' (1996) Countryside Commission, English Heritage and English Nature

Statutory Plans and Documents

'Meath County Development Plan 2007 – 2013: Managers Report to Members' (Iúil 2005) Comhairle Contae na Mí

'County Development Plan 2001, Volume One, Objectives for the County at Large' Comhairle Contae na Mí

'County Development Plan 2001, Volume Two, Written Statements and Detail Objectives for Towns and Villages' Comhairle Contae na Mí .

'County Development Plan 2001, Volume Three, Book of Maps' Comhairle Contae na Mí

'Draft Greenbelt Strategy' (Eanáir 2002) Comhairle Contae na Mí

'Navan Development Plan 2003 – 2009' Comhairle Contae na Mí

'East Meath Local Area Plans North and South' (Samhain 2005) Comhairle Contae na Mí

'Preparation of a New County Meath Development Plan: Strategic Issues Paper' (Márta 2005) Comhairle Contae na Mí

'Preparation of a New County Meath Development Plan: Strategic Issues Paper' (D.F. 2005) Comhairle Contae na Mí

'Preparation of a New County Meath Development Plan: Strategic Issues Paper' (Márta 2006) Comhairle Contae na Mí

'Integrated Action Area Plan for Lands East of Railway Line, Dunboyne, Co. Meath' (Aibreán 2005) Comhairle Contae na Mí

Tagairtí Stairiúla

'An Introduction to the Architectural Heritage of County Meath' Department of the Environment and Local Government & Duchas – The Heritage Service

'A Topographical Dictionary of Ireland 1837' (1937) Samuel Lewis referenced in www.libraryireland.com/topog/index.php

'Atlas of The Irish Rural Landscape' (1997) ed. FHA Aalen, Kevin Whelan and Matthew Stout. Cork University Press. 1997

'Newgrange and the Bend of the Boyne' (2002) Geraldine Stout, Cork University Press

'The Catholic Encyclopaedia Vol. X' (1911) Robert Appleton Company online edition (2003) K. Knight, www.newadvent.org/

'Reading the Irish Landscape' (revised edition 1997) Frank Mitchell and Michael Ryan, Town House and Country House. Dublin.

Eolas ar thithe aonair agus ar chaisleáin:

'The Buildings of North Leinster' (1993) Christine Casey and Alistair Rowan, Penguin

'In an Irish House' (1988) Ed Sybil Connolly, Weidenfield and Nicholson 'The Gardens of Ireland' (1968) Michael George and Patrick Bowe, Hutchinson Ltd 'The Lost Houses of Ireland' (2002) Randal McDonnell, Weidenfield and Nicholson 'The Big House in Ireland' (2000) Valerie Pakenham, Cassell and Co.

'The Irish Country House' (1995) Peter Somerville-Large, Sinclair Stevenson

'Irish Houses and Castles' (1971) Desmond Guinness and William Ryan, Thames and Hudson

'Ireland's Treasures, 5000 years of Artistic Expression' (2004) Peter Harbinson, Hugh Lauter Levin Associates,

Information on Meath attractions generally: www.goireland.com Website operated by Gulliver Ireland, FEXCO Center, Langford Street, Killorglin, Co Kerry,

'The Book of the Irish Countryside' (1987) Blackstaff Press

léarscáil 1	cineál carachtar tírdhreacha
léarscáil 2	limistéir carachtar tírdhreacha
léarscáil 3	íogaireacht tírdhreacha
léarscáil 4	cumas tírdhreacha
léarscáil 5	amharc-chonláiste
léarscáil 6	sainchomharthaí
léarscáil 7	tírdhreach réamhstairiúil
léarscáil 8	eaglaisí cosanta
léarscáil 9	tírdhreach meánaoiseach
léarscáil 10	eaglaisí cosanta ón 18ú agus 19ú haois
léarscáil 11	topagrafaíocht
léarscáil 12	geolaíocht
léarscáil 13	ithreacha
léarscáil 14	hidreolaíocht
léarscáil 15	úsáid talún
léarscáil 16	suímh éiceolaíochta
léarscáil 17	lonnaíochtaí
léarscáil 18	ionaid spéise do thurasóirí



measúnú ar charachtar tírdhreacha na mí
arna tháirgeadh ag
Soltys:Brewster Consulting
Bealtaine 2007

